

Tuarascáil Bliantúil agus Cuntais 2021

Todhchaí a bhfuil Borradh fúithi á Cothú



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD



Is é an cuspóir atá againn bia, deoch agus gairneoireacht den scoth na hÉireann a thabhairt os comhair an domhain mhóir, a dhéanfaidh fás agus inbhuanaitheacht na dtáirgeoirí a chumasú dá bhrí sin.

Ráiteas Straitéise

Is é fíis Bhord Bia do thionscal bia agus dí na hÉireann ná fás inbhuanaithe difreáilte, mar a chuirtear in iúl i Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021:

Aithníonn custaiméirí mórtimpeall an domhain go bhfuil bia agus deoch na hÉireann den scoth: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharach.

Leagann ár dtáirgeoirí an caighdeán domhanda amach sa táirgeadh inbhuanaithe – an fhreagracht atá againn go léir don phláinéad, don tsochaí, agus do na glúnta atá le teacht á comhlíonadh.

Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh níos fearr fós ann d'earnálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun

dea-shampla a thabhairt don domhan.

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise i gcomhthéacs timpeallacht oibriúcháin a bhíonn ag athrú agus próiseas rannpháirtíochta páirtithe leasmhara leathanréimse agus fada. Tacaíonn agus cuireann an Plean Straitéise go hiomlán le cur chun feidhme Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia á chomhordú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, a leagann amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia go 2025. Tá Ceithre Thosaíocht Straitéiseacha aitheanta chun borradh a chur faoi fhíis Bhord Bia chun tacú le fás an tionscail bia, dí agus gairneoireachta.

- 1 An Rath agus Fás sa Mhargadh a Spreagadh**
- 2 Léargas ar Fhás a Chumhachtú**
- 3 Cáil le haghaidh Feabhais a Fhorbairt**
- 4 Ceannródaíocht a dhéanamh Trí Dhaoine**

Á Chur i láthair an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur i láthair an Aire don 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2021.

Dan MacSweeney

Cathaoirleach

Clár

Ár nGnó


06	Figiúirí Onnmhairí
13	Ráiteas an Chathaoirligh
23	Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
46	Athbhreithnithe Earnála:
46	Feoil agus Beostoc
57	Bia & Deochanna
68	Earnáil na nGnólachtaí Beaga agus an Earnáil Orgánach
74	Gairneoireacht
80	Seirbhísí

Ár Rialachas

106	Ráiteas maidir le Rialachas
117	Struchtúr Eagraíochtúil
118	Struchtúr na Foirne
120	Bord Bhord Bia
121	Bord Bia: Bord Bianna Tomhaltóra
122	Bord Bia: Bord Beostoic agus Feola
123	Bord Bia: Bord Déiríochta
124	Bord Bia: An Bord Dearbhaithe Cáilíochta
125	Bord Bia: An Bord Gairneoireachta

Ár gCuntais

127	Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
129	Ráiteas ar Rialú Inmheánach
131	Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
132	Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
133	Ráiteas ar an Staid Airgeadais
134	Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
135	Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais
147	Íocaíochtaí Deontais maidir le Cúnamh Margaíochta



11%

**de mhéadú ar luach
na n-easpórtálacha
déiríochta, feola,
agus beostoic**



14%

**d'ardú ar easpórtálacha
bia atá réamhullmhaithe
don tomhaltóir**

Tháinig méadú 5% ar luach easpórtálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, suas go dtí €13.7 billiún, an rud is mó riamh, in 2021. Tharla sé seo in ainneoin an tionchair a d'imir Covid-19 agus an Breatimeacht ar chúrsaí trádála.


D'easpórtáil Éirinn luach beagnach €37 milliún de bhia agus deoch gach aon lá anuraidh, chuig custaiméirí i mbreis agus 180 tír ar fud an domhain.

Easpórtálann Éire thart ar 90% den bhia agus deoch ar fad a bhíonn táirgíthe. D'éirigh go maith leis an earnáil easpórtála in 2021, ag cur san áireamh go raibh paindéim Covid-19 ar siúl i rith an ama agus go bhfuil an Ríocht Aontaithe ag feidhmiú anois taobh amuigh d'Aontas Custaim an AE. Bhí luach easpórtálacha bia agus dí na hÉireann 3% níos airde ná an leibhéal a bhí i gceist roimh an bpaindéim in 2019.


Tá earnáil na déiríochta, arbh fhiú níos mó ná €5 billiún í anuraidh, fós ar an ngné is luachmhaire mar a bhaineann le heaspórtálacha bia agus dí na hÉireann. Ina dhiaidh sin tagann feoil agus beostoc, a ghin os cionn €3.5 billiún i ndíolacháin easpórtála, agus bia réamhullmhaithe don tomhaltóir, arbh fhiú níos mó ná €2.5 billiún é.

Foilseoidh Bord Bia, mar chuid dá Ráiteas Straitéise nua 10 mbliana, spriocanna uailmhianacha nua le haghaidh tréimhse trí bliana chun cur leis an bhfás atá tagtha ar an slabhra luacha a bhaineann le heaspórtálacha bia agus dí na hÉireann. Samhlaítear sa phlean go gcuirfear go mór leis an bhfás ar luach easpórtálacha bia agus dí na hÉireann le linn na tréimhse, lena n-áirítear méadú 11% ar luach na n-easpórtálacha déiríochta, feola, agus beostoic, agus go dtiocfaidh ardú 14% ar easpórtálacha bia atá réamhullmhaithe don tomhaltóir.

Luach Easpórtálacha Bia agus Dí na hÉireann



An Áit a nDeachaigh Easpórtálacha Bia agus Dí na hÉireann in 2021



Easpórtálacha Bia agus Dí na hÉireann (€)

Catagóir	BA 2019	BA 2020	BA 2021	% d'athrú BAB	% d'athrú 2021 v 2019
Déiríocht	5,043,698,547	5,093,445,809	5,137,221,531	0.9%	1.85%
Feoil agus Beostoc	3,316,481,324	3,414,744,567	3,529,162,757	3.4%	6.41%
Mairteoil, miodamas san áireamh	2,125,480,631	2,125,964,589	2,248,377,240	5.8%	5.78%
Muiceoil	516,732,750	560,665,871	529,457,211	-5.6%	2.46%
Caoirigh	319,431,504	363,628,807	407,056,342	11.9%	27.43%
Éineoil	157,689,932	150,993,340	125,188,451	-17.1%	-20.61%
Feoil Eile	13,676,086	11,953,550	3,302,851	-72.4%	-75.85%
Ainmhithe Beo	183,470,421	201,538,410	215,780,662	7.1%	17.61%
PCF	2,596,874,100	2,460,337,287	2,580,759,142	4.9%	-0.62%
Alcól	1,601,722,264	1,364,996,561	1,646,668,418	20.6%	2.81%
Bia Mara	487,022,083	458,073,580	513,816,280	12.2%	5.50%
Gairneoireacht	205,881,236	229,005,233	280,621,008	22.5%	36.3%
Iomlán	13,251,679,554	13,020,603,037	13,688,249,136	5.13%	3.29%

Tá an inbhuanaitheacht ina croíthéama laistigh den straitéis nua, mar go dtreiseoidh Bord Bia a chuid tacaíochtaí agus caighdeáin chun léargas a thabhairt ar an uailmhian ardléibhéil a theastaíonn chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil chomh maith le héilimh an mhargaidh. Mar a léiríodh i Food Vision 2030, bhí ról lárnach ag Origin Green ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus é a stiúradh agus é seo a léiriú do chustaiméirí trádála agus do thomhaltóirí, sa bhaile agus thar lear. Tá dúshláin mhóra amach romhainn, ach cuireann Origin Green bonn láidir ar fáil óna bhféadfaidh Éire a bheith ina ceannaire domhanda mar a bhaineann le córais bia inbhuanaithe.

CINN SCRÍBE NA EASPÓRTÁLACHA

Tá tuilleadh fianaise i sonraí na bliana seo ar an tionchar meántéarmach a d'imir an straitéis éagsúlú freisin.

Chuaigh 34% d'easpórtálacha bia agus dí na hÉireann anuraidh chuig margaí idirnáisiúnta taobh amuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe, chuaigh 33% go dtí an tAontas Eorpach, agus 33% go dtí an Ríocht Aontaithe. Sa bhliain 2016, chuaigh 32% de na heaspórtálacha chuig margaí idirnáisiúnta, 31% chuig an Aontas Eorpach agus 37% go dtí an Ríocht Aontaithe.

Ba é an tAontas an ceann scríbe réigiúnach aonair ba mhó do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann, agus méadú 3% tagtha ar luach na n-easpórtálacha anuraidh, iad suas go dtí €4.4 billiún.

B'ionann luach na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe anuraidh agus €4.4 billiún, ardú an-bheag ar an 12 mhí roimhe sin. I roinnt catagóirí, d'athraigh easpórtálacha go dtí Tuaisceart Éireann in ionad dul chuig an mBhreatain Mhór, de bharr freastal a bheith á dhéanamh ar chustaiméirí nua i dTuaisceart Éireann chomh maith le gur bealach a bhí ann le lastas a chur ar aghaidh go dtí áiteanna i dtuaisceart na Breataine.

Tháinig margadh na Stát Aontaithe ar ais go láidir, agus na luachanna easpórtála ardaithe 20% go dtí €1.2 billiún, rud a tharla de bharr díolachán maith a bheith ar uisce beatha agus ar licéir. D'fhás luach na n-easpórtálacha chuig an Afraic 8% go dtí €880 milliún anuraidh, agus tháinig méadú 23% ar easpórtálacha chuig Oirdheisceart na hÁise agus iad os cionn €500 milliún den chéad uair riamh.

DÉIRÍOCHT

D'éirigh go maith le heaspórtálacha déiríochta na hÉireann in 2021, agus bhí luach na n-easpórtálacha níos airde ná €5 billiún den tríú bliain as a chéile. Mar bhun agus mar thaca do na heaspórtálacha foriomlána bhí meascán de bhrabús láidir sna margaí sna príomhchatagóirí ime, cáise, agus púdair, chomh maith leis na margaidh éagsúlaithe. D'oibrigh an t-éileamh a bhí i Meiriceá Thuaidh agus san Afraic in éadan an mhaolaithe a d'eascair as nach raibh an oiread céanna éilimh ar shaintáirgí cothaithe naíonán san Áise.

D'onnmhairigh Éire táirgí déiríochta chuig 147 margadh i rith na bliana, agus, den chéad uair riamh, b'ionann an trádáil chuig tíortha taobh amuigh den Aontas Eorpach agus den Ríocht Aontaithe agus níos mó ná 50% de na heaspórtálacha iomlána.

Den chéad uair riamh freisin bhí luach na n-easpórtálacha ime agus cáise araon níos airde ná €1bn an bhliain chéanna, cé gur tháinig laghdú 6% agus 4% faoi seach ar líon an dá rud acu. Léiríonn sé seo an tionchar a bhí ag margadh láidir domhanda ar an éileamh agus go raibh lucht easpórtála na Éireannacha in ann praghsanna níos fearr a bhaint amach in 2021 ná mar a rinne siad in 2020. Ba í an Eoraip ba mhó a spreag an fás ar luach an ime (+21%), áit ar mealladh tomhaltóirí nua mar gheall ar an gcaighdeán atá ag im féar-chothaithe na hÉireann agus toisc gur cuireadh srian ar an táirgeadh áitiúil. Maidir leis an gcás bhí an Eoraip go mór chun cinn freisin, le

breis agus €50m easpórtálacha breise in 2021. D'éirigh go maith le Meiriceá Thuaidh freisin, agus 4,000 tonna breise tógtha aici i rith na bliana, rud a thug breis agus €25m de luach ar na heaspórtálacha.


Bhí an-éileamh ar Casein freisin i rith na bliana agus praghsanna ag leibhéal nach bhfacthas cheana. Chuaigh sé seo chun tairbhe d'Éirinn toisc gur chuir an chatagóir luach easpórtála €100m leis le linn na bliana agus go bhfuil sé anois i ngar do leathbhilliún euro in aghaidh na bliana. Ba iad na Stáit Aontaithe agus Meicsiceo go príomha a bhí taobh thiar de seo ach bhí feidhmíocht réasúnta i gceist sna réigiúin go léir. Bhí meadh sa chás céanna agus luach €266m d'easpórtálacha i gceist, rud nach bhfacthas cheana, agus chuir sé seo €63m breise le luach na n-easpórtálacha i rith na bliana.

Maidir leis na gnéithe diúltacha, bliain dhíomách a bhí inti d'easpórtálacha ábhar cothaithe do naíonáin agus luach an táirge críochnaithe laghdaithe beagnach €250m nó 27%. Tharla sé seo de bharr dúshláin a bheith ag baint leis an slabhra soláthair san Áise, tacaíocht a bheith tugtha don mhonarú áitiúil chomh maith le dúshláin dhéimeagrafacha. Bhí sé seo le tabhairt faoi deara go mór mór san Áise ach freisin in easpórtálacha indíreacha chun na hÁise tríd an Eoraip. Bhí cúiteamh déanta air seo, áfach, de bharr gur éirigh go maith le comhábhair déiríochta eile, a bhain leis an déantúsaíocht, go dtí an tSin agus an Áise go ginearálta.

Tríd is tríd, rinne an réimse éagsúil táirgí agus margaidh atá ag tionscal déiríochta na hÉireann go maith in 2021 agus tá an-chreidiúint ag dul don tionscal ag leibhéal na feirme agus ag leibhéal na próiseála as an méid is airde riamh, 8.8bn lítear bainne, a tháirgeadh agus a phróiseáil i rith na bliana.

FEOIL AGUS BEOSTOC

Tháinig méadú 3%, suas go dtí €3.5 billiún ar luach iomlán na n-easpórtálacha feola agus beostoc in 2021, rud a bhí go an-mhaith i bhfianaise na ndúshlán a bhain leis an mbliain. Faoi bhun an fháis ag an mbarrlíne, bhí treochtaí éagsúla margaidh i gceist sna hearnálacha aonair, áit a raibh an-éileamh agus praghsanna níos airde mar a bhain le mairteoil agus caoireoil, ach nach raibh an margadh chomh maith céanna i gcás na héineola agus na mairteola. Bhí na



12%

**d'ardú ar luach na
n-easpórtálacha
caoireola**

heaspórtálacha feola agus beostoic ardaithe 6% i gcomparáid leis an mbliain 2019.

Tháinig ardú 10% ar easpórtálacha mairteola príomhúla agus b'fhiú €2.1 billiún iad i rith na bliana. Bhí éileamh láidir leanúnach agus praghsanna níos airde i margaí na Ríochta Aontaithe agus an AE mar bhunús leis an bhfás seo. Cé go raibh tús na ráithe mall, bhí lucht easpórtála na hÉireann in ann treabhadh leo tríd an réaltacht nua ó thaobh na trádála de leis an Ríocht Aontaithe, agus d'ardaigh an t-éileamh arís. Ó thaobh na bpraghsanna de bhí cúinsí dearfach, mar gheall ar an soláthair a bheith gann sa Ríocht Aontaithe, agus i bpríomh-mhargáí an AE chomh maith.

Nuair a maolaíodh na srianta a bhain le Covid-19, go háirithe ar earnáil na seirbhíse bia sa dara leath den bhliain, chabhraigh sé seo le héileamh láidir a chothú. D'fhás luach easpórtálacha na hÉireann, in ainneoin laghdú 11% bliain ar bhliain a bheith ar líon na n-easpórtálacha. Tharla an fás ba mhó i gcinn scríbe san AE in áiteanna nach raibh fáil ar an oiread céanna mairteola go h-inmheánach. Chomh maith leis an mairteoil phríomhúil, chláraigh earnáil gur easpórtáladh miodamas mairteola ar cuireadh luach €190m air, chomh maith le táirgí breisluacha arbh ionann iad agus €149 milliún san iomlán.

Tháinig laghdú 6%, síos go dtí €529 milliún, ar luach easpórtálacha muiceola príomhúla, agus tionchar ag praghsanna a bheith íslithe sna margaí idirnáisiúnta ar an tionscal. Tháinig laghdú 1% ar mhéideanna na n-easpórtálacha, síos go dtí 238,000 tonna, agus bhí tionchar ag forbairtí i margaidh san Áise agus na Ríochta Aontaithe ar phatrún na trádála i rith na bliana.

B'ionann na lastais muiceola a chuir Éirinn go dtí an Áise agus 50% de luach iomlán na n-easpórtálacha, sin €267 milliún. Is í an tSín an phríomh-mhargadh le haghaidh muiceoil na hÉireann, ach mar gheall ar gur laghdaigh an t-éileamh ansin, ba iad margaí eile na hÁise, mar shampla an tSeapáin, An Chóiré Theas, agus na hOileáin Philipíneacha ba chúis leis an gcuid is mó den fhás anuraidh.



12%

**d'ardú ar luach na
n-easpórtálacha bia
mara príomhúla**

Toisc soláthairtí caoireola a bheith gann ar fud an domhain agus san AE, in éineacht le níos mó éilimh a bheith ann, bhí margadh thar a bheith dearfach cruthaithe do chaoireoil na hÉireann in 2021. Tháinig an-ardú ar luach na n-easpórtálacha caoireola den dara bliain as a chéile, agus iad ardaithe 12%, suas go dtí €407 milliún.

Tharla an t-ardú mór seo ar luach in ainneoin gur thit méideanna na easpórtálacha 10%. Chuaigh sé chun tairbhe do lucht easpórtála na hÉireann gur tháinig laghdú ar na heaspórtálacha caoireola ón Ríocht Aontaithe go dtí an AE chomh maith le laghdú teacht ar tháirgeadh an AE. Nuair a tháinig laghdú ar an méid caoireola iompórtáilte a bhí ar fáil i margadh an AE bhí tionchar dearfach aige seo ar an éileamh agus ar na deiseanna, chomh fada agus a bhain sé le caoireoil na hÉireann. Mar gheall ar gur ísligh acmhainn easpórtála na Nua-Shéalainne, de bharr na leibhéil táirgthe a bheith laghdaithe agus atreorú a bheith déanta ar a cuid táirge amach ón AE, ní raibh an oiread céanna d'uaineoil na Nua-Shéalainne ar fáil inár bpríomh-mhargáí easpórtála.



18%

**d'ardú ar luach easpórtála
na gairneoireachta agus
an ghránaigh**

Le linn 2021 tháinig laghdú 17%, síos go dtí €125 milliún, ar easpórtálacha éineola príomhúla. Tharla an laghdú seo go príomha mar gheall ar an laghdú a tháinig ar an trádáil leis an Ríocht Aontaithe, an margadh is mó atá ag éineoil na hÉireann. Tháinig laghdú 19%, síos go dtí €71 milliún, ar luach na trádála leis an Ríocht Aontaithe anuraidh i gcás na héineola. Léiríonn sé seo chomh mór agus a bhraitheann an earnáil ar mhargadh na seirbhísí bia sa Ríocht Aontaithe, rud ar cuireadh as go mór dó i rith na bliana.

Chuir na srianta a bhain le rochtain ar na margaidh isteach ar easpórtáil na héineola san Eoraip anuraidh, agus beidh sé fiorthábhacht go ndéanfaí dul chun cinn ó thaobh comhpháirtíochtaí trádála a thosú athuair mar bhealach le caighdeán na heaspórtála athbhunú.

Léiríodh an rud céanna mar a bhain le heaspórtáil iomlán na héineola san AE, nuair a thit siad 10% go dtí 1.5 milliún tonna in 2021. I measc na bpríomh-mhargáí in ar laghdaigh an t-éileamh ar iompórtálacha ó sholáthraithe de chuid an AE bhí na hOileáin Philipíneacha, an Afraic Theas, Hong Cong, agus an Ríocht Aontaithe.

Tháinig méadú 7%, suas go dtí €215 milliún, ar luach easpórtálacha beostoic na hÉireann anuraidh. In ainneoin gur tháinig laghdú ar líon iomlán na n-eallach a bhí easpórtáilte, toisc go raibh tóir ar bheithigh níos sine, a bhí níos luachmhaire, tháinig an-ardú ar luach na n-easpórtálacha. Bhí an t-ardú a tháinig ar luach na n-easpórtálacha eallaigh ina chabhair chun na luachanna easpórtála a bhí níos ísle i gcás muca agus caoirigh araon a chúiteamh.

BIA MARA

Thosaigh luach na n-easpórtálacha **bia mara** príomhúla ag fás athuair anuraidh, agus ardú 12% i gceist, suas go dtí €514 milliún. Tá treochtaí éagsúla le feiceáil ar fud na hearnála, áfach.

Bhí deacrachtaí ag baint leis an easpórtáil pheiligeach sa bhliain 2021, mar gheall ar gur gearradh an cuóta ronnach mar thoradh ar Chomhaontú Trádála agus Comhair an AE-na Ríochta Aontaithe. Mar sin féin, tháinig méadú 8%, suas go dtí €185 milliún, ar luach na n-easpórtálacha peiligeacha don bhliain. Chabhraigh an neart a bhí i margáí na hÁise leis seo. Cuireadh borradh faoi easpórtáil an tsliogéisc nuair a d'oscail bealaí na seirbhísí bia san Eoraip agus san Áise athuair le linn 2021. Tháinig méadú 26%, suas go dtí go €167 milliún, ar luach na n-easpórtálacha sliogéisc.

Bliain dhúshlánach a bhí ann d'easpórtáil an bhia mara fionnuisce – an bradán atá i gceist den chuid is mó – mar gheall ar go bhfuil níos mó iomaíochta i margáí áirithe. Ina ainneoin sin, tháinig ardú 4% ar luach na n-onnmhairí, suas go dtí €108 milliún.



21%

d'ardú ar luach easpórtála na ndeochanna

Bhí margadh easpórtála an éisc bháin dúshlánach freisin in 2021. Tháinig laghdú thart ar 4% ar luach na n-easpórtála éisc bháin, síos go dtí €45 milliún. Chuir cuótaí níos ísle a bheith ann do roinnt speiceas iasc bán, níos mó iasc bán a bheith á ithe ar an margadh baile, agus cúinsí deacra ó thaobh na hiascaireachta de leis an laghdú foriomlán in 2021.

GAIRNEOIREACHT AGUS GRÁNAIGH

Tháinig ardú 18%, suas go dtí €270 milliún, ar luach easpórtála na **gairneoireachta agus an ghránaigh** de chuid na hÉireann in 2021. Is iad na príomhtháirgí easpórtála laistigh den earnáil seo ná beacáin, gránaigh phríomhúla, agus gairneoireacht conláiste.

Bíonn an chatagóir seo ag brath beagnach go hiomlán ar an Ríocht Aontaithe mar mhargadh ceann scríbe. Chuaigh thart ar 95% de na honnmhairí gairneoireachta go dtí an Ríocht Aontaithe in 2021, rud a bhí mar an gcéanna le phatrúin trádála na bliana roimhe sin. Tháinig méadú 31% ar easpórtálacha beacán, suas go dtí €151 milliún, anuraidh.

B'ionann luach na n-easpórtálacha gránaigh agus €66 milliún, rud a bhí ina ardú 17% bliain ar bhliain agus ina ardú 32% i gcomparáid le 2019. Tháinig méadú 17%, suas go dtí €20 milliún, ar luach na n-easpórtálacha gairneoireachta conláiste.

BIA ULLMHAITHÉ DON TOMHALTÓIR

Tháinig ardú ar na heaspórtálacha i gcás Bianna réamhullmhaithe don Tomhaltóir (PCF), (lena n-áirítear táirgí réamhullmhaithe don tomhaltóir, mar shampla béilí réitithe, píotsaí, anraithí, agus earraí bÁCáilte), 5% i dtéarmaí luacha anuraidh, suas go dtí €2.5 billiún. Léirigh sé seo go raibh díolacháin láidre leanúnacha ar fud na miondíola, go háirithe i gcás an chatagóir réitigh béile, ach freisin i gcás aráin agus muiceoil bhreislua. Toisc gur dúndadh na seirbhísí bia, mar gheall ar an bpaindéim, sa chéad leath den bhliain

tharla laghdaithe suntasacha, leanúnacha mar a bhain le heaspórtáil na cáise próiseáilte, na mairteola breisluacha, agus táirgí bÁCáilte milse.

Braitheann an chatagóir seo, a chuimsíonn réimse leathan táirgí réamhullmhaithe do na tomhaltóirí, go mór ar an Ríocht Aontaithe, agus téann beagán le cois dhá thrian de na heaspórtálacha chuig an margadh sin.

Ar an ngné aonair is mó sa chatagóir seo tá an fheoil bheirteola, agus cuireadh as go mór dó seo nuair a dúnadh na seirbhísí bia de bharr na paindéime le linn 2020. Nuair a d'oscail na seirbhísí bia athuair anuraidh, tháinig ardú 6% ar na heaspórtálacha, suas go dtí €712 milliún.

Bhain onnmhairí deochanna neamh-alcólacha cothromaíocht amach le teacht ar ais an éilimh ar sheirbhísí bia agus bhí an t-éileamh miondiola láidir agus leanúnach i rith na bliana. B'fhiú €101 milliún na h-onnmhairí sa chatagóir seo in 2021, méadú 17% ar luach na bliana 2020.

DEOCHANNA

Tháinig ardú 21% anuraidh ar luach easpórtála na ndeochanna, suas go dtí €1.64 billiún. Feabhas mór a bhí anseo tar éis na ndeacrachtaí a bhain le 2020 agus thug sé na heaspórtálacha ar ais chuig leibhéil 2019. Bhí an téarnamh sin an-láidir i gcás easpórtálacha uisce beatha na hÉireann agus licéir uachtair, go háirithe chuig SAM.

B'fhiú €851 milliún na heaspórtálacha uisce beatha anuraidh – suas 25% i gcomparáid le 2020. Mar gheall ar an gclaonadh i dtreo réamhimdhíonadh, a bhfuil fás ag teacht air, agus an áit ina bhfuil uisce beatha na hÉireann suite sa sciar seo, tháinig ardú níos sciobtha ar luach na n-easpórtálacha uisce beatha de chuid na hÉireann ná mar a tháinig ar a méid.

Ní raibh na leibhéil chéanna téarnaimh i gceist i gcás gach catagóir laistigh d'earnáil na ndeochanna. Bhí na heaspórtálacha beorach foriomlána laghdaithe 7%, síos go dtí €237 milliún. Fágtar na h-onnmhairí beorach gan aon chosaint ar mhargaí na Ríochta Aontaithe agus an AE agus d'imir dúnadh beair agus clubanna oíche i gcuid mhaith de na margaí, tionchar. Táthar ag súil le téarnamh sna h-onnmhairí beorach i rith na bliana, nuair a athosclóidh na hearnálacha seo.

Bliain ab ea an bhliain 2021 ina ndeachaigh Éire i mbun caidreamh trádála a bhí nua agus níos casta leis an gcomharsa is gaire di agus inar chuir sí suas le cuid de na bearta sláinte poiblí ba deacra agus ab fhaide dá againn riamh sa tír. I gcúinsí scanrúla, d'athraigh tionscal agra-bhia na hÉireann ó bheith ag cosaint an mhargaidh nó go raibh sé ag fás go teanntásach. Bhí feidhmíocht easpórtála níos fearr ná riamh cheana á chur i bhfeidhm agus soláthar bia agus dí á chinntiú do na tomhaltóirí sa bhaile agus thar lear.

RÉAMHRÁ

Bhí cúinsí dúshlánacha trádála, lena n-áirítear dúnadh síos, dáiríre, na mbealaí seirbhísí bia, an fháilteachais agus na gcóras taistil in Éirinn agus ar fud na cruinne, ag baint le codán mór den bhliain. Mar sin féin, de bharr gur ainmnigh an Rialtais an tionscal mar sheirbhís riachtanach, agus mar gheall ar an tréan iarracht a rinne daoine aonair, pobail agus an tionscail leanúnachas a chinntiú in am an scartha shóisialta, chomh maith le solúbthacht, inoiriúnaitheacht, agus fíis na dtáirgeoirí, bhí bunús ann le haghaidh feidhmíocht a bhí níos fearr ná mar a bhíodhas ag tuar.

Fíoraíodh imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE sa Bhliain Nua. Bhí moill áfach ar an Ríocht Aontaithe ag chur i bhfeidhm na rialuithe iompórtála, rud ar fháiltigh onnmhaireoirí na hÉireann roimhe. Ní fhéadfaí gach dúshlán a chur ar an méar fhada, ar ndóigh. Bhí an t-ardú ar chostais loingseoireachta ina ghné de na slabhraí soláthair ó thús na paindéime agus d'éirigh sé seo níos measa fós le linn 2021. D'athraigh iompar agus roghanna na dtomhaltóirí sa tréimhse seo freisin agus iad coinnithe sa bhaile agus srianta pearsanta orthu. Dá bharr seo bhí tuiscint ar an margadh agus sofhreagracht maidir leis an nuálaíocht, riachtanach thar aon ní eile do chomhlachtaí a bhí dírithe ar a bheith ag fás.

Agus é seo ar fad sa chúlra, tháinig ardú 4%, suas go dtí €13.5bn, ar luach easpórtálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann in 2021. Seo feidhmíocht nach bhfacthas cheana agus bhí tiomantas don éagsúlú ina chroílár. Den chéad uair riamh, bhí na margáí idirnáisiúnta ar thús cadhnaíochta ós rud é gur bhain 34% de luach iomlán na n-easpórtálacha le tíortha lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus den AE, agus gur ina dhiaidh sin a tháinig an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe isteach ag 33% araon. Bhí éagsúlacht a raibh fáilte roimhe le tabhairt faoi deara freisin sna heaspórtálacha bia agus dí de chuid na Éireann a bhí á soláthar don mhargadh domhanda. Tháinig ardú suntasach 22% ar na heaspórtálacha chuig margaidh sna SA, suas go dtí €1.3bn. Bhí an t-ardú seo bunaithe go príomha ar go raibh díolachán maith ar uisce beatha agus ar licéir. Mhéadaigh an t-easpórtáil chuig tíortha na hAfraice 12%, suas go dtí €918m, agus táirgí déiríochta, bia mara agus deochanna ag déanamh go maith. In Oirdheisceart na hÁise, limistéar eile inar tharla fás buacach, tháinig ardú 20% ar luach na n-easpórtála agus chuaigh sé os cionn €500m den

chéad uair. Ba iad na táirgí déiríochta, an mhairteoil, an mhuiceoil agus na deochanna ba mhó a bhí taobh thiar den fhás sa chás seo. Cé go bhfuil ár dtionscal bródúil le fada as a lorg domhanda, léirigh an bhliain 2021 an tionchar is mó atá aige agus an cumas atá ann é seo a leathnú amach tuilleadh.

FORBHREATHNÚ AR AN AGRA-BHIA

Cuimsíonn earnáil iomlán agra-bhia na hÉireann táirgí príomhúla talmhaíochta agus iascaireachta chomh maith le gníomhaíochtaí cosúil le foraoiseacht, próiseáil adhmaid agus súdaireacht, atá lasmuigh de shainchúram Bhord Bia. Mheas an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gurbh fhiú €15.2bn na heaspórtálacha iomlán agra-bhia (lena n-áirítear catagóirí cosúil le capaill bheo, earraí bia d'ainmhithe, foraoiseacht agus gairneoireacht conláiste, agus seithí agus craicne ainmhithe) in 2021. Léiríonn na sonraí is déanaí ón Rialtais, ón mbliain 2020, gurbh ionann an earnáil agus os cionn 6% den Ollioncam Náisiúnta agus 9% den easpórtáil i dtéarmaí luacha. Is ionann é freisin agus 38% de na heaspórtálacha dúchasacha ar fad agus breis agus 60% de na heaspórtálacha monaraithe dúchasacha. Ar an iomlán, cuireann an earnáil agra-bhia fostaíocht ar fáil do 163,600 duine nó 7.1% den fhostaíocht iomlán in Éirinn, agus ardaíonn sé seo go dtí idir 10% agus 14% sna réigiúin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus de mheán oirthear na tíre. Tá 137,500 feirm sa tír, a tháirgeann os cionn €8.2bn in aschur; 770,000 heicteár foraoise; breis agus 2,000 soitheach iascaireachta agus láithreáin dobharshaothraithe a tháirgeann iasc agus bia mara ar fiú €700 iad, agus tá siad seo mar bhunchloch don earnáil agra-bhia.

FEIDHMÍOCHT NA HEARNÁLA

Déiríocht

Chuaigh easpórtálacha déiríochta na hÉireann thar €5bn den tríú ceann as a chéile toisc gur éirigh chomh maith leis na táirgí ime, cáise agus púdair agus mar gheall ar éagsúlú leanúnach a bheith sna margáí. I mbliain ina tharla fás as an ngnáth sna margáí idirnáisiúnta, bhí Meiriceá Thuaidh agus an Afraic chun tosaigh, rud a rinne cúiteamh ar an éileamh a bheith laghdaithe san Áise, agus go háirithe an tSín, áit a ndeachaigh catagóirí dála cothú speisialaithe do naíonáin ar gcúl. Chuaigh na heaspórtálacha go dtí áiteanna lasmuigh den AE agus den Ríocht Aontaithe

thar 50% den luach iomlán, an chéad uair dó seo tarlú san earnáil. Chuaigh onnmhairí cáise thar €1bn, ardú 15% ar fhigiúr na bliana 2020, agus b'fhiú €997m na heaspórtálacha ime, méadú 3% ar 2020. Cé go raibh an earnáil a bhaineann le cothú speisialaithe do naíonán íslithe sa tSín, rinne an borradh mór a bhí faoi chomhábhair déiríochta, chomh maith le táirgí déiríochta níos traidisiúnta, cúiteamh air.

Feoil agus Beostoc

Maidir le h-earnáil na feola agus an bheostoic, bhí idir mhaith agus olc i gceist in 2021. Bhí an- bhaint ag an ardú ar na luachanna in earnáil na mairteola agus na caoireola le gur shroich na heaspórtálacha €3.5bn, ardú 4% ar 2020. Bhí an mhairteoil chun tosaigh agus na heaspórtálacha ardaithe 9% go dtí €2.1bn. Chuidigh san t-éileamh mór a bhí sa Ríocht Aontaithe agus san AE de réir mar a athosclaíodh an bealach seirbhíse bia i ndeireadh na bliana leis an bhfás seo, rud atá níos suntasaí fós i bhfianaise an laghdaithe 11% a bhí ar mhéid na n-easpórtálacha. Réitíodh an bealach ionas go raibh bliain dhearfach ag na honnmhairí caoireola agus luachanna ardaithe 15% go dtí €420m. Tharla sé seo de bharr soláthairtí caoireola a bheith níos gainne sna príomh-mhargáí, laghdú 22% a bheith tagtha ar mhéid na n-easpórtálacha ón Ríocht Aontaithe go dtí an tAontas Eorpach agus acmhainneacht easpórtála níos ísle i gcás na Nua-Shéalainn. Tharla seo in ainneoin gur thit méid na n-easpórtálacha 9%. Mar sin féin, bliain dheacair a bhí inti d'onnmhairí muiceola, agus laghdú 3% tagtha ar na h-easpórtálacha, síos go dtí €542m, rud a thit amach de bharr praghsanna a bheith laghdaithe sna margáí idirnáisiúnta. Is chuig an Áise a théann dhá thríad de na heaspórtálacha muiceola agus d'imir an laghdú ar éileamh sa tSín tionchar díreach ar phraghsanna, cé go ndearnadh cúiteamh air go pointe de bharr go raibh fás ar an éileamh sa tSeapáin, sa Chóiré Theas agus sna hOileáin Philipíneacha. Maidir leis na heaspórtálacha éineola, bliain chrua a bhí inti freisin, tráth ar thit luach na n-easpórtálacha 15% síos go dtí €128m. Bhain sé seo den chuid is mó le laghdú a bheith tagtha ar luachanna trádála go dtí an Ríocht Aontaithe, agus iad síos 16% go dtí €74m. Tháinig fás ar easpórtálacha beostoic na hÉireann, agus ardú measta 6%, suas go dtí go €214m orthu, agus bhí easpórtálacha beithigh beo chun cinn.

Bia Mara

Bhí tearnamh suntasach le feiceáil i gcás na n-easpórtálacha bia mara in 2021, agus méadú 6% ar a luach, suas go dtí €485m, cé go bhfuil go leor de na catagóirí ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin ar leith. Bhí ar na honnmhairí peiligeacha dul i ngleic le gearradh ar an gcuóta ronnach, agus thit na heaspórtálacha 1% go dtí €169m. Tháinig an-bhorradh faoi na easpórtálacha sliogéisc, agus iad ardaithe 25% go dtí €165m, nuair a d'athoscail na bealaí seirbhíse bia san Eoraip agus san Áise.

Bhí na easpórtálacha iasc fionnuisce – bradáin den chuid is mó laghdaithe 8%, síos go dtí €98m, mar thoradh ar na praghsanna a bheith níos ísle. Tháinig laghdú 15%, síos go dtí €40.6m, ar na h-easpórtálacha iasc bán agus bhí baint ag cuótaí níos ísle agus soláthar maith ó na soithí Francacha agus Spáinneacha leis seo.

Gairneoireacht

Bhí borradh le feiceáil mar a bhain le heaspórtálacha gairneoireachta agus gránaigh, agus iad ardaithe 14%, suas go dtí €271m, in 2021. Is iad beacáin, gránaigh phríomhúla agus gairneoireacht conláiste na trí shnáithe atá san earnáil easpórtála seo, agus tá an Ríocht Aontaithe freagrach as 95% de. Tar éis roinnt blianta deacra, tháinig feabhas 31% ar easpórtálacha beacán ionas gurbh fhiú €151m iad, d'ardaigh onnmhairí gránaigh 9% suas go dtí €61.8m, go Tuaisceart Éireann den chuid is mó. Bhí easpórtálacha gairneoireachta conláiste chomh hard le €20m in 2021, €17m a bhí ann an bhliain roimhe sin.

Bianna Réamhullmhaithe don Tomhaltóir (PCF)

Mar gheall ar an díolacháin a bheith láidir go leanúnacha sa tionscadal miondíola bhí tearnamh 3% i ndán d'easpórtálacha PCF, ionas gurbh fhiú €2.5bn iad in 2021. A mhalairt a bhí i gceist mar a bhain le cáis phróiseáilte, mairteoil bhreisluacha agus bÁCáil mhillis, áit a raibh dúshláin ann de bharr gur cuireadh isteach ar na seirbhísí bia. Mar gheall gur athoscail na seirbhísí bia ag deireadh na bliana d'fhan luach na n-easpórtálacha ag €677m -a bhuíochas sin don fheoil bhreis luacha a cuireadh chuig bialanna seirbhíse tapa (QSR) agus timpeallachtaí réidh miondíola, agus tháinig ardú 5% ar na snáitheanna catagóire a dhíríonn ar an earnáil miondíola, dála píotsaí, béilí réamhullmhaithe agus anraithí, ionas gurbh fhiú €517m iad. Tháinig an-bhorradh go deo faoi na deochanna neamh-mheisciúla, le gurbh fhiú €110m iad in 2021, ardú 27% ar an mbliain roimhe sin. Is chuig an Ríocht Aontaithe a théann 68% de na heaspórtálacha go léir san earnáil seo, ardú ó 62% in 2016.

Deochanna

Bhí bliain mhaith ag na h-easpórtálacha deochanna, agus iad ardaith 19% go dtí €1.62bn – téarnamh a thug na luachanna ar ais go dtí leibhéil 2019. Bhí uisce beatha na hÉireann agus easpórtálacha licéir uachtair chun tosaigh, agus ba é margadh na Stát Aontaithe an príomhcheann scríbe do na h-easpórtálacha i gcás an dá cheann acu. Bhí easpórtálacha uisce beatha ardaith 25%, suas go dtí €856m. Bhí an timpeallacht níos dúshlánaí i gcás easpórtálacha beorach, agus iad ísliú 3% go dtí €246m, mar gheall ar chiorraithe ar thrádáil sna margaí sa Ríocht Aontaithe agus san AE ar feadh cuid mhaith den bhliain.

ANAILÍS AR MHARGAÍ

Bhí téarnamh suntasach i gceist i gcás easpórtálacha bia mara. Tá tacaíocht tugtha le fada ag Bord Bia do straitéis do thionscal bia agus dí na hÉireann, tacaíocht a dhíríonn ar chothromaíocht idir an infheistíocht i margaí seanbhunaithe agus aitheantas a bheith á thabhairt do na deiseanna atá i margaí spriocdhírith, ardchumais. Is straitéis í atá ag dul ó neart go neart ó tharla reifreann an Bhreathimeachta in 2016. Cúig bliana i ndiaidh an reifrinn sin, tá ardú €2.1bn tagtha ar luach na iomlán na n-easpórtálacha bia agus dí.

Téann an chuid is mó de (34%) chuig an margadh idirnáisiúnta, 33% chuig an AE 27 agus 33% go dtí an Ríocht Aontaithe.

NA MARGAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Mar gheall ar an éagsúlacht tionchair a bhí i bhfeidhm san margaí idirnáisiúnta, torthaí dearfacha den chuid is mó a bhí ag easpórtálaithe na hÉireann in 2021. De bharr athbhorradh a bheith tagtha faoin éileamh sna Stáit Aontaithe tháinig ardú 22% ar luach na n-easpórtálacha, iad suas go dtí €1.3bn, agus bhí tionscal na ndeochanna ina cheannródaí mar a bhain leis an ardú seo. Bhí borradh san Aifric freisin mar a bhain le lucht easpórtála na hÉireann, mar gurbh fhiú €918m an bia agus an deoch mar thoradh ar an ardú 12% a bhí ar fhiúirí na bliana 2020. Tá sé seo beagnach dhá oiread an fhiúir a bhí againn in 2016 agus réimse leathan atá ann. Tháinig an tSín chun cinn mar bhunchloch do na deiseanna atá i margaí na hÁise le blianta beaga anuas, go háirithe in ábhar déiríocht. Cé go gcuireann an laghdú atá tagtha ar an éileamh i gcás cothú speisialaithe do naíonáin castacht sa scéal, tá borradh faoi shruthanna easpórtála eile. Bhí díbhinní mar thoradh chomh maith ar an gcaoi ar díriodh go straitéiseach ar Oirdheisceart na hÁise agus ar an tSeapáin mar gur fhás sé 20% agus b'fhiú na heaspórtálacha ansin breis agus €500m den chéad uair riamh. Tá baint ag ábhar déiríochta, an mhairteoil, an mhúiceoil agus na deochanna leis seo.

AN AE

Is é an tAontas Eorpach, mar mhargadh aonair, an ceann scríbe teorantach is mó atá ag easpórtálacha bia agus dí na hÉireann agus, i bhformhór na gcatagóirí, is é is fearr a dhéanann brabús. Ghlac sé isteach luach €4.5bn d'easpórtálacha bia agus dí na hÉireann in 2021, ardú 2%. Bhí sé freisin, nuair nach gcuirtear an margadh baile san áireamh, ar an réigiún a raibh cuid de na bearta sláinte poiblí ba géire i bhfeidhm ann chun dul i ngleic le Covid-19. Tháinig fás eisceachtúil ar an éileamh a bhí ar mhairteoil na hÉireann i rith na bliana, ardú 22%, agus ar chaoireoil na hÉireann, a d'ardaigh 20%. Mar sin féin, bhí laghdú ar luach na n-easpórtálacha déiríochta le tabhairt faoi deara freisin, toisc nach raibh an t-éileamh céanna ar tháirgí speisialaithe le haghaidh cothú naíonáin.

An RA

Tá tús áite fós ag an Ríocht Aontaithe mar bpríomh-mhargadh aonair, fiú le linn bliana a bhí chomh deacair le 2021. Cuireadh an Bhreathimeacht i gcrích tráth a raibh srianta na paindéime ag cur as go mór do na bealaí seirbhíse bia a bhí an-tábhachtach. Ní raibh ach laghdú beag ón mbliain 2020, €4.4bn, i gceist mar a bhain le luach na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe in 2021 agus bhí siad €500m níos airde ná na luachanna in 2016. Toisc go raibh an Ríocht Aontaithe ag cur na rialuithe iompórtála ar athló go leanúnach, agus go raibh an-éileamh ar tháirgí déiríochta, mairteola agus PCF, rinneadh cúiteamh ar go leor den ábhar imní a bhí ar gach taobh de Mhuir Éireann maidir le tionchar an Bhreathimeachta agus léirigh sé na caidrimh láidre trádála agus na slabhraí soláthair atá idir an dá thír. Bhí tionchar ag Prótacal Thuaisceart Éireann, cuid lárnach de Chomhaontú Aistarraingthe an AE-na Ríochta Aontaithe, ar gur athraigh trádáil go dtí Tuaisceart Éireann. Tharla cuid den athrú seo le freastal ar an ardú a tháinig ar an éileamh ó custaiméirí ansin, ach chomh maith leis sin, mar gheall ar go raibh sé níos éasca freastal uaidh sin ar chodanna den Bhreatain Mhór. Léirigh taighde a rinne Bord Bia sa Ríocht Aontaithe gur fhan meon na dtomhaltóirí i leith na hÉireann mar foinse bia agus dí dearfach i rith na bliana, agus an-aitheantas tugtha do bhia agus do dheoch na hÉireann mar tháirgí 'áitiúla' a tháirgtear ar na caighdeáin arda a mbíonn tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe ag súil leo.

AN CÚLRA EACNAMAÍOCH

Gné den bhliain 2021 ar cuireadh fáilte roimhe ab ea an téarnamh san eacnamaíocht domhanda, agus an fás measta 5.5% a léirigh go rabhthas in ann dul in oiriúint don phaindéim. Gné eile den bhliain ab ea an cur isteach ar sholáthair agus go raibh brú ar phraghsanna bia agus ar fuinnimh. Chuir sé seo go mór leis an mboilsciú i go leor geilleagar agus a spreagadh na bainc cheannais le hathbhreithniú a dhéanamh ar a rátaí polasaí. Sa bhaile, sháraigh an geilleagar gan stró geilleagair a chomhghleacaithe agus meastar gur fhás sé 13.5%, mar gheall ar an mborradh a bhí faoi faoi easpórtáil earraí agus seirbhísí.

Ina ainneoin sin, chuaigh an dúshlán a bhain le Covid-19 i bhfeidhm ar an mbliain 2021 uilig nach mór. Bhí tacaíochtaí airgeadais ríthábhachtach do go leor daoine aonair agus do ghnólaigh a bhí ag teacht slán as an gcuid ba mheasa de. Mar sin féin,

ba thosca iad seo nach raibh chomh mór i gceist i ngeilleagair a bhí ag teacht chun cinn agus nach raibh chomh forbartha sin, áit a raibh níos mó tionchair pearsanta, sóisialta agus eacnamaíoch ag an víreas. Is snáithe coitianta ar fud gheilleagar an domhain é an ganntanas acmhainní, agus praghsanna fuinnimh agus boilsciú ag ardú dá bharr. Toisc níos mó airgid a bheith sábháilte ag teaghlaigh mar thoradh ar an bpaindéim tá sé seo tar éis dlús a chur leis an éileamh atá ar earraí agus ar sheirbhísí do thomhaltóirí agus brú dá réir curtha ar an dinimic seo. Bhí moill agus scrogaill i gceist mar a bhain le sreabhadh éasca earraí – gné lárnach dár ngeilleagar domhandaithe – i rith 2021 ar fad, rud a léiríodh go soiléir nuair a bhlocáil long coimeádáin Chanáil Suez ar feadh tamaill i mí an Mhárta de thimpiste; timpiste a mheastar a chuir isteach ar sheachadadh os cionn \$9bn d'earraí gach aon lá dá raibh sé blocáilte. Chuir ganntanas lucht oibre, go háirithe tiománaithe HGV; ganntanas coimeádáin loingseoireachta; agus an crapadh i gcumas na gcalafort mar gheall ar ghanntanas oibrithe agus riachtanais scaradh sóisialta, leis na deacrachtaí a bhain le trádáil dhomhanda. Chuir siad as go mór do lucht easpórtála na hÉireann i gcás bia agus deoch, go háirithe mar a bhain leis an Áise agus SAM.

Cuireann brú de bharr boilscithe isteach ar an tionscal ar go leor bealaí éagsúla. Fuarthas amach i suirbhé a rinne Food Drink Ireland gur tháinig ardú os cionn 20% ar chostais i réimsí ar nós costas oibrithe, pacáistiú agus fuinneamh. Ag an am céanna, de réir na heagraíochta Bia agus Talmhaíochta, tháinig méadú 33% ar phraghsanna tráchtearraí bia ón mbliain 2020. Mar sin féin d'éirigh leis na tomhaltóirí, den chuid is mó, teacht slán ó thionchar iomlán na ngnéithe seo.

Ar an taobh dearfach den scéal, níor thóg sé i bhfad ar riarachán Biden sna Stáit Aontaithe teacht ar chomhaontú leis an AE maidir le taraifí a cuireadh i bhfeidhm ar tháirgí déiríochta, rud a chuidigh le gur fhéad athfhás teacht go tapa ar an margadh sna Stáit Aontaithe d'easpórtálacha de chuid na hÉireann. Faoi dheireadh na bliana ní raibh ach cuid de Chomhaontú Aistarraingthe an AE-na Ríochta Aontaithe curtha i bhfeidhm. Tráth a mbeidh na rialuithe iompórtála i bhfeidhm go hiomlán ní fios fós cén tionchar a bheidh aige ar easpórtálacha na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe ach bhí oideachas agus oiliúint sa réimse fós ina thosaíocht ag Bord Bia agus ag an Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara i rith na bliana.

Bhí an-tionchar ar an bpolaitíocht agus ar an dioscúrsa poiblí in 2021 ag an bhfírinne lom a bhaineann leis an athrú aeráide. Ba é COP26, a bhí ar siúl i nGlaschú, lárphointe na bliana mar a bhain leis an ngníomhaíocht dhomhanda ar an inbhuanaitheacht. Bhí Bord Bia i láthair go bródúil, mar go raibh a chlár ceannródaíoch, Origin Green, deich mbliana ar an bhfód. I gcaitheamh na bliana freisin d'eisigh Rialtas na hÉireann a chéad bhuiséad carbóin, agus é ag leagan amach gach a raibh sé ag súil leis ó gach earnáil de gheilleagar na hÉireann ó thaobh astaíochtaí a laghdú agus ag leagan amach go laghdódh an fheirmeoireacht a astaíochtaí 22%. Ag leibhéal na hEorpa freisin, tá an Comhaontú Glas Eorpach (EGD), lena n-áirítear an Fork to Farm (F2F) agus na Straitéisí Bithéagsúlachta, ag éascú athrú bunúsach mar a bhaineann le treo na mbeartas agus léireofar é seo sa phlean straitéiseach nua CBT, a bheidh á chur i bhfeidhm in 2023.

A BHFUIL I NDÁN IN 2022

Ba rud iontach, ar cuireadh an-fháilte roimhe, ag tús na bliana 2022, é nach raibh Covid-19 ina ábhar mór imní mar a bhain leis an tsláinte poiblí. Mar sin féin, cuireadh aon dóchas go bhféadfaí 'fhilleadh ar an ngnáthshaol' ar ceal nuair a rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, agus is féidir linn glacadh leis go mbeidh iarmhairtí aige seo ar fud na mór-roinne agus níos faide i gcéin ar feadh blianta fada amach romhainn. Tá níos mó éiginnteachta agus luaineachta tagtha ar ais san eacnamaíocht dhomhanda agus i gcúrsaí polaitíochta don bhliain amach romhainn. D'fhéadfadh méadú eile ar phraghsanna fuinnimh, mar aon le brúnna boilscithe eile, an-tionchar a imirt ar phraghsanna bia agus dí.

Táirgí Déiríochta

De bharr an tairgeadh bainne a bheith níos ísle san Eoraip agus sa Nua-Shéalainn tá bunús ann le haghaidh dearcadh dearfach san earnáil agus fanfaidh na praghsanna déiríochta níos airde i dtús na bliana. Ba chóir go gcuirfeadh athréimniú na seirbhísí bia mar phríomhbhealach chuig an margaidh feabhas air seo freisin. Mar sin féin beidh deacracht i gcónaí le costais sa slabhra soláthair mar go measann Teagasc go bhféadfadh costas leasacháin in 2022 a bheith dhá oiread an chostais a bhí air in 2020.

Feoil

Breathnaíonn cúrsaí dearfach i gcás easpórtálacha mairteola na hÉireann in 2022 mar gheall ar an gcothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh i margáí na Ríochta Aontaithe agus an AE araon agus soláthairtí a bheith gann i gcuid de na príomhmhargáí domhanda. Cé go gceaptar go dtiocfaidh laghdú 2% ar thomhaltas mairteola sa Ríocht Aontaithe, ba cheart go bhfanfadh an t-éileamh ó na hearnálacha miondíola agus ó na mearsheirbhísí ar allmhairí mairteola na hÉireann seasmhach. Tá an chuma ar an scéal go n-éireoidh go maith, tríd is tríd, le hearnáil caoireola na hÉireann in 2022. De bharr nach bhfuil an oiread céanna táirge á chur ar fáil ag an dream atá in iomaíocht san AE tugann sé seo deis tuilleadh fáis a dhéanamh. Leanfaidh soláthraithe muiceola na hÉireann orthu ag tabhairt aghaidh ar chúinsí dúshlánacha ó thaobh easpórtála de. Tiocfaidh feabhas ar an éileamh ar iompórtálacha sna príomhmhargáí ach tá crá croí ag baint leis na costais. Beidh na heaspórtálacha éineola in ann teacht chucu féin nuair a fhillfidh na bealaí seirbhísí bia sa Ríocht Aontaithe ar lánacmhainneacht.

Bia Mara

Cuirfidh ciorrú eile 2.5% ar chuóta na hÉireann, mar a bhaineann leis na speicis pheiligeacha, isteach ar fheidhmíocht na hearnála sin, agus beidh brú ó thaobh praghsála ina fadhb i gcónaí do bhradáin orgánacha na hÉireann. D'éirigh go maith leis na heaspórtálacha sliogéisc in 2021 agus ba chóir go leanfadh sé seo ar aghaidh in 2022, agus beidh buntáiste ag na heaspórtálacha éisc bhána de bharr tearnamh a bheith sa mhargadh sa Ríocht Aontaithe.

Gairneoireacht

Is dócha go mbeidh níos lú éilimh ar bheacáin i margadh na Ríochta Aontaithe agus go bhfanfaidh sé seo ina ghné den saol sa tréimhse iar-phaindéime, agus tá an iomaíocht ó bheacáin na Polainne le méadú. Cruthaíonn ganntanas lucht oibre fadhb freisin. Ó thaobh na hearnála conláiste, tá laghdú tagtha ar sholáthar plandaí ón Eoraip, rud a chuireann deiseanna ar fáil.

PCF

Braitheann na deiseanna do PCF in 2022 ar ionchais eacnamaíocha agus ar chinntí maidir le rialuithe iompórtála sa Ríocht Aontaithe, chomh maith le

dúshláin lóistíochta agus costais ionchuir. Beidh seilfré, mar shampla, ina fadhb mhór má bhíonn moill agus castacht i gceist freisin agus táirgí ag dul isteach sa Ríocht Aontaithe. Beidh deis ag an bhfeoil bhreisluacha fás go láidir sa Ríocht Aontaithe agus san AE araon agus táthar ag tuar go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar bhéilí réamhullmhaithe freisin. Beidh difreáil agus nuálaíocht ríthábhachtach i rith an ama.

Deochanna

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil bliain mhaith eile i ndán d'earnáil na ndeochanna in 2022. Beidh uisce beatha agus licéar uachtair chun tosaigh i gcónaí, cé go bhfuil boillsíú ar fud an tslabhra soláthair fós ina fadhb anseo, mar atá in áiteanna eile. Ba cheart go dtiocfadh feabhas ar na h-easpórtálacha beorach de bharr go bhfuil na bealaí seirbhísí bia agus fáilteachais athoscailte. Tá deiseanna fáis sa Ghearmáin agus i roinnt margái CEE san AE, agus ba chóir go mbeadh an Fhrainc i mbun fáis arís tar éis dhá bhliain dheacair. Cuireann an ríomhthráchtáil bealach atá ag fás ar fáil chuig na margái sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus sa tSín.

RÁITEAS STRAITÉISE BHORD BIA

Rinne Building Differentiation, Winning Growth, Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021 rialú ar thacaíocht na heagraíochta do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le linn trí bliana inar tharla athruithe agus dúshláin nach bhfacthas riamh cheana. D'fhéadfá a rá go bhfuil feidhmíocht an tionscail in 2021 faoi threoir ag tiomantas na straitéise don 'fhás difreáilte, inbhuanaithe'

Is iad seo a leanas na ceithre thosaíocht straitéiseach a threoraigh gníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana:

- 1 **Rath agus fás a spreagadh sa mhargadh**
- 2 **Léargas a thabhairt ar fhás cumhachta**
- 3 **Cáil fáis a chothú**
- 4 **Na daoine a bheith ag tabhairt treorach**

Leagtar amach i dtuarascáil an POF conas a d'éirigh le gníomhaíochtaí Bhord Bia le linn 2021 leis na tosaíochtaí seo.

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara *Food Vision 2030*, straitéis 10 mbliana d'earnáil agra-bhia na hÉireann. Agus é bunaithe ar *Food Wise 2025*, leagtar amach ann pleananna le go mbeidh 'Éirinn ina ceannaire domhanda mar a bhaineann le córais bia inbhuanaithe as seo go ceann deich mbliana, agus tá ceithre mhisean ardleibhéil lárnach d'fhonn an uailmhian seo a chomhlíonadh:

- **Earnáil agra-bhia atá cliste ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.**
- **Táirgeoirí príomhúla atá inmharthana, teacht aniar iontu, agus iad níos folláine.**
- **Bia atá sábháilte, cothaitheach agus tarraingteach, a gcuirtear muinín ann agus a bhfuil meas air sa bhaile agus thar lear.**
- **Earnáil nuálach, iomaíoch a bhfuil teacht aniar inti, agus atá á spreagadh ag teicneolaíocht agus tallann.**

Agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht atá le plean meaitseála 10 mbliana dá chuid féin, tá cur chuige nua glactha ag Bord Bia i leith na chéad chéime eile dá thimthriall straitéiseach

Seolfar ráiteas nua Straitéiseach Bhord Bia, *Nurturing a Thriving Future*, in 2022 agus beidh sé i bhfeidhm thar dhá amlíne:

(a) Léaslíne 10 mbliana, ag teacht le *Food Vision 2030*, agus a chinntiú go bhfaighidh na gníomhartha a shanntar do Bhord Bia, mar chuid de na ceithre mhisean i *Food Vision 2030*, na hacmhainní straitéiseacha atá riachtanach.

(b) Timthriall straitéiseach trí bliana, a chuimsíonn na blianta 2022 go 2025. Beidh cúig thosaíocht straitéiseach taobh thiar de ghníomhaíochtaí Bhord Bia sa tréimhse trí bliana seo:

- 1 **An Branda Build Food Brand Ireland a thógáil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phointí profaí.**

- 2 **Bealaí níos fearr a aimsiú le gur féidir lenár gcliaint agus ár gcustaiméirí nascadh le chéile agus comhpháirtíochtaí a chruthú.**
- 3 **Tallann an tionscail a chothú agus a mhealladh agus inniúlacht na gcliant a spreagadh.**
- 4 **Tacú le nuálaíocht a bheadh faoi threoir tuisceana agus forbairt ar an mbranda.**
- 5 **Tacú leis an eagraíocht agus leis na páirtithe leasmhara agus a chur ar a gcumas straitéisí a chur i bhfeidhm.**

Leagfaidh na straitéisí moltacha seo an bhunchloch don chaoi a bhfeidhmeoidh Bord Bia agus tabharfaidh sé dinimiceas agus fócas nua agus seirbhísí agus cláir, a éascaíonn an fás inbhuanaithe sa tionscal, á seachadadh.

CONCLUÍD

Bliain dheacair a bhí in 2021 ar go leor bealaí agus do go leor daoine mar gheall ar Covid-19. Agus muid ag casadh an leathanaigh i dtreo 2021, thug imeacht eile nach bhfacthas cheana dúshlán do bhunchloch an domhain seo againn: ionsaí na Rúise ar an Úcráin.

Níos gaire don bhaile, agus deireadh tagtha leis an gcéad bhliain d'imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE, bhí an idirbheartaíocht idir an dá thaobh fós ar siúl, go háirithe mar a bhain le Prótacal Thuaisceart Éireann agus cur i bhfeidhm rialuithe custaim na Ríochta Aontaithe ina n-iomláine fós le tarlú, rud gan amhras a thabharfaidh dúshlán úr do na heaspórtálaithe. Tá an t-athrú aeráide ina chúis imní níos mó ná riamh agus tar éis don Rialtas an Buiséad Carbóin a fhoilsiú, níl aon amhras ann ach go bhfuil gá le gníomh comhbheartaithe, uaillmhianach agus fiúntach ar an ábhar rí-phráinneach seo. Tá Bord Bia chomh díograiseach céanna faoi thacú leis an tionscal aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ollmhór seo. Deich mbliana tar éis a sheolta, tá Origin Green ag tabhairt aghaidh ar chéim nua, le fócas nua ar phointí profa, rud a léiríonn uaillmhian agus ionchais níos mó ó thaobh na h-inbhuanaitheachta de.

Tá moladh tuillte, ar go leor cúiseanna, ag tionscal an bhia agus na dí mar gheall ar chomh maith agus a d'éirigh lena n-easpórtálacha in 2021. Agus muid ag léiriú mórtais as an bhfeabhas atá tagtha ar ár gclúdach domhanda agus as an bhfás atá tagtha ar luach na n-easpórtálacha, táimid ag ceiliúradh go bunúsach ar na daoine a oibríonn sa tionscal seo agus atá tugtha chomh mór sin dá luachanna. Aisteach go leor, bhain ár dtionscal an clúdach agus an t-éagsúlú is mó amach tráth a raibh sraonta ar shaoirse pearsanta an duine aonair. Bhí an t-sláinte agus an t-sábháilteacht phearsanta, scaradh sóisialta, costais a bhí ag ardú agus castacht lóistíochta a bhí ag dul in olcas i measc na ndúshlán a bhí le sárú gach aon lá i ngach cuid den tionscal in 2021. Mar sin féin, bhí paisean, tiomantas agus diongbháilteacht mar chuid den fhreagra freisin.

Ba mhór an onóir dom freastal a dhéanamh ar Bhord Bia agus ar thionscal bia agus dí na hÉireann mar Chathaoirleach sa bhliain dhúshlánach eachtrúil seo. Táim bródúil as a bheith ag obair le Bord Bia agus seirbhís a thabhairt in éineacht le Bord a raibh a thacaíocht leanúnach don tionscal agus do Bhord Bia thar barr i gcónaí. Chuir an bealach a ndeachaigh siad in oiriúint do na cruinnithe fíorúla ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí le sárú againn de bharr na paindéime. Teastaíonn uaim mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe go léir agus do na comhaltaí uilig atá ar na cúig fho-bhord, iad siúd a d'fhág, agus an dream atá tagtha isteach den chéad uair i mbliana. Táim fíorbhuíoch as bhur dtacaíocht.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil as a ndúthracht le baill foirne uile Bhord Bia, atá á stiúradh

go cumasach ag an POF Tara McCarthy, agus mo mheas a chur in iúl mar gheall ar an láidreacht a léirigh siad agus iad ag sháru na ndeacrachtaí go léir agus réimse eisceachtúil de sheirbhísí, mar a fheictear domsa é, á seachadadh acu don tionscal i gcúinsí an-srianta. D'fhógair Tara a cinneadh go raibh sí ag fágáil a ról mar POF ar Bhord Bia i Márta 2022 agus, thar ceann Bhord Bhord Bia, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí uirthi amach anseo agus buíochas a ghlacadh léi as an méid a rinne sí le linn di a bheith ag stiúradh Bhord Bia. Chuir sí é seo in iúl trína dúthracht agus a tiomantas do mhisean na heagraíochta, do rath a chliaint-chuideachtaí, agus do dhul chun cinn ar fud na hearnála bia, dí agus gairneoireachta ar fad. Fágfaidh a fíis, a fuinneamh, agus a spreagadh oidhreacht ar go leor bealaí agus tá bonn an-láidir curtha faoin eagraíocht dá mbarr ionas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn.

Táimid ag súil le ceannaire nua a cheapadh ar Bhord Bia in am trátha. Idir an dá linn, tá lánmhuinín agam as an bhfoireann ceannaireachta agus iad ag leanúint ar aghaidh ag cur ár straitéis nua spreagúil, Nurturing a Thriving Future, i gcrích go rathúil.

Bhí daoine riamh ar an acmhainn ba mhó a bhí ag Bord Bia agus iad ríthábhachtach don cháil seasta a bhí air mar chomhpháirtí iontaofa i measc an tionscail agus na dtomhaltóirí. Sa staidéar bliantúil de chuid na hÉireann, RepTrak 2021, áiríodh Bord Bia ar an eagraíocht ab fhearr a raibh cáil uirthi in Éirinn, stádas atá bainte amach aige anois trí huairé ó thosaigh an staidéar.

In 2022 cuirfear tús le ré nua mar a bhaineann le scéal Bhord Bia de réir a bhogfaidh an eagraíocht ón mbunáit atá aici le fada i gCúirt Chlann Liam ar Shráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, go dtí 140 Bóthar Pheambróg, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Cuirimid fáilte roimh an deis seo le haghaidh tús úr a bheith againn i dtimpeallacht nua agus fios againn go mbeidh cuimhní geala ar Chúirt Chlann Liam ag go leor daoine a chuir tús lena ngairmeacha ansin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht air as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme, agus Forbairt Margaidh Nua; agus an Seanadóir Pippa Hackett, Aire Stáit a bhfuil freagracht uirthi i leith Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht, mar gur bhraitheamar a dtacaíocht mar chomhpháirtithe de

chuid Bhord Bia agus don tionscal ina ról faoi seach in 2021. Bhí sé seo le feiceáil ar go leor bealaí, go háirithe a dtacaíocht do chruinnithe fíorúla ardleibhéil agus d'imeachtaí trádála.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis An Ard-Rúnaí Brendan Gleeson agus an fhoireann ar fad sa Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus na Mara who ag obair linn i bhfíor-spiorad comhoibrithe agus dlúthpháirtíochta. Tréaslaim leo as seoladh Food Vision 2030 agus tá mé ag tnúth le cuidiú leis na spriocanna inmholta agus uailmhianacha atá ann a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha as acmhainn thar a bheith luachmhar a chur ar fáil dúinn go leanúnach chomh maith le raon de thacaíochtaí rud a chabhraíonn le doirse a oscailt do thionscal bia agus dí na hÉireann i margai ar fud an domhain ar go leor bealaí praiticiúla, cumhachtacha, nach luaitear go minic.


Leanadh ar aghaidh leis na comhpháirtíocht lenár n-eagraíochtaí Stáit comhtheagmhálacha i rith 2021. Buíochas ó chroí lenár gcomhghleacaithe in Teagasc, Bord Iascaigh Mhara agus Enterprise Ireland, ar oibríomar leo ar go leor tionscadal comhroinnte agus uailmhianach agus iad ag cur chun cinn inbhuanaitheacht agus rath ár dtionscal bia.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, atá ina phátrún ar Bloom. Táimid ag tnúth go mór le príomhócáid gharraíodóireachta agus ghairneoireachta na hÉireann a bheith ag filleadh in 2022 tar éis sos dhá bhliain. Fáiltímid roimh an deis oibriú leis an Uachtarán arís go pearsanta, agus a bheith ag roinnt teachtaireachtaí na hinbhuanaitheachta agus an phobail atá i gcroílár Bloom.

Bliain ab ea 2021 ina raibh géarghá le hoiriúnú, solúbthacht agus nuálaíocht chun constaici an-tábhachtacha a sháru agus feidhmíocht nach raibh feicthe roimhe sin a sheachadadh. Tréithe iad seo a bhí chomh follasach céanna i mBord Bia féin. Mar dhuine a chreid go diongbháilte a shaol uilig i mbia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann a fhorbairt agus a chur

chun cinn, is pribhléid dom é go raibh ról an Chathaoirligh agam san eagraíocht ag an am neamhghnách seo.

Is eagraíocht sainchuspóireach é Bord Bia, atá bródúil as tacú le tionscal atá dírithe ar fheidhmíocht. Cé go bhfuil dúshlán romhainn ar fad, gheobhaimid inspioráid ó bhliain inar tharla téarnamh agus fás i gcúinsí a bhí thar a bheith dúshlánach. Tá ról lárnach ag tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann mar a bhaineann le todhchaí na tíre seo a mhúnlú. Táimid tar éis píosa fada a thaisteal ar an turas sin agus leanfaimid ar aghaidh go gasta, agus muinín againn gur ar an gcosán chun fás agus luach a spreagfar muid go barr ár gcumais.



Dan MacSweeney

Cathaoirleach

Additional information and updates on Bord Bia activities can be obtained from www.bordbia.ie or by following us online at www.facebook.com/bordbia or on [Twitter@bordbia](https://twitter.com/bordbia).

D'éiligh 2021 teacht aniar uainn ar go leor bealaí, ach chomh maith leis sin bhí díocas diongbháilte agus acmhainneacht le feiceáil freisin mar thréith, sa bhfreagra náisiúnta a thug muid.

Maidir le tionscal an bhia, na dí agus na gairneoireachta in Éirinn, géaraíodh ar na dúshlán ar fad a bhain leis an bpaindéim de bharr nádúr an tionscail: ina measc an gá a bhí le sábháilteacht phearsanta a chinntiú agus ag an am céanna féachaint chuige, ar bhonn práinne, go leanfadh an táirgíocht agus an dáileachán ar aghaidh, agus gur dúnadh, i ndáiríre, na bpríomhbhealaí a bhí ann le dul i mbun margaíocht, dála na seirbhísí bia, ar feadh tréimhsí fada. Nuair a chuirtear leis seo an dúshlán mór a bhain leis an mBreatimeacht, a bhog ó réimse na hidirbheartaíochta go dtí a bheith á chur i bhfeidhm ar an 1 Eanáir, 2021 nuair a thosaigh an Ríocht Aontaithe ag feidhmiú lasmuigh d'Aontas Custaim an AE (cé go raibh rialuithe iompórtála áirithe curtha ar fionraí). Is beag duine a chreidfeadh go dtabharfadh an meascán seo de chúinsí, nach bhfacthas riamh cheana, deis ní hamháin le fás a dhéanamh ach deis le feidhmiú níos fearr ná riamh. Tháinig méadú 4% ar easpórtálacha bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ionas gurbh

fhiú os cionn €13.5bn iad. Seo téarnamh ar an laghdú a tharla in 2020 agus é 2% níos airde ná an trádáil réamh-phaindéime a bhí i gceist in 2019. Ábhar spéise a bhaineann leis an éacht seo is ea gur tharla athdháileadh trádála laistigh de na margai: chuaigh 34% d'easpórtálacha bia agus dí na hÉireann chuig margai idirnáisiúnta, 33% chuig margai an AE, agus 33% go dtí an Ríocht Aontaithe. Ar an iomlán, tá os cionn 180 tír ar fud an domhain anois ag iompórtáil táirgí bia agus dí de chuid na hÉireann. Agus aird á tharraing ar an éacht neamhghnách seo, ní hiad na figiúirí trádála ná fáis per se atá á gceiliúradh, ach an sár-obair a rinne gach duine laistigh dár dtionscal chun é a thabhairt chun críche. Baineann fás inbhuanaithe thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann go bunúsach le luach a chur ar fáil do phobail faoin tuath agus feadh an chósta ar fud na tíre, luach a bhíonn le feiceáil i bhfoirm fostaíochta, ioncaim agus infheistíochta, agus a bheidh mar bhonnchloch dá n-inbhuanaitheacht agus dá bhfuinneamh amach anseo.

ANAILÍS EARNÁLA

Mar a tharla cuid mhaith blianta eile le linn don easpórtáil a bheith ag dul i méid, bhí earnáil na déiríochta chun tosaí in 2021, agus luach €5bn, rud nach bhfacthas riamh cheana, air. Bhí an t-éagsúlú ríthábhachtach mar gur eascair os cionn 50% de na heaspórtálacha as na margai idirnáisiúnta, agus bhí sé feiceálach sa bhfás láidir a tharla sa chatagóir: Bhí na heaspórtálacha cáise ardaithe 15% nó gur sháraigh siad €1bn agus b'fhiú easpórtálacha ime na hÉireann an-ghar do €1bn, mar gheall ar go raibh an-éileamh air san AE agus sna Stát Aontaithe.

Ar an iomlán d'éirigh go maith leis an bhfeoil agus leis an mbeostoc, agus b'fhiú €3.5bn iad ó thaobh easpórtálacha. Chabhraigh fás láidir ar luach na mairteola leis na heaspórtálacha fás 9% go €2.1bn. Bhí easpórtálacha caorach ardaithe 15% go dtí €420m. Chuidigh soláthar níos lú ón Ríocht Aontaithe chuig an AE agus táirgíocht níos ísle san AE agus sa Nua-Shéalainn leis seo. Tháinig laghdú 3% ar na heaspórtálacha muiceola, síos go dtí €542m ar

phraghsanna na dtráchtearra ab ísle, cé gur chuidigh an fás a bhí sa tSeapáin, sa Chóiré Theas, agus sna hOileáin Philipíneacha le cúiteamh a dhéanamh ar an éileamh a bheith laghdaithe.

Tháinig laghdú 15%, síos go dtí €128m, ar easpórtálacha éineola príomhúla, go háirithe mar gheall ar na dúshlán a bhí ag na seirbhísí bia i margadh na Ríochta Aontaithe, margadh atá chomh tábhachtach sin.

D'fhás na heaspórtálacha bia mara athuair, agus iad ardaithe 6% go dtí €485m, cé nár bh ionann an fás i ngach catagóir. Thit na heaspórtálacha Peileagacha 1% go dtí €169m, go mór mór mar gheall ar chiorruithe ar an gcuóta ronnach, agus bhí na heaspórtálacha bradán laghdaithe 8% go dtí €98m de bharr go raibh níos mó iomaíochta sa mhargadh. Nuair a d'oscail na seirbhísí bia arís níos déanaí sa bhliain d'ardaigh na heaspórtálacha sliogéisc 25% go dtí €165m.

Bliain mhaith a bhí inti freisin le haghaidh easpórtálacha beacán agus iad ardaithe 31% go dtí €151m – agus toisc gur éirigh go maith freisin leis na gránaigh agus an ghairneoireacht conláiste tháinig ardú 14% ar na heaspórtálacha go dtí €271m.

Mar gheall ar gur tháinig ardú 3% ar luach easpórtála na mBianna Réamhullmhaithe do Thomhaltóirí (PCF) d'fhás an earnáil go dtí €2.5bn. Tháinig méadú 4% ar fheoil bhreisluacha, suas go dtí €677m agus d'ardaigh an fhochatagóir réitigh béile 5% go dtí €517m, an rud ab airde riamh.

Bhí an fás 19% ar na heaspórtálacha dí, agus iad ardaithe go dtí €1.62bn faoi stiúir uisce beatha na hÉireann agus licéar uachtair. D'ardaigh na heaspórtálacha uisce beatha 25% go dtí €856m cé gur tháinig feabhas 19% ar licéar uachtair agus é ardaithe go dtí €367m. Mar sin féin, thit na heaspórtálacha beorach 3%, síos go dtí €246m, mar thoradh ar chiorraithe sa tionscal fáilteachais sa Ríocht Aontaithe agus san AE.

ATHNUACHAN STRAITÉISEACH

Chuir *Statement of Strategy Building Differentiation, Winning Growth 2019-2021* creat ar fáil trína ndeachaigh Bord Bia i ngleic le dúshlán mhóra na bliana. Tugann an straitéis léargas ar ceithre cholún straitéiseacha a raibh gníomhaíochtaí agus cláir uile Bhord Bia bunaithe orthu:

- 1 **Rath agus fás a spreagadh sa mhargadh**
- 2 **Léargas a thabhairt ar fhás cumhachta**
- 3 **Cáil fáis a chothú**
- 4 **Na daoine a bheith ag tabhairt treorach**

Leagtar amach na cláir, na tionscnaimh, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2021 chun tacú leis an tionscal faoi gach ceann de na ceithre cheannteideal straitéiseach sa chuid ina dhiaidh seo.

Bunaíodh an Grúpa Navigating Uncertainty (NUG) laistigh de Bhord Bia i mí an Mhárta 2020 chun éascaíocht a dhéanamh ar fhreagairt trasfheidhmiúil grúpa ar an bpaindéim agus ar dhúshlán trioblóideacha eile, lena n-áirítear an Breatimeacht. Thug obair an NUG léargas ar a riachtanaí atá sé glacadh leis an teicneolaíocht dhigiteach agus thug sé aitheanta don ról atá ag teacht chun cinn don obair hibrídeach agus don mhargaíocht hibrídeach inár dtionscal. Agus tacaíocht Bhord Bia do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann á éascú aige le linn tréimhse ina raibh cur isteach gan sárú ann, bhí ionchur ag an NUG freisin i bhforbairt Ráiteas nua Bhord Bia of Strategy Nurturing a Thriving Future. Feidhmeoidh an straitéis, a sheofar in 2022, thar dhá léaslíne den chéad uair: (a) fráma ama straitéiseach 10 mbliana a bheidh sioncronaithe leis na misin atá leagtha amach in Food Vision 2030 na Roinne Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara, a foilsíodh in 2021 agus (b) amlíne trí bliana, a bheidh á stiúradh ag príomhchuspóirí gnó do gach earnáil.

Cothóidh an straitéis 10 mbliana comhoibriú iomlán agus leas á bhaint as cumhacht luasghéaraithe na hinbhuanaitheachta, an digitithe agus na ndaoine, trí cheithre cholún straitéiseacha:

- **Ag buachan le difreáil chliste**
- **Neart san inbhuanaitheacht**
- **Cothú inbhuanaithe a threisiú**
- **Barr feabhais a chur ar bhealaí athshamhlaithe**

Cuirfidh sé ar chumas Bhord Bia a ról a imirt sa bhfís fhoriomlán atá Éirinn a bheith ina ceannaire domhanda mar a bhaineann le córais bia inbhuanaithe.

Diríonn an straitéis trí bliana isteach ar luacha a chruthú, agus tá cuspóirí soiléire gnó leagtha amach ann ag foireann Bhord Bia do gach earnáil. Tá siad seo curtha go soiléir mar ghníomhartha 'a chaithear a dhéanamh' agus cuirfear i bhfeidhm iad agus aird dírithe ar cheithre luamhán straitéise:

- **Custaiméirí agus tomhaltóirí atá ann cheana a choinneáil**
- **Custaiméirí agus tomhaltóirí nua a earcú**
- **Meáchan an cheannaithe a mhéadú i measc custaiméirí agus tomhaltóirí atá ann cheana**
- **Préimhiú**

Aithníonn Food Vision 2030 An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Food Vision 2030 go bhfuil ról lárnach ag Origin Green maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeabhsúchán ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus é a spreagadh ag gach leibhéal den táirgeadh bia. Leanfaidh Bord Bia ag léiriú ceannaireachta mar a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus Origin Green ag casadh chun díriú as an nua ar phointí cruthúnas, ag tabhairt léargais ar an uaillmhian a theastaíonn ón athrú aeráide agus éilimh ár bpáirtithe leasmhara, atá ag dul i méid.

Beidh an dá straitéis rithabhachtach freisin do ról Bhord Bia ó thaobh na ngealltanais atá leagtha amach sa Chlár Rialtais chun an earnáil agra-bhia agus an earnáil orgánach a chur chun cinn, a chomhlíonadh, go háirithe an tAthbhreithniú ar an Earnáil Bia Orgánach agus Straitéis dá Forbairt 2019 – 2025, chomh maith

lenár dtacaíocht do ghníomhartha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Trí úsáid a bhaint as clár claochlaithe eagrúcháin, a dtugann Bord Bia Bord Bia Amháin air, tabharfaimid faoi na spriocanna straitéiseacha nua seo i gcomhpháirt le chéile agus le cuspóirí soiléire. Beidh na huailmhianta atá againn don earnáil le feiceáil go soiléir sna gníomhartha a bheidh á ndéanamh againn thar ceann na heagraíochta, d'fhonn todhchaí rathúil a chothú do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann.





COLÚN STRAITÉISEACH 1: RATH AGUS FÁS A SPREAGADH SA MHARGADH

Éilíonn an tosaíocht straitéiseach a bhaineann le rath a bhrú chun cinn sa mhargadh acmhainní i réimsí an léargais, an ullmhúcháin agus na forbartha margaidh, mar a léiríodh go soiléir le dhá bhliain anuas agus cúinsí chomh héiginnte agus iad ag athrú go tapa.

Tá na gníomhartha agus na cláir a rinneadh faoin gcolún straitéiseach seo in 2021 roinnte ina gceithre fhoshruith:

- Ullmhú don mhargadh
- Giniúint agus tiontú a threorú
- Gníomhachtú an mhargaidh
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha

Ag Ullmhú don Mhargadh

Thacaigh Bord Bia le croí-inniúlachtaí, forbairt eolais agus feabhsú scileanna a bhain le cumas straitéise margaíochta a fhorbairt, bainistíocht ar shlabhra soláthair agus eolas faoin margadh.

Seimineáir ghréasáin

Ghéaraigh an t-athrú go dtí imeachtaí ar líne in 2021 nuair a d'óstáil Bord Bia réimse seimineár gréasáin a thacaigh leis an ullmhúchán don mhargadh sna h-earnálacha, margaí agus gnólachtaí éagsúla. Seo sampla ionadaíoch díobh seo:

- Mheall an 11ú Seimineár de chuid Bhord Bia don Ghnó Beag, an chéad cheann a reáchtáladh go fíorúil, 118 rannpháirtí as gnólachtaí beaga.
- Cuireadh Seimineár Margaíochta Feola Bhord Bia i láthair i dtrí sheimineár gréasáin agus béim curtha ar na deiseanna atá sna margaí idirnáisiúnta, agus margaí an AE agus na Ríochta Aontaithe. D'fhreastail os cionn 800 ar an iomlán air.
- Mheall Seimineár Beostoic Bhord Bia lucht féachana ina raibh 40 easpórtalaí beostoic.
- Chuir seimineár gréasáin Bhord Bia i dtaobh deochanna a dhíol ar líne sna Stáit Aontaithe na cliaint ar an eolas maidir leis na príomhphointí a theastaíonn chun nascleanúint a dhéanamh ar an spás ar líne.
- Mheall an seimineár gréasáin Category Management for Challenger Brands ionadaithe ó 65 cliantchuideachta.
- D'fhreastail os cionn 200, as 20 tír ar an gcéad Seimineár Déiríochta de chuid Bhord Bia.
- D'fhreastail 20 rannpháirtí ar sheimineár iógart áit ag ar pléadh treocheartaí agus deiseanna domhanda.
- Ghlac an todhchaíochtaí mór le rá ón tseirbhís bia, Simon Stenning, páirt i seimineár gréasáin a thug léargas do sholáthraithe in Éirinn ar 'Atógáil an fháilteachais ó 2021 go 2025'.
- Reáchtáladh seimineár gréasáin ar na deiseanna atá do dheochanna san Astráil in éineacht leis an treoir nua don earnáil maidir le dul isteach i margaidh.
- Reáchtáladh go fíorúil den chéad uair aonach ar plandaí le The Irish Hardy Nursery Stock Association agus bhí 12 plandlann páirteach ann.
- Mheall seimineár gréasáin don dream a bhíonn i mbun stalláí margaidh na bhfeirmeoirí os cionn 70 duine.
- Chuir seimineár gréasáin do chomhlachtaí tae agus caife faisnéisiú ar fáil maidir leis an gcatagóir dí te atá i margadh na hÉireann.
- D'fhreastail cuideachtaí a réitíonn béilí agus cuideachtaí a dhéanann comhábhair ar sheimineár gréasáin a rinne measúnú ar chatagóir na mbéilí réamhullmhaithe fuaraithe i margadh na hÉireann.

Clár Cúnaimh Margaíochta Programme

Sa Chlár Cúnaimh Margaíochta (MAP) bhí 122 iarratas san iomlán ó chomhlachtaí a bhfuil láimhdeachas idir €100,000 agus €3.5m acu. Ceadaíodh maoiniú €664,000 do 96 iarratasóir a raibh an rath orthu.

Máistir-ranganna Idirbheartaíochta

Ghlac 34 cliant páirt i gclár idirbheartaíochta a bhí deartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann le boilsciú agus le comhráite deacra le custaiméirí.

Ag Ullmhú don Bhreathimeacht

Lean Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara ag cur ceardlanna ar an mBreathimeacht ar fáil i réimsí ar nós teastais ghrúpaí, comhlíonadh custaim, slabhra soláthair do ilchodacha agus d'ábhar sláintíochta agus fiteashláintíochta / lóistíochta. Chuir Mol an Bhreathimeachta sraith 12 físeán nua ar fáil do lucht easpórtála faoin teideal 'Doing Business in GB'. Chuir Plean Gníomhaíochta Breathimeachta Bhord Bia tuilleadh eolais mhionsonraithe ar fáil le go bhféadfadh trádálaithe a bheith ullmhaithe don chastacht a bhainfeadh feasta leis an easpórtála chuig an Ríocht Aontaithe.

Le linn 2021, chuaigh Bord Bia i dteagmháil le príomhchliant miondiola agus biaseirbhíse an tionscail sa Ríocht Aontaithe lena n-áirítear ag comhdháil COP26 i nGlaschú. Lean Tascfhórsa an Bhreathimeachta ar aghaidh freisin

ag plé le ranna rialtais agus leis na príomhchomhlachtaí ionadaíocha in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Lean Bord Bia lena staidéir Consumer Pulse sa Ríocht Aontaithe freisin tuiscint mhaith a fháil ar ghiúmar agus ar dhearcadh na dtomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe. Fuair Readiness Radar na bliana 2021 amach gur thuairiscigh 45% de ghnólachtaí go raibh laghdú ag teacht ar luach a gcuid easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe ó 2016, thuairiscigh 90% go ndeachaigh chostais in airde ó thús na bliana agus chuir 80% in iúl go raibh na corrlaigh laghdaithe.

Margaíocht Dhigiteach

I dtús na bliana 2021, cuireadh tús le clár nua Think Digital Accelerator le sé chliant, agus ag deireadh na bliana sin tógadh isteach daoine don dara clár. I gcaitheamh na bliana, forbraíodh réimse tacaíochtaí nua maidir le bhforbairt straitéisí digiteacha, díolachán B2B agus margaíocht ar na meáin shóisialta, agus seimineáir ghréasáin ag roinnt eolais le cliant-chuideachtaí.

Clár barainneacha sa Ghairneoireacht

Chuir an clár ábhar cliant seo meantóireacht dhíreach agus tacaíocht ar fáil do chliant-chuideachtaí mar a bhaineann le cleachtais ina ngnóthaí. I measc na dtionscadal ar fud na bpríomhearnálacha bhí barra faoi chosaint, beacáin agus glasraí allamuigh.

Giniúint agus Oiriúnú a Threorú

Toisc srian a bheith ar an tinreamh pearsanta ag taispeántais trádála agus misin trádála de bharr na paindéime, d'oibrigh Bord Bia go dlúth le cliant-chuideachtaí chun teacht ar dheiseanna nua agus úra le nascadh leis an tionscal, agus le ceannaitheoirí go háirithe.

Tá na himeachtaí seo a leanas ionadaíoch ar ghníomhaíochtaí de chuid Bhord Bia a bhí deartha ar mhaithe le naisc nua agus deiseanna oscailte a fhorbairt:

- Mar thoradh ar Clár Lá Fhéile Pádraig Bhord Bia agus an spéis a spreagadh i Lá Fhéile Pádraig ar fud an domhain tharla cruinnithe forbartha gnó ag ardleibhéil, imeachtaí trádála spriocdhírithe agus feachtais bolscaireachta.
- D'éirigh leis na hAonaigh ar Bhianna réamhullmhaithe as Éirinn don Tomhaltóirí - Foinsíú Fíorúil níos mó ná ná 60 cuideachta PCF a nascadh le deiseanna sna príomh-mhargáí.
- Thug an tAonach Plandaí Neamhchoitianta agus Speisialta, urraithe ag Bord Bia, agus a bhí athsceidealaithe, deiseanna tábhachtacha díolacháin do na plandlanna speisialtóireachta a bhí páirteacha ann.
- Thug seimineáir ghréasáin deis d'iompórtálaí beostoic san Afraic Thuaidh tuilleadh a fhoghlaim faoi chleachtais feirmeoireachta na hÉireann agus faoi dheiseanna iompórtála.

- Bhí sraith d'imeachtaí fíorúla 'buail leis an déantóir' ar siúl i lár na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe, chun cliaint-chuideachtaí dí a chur i dteagmháil le lucht trádála dí.
- D'aimsigh tionscadal giniúna ábhar cliant, a dhírigh ar na bealaí déantúsaíochta ceapairí sa Ghearmáin agus san Ísiltír, 29 sprioc agus nasc siad comhlachtaí Éireannacha leo.
- Ghlac Bord Bia Shanghai páirt sa chéad Fhéile Shantou Old Time Whiskey Festival agus d'éirigh leo ina dhiaidh sin conarthaí a fháil le soláthraithe.
- Rinne Bord Bia Singeapór mapáil custaiméirí do ghnó déiríochta de chuid na hÉireanna bhí ag iarraidh deiseanna le haghaidh biasheirbhís sa Nua-Shéalainn agus san Astráil a fhiosrú.
- D'fhéach Tionscadal Forbartha Gnó BÁCúis sa Ghearmáin, a bhain le sé chuideachta báicéireachta, le tús a chur le heaspórtálacha nó a iad a mhéadú chuig margadh miondíola na Gearmáine.
- Bhí taispeántas ag Bord Bia Shanghai ag China International Meat Industry Exhibition mar chuid d'Fheachtas Muiceola & Éineola an AE, agus China Fishex, rud a chuir ábhar cliant ar fáil do thionscal na hÉireann.
- D'óstáil Bord Bia seimineár trádála Muiceola agus Éineola de chuid an AE i Chongqing agus d'fhreastail 50 dream trádála réigiúnach air.

- Bhí Bord Bia i láthair nuair a síníodh ordú soláthair idir Pailliún Iompórtála na hÉireann, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar bhreis agus 10 ndeoch as Éirinn, agus mórchomhlacht dáileacháin i Shenzhen.
- Rinne Bord Bia Shanghai comhordú ar thrí chruinniú fíorúil ó bharr-go-barr idir Aipu Food Industry Co., Beingmate, Grand Farm agus POF Bhord Bia, Tara McCarthy, an tAire McConalogue agus an tAire Heydon.
- Díríodh trí mhisean trádála fíorúla ar Oirdheisceart na hÁise thar thréimhse ceithre seachtaine, lena n-áirítear Vítneam, an Mhalaeisia agus an Téalainn. Reáchtáladh os cionn 400 cruinniú don trí mhisean.
- Mheall an t-imeacht fíorúil do Cheannaitheoirí /Soláthróirí *Discover Seafood from Ireland*, a d'eagraigh Bord Bia, thart ar 25 easpórtálaí bia mara, agus bhí breis agus 400 cruinniú ar siúl.
- Rinne Bord Bia Singapore, in éineacht le Bord Bia Japan, comhordú ar cúig chruinniú fíorúil ó bharr go barr idir Negishi agus Nippon Steel, JICPA, Ben's Food, Tunglok, Comhlacht lachan Éireannach/Silver Hill Duck, Natori agus Príomhfheidhmeannach Bhord Bia, Tara McCarthy, an tAire McConalogue agus an tAire Heydon.
- De bharr go raibh cruinnithe ag Bord Bia Tokyo leis an gcustaiméir cuntais óir Nippon Steel bhí stéig súile easnacha de chuid na hÉireann le feiceáil

i 40 asraon seirbhísí bia, rud nár tharla cheana do mhairteoil na hÉireann sa tSeapáin.

- D'éirigh le Bord Bia Tokyo deis tiontaithe a bhaint amach nuair a díoladh uaineoil as Éirinn sa tSeapáin, agus é ar fáil le ceannach ag tomhaltóirí ar dhá ardán ar líne.
- Ghlac Bord Bia Milan páirt in aonach trádála B2B Tuttofood, leis na príomhchliant feola Éireannacha agus ag iMEAT.
- Reáchtáil Bord Bia a chéad imeacht 'buail leis an déantóir' riamh i Lagos, agus comhlachtaí dí ag freastal air.
- Bhí sraith de chruinnithe ag Príomhfheidhmeannach Bhord Bia Tara McCarthy, an tAire Heydon agus toscaireacht as Éirinn leis na príomhchliant miondíola agus seirbhísí bia sa Ríocha Aontaithe, i nGlaschú le linn COP26.

Gníomhachtú an mhargaidh

Tá ról lárnach ag an líonra domhanda d'oifigí atá Bord Bia, atá ag fás i gcónaí, ó thaobh tuiscint an tionscail ar na bealaí miondíola, biasheirbhíse agus déantúsaíochta a fheabhsú agus cliant a nascadh le deiseanna. I ngníomhaíochtaí na bliana cuireadh béim athuair ar an tábhacht a bhaineann leis an éagsúlú, chomh maith le hathnuachan sna margaí atá ann cheana, mar a léiríonn an sampla seo a leanas d'imeachtaí:

- D'athbhunaigh Bord Bia caibidil UAE de Chef's Irish Beef Club agus ócáid speisialta á reáchtáil acu ag Meat & Co. sa Madinat, Jumeirah.

- Bhí an chomhpháirtíocht idir Bord Bia Milan agus cumann búistéirí na hIodáile, Federcarni, mar bhunús le haghaidh réimse de ghníomhaíochta bolscaireachta. Ina theannta sin, chuidigh an chomhpháirtíocht leis an bpríomhchócaire agus tionchaire de chuid na hIodáile, Simone Rugiati, le poist agus scéalta sna meáin a shroich níos mó ná milliún tomhaltóir san Iodáil.
- D'eagraigh Bord Bia Düsseldorf bolscaireacht i dtaca le mairteoil orgánach na hÉireann le Tegut ar fud na Gearmáine, le tacaíocht ó shocrúcháin irise sna siopaí agus cumarsáid ar líne.
- Rinne Bord Bia Africa comhordú ar fheachtas ar na meáin shóisialta do Lá Domhanda an Bhainne chun feachtas a ardú maidir púdair déiríochta na hÉireann agus im préimhe na hÉireann.
- Chuir Bord Bia Tokyo tús le Feachtas Gníomhachaithe Mairteola na Seapáine, ina raibh seimineáir theicniúla ar chúrsaí trádála, máistir-rang le cócaire, gníomhachtuithe miondiola agus plé leis an lucht tuairimíocht is tábhachtaí.
- Rinne Bord Bia Shanghai cur i láthair ar Origin Green ag brainse Talmhaíochta Inbhuanaithe an Guizhou Global Eco Forum (Príomhchomhdháil inbhuanaitheachta na Síne).
- Bhain deich gcliant alcóil leas as seirbhís gníomhachaithe branda de chuid Bhord Bia sna Stáit Aontaithe, agus bhí thart

ar 500 gníomhachtú déanta san fhómhar.

- Ghlac Bord Bia France páirt in imeacht bhuaiteoirí Bocuse d'Or, ag an am céanna leis an seó trádála Sirha.
- D'oibrigh Bord Bia Amstardam leis an bpríomh-mhiondioltóir Albert Heijn chun feachtas ar mhairteoil stobhach na hÉireann a chur ar fáil ar scáileáin dhigiteacha ag na bealaí isteach chuig siopaí ar fud na tíre.
- I gcomhpháirtíocht idir Bord Bia Milan leis an miondioltóir Multicedi, cuireadh mairteoil agus uaineoil na hÉireann chun cinn ina gcuid siopaí íoc is iompair (AdHoc) agus siopaí miondiola (Deco).
- D'óstáil Bord Bia Maidrid acadamh ar an mbia mara, i gcomhpháirtíocht leis an allmhaireoir / dáileoir Serpeska, chun bia mara na hÉireannach a chur chun cinn i réigiún Mhaidrid.
- Sheol Bord Bia Düsseldorf feachtas fógraíochta teilifíse ar mhairteoil na hÉireann i mí na Nollag leis an ardán sruthú ar líne RTL + agus shroich siad of 2.25m imrisean fógraí ar fad.
- Thaispeáin Feachtas an Fhómhair Bhord Bia Londain ar Mairteoil na hÉireann sa RA ardchaighdeán na hÉireann mar a bhaineann le táirgeadh mairteola féar-chothaithe agus fuair sé thart ar 25m. tionchar/imrisean i measc lucht féachana sa Ríocht Aontaithe idir 25 agus 55 bliain d'aois.

- D'eagraigh Bord Bia Africa seimineár fíorúil do chliaint bhia mara, dí agus déiríochta na hÉireann ina raibh cur i láthair ón Aire Heydon; POF Bhord Bia Tara McCarthy agus Speisialtóir Iarthar na hAfraice Ese Okpomo.
- Rinne Bord Bia Shanghai óstáil ar imeacht do na meáin agus do lucht trádála ar chaighdeán déiríochta féar-chothaithe na hÉireann in Ambasáid na hÉireann, Beijing, ag cur béime ar na príomhphrionsabail a bhaineann le caighdeán féar-chothaithe Bhord Bia.
- Chuir Bord Bia Tokyo an chéad fheachtas margaíochta B2B riamh i bhfeidhm maidir le mairteoil sa tSeapáin. Baineadh 10.3m imrisean san iomlán amach ar fud na n-ardán go léir.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Cuidíonn Bord Bia le cuideachtaí caidrimh gnó níos dlúithe a fhorbairt trí thuiscint níos fearr a fháil ar thosaíochtaí straitéiseacha a gcustaiméirí agus a n-onnmhaireoirí, le cur ar a gcumas a bheith ina soláthraithe réitigh agus ar deireadh thiar ina gcomhpháirtithe ó thaobh soláthair de. I measc na ngníomhaíochtaí in 2021 bhí:

- D'óstáil Bord Bia Shanghai an seimineár *Driving Growth in China Business Briefing Seminar*.
- Bhí cruinnithe ag Bord Bia le Lidl chun deiseanna breise d'easpórtálacha mairteola na hÉireann i líonra Lidl a phlé, chomh maith le deiseanna

sa todhchaí do tháirgí déiríochta na hÉireann.

- Bhuaile Bord Bia le Tesco le díriú ar an inbhuanaitheacht, deiseanna a aimsiú i margaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus an CEE, chomh maith leis na dúshlán reatha atá sa slabhra soláthair.
- Bhuaile Bord Bia le Barry Callebaut (BC) agus foireann Global Dairy Sustainable Sourcing chun plé a dhéanamh ar thionscadal píolótach inbhuanaitheachta, a bhí á mholadh ag BC, a bhí dírithe ar laghdú carbóin, agus a raibh tionscal déiríochta na hÉireann páirteach ann.
- Bhuaile GRM Bhord Bia agus ionadaithe ón bhfoireann Feola le foireann soláthair feola Eorpach Hilton Foods Group chun nuashonrú a thabhairt maidir le príomhghnéithe agus USPanna thairiscint feola na hÉireann.
- Chas Bord Bia le Marks agus Spencer chun an taighde *Global Sustainability and Meat Shopper Insight* a chur i láthair.





COLÚN STRAITÉISEACH 2 LÉARGAS AR FHÁS CUMHACHTA

Chinntigh *The Thinking House*, mol taighde agus nuálaíochta den chéad scoth Bhord Bia, aschuir feadh ceithre fo-shruth:

- Léargas tomhaltóirí agus cultúir
- Treochtaí, fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht
- Léargas ar an margadh agus faisnéis
- Forbairt branda

Léargas Tomhaltóirí agus Cultúir

Lean *The Thinking House* ag seachadadh léargais ar lucht spéise agus áirítear orthu táirgeoirí / feirmeoirí, margaí, cainéil agus earnálacha, chomh maith le léargais chultúir a sholáthraíonn idirdhealú iomaíoch.

Tograí Saincheaptha Léargais agus Nuálaíochta Cliant

D'oibrigh an Fhoireann Léargais agus Pleanála Straitéiseach le 33 cliant ar thograí saincheaptha léargais agus nuálaíochta le linn 2021.

Tograí Léargais agus Seisiúin Léargais

Seo a leanas na príomhthograí Léargais a tugadh fúthu le linn na bliana:

- Ag Aireachtáil faoi Bhrú II *Feeling the Pinch II*

- Beart don Mhargadh Gairneoireachta
- Meastóireacht ar Mhuiceoil agus ar Éineoil
- Tástálacha Blas Mairteola sa tSeapáin
- Uasghrádú Brandaí Bia in Éirinn do Mhuiceoil agus do Chaoireoil
- Staidéar Táirgí Feirme Áitiúil
- Staidéar a Sheasfaidh an Aimsir: An Araib Shádach
- Deis Tomhaltóirí do Mhairteoil Diúil (DE, IT agus BE)
- Spreagadh agus Sriantha ar Ithe Uaineoil, Sicín, Muiceoil/ Liamhás/Bagún, Uibheacha (Éire)
- Cleachtais Feirme Inbhuanaithe a 'Bhrúigh romhat' i measc Fheirmeoirí na hÉireann
- Úsáidí agus Meon Déiríochta san Nigéir
- Todhchaí na Déiríochta san Áise Thoir Theas

Treochtaí, Fadbhreathnú & Nuálaíocht

Spreagann feachtas ar threochtaí an mhargaidh agus thomhaltóirí cuideachtaí chun meon níos fadbhreathnaithí, ag féachaint chun cinn agus dírithe ar an tomhaltóir a chruthú, ag tacú le forbairt táirgí nua agus rochtain ar chainéil agus ar mhargaí.

Ceardlanna agus Cláir maidir le Treochtaí

D'fhéach *Feeling the Pinch II* ar cad a bhí athraithe ó thaobh an chaoi a dtugann muid faoi shiopadóireacht agus ár gcuidreamh atá ag athrú de shíor le bia agus deoch.

Tugadh treoir sa Tuarascáil maidir le Séimeolaíocht na hInbhuanaitheachta *The Semiotics of Sustainability Report* d'úinéirí branda bia agus dí ar conas leas a bhaint as cóid shéimeolaíochta na hInbhuanaitheachta ina gcuid brandáil agus ina gcuid cumarsáide.

Fadbhreathnú

Todhchaí Bia Mara

Leagtar amach sa staidéar nuálaíoch seo tuiscint a fháil ar na nithe leathana a bhfuil tionchar acu ar na deiseanna méide, struchtúir agus nuálaíochta don bhia mara ó thaobh miondíola agus na seirbhíse bia.

Cláir Nuálaíochta Saincheaptha

BI:TES (Smaointe níos fearr: Smaoineamh Meastóireacht Roghnaigh), tugann leagan coincheapa agus uirlis bailíochtaithe Bhord Bia aiseolas ar an toirt ar nuálaíochtaí, pacáistiú táirgí. Ghlac 23 cuideachta páirt ann in 2021.

Is ionann *Taste N Tell and Concepts* agus uirlis pobail agus margaíochta tástála coincheapa agus táirgí don tomhaltóir. Ghlac 4 cuideachta páirt ann in 2021.



Léargas ar an Margadh agus Rannóg Faisnéise

Soláthraíonn Bord Bia saoráidí leabharlainne den chéad scoth agus faisnéis ar an margadh, aithnítear gur ionann tuiscint ar thírdhreach gach margadh, ar mhiondífriochtaí agus ar dheiseanna agus an bunús d'fhás.

Chuathas i mbun staidéir agus tuarascálacha léargais faoi stiúir an mhargaidh in earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear:

- Tuarascálacha ar an Margadh Déiríochta, An Áise Thoir Theas agus an tSín
- Béilte réamhullmhaithe Bia Mara, An Spáinn
- Cainéal Miondíola Neamhspleách (Bia Mara)
- Siopaí Iasc agus Sceallóga, An Ríocht Aontaithe
- An Margadh Bradán, An Ghearmáin
- Bia Mara na hÉireann i gCannaí, An Ríocht Aontaithe
- QSR, Na Stáit Aontaithe agus an Araib Shádach
- Bunachar Sonraí/Tuarascáil Déantúsaíochta, An Ríocht Aontaithe
- Easpórtálacha Fuaraithe PCF, An Ísiltír agus an Fhrainc
- Gránach Orgánach, An Ghearmáin
- Éifeacht an Bhreathimeachta ar thionscal gairneoireachta na hÉireann

Forbairt Branda

Tugann Bord Bia cúnamh leanúnach do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann maidir le saíneolas brandála, ag éascú le cultúr sárchleachtas atá fréamhaithe go domhain i léargas a thabhairt.

- Bhí 42 cliant ag idirghníomhú le Bord Bia ar thograí saincheaptha Forbartha Brandála cliant a bhí dírithe ar chéannachtaí íomhá agus seasamh branda a sheachadadh.
- Chuathas i mbun 20 tionscadal Gníomhachaithe Branda, a bhí dírithe ar bhrí a thabhairt do bhrandaí feadh tadhailphointí tomhaltóirí éagsúla.
- Sheachaid an Clár *Super Brands* seasamh branda faoi stiúir léargas chun tacú le 13 seoladh

branda nua agus rinneadh athnuachan ar bhrandaí do ghnólachtaí níos lú.

- Áiríodh le himeachtaí Fhóram Brandaí Bhord Bia cuir i láthair ar sheimineáir gréasáin le Davin Nugent, White Claw Hard Seltzer; Príomhfheidhmeannach Mindful Chef Tim Lee; ceardlann ar Phacáistiú agus ar Dhearadh; imeacht chun 'Ardán a thabhairt do do bhranda ar Instagram'; agus fócas ar 'Na Táirgí is fearr - conas mar is féidir leis tionchar a bheith aige ar Thionscal Bia na hÉireann'.
- Bhí sampla ionadaíoch de 57 branda grósaera in Éirinn san áireamh i Scrúdú Sláinte Brandaí 2021 i 46 catagóir. Tugadh treoir d'fhoirne brandaí ag seimineáir gréasáin a reáchtáil Bord Bia maidir le cairteacha agus sonraí de chuid an Scrúduithe Sláinte Brandaí.





COLÚN STRAITÉISEACH 3: CÁIL DON FHÁS A THÓGÁIL

Oibríonn Bord Bia trí raon sruthanna agus cláir oibre chun a chinntiú go bhfuil deiseanna margadh na hÉireann ag leathnú agus go bhfuiltear bunaithe ar fheasacht faoi láidreachtaí cáil agus tiomantais maidir le hinbhuanaitheacht agus cáilíocht. In 2021, cuireadh na gníomhartha agus na cláir sin chun cinn sna fo-sruthanna seo a leanas:

- Rogha Cosanta agus Fáis i Margadh na hÉireann do Bhranda Bia na hÉireann
- Rogha a thógáil sna margaí atá ann cheana féin
- Feasacht a thógáil i margaí nua
- Cáil chorparáideach a stiúradh
- Rannpháirtíocht le Comhaltacht Bunús Glas a Threisiú
- Feabhsúcháin in Inbhuanaitheacht Bia a stiúradh
- A bheith mar Cheannródaí Domhanda san Inbhuanaitheacht Bia agus Cur le Comhoibriú
- Rogha a stiúradh do Chomhaltaí Bunús Glas a Stiúradh i nGach Margadh.

Rogha Cosanta agus Fáis i Margadh na hÉireann do Bhranda Bia na hÉireann

Spreagann Bord Bia tomhaltóirí na hÉireann féachaint go cúramach agus tús áite a thabhairt do bhia, deoch agus do ghairneoireacht na hÉireann a bhfuil dearbhú inbhuanaitheachta i gceist leo. Toisc gur chuir Covid-19 isteach ar dheiseanna seirbhíse bia sheachaid cumarsáidí margaíochta Bhord Bia feachtais a mbíonn tionchar acu inar aithníodh luach an bhonn láidir baile.

Dhírigh feachtais a rinneadh sa mhargadh baile in 2021 ar uibheacha, uaineoil, agus liamhás agus ar bhagún a bhfuil an Marc Cáilíochta acu. Chuaigh Bord Bia i mbun meastóireachtaí mionsonraithe freisin ar a gcuid feachtais chun a chinntiú gur sheachaid siad freagraí ó thomhaltóirí lena bhain luach ar airgid agus freagraí dearfacha.

Bloom 2021

Don dara bliain as a chéile, níorbh fhéidir an ócáid amuigh faoin aer is mó in Éirinn a chur ar bun. Spreag Bord Bia muintir na hÉireann ina áit sin, #BloomatHome a dhéanamh, le clár gníomhaíochtaí a bhí deartha chun luach tráchtála a stiúradh do thionscal gairneoireachta na hÉireann. Áirítear orthu an feachtas Céimeanna Éasca chun

an Gairdín is fearr leat a chruthú, feachtas inar roinn dearthóirí a bhain bonn óir amach ag Bloom pleananna, líníochtaí agus gearrthóga beochana ar líne a d'fhéadfaí a dhéanamh sa bhaile, chomh maith le forlíonadh 20-leathanach Deireadh Seachtaine san *Irish Independent*. Meastar gur shroich díreach faoi bhun cúig mhilliún teagmháil Bloom 2021, ardú de 2.5% ar lucht spéise ar na meáin shóisialta do Bloom, sin suas le 1.3m duine.

Sa bhreis ar Bloom, dhírigh an feachtas cur chun cinn Garraíodóireachta *Let's Grow* ar ghníomhaíochtaí plandaí a fhásann in Éirinn a chur chomh maith le plandaí ceapaí, agus tacaíonn Bord Bia freisin leis an tionscnamh Eorpach Cathracha Níos Glaise, feachtas gnó le gnó ina ndírítear ar phleanálaithe cathrach agus ar chinnteoirí chun iad a spreagadh spásanna níos glaise a chur san áireamh.

Gníomhaíocht maidir le bheith ag ithe níos Folláine agus Táirgí Úra

Clár maidir le bheith ag ithe Níos Folláine Food Dudes

D'fhill an clár traidisiúnta Food Dudes ar bhunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair agus 137,200 dalta ag glacadh páirte ann idir Deireadh Fómhair agus Nollaig.

Laochra Folláine

Faigheann an tionscnamh bunscoile Laochra Folláine ón gCumann Báicéirí Arán na hÉireann (IBBA) urraíocht ó Bhord Bia. Bhí sé ar siúl i mbeagnach 900 scoil agus bhí 60,000 dalta rannpháirteach ann, spreagadh leanaí chun lón níos folláine a bheith acu.

Bia Iontach is féidir a ithe

Bhí 1,600 scoil agus 50,000 dalta gníomhach leis an gclár *Incredible Edibles* don scoilbhliain 2021/2022.

An Tionscnamh “Food for Thought” d’Iarbhunscoileanna

Ag obair le Food Cloud, chuaigh Bord Bia i mbun píolótú ar mhodúil Food for Thought a bhí dírithe ar an tSraith Shóisearach (an Chéad agus an Dara Bliain) agus Scoláirí na hIdirbhliana. Scrúdaítear na cleachtais inbhuanaithe a bhíonn i gceist leis na réimsí táirgeadh bia, cothú inbhuanaithe, cur amú bia agus ag ithe aiste bia cothromaithe.

Garraíodóireacht Scoil Orgánach le Paddy Madden (SEED roimhe seo)

D’oibrigh Bord Bia ar shraith bileoga oibre garraíodóireachta scoile orgánach nua do chuid na bunscoile ar shuíomh idirlín Bhord Bia a bheidh le seoladh in 2022.

Táirgí Úra a Chur Chun Cinn

Cuireadh iarratas AE faoi bhráid i mBealtaine chun maoiniú a fháil d’fheachtas táirgí úra €1.5m ar an margadh baile agus d’éirigh leis an iarratas sin. Is é an aidhm atá leis an bhfeachtas seo atá i bhfeidhm

i dtíortha éagsúla cur leis an méid torthaí agus glasraí úra a itheann muintir na hÉireann.

Lá Náisiúnta an Phráta

National Potato Day took place on Friday, October 1, with key activity focused online and receiving widespread coverage.

Muisiriún – Gníomhaíocht Chur Chun Cinn sa Ríocht Aontaithe

Tá Bord Bia ag obair i gcomhpháirtíocht le tionscal chun gníomhaíocht chur chun cinn leanúnach a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe in 2021, ag díriú ar na buntáistí breise atá ag muisiriún le vitimín D do thomhaltóirí.

Feachtas Cáis Feirme na hÉireann

D’eagraigh Bord Bia feachtas clár cáise i mí an Mheithimh le rannpháirtíocht ó mhiondíoltóirí. Rinne an feachtas teagmháil le 496,000 agus bhí 105,000 gníomhach leis an bhfeachtas. Bhí 217 iontráil ar na Gradaim do Cháis na hÉireann ó bhreis agus 45 rannpháirtí, lena n-áirítear déantóirí cáise feirme agus miondíoltóirí móra.

Rogha i Margai Seanbhunaithe na hÉireann a thiomáint do Bhranda Bia na hÉireann

Éilíonn cáil na hÉireann mar sholáthróir chuig na príomh-mhargaí go ndéanfaí infheistíocht spriocdhírthe i gcomhthéacs na timpeallachta atá ag athrú, treocht foriomlán i dtreo níos lú próitéin ainmhithe a bheith á

ithe, ceannasacht iomaitheoirí áitiúla a bheith chun tosaigh agus inbhuanaitheacht a bheith i gceist maidir le tomhaltóirí i margaí bunaithe.

Feachtais Mairteola agus Déiríochta

Thacaigh feachtas margaíochta agus PR B2B lánpháirtithe go hiomlán le leathadh amach caighdeán Mairteola agus Déiríochta a ltheann Féar san Iodáil, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír. Cuireadh na feachtais i gcrích i gcomhar le gníomhaíochtaí PR chun an tionchar is fearr a bheith ag fógraíocht íoctha sna meáin.

Bia Mara

Chuir Bord Bia roinnt feachtas i gcrích san Fhrainc agus sa Ghearmáin araon chun cur le feasacht maidir le hÉirinn a bheith ina príomhfhoinsé bia mara orgánach a fhoinsítear go freagrach agus atá ar ardchaighdeán, ag díriú ar bhradán orgánach san Fhrainc agus sa Ghearmáin agus ar dhiúilicíní san Fhrainc.

Forbairt Moladh Branda Mairteola na hÉireann

Lean gníomhaíochtaí chun Branda Mairteola na hÉireann a fhorbairt agus Bord Bia agus cuireadh tús le taighde cáilíochtúil ar thrí mhargadh tosaíochta chun tuiscint a fháil ar dheiseanna tomhaltóirí do mhairteoil na hÉireann. Tá sé beartaithe an feachtas margaíochta a sheoladh sa chéad ráithe in 2022.

Feasacht a chinntiú maidir le Margaí Nua do Bhranda Bia na hÉireann

Tá Bord Bia ag freagairt d'fheasacht agus do thuiscint theoranta ar Éirinn mar fhoinsé bia agus dí i margaí nua trí chumarsáid níos fearr agus dírithe ag leibhéal B2B agus B2C.

leibhéal B2B agus B2C. Feachtais do Mhargáí Nua Mairteoil sa tSeapáin

Dhírigh feachtas mairteola B2B ar mhiondíoltóirí agus ar lucht óstáin príomha agus ba é an sprioc a bhí leagtha síos ná 15m imprisean a bhaint amach.

Déiríocht sa tSín

Chuir gníomhaíocht chumarsáide 2021 sa tSín le feasacht ar dhéiríocht na hÉireann agus cuireadh lena gcáil i measc custaiméirí B2B. Áiríodh ar na príomhimeachtaí - seoladh Caighdeán Déiríochta a ltheann Féar i mBéising.

Déiríocht sa tSeapáin

Dhírigh an feachtas déiríochta B2B sa tSeapáin ar chur le cáil na déiríochta a itheann féar de chuid na hÉireann trí fhógraíocht i bhfoilseacháin trádála agus ar shuímh ghréasáin trádála a bhaineann leis an sprioc lucht spéise.

Bia Mara sa tSín

Dearadh gníomhaíochtaí margaíochta B2B chun díriú ar sheirbhís bia ardleibhéil agus ar cheannaitheoirí trádála miondíola. Bhí sprioc leagtha síos ag feachtas seirbhíse bia chun muiceoil agus éineoil na hÉireann a chur chinn

cinn i mbialanna Cantanach i Singeapór chun teacht ar mhíliúin tomhaltóir i Singeapór.

Bia Mara sa tSeapáin

Dhírigh feachtas B2B tiomanta ar mhiondíoltóirí agus ar cheannaitheoirí seirbhíse bia.

Bia Mara Idirnáisiúnta

Thacaigh oifigí Bhord Bia Thar Lear le hAonach Foinisithe Fíorúil - Bia Mara na hÉireann - agus tugadh tacaíocht do 23 cuideachta bia mara na hÉireann a bhí rannpháirteach sa bhfeachtas.

Gníomhaíocht Feachtais AE

Chinntigh Bord Bia ceadú do cheithre cinn de na chúig iarratas ar chómhaoiniú AE a bhí curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2021.

I bprionsabal, cinntíodh suim de €8.9m de chómhaoiniú AE agus (infheistíocht fhéidearthacht feachtais de €13.6m) do cheithre fheachtas nua ina mbeadh rialú bainistíochta dírithe ag Bord Bia ina mbun:

- Déiríocht na hEorpa an rogha inbhuanaithe don Áise (€3.2m)
- Ag obair leis an Nádúr: Mairteoil agus caoireoil na hEorpa – An Áise & Na Stáit Aontaithe (€4.8m)
- Ag obair leis an Nádúr: Mairteoil agus caoireoil na hEorpa – An Áise (€4m)
- Tá an saol níos fearr le torthaí agus glasraí (€1.5m)

In 2021, chomhordaigh agus chuir Bord Bia gníomhaíochtaí i bhfeidhm i roinnt feachtas AE, lena n-áirítear:

- Feachtas Muiceola agus Éineola AE: An tSín - Imeacht le beirt Chef Dali
- Feachtas Muiceola agus Mairteola AE: Vítneam – Seoladh Comórtas faoin Oirthear ag casadh leis an Iarthar
- Feachtas Muiceola agus Éineola AE: An tSín - Seó Trádála Bia agus Óstán na Síne in Shanghai
- Feachtas Muiceola agus Mairteola AE: An Chóiré - Rang Cócaireachta KOL
- Feachtas Muiceola agus Mairteola AE: Vítneam – Seimineár Gréasáin Trádála
- Feachtas Muiceola agus Éineola AE: Meicsiceo – Seimineár Gréasáin Trádála
- Feachtas Muiceola agus Mairteola AE: An Chóiré - Seó Trádála Seachtain Bia COEX i Súl

Aonaigh Trádála agus Imeachtaí

Thacaigh an Fhoireann Cumarsáide Margaíochta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath le formhór d'imeachtaí fíorúla, seimineáir agus gníomhaíochtaí trádála Bhord Bia le linn na bliana. Thug siad sin deiseanna do dhul chun cinn do chliantchuideachtaí, cruinnithe agus rannpháirtíocht B2B, chomh maith le scéal an Bhunús Ghlais a chur chun cinn don lucht spéise trádála domhanda.

Seo a leanas na buaicphointí d'fhéilire 2021:

- Gulfood, Dubai – 21-25 Feabhra
- Foodex, Tóiceo, An tSeapáin – 9-12 Márta
- Aonach Trádála Anufood, Shenzhen, An tSín – 21-23 Aibreán
- Aonach Trádála BÁCála na Síne, Shanghai, An tSín – 27-30 Aibreán 27-30
- Seó Fuisce Shantou, An tSín – 24-25 Aibreán
- Aonach Lónadóireachta agus Slabhra Soláthair Chengdu, An tSín – 8-10 Iúil
- Anuga, An Ghearmáin – 9-13 Deireadh Fómhair
- Aonach Iascaireachta Guangzhou, An tSín – 16-18 Meán Fómhair
- Conxemar, An Spáinn – 5-7 Deireadh Fómhair
- Aonach Idirnáisiúnta na Síne do Thrádáil Seirbhísí, Béising, An tSín – 2-7 Meán Fómhair
- Aonach Iascaireachta agus Bia Mara na Síne, Qingdao, An tSín – 27-29 Deireadh Fómhair
- Comhábhair Bia na hEorpa 2021, lonnaithe i gcomhar le Hi Europe – 22 Samhain - 2 Nollaig

Cáil chorparáideach a thiomáint

Bíonn gá le treisiú seasmhach ar bhranda corparáideach Bord Bia chun cur an méid agus is féidir le luach geallsealbhoirí sa bhaile agus thar lear. In 2021, ba fócas sonrach a bhí ann feachtas a stiúradh ar an mBunús Glas

i measc feirmeoirí, agus lean an eagraíocht ag infheistiú ina láithreach dhigiteach.

Cumarsáidí Corparáideacha & Tomhaltóirí – Éire

An Breatimeacht

Bhí tabhairt isteach rialuithe iompórtála ón RA breise, a cuireadh siar roinnt uaireanta in 2021, mar phríomhspríoc na gcumarsáidí a bhain leis an mBreatimeacht, agus d'oibrigh Bord Bia leis an Roinn Talmhaíochta, agus leis an bhfoireann preasa Feirmeoireachta agus Mara ar phreas ráitis chomhlántacha. Fuair Radar Ullmhachta Bhord Bia clúdach leathan freisin agus mheall a dtuarascáil maidir le Dearcadh Mhargadh na Seirbhíse Bia a nuashonraíodh clúdach feadh mheáin na hÉireann agus sna meáin trádála sa Ríocht Aontaithe.

Léargas

Clúdaíodh Príomhthuarascálacha Léargais - ar Shlí Maireachtála Aiste Bia agus Gairneoireachta / Staidéar Garraíodóireachta go cuimsitheach sna meáin náisiúnta, trádála, craoltóireachta agus ar líne.

Bunús Glas

Thug seoladh Threoirlínte nua Bhord Bia chun astuithe Náid a chinntiú deis chun gníomhú leis na príomh-mheáin comhshaoil maidir le forbairtí nua agus atá i mbéal forbartha faoin gclár Bunús Glas.

Reprtrak

Fógraíodh gurb é Bord Bia an eagraíocht 'is fearr cáil sa Stát' de réir an 12ú staidéar bliantúil

RepTrak® in Éirinn, seo an tríú huair ar éirigh le Bord Bia an onóir seo a bhaint amach.

Acadamh Tallainne

Bhí baint mhór ag feachtas PR Bhord Bia le beagnach 4,000 iarratasóir a mhealladh chuig 30 áit san Acadamh Tallainne. Ritheadh feachtais rathúla freisin chun iarratais ar ardchaighdeán a chinntiú do na cláir Ambasadóirí Bunús Glas agus don chlár Slabhra Soláthair agus Fála.

Tionscadal Sliseanna Éireann

Socraíodh preas ráiteas agus gairm ghrianghraf chun tacú le tionscadal sliseanna Éireann agus an toradh a bhí air sin gur clúdaíodh é sna meáin feadh RTÉ, na nuachtáin náisiúnta, raidió agus na meáin réigiúnacha agus trádála.

Seónna Trádála

Rinneadh trácht forleathan sna meáin ar an bhfógra go raibh seó trádála Bhord Bia ag filleadh.

Iasc geal

Sheol Bord Bia feachtas maidir le hlasc geal na hÉireann chun aird a tharraingt ar cháilíocht agus ar ilúsáideacht colmóir, cadóg agus faoitín na hÉireann.

PR Idirnáisiúnta

Sa bhreis ar thacú le feachtais mhargaíochta idirnáisiúnta, sheachaid cumarsáidí idirnáisiúnta Bhord Bia na nithe seo a leanas:

Feasacht agus seasamh sa Ríocht Aontaithe a choimeád

Rinne Bord Bia urraíocht ar dhíospóireacht leis an bhfoilseachán trádála *The Grocer*

sa Ríocht Aontaithe, inar dhírigh an Príomhfheidhmeannach Tara McCarthy ar áit na feirmeoireachta beostoc i dtodhchaí bia inbhuanaithe agus an ról atá ag iompórtálacha chun cúnamh a thabhairt do shlándáil bia na RA.

Bhí píosaí ón bPríomhfheidhmeannach agus fógraíocht a thacaigh le Bunús Glas le feiceáil san iris a mbíonn an-tionchar aici le linn na bliana.

Cur le Feasacht ar Dhéiríocht na hÉireann san Afraic

Shroich feachtas sna meáin shóisialta chun cur le feasacht ar dhéiríocht na hÉireann atá bunaithe ar fhéar a ithe san Nigéir agus san Afraic Theas beagnach dhá mhilliún duine agus cruthaíodh idirghníomhaíocht go leor ar líne.

Feasacht na hÉireann sna Stáit Aontaithe a thógáil

Rinneadh agallaimh leis an bPríomhfheidhmeannach Tara McCarthy don iris Newsweek ina dtuairisc ina ndírítear ar Éirinn agus san irisleabhar *Foreign Policy*.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Feirmeoirí

Seo a leanas cuid den chumarsáid agus rannpháirtíocht réamhghníomhach Bhord Bia le feirmeoirí le linn na bliana: Foláirimh Téacs d'Fheirmeoirí, Tuarascálacha Aiseolais d'Feirmeoirí agus an Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme.

Chomhoibrigh Bord Bia le Caoirigh Éireann chun feirmeoirí caorach a spreagadh chun páirt a bheith acu le SBLAS.

Chuir feachtas taispeántais agus meáin shóisialta ar feadh ceithre seachtaine oideachas ar thomhaltóirí maidir leis na hiarrachtaí atá feirmeoirí a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht feirme agus go bhfuiltear á dhéanamh sin i gcomhar leis an nádúr.

Tá páirt lárnach i gcónaí ag Bord Bia leis an tionscnamh Fíricí Feola agus Déiríochta (MADF).

Seachadadh Digiteach

Lean Foireann Dhigiteach Bhord Bia, i gcomhar le comhghleacaithe feadh na heagraíochta agus gníomhaireachtaí seachtacha ag seachadadh príomhshruthanna oibre atá léirithe mar chuid den Straitéis Dhigiteach. Ina measc sin:

- Suíomh gréasáin éagsúil do Mhairteoil na hÉireann don Ríocht Aontaithe, don Fhrainc, don Spáinn, don Ghearmáin, don tSualainn agus do na Stáit Aontaithe.
- Eolas nuashonraithe maidir le suíomh gréasáin Bloom chun tacú le feachtas Bloom 2021.
- Athdhearadh ar shuíomh gréasáin Food Works
- Athdhearadh ar ábhar An Bhreathimeachta

Cur le Socruithe Comhaltachta Bunús Glas/ Feabhsúcháin Inbhuanaitheachta a Stiúradh

Léirigh Bord Bia na buntáistí inláimhsithe agus doláimhsithe den Bhunús Glas do chomhaltaí,

do shaoránaigh agus do cheannairí gnó, agus feabhsaíodh comhoibriú le heagraíochtaí mar Teagasc, Bord lascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann agus IBEC.

Comhaltacht Bunús Glas

- Ó seoladh an Staidéar Inbhuanaitheachta Domhanda tháinig thart ar 550 duine i láthair ag trí imeacht fíorúil.
- Le linn Seachtain Bitheacnamaíochta na hÉireann 2021, reáchtáil Bunús Glas seimineár gréasáin eolais ar an mbitheacnamaíocht do níos mó ná 100 rannpháirtí a bhí cláraithe.
- Seoladh os cionn 20,000 Tuarascáil Aiseolais ó Fheirmeoirí chuig feirmeoirí tar éis an teastasú.

Feabhsúcháin Inbhuanaitheachta a Stiúradh

Tionscnaimh Feirmeacha Treoraithe

Chuaigh Bord Bia i gcomhpháirtíocht le Teagasc, le feirmeoirí agus leis an tionscal níos leithne maidir leis an Tionscnaimh Feirmeacha Treoraithe as a leanfadh gníomh aeráide ó fheirmeoirí na hÉireann agus tacú leis an athrú i dtreo córais feirmeoireachta níos inbhuanaithe.

Imeachtaí Bunús Glas

Mheall an Seimineár Gréasáin ar an Tuarascáil ar dhul chun cinn Bliantúil Bunús Glas agus an Fógra Comhaltaí Óir 269 duine chun freastal air.



- Mheall an Seimineár Gréasáin faoi Éagsúlacht agus Cuimsiú an Bhunúis Ghlais 35 duine chun freastal air.
- D'fhreastail 56 ar Seimineár gréasáin faoi Bhitheacnamaíocht an Bhunúis Ghlais.
- D'fhreastail 36 ar Seimineár gréasáin Bithéagsúlachta Talamh Feirme an Bhunúis Ghlais.
- Reáchtáladh trí Sheimineár Gréasáin Réamheolas don Bhunús Glas i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna.

Scéim Dearbhaithe Cáilíochta – eolas nuashonraithe iniúchta

- Amhail an 1 Samhain, bhí 9,016 iniúchadh tugtha chun críche sa

Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS)

- Amhail an 1 Samhain, bhí 31,308 iniúchadh tugtha chun críche sa Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS)
- Leathadh amach nuashonrú ar an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Muiceola (PQAS) sa tionscal i mí Mheán Fómhair. Amhail an 1 Samhain, tugadh 234 iniúchadh chun críche.
- Amhail an 1 Samhain, bhí iniúchadh déanta ar 317 láthair éanlaith clóis don Scéim Dearbhaithe Táirgí Éanlaithe Clóis Inbhuanaithe (SPPAS).
- Amhail an 1 Samhain, bhí iniúchadh déanta ar 125 láthair táirgthe agus tógála uibheacha don Scéim Dearbhaithe

Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS).

- Forbraíodh iarratas nua do leathadh amach i Ráithe 4 2021 den Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Cothaithe (FQAS).

Measúnaithe ar Lorg Carbóin (CF)

Rinneadh an lorg carbóin déiríochta don Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS) a nuashonrú go hiomlán chuig modheolaíochta lorg carbóin nua arna sholáthar ag Teagasc.

- An líon Measúnaithe CF Mairteola a tugadh chun críche 2021: 21,406
- An líon Measúnaithe CF Déiríochta a tugadh chun críche 2021: 7,723

Uirlis Gnímh Inbhuanaitheachta Feirme

Lean Bord Bia ag forbairt agus ag tabhairt chun críche sonraíocht theicniúil i gcomhar le Teagasc d'uirlis pleanála inbhuanaitheachta ar líne d'fheirmeoirí.

Bí i do Cheannaire maidir le hInbhuanaitheacht Bia

Comhairle Domhanda don Bhunús Glas

Reáchtáladh an chéad chruinniú de chuid na Comhairle Domhanda don Bhunús Glas i mí Feabhra. Reáchtáladh an dara cruinniú i mí na Samhna a bhí dírithe ar dhul chun cinn Bunús Glas thar na deich mbliana roimhe sin.

Cur le Rogha do Chomhaltaí don Bhunús Glas i nGach Margadh Tábhachtach

Baineann Bord Bia leas as léargas earnála agus trádála chun cuidiú an cás is fearr a chur chun cinn maidir le conas a chuidíonn Bunús Glas lenár gcomhpháirtithe B2B a ngnólachtaí a fhás.

Déiríocht a Itheann Féar

Rinneadh 22 próiseálaí iarratas ar an Scéim Déiríochta a Itheann Féar agus fuair 20 teastasú.

Mairteoil a Itheann Féar

Rinne 21 próiseálaí iarratas ar an Scéim Mairteola a Itheann Féar. Sholáthair Bord Bia forbhreathnú do phróiseálaithe ar an bpróiseas a bhí riachtanach d'úsáid an lógó.

COLÚN STRAITÉISEACH 4: AG TREORÚ TRÍ DHAOINE

Luíonn rathúlacht an tionscail bia, dí agus gairneoireachta in Éirinn ar scileanna, spreagadh agus rannpháirtíocht dúchasacha na ndaoine. Tá Bord Bia tiomanta do thacaíochtaí a chuirfidh ar chumas daoine go himheánach agus go seachtrach a bheith ar na daoine gairmiúla is fearr is féidir leo a bheith.

Léirítear an tiomantas sin trí na for-
sruthanna seo a leanas:

- Cláir Fiontraíochta
- Daoine Seachtracha – Cláir Acadamh Tallainne
- Daoine Seachtracha – Margaíocht & Meastóireacht Cumais
- Daoine Inmheánacha - Cáil agus Próifíl Bhord Bia
- Daoine Inmheánacha – Tiomantas d'Fhorbairt Cumais
- Daoine Inmheánach – Sárchleachtas i mBainistíocht Daoine

Cláir Fiontraíochta

Diríonn Oibreacha Bia Food Works, tionscnamh comhoibritheach ó Bhord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, ar fhiontraíthe ag an gcéim luath agus ar fhiontraíthe leantacha agus is é an aidhm atá leis fiontraíthe bia inscálaithe a bhunú chun go n-éireoidh leo go luath ó thaobh easpórtála. Ghlac ocht gcuideachta páirt sa chlár Oibreacha Bia 2021 agus ionadaithe ann ó alcól (4), bianna tomhaltóirí ullmhaithe (3) agus déiríocht (1).

Thug an tAcadamh Bia le chéile Bord Bia, Musgrave agus oifigí Fiontar Áitiúil chun tacú le gnólachtaí beaga chun tuiscint a fháil ar chainéal miondíola na hÉireann agus a spiorad fiontraíochta a dhíriú chun go mbainfidh siad an leas is fearr is féidir as an mbealach sin go dtí an margadh. Bhí os cionn 80 iarratas sa chlár in 2021.

Forbraíodh Ag Fás le Aldi, i gcomhpháirtíocht le Bord Bia agus tugadh an deis do 22 soláthróirí in Éirinn a gcuid a dhíol i siopaí Aldi.

B'é an toradh a bhí leis an bhforbairt Lidl Kickstart, i gcomhpháirtíocht le Bord Bia, go raibh 18 táirgeoirí bia agus dí nua ar fáil sna siopaí sin.

Seoladh an clár Luasaire Soláthróirí Tesco i mí na Samhna 2021 le 12 soláthróirí, agus súil go gcuirfí go mór lena ngnó le Tesco.

Daoine Seachtracha – Cláir Acadamh Tallainne

Tugtar aghaidh le cláir saineolais seachtracha Bhord Bia ar bhearnaí atá aitheanta ó thaobh scileanna agus ullmhaítear ár dtionscal chun a bheith dírithe ar an todhchaí agus a bheith ullamh do dhúshláin de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.

In 2020, bhunaigh Bord Bia Fóram Comhairleach Acadamh Tallainne chun a chinntiú go mbeadh feidhm sa todhchaí leis an gcúig chlár Acadamh Tallainne trí an tionscal a bheith gníomhach i bpleanáil do riachtanais scileanna sa todhchaí.

Leis an gClár Comhaltachta Margaíochta thug comhaltaí faoi sheasca haon tasc tráchtála agus do 36 cuideachta cliant in 11 áit éagsúla thar lear.

Tá 34 rannpháirtí i gClár Céimithe Idirnáisiúnta Bhord Bia ar a gclár 24 mí in oifigí Bhord Bia thar lear agus i mBaile Átha Cliath.

Cothaíonn Clár Ambasadóir an Bhunús Ghlais tuiscint ar an gClár Bunús Glas le custaiméirí idirnáisiúnta agus áirítear leis trí shocrúchán idirnáisiúnta a bhíonn idir cúig agus sé mhí ar fhad. Thosaigh deichniúr iarrthóir an clár 2021/2023 i mí Mheán Fómhair.

Cothaíonn an Clár Slabhra Soláthair agus Fála léargas agus tuiscint ar chuntais príomhchustaiméirí thar chlár 18 mí a bhíonn dírithe ar an slabhra soláthair agus ar straitéisí fála.

Forbraíodh an Clár Léargais agus Nuálaíochta chun cultúr margaíochta faoi stiúir léargais a spreagadh laistigh de chuideachtaí bia agus dí na hÉireann. Tá 14 feidhmeannach cumasach ar shocrúchán 14 mí le 14 cuideachta bia, dí agus gairneoireachta Éireannach ó mhí Eanáir chun feabhas a chur ar aschur nuálaíochta.

Daoine Seachtracha – Margaíocht & Meastóireacht Cumais

Éascaíonn forbairt agus gníomhachtú Acadamh Tallainne Bhord Bia gur féidir an tallann is airde a mhealladh. Ba léiriú é an earcaíocht iomlán do chlár an Acadaimh Tallainne 2021 é sin, agus 4,000 iarratas déanta, ardú mór ar an dá bhliain roimhe sin.

Daoine Inmheánach - Na Daoine is Fearr sa Rang agus Bainistiú Feidhmíochta

Ionchorpraítear sna cláir SLT agus Forbartha Bainistíochta na croíphrionsabail d'uilechuimsitheacht, bainistiú daoine agus cuntasacht. Is príomhthosaíocht don eagraíocht é cumas bainistiú daoine a thógáil ag an leibhéal bainistíochta sinsearach.

Bainistiú Feidhmíochta

Leanann Próiseas Forbartha Feidhmíochta Bhord Bia (PDP) ag feabhsú feidhmiú agus forbairt foriomlán laistigh den eagraíocht. Bhí Tosaíochtaí Pearsanta Aonair agus Pleananna Fáis Phearsanta do 2021 rithábhachtach dó sin.

Daoine Inmheánacha - Próifíl Cáile Bhord Bia

Tá ag cur le cáil agus a bheith mar 'fhostóir rogha' rithábhachtach ó thaobh tallann a mhealladh, go háirithe dár líonraí oifige thar lear. Bíonn sé dúshlánach a bheith san iomaíocht le heagraíochtaí seachtracha do thallann agus na

daoine cearta a aimsiú. Mar chuid den obair atá ar bun againn maidir lenár gcáil, leanann Luachanna Bhord Bia a bheith á gcur chun cinn agus clár á fheidhmiú don fhoireann reatha agus d'aon fhoireann nua. Is é an aidhm atá ann daoine lántallainne a mhealladh ar mian leo cur leis an tionscal iad féin, a thuigeann ár ngnó, ár gcultúr, a mhaireann de réir luachanna agus atá thar a bheith diongbháilte faoi cad a dhéanann siad.

Earcú agus Cáil

Leanann Bord Bia á chur féin chun cinn mar 'rogha fostóra'/ Is fianaise é an leibhéal ard iarratas agus an toradh branda corparáideach Reprtrak go leanann cáil agus cuspóir Bhord Bia a bheith ina bhuntáiste faoi leith chun tallann a mhealladh. Tomhaistear earcú, coinneáil agus cáil le linn na bliana. Bhí Bord Bia gníomhach lena fhoireann ar thairiscint 'Todhchaí na hOibre'. Áiríodh leis sin suirbhé agus sraith ceardlanna chun tionchar a bheith acu ar dheardadh bealaí nua oibre chun cur an méid agus is féidir le deiseanna a bhíonn mar thoradh ar mheascán oibre. Tá éifeacht leis an mBeartas Meascán Oibre nua ó Eanáir 2022 agus feictear é mar ghné shuntasach de bhranda, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an fhostóra.

Daoine Inmheánacha – Tiomantas d'Fhorbairt Cumais

Braitheann rathúlacht do Bhord Bia ar an bhfoireann cheart a bheith fostaithe, leis na scileanna cearta, ag déanamh na rudaí

cearta agus á ndéanamh i gceart, ag an am ceart. Ar Phríomhthiománaí chun an rath a sheachadadh tá forbairt agus neadú Creat Inniúlachta Bhord Bia don fhoireann ar fad, creat atá ag teacht go dlúth le straitéis agus le luachanna ár n-eagraíochta.

Forbairt Inniúlachta

Lean feabhas ar inniúlacht ceannaireachta agus bainistíochta a bheith mar thosaíocht in 2021. Chomhlánaigh gach bainisteoir daoine suirbhé aiseolais 360 faoi dheireadh 2020 chun cur lena bPlean Fáis Pearsanta do 2021. Díríodh sa phlean Forbartha Eagraíochta Straitéiseach 2021 ar fheidhmiú éifeachtach ar bhealach Bhord Bia agus digitiú a chumasú.

CONCLUÍD

Mar thoradh ar na dúshláin a bhí mar thoradh ar an bpaindéim cuireadh isteach go mór ar dhaoine agus bhí go leor íobairtí i gceist do go leor. Bhí dóchas mar thoradh ar leathadh amach rathúil na vacsaíní agus chuidigh siad chun daoine a thabhairt slán. Ach, ba mhinic nach túisce tús nó deireadh a bheith curtha le himeachtaí agus muid ag iarraidh éalú ó chonstaicí Covid-19, sula raibh an chuid ba mheasa laistiar dúinn go luath in 2022.

De réir mar a bhí an tír ag dul i ngleic le dianghlasáil fhada ag tús 2021, tháinig dúshlán eile chun cinn, i bhfoirm an Bhreathimeachta, agus an poitéinseal ann go gcuirfí isteach go mór ar na sféir eacnamaíoch agus sóisialta.

I bhfianaise an méid sin, is féidir linn a bheith bródúil an méid

a bhain muid amach ó thaobh easpórtála de nuair a d'éirigh lenár dtionscal déanamh níos fearr fós ná mar a d'éirigh linn roimhe seo. Is léiriú é sin nach earnáil í ar éirigh léi teacht slán trí sheans amháin, ach mar thoradh ar obair chrua, solúbthacht, agus fíis agus d'éirigh linn bealaí éifeachtacha a fháil chuig an margadh domhanda dá n-easchuir den chéad scoth. Dheimhnigh mar a d'éirigh linn cumas den scoth an tionscail freagairt d'athrú, agus freisin stádas na hÉireann mar fhoinsé 'fhónta' de bhia agus deoch a tháirgtear go hinbhuanaithe.

Ar an drochuair, cé gur deis é 2022 achar a chur idir muid féin agus an chuid is measa den phaindéim, tá muid arís i lár imeachtaí nach raibh a leithéid ann riamh roimhe ar an taobh eile den Eoraip, is é sin ionradh na Rúise ar an Úcráin. Cé nach bhfuil Éirinn agus a tionscal bia agus dí faoi thionchar ollmhór ag geilleagar na Rúise, d'athraigh an méid sin imthosca geopholaitíochta agus beidh tionchar láidir aige ar gach gné dár saol sa bhliain seo amach romhainn agus an geilleagair domhanda ag iarraidh teacht slán.

Níos gaire den bhaile, le himeacht na Breataine ón AE, agus é i bhfeidhm anois, tá idirbheartaíochtaí agus cinntithe go leor le déanamh, agus ar an gceann is mó acu sin tá Prótacal Thuaisceart Éireann, ach freisin maidir le feidhmiú rialuithe custaim na Ríochta Aontaithe. Leanfaidh Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara ag cur an tionscail ar an eolas faoi aistrithe eolais a bheidh riachtanach a leasú nuair a bheidh an prótacal i bhfeidhm go praiticiúil.

I mbliain ar cheiliúir Bord Bia an 9ú bliain ó bunaíodh clár an Bhunús

Ghlais, is mó inní ná riamh atá athrú aeráide a chur ar chách. Deimhníodh i mBuiséad Carbóin an Rialtais in 2021 an ról lárnach a fheictear don tionscal bia-talmhaíochta chun aghaidh a thabhairt air sin. Le linn 2021, thug Bord Bia faoi athbhreithniú straitéiseach ar an mBunús Glas, aithníodh an deis tógáil ar láidreachtaí ag gach leibhéal táirgeachta agus próiseála, agus caithfear cur leis an tuiscint ar inbhuanaitheacht chun a léiriú go bhfuil an leibhéal uailmhianta a bhfuil gá leis ann. Beidh cáilíochtaí inbhuanaitheachta inchruthaithe ríthábhachtach do mharthanacht gach bia agus dí sa mhargadh saoire amach anseo agus leanfaidh Bunús Glas ag tabhairt na gcáilíochtaí sin d'easpórtálaithe na hÉireann. Ba údar misnigh é agus muid ag beartú ceiliúradh a dhéanamh ar dheich mbliana den chlár agus torthaí taighde ag léiriú go gcreideann cuideachtaí Bunús Glas go soláthraíonn sé buntáiste iomaíoch dá ngnólacht.

Níos ginearálta, ba fócas tábhachtach a bhí in athbhreithniúchais agus athuirlisiú straitéiseach dár ngníomhaíochtaí in 2021, chun coinneáil le foilsiú Food Vision 2030 na Roinne Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara. Táimid ag súil go mór le leathadh amach ár straitéis dhá shraith in 2022 - agus amlínte 10 mbliana agus trí bliana ag feidhmiú le taobh a chéile. Is ionann forbairt an tsamhail oibríochta amháin atá ag Bord Bia agus deis eile do Bhord Bia, mar eagraíocht a bhíonn dírithe ar thorthaí, luach a chinntiú dár dtionscal agus do na pobail a bhraitheann air.

Cé go mba údar diomá agus frustrachas imeachtaí mar Bloom a bheidh curtha ar ceal ar feadh dhá

bhliain as a chéile, d'fhan an dea-thoil i measc na ngeallsealbhóirí agus an phobail ar fad agus gach uile cosúlacht ann gur imeacht ollmhór a bheidh ann nuair a fhillfidh sé in 2022. D'athraigh dúshlán na paindéime pleananna ach ní chur siad de dhroim seoil muid ó thaobh clár uailmhianach gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm in 2021, lena n-áirítear seoladh Caighdeán a ltheann Féar sna príomh-mhargáí déiríochta agus mairteola. Bhí smaointeoireacht nua agus nuálaíocht le sonrú feadh ár gclár agus ár ngníomhaíochtaí forbartha margaíochta, agus táimid ag féachaint chun na nithe is fearr a bhaint as na samhail fíorúla agus 'pearsanta', agus cur chuige níos cumaiscthe a chruthú maidir le seachadadh seirbhíse agus muid ag bogadh chun cinn tar éis na paindéime domhanda.

Is cinnte gur am machnaimh agus athraitheach dom an tréimhse seo ar tharla go leor nithe nua ann. Tar éis cúig bliana thar cionn mar Phríomhfheidhmeannach, tá cinneadh déanta agam an ról a fhágáil i mo dhiaidh agus deis nua a ghlacadh sa tionscal i lár 2022. Tá mé thar a bheith buíoch as an bpribhléid a bheidh i gceannas ar Bhord Bia. Tá súil agam, sna cúig bliana a raibh an cúram sin agam, go raibh lámh agam i gcur chun cinn na heagraíochta spleodraí seo, eagraíocht lena mbaineann misean cumhachtach agus spreagúil.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh ar deireadh le Cathaoirleach Bhord Bia, Dan MacSweeney don obair den scoth a rinne sé le Bord Bia le linn 2021, agus dá chomhpháirtíocht agus tacaíocht le cúig bliana anuas, buíochas ar mhaith liom a shíneadh freisin chuig gach comhalta den

Bhord agus de na cúig fhoBhord. I mbliain lena bhain an oiread sin dúshlán, rinne sibh obair ollmhór chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus tacú le Bord Bia agus muid ag freagairt don phaindéim. Bhí an obair sin thar a bheith luachmhar agus muid ag athshocrú ár gcur chuige straitéiseach, rud a d'fhág go bhféadfaidh muid luas a chur faoinár seachadadh seirbhísi chuig tionscal chun freastal ar na dúshláin a bheidh le sárú sna deich mbliana atá amach romhainn. Ba phléisiúr agus pribhléid a bhí ann a bheith ag obair i gcomhpháirt leat le linn mo thréimhse mar Phríomhfheidhmeannach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, T.D., An tAire Stáit a bhfuil freagracht air do Thaighde agus Forbairt, Sábháilteacht ar an bhFeirm, agus Forbairt Margaí Nua; agus leis an Seanadóir Pippa Hackett, An tAire Stáit a bhfuil freagracht uirthi as Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht. Ba phribhléid a bhí ann oibriú le taobh gach aon duine agaibh ag tacú le tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le linn na bliana. Thug siad tacaíocht thar na bearta do sheachadadh cruinnithe trádála agus ardleibhéil trádála agus thug siad spreagadh ollmhór do sheoladh roinnt tionscnamh tábhachtach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh freisin le mo Rúnaí Ginearálta Brendan Gleeson agus leis an bhfoireann ar fad sa Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara a lean Bord Bia ag obair go dlúth leo agus go dearfach leo le linn na bliana, agus ar ndóigh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha,

a thugann cúnamh ollmhór do líonra domhanda Bhord Bia agus a thugann cúnamh mhór in obair chasta ag cur chun cinn deiseanna trádála fud fad na cruinne.

Tá sé ráite go minic go bhfuil domhan na hoibre athraithe ó bhun ag an bpaindéim. Bhí an t-ádh le Bord Bia go bhfuarthas buntáiste ó ghairmiúlacht leanúnach na ndaoine a oibríonn ann mar gur fhan formhór na ndaoine ag obair ón mbaile le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le mo chomhghleacaithe go léir i mBord Bia a lean ar aghaidh i mbun sárchleachtais oibre sa tionscal ar a mbímid ag freastal. Ar bhonn pearsanta agus gairmiúil, bhí sé ar cheann de na heispéiris ab fhearr de mo shaol a bheith ag obair libh le cúig bliana anuas. Tá mé ag súil go mór gur éirigh linn le chéile bunchloch mhaith a leagan do nithe a n-éireoidh leo amach anseo. Tá mé thar a bheith sásta a thabhairt ar aird go bhfuil straitéis oibre nua curtha le chéile ag Bord Bia i gcomhairle lenár bpearsanra a chuireann san áireamh athruithe ar an tslí a oibrímid agus a chinnteoidh go mbeidh buntáistí nua ann don eagraíocht san blianta atá amach romhainn.

Cé go bhfillfear ar an oifig in 2022, ní ionann a oibreoidh rudaí, mar go bhfuil Bord Bia tar éis bogadh chuig áitribh nua ag 140 Bóthar Pheambróg, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. B'éigean dó seo tarlú le hathfhorbairt choimpléasc Chúirt Chlann Liam, áit a raibh Bord Bia lonnaithe ó bunaíodh iad. Agus muid ag fáiltiú roimh an deis bogadh chuig spás atá deartha d'obair i ndiaidh na paindéime, beidh áit speisialta inár gcroí go deo ag Cúirt Chlann

Liam, i mo chroí féin go háirithe. Tá an t-aistriú sin déanta ar bhealach chomh inbhuanaithe agus is féidir, ag cinntiú gur féidir acmhainní agus saoráidí a iompar agus a athúsáid san ionad oibre nua.

Ar chúiseanna go leor, is beag againn a bheidh ag smaoineamh siar ar an mbliain 2021 le mórán geana. Ach, ba bhliain a bhí ann a léirigh ár dtionscal bia agus dí tiomantas don sárchleachtas agus don solúbthacht, agus seachadadh bia agus deoch níos inbhuanaithe agus dearbhaithe cáilíochta chuig margaí domhanda níos mó ná riamh roimhe. Mar gheall ar sin, léiríodh tréithe diongbháilteachta agus uailmhian a bheidh riachtanach don rath sa todhchaí. Leanfaidh cur isteach agus dúshlán sna blianta amach romhainn, sin cinnte, ach tá uailmhian agus muinín níos lárnai ná riamh don tslí a fhreagróidh an tionscal. Is eagraíocht í Bord Bia freisin atá ag athrú agus ag fás, agus é sin ag tarlú leis an bhfócas is soiléire ar fhreastal ar thionscal bia agus dí na hÉireann agus ar phobal na hÉireann agus ag tabhairt luach do gheallsealbhoirí i ngach gníomh a dhéantar. Beidh tús le caibidil nua in 2022 agus Bord Bia tiomanta páirt a bheith acu sna blianta atá romhainn chun go mbeidh an rath leis an tionscal agus a chinntiú go mbeidh Éirinn i dtús cadhnaíochta ó thaobh táirgeadh bia inbhuanaithe.

Tara McCarthy,

Príomhfheidhmeannach




MAIRTEOIL

Bhí luach €2.1 billiún in 2021 ag easpórtálacha iomlán de príomh-mhairteoil, sin ardú de 9% ar 2020, léiriú ar phraghsanna láidre d'fhormhór na bliana. Chuidigh praghsanna níos airde cúiteamh a dhéanamh ar thitim 12% ar líon easpórtálacha mairteola agus scairtí go dtí 504,000 tona. B'ionann luach na n-easpórtálacha scairtí agus €137 milliún, titim de 29% ar 2020.

Dhírigh gníomhaíochtaí Bhord Bia le linn na bliana ar cháilíochtaí dearfacha mairteola na hÉireann a chur chun cinn agus tacú le heaspórtálaithe ina gcuid iarrachtaí a seasamh a fheabhsú le custaiméirí tábhachtacha, agus ar an tslí sin caidrimh a bhunú le custaiméirí nua féideartha i margaí tosaíochta trí léargais margaidh agus siopadóirí leanúnacha a sheachadadh.

Cé gur thosaigh 2021 le roinnt dúshlán d'easpórtálacha mairteola na hÉireann, d'athraigh an tírdhreach éileamh soláthair go mór chun sochair easpórtálaithe na hÉireann sa dara ráithe, agus d'fhan an dinimic sin don chuid eile den bhliain.





9%

d'easpórtálacha iomlána na príomh-mhairteola in 2021 agus luach €2.1 billiún

Chruthaigh an margadh láidir agus stoc-charnadh mairteola do mhargadh na Breataine roimh an spriocdháta de 31 Nollaig, 2020 cás go raibh éileamh do mhairteoil déantúsaíochta reoite ó mhargadh na Breataine thar a bheith íseal don chéad trí mhí de 2021. Mar thoradh air sin agus ar fhilleadh srianta Covid-19 i bhformhór na margaí do mhairteoil na hÉireann, bhí neamhchinnteacht ar éileamh agus ba é an toradh a bhí air sin nach raibh custaiméirí na Ríochta Aontaithe ach ag fáil soláthairtí riachtanacha.

Mar sin féin, i dtreo thús na tsamhraidh, tháinig roinnt tionchair dhearfacha chun cinn ó pheirspictíocht na n-easpórtálaithe. Bhí soláthairtí easpórtála domhanda teann go maith i gcónaí agus d'fhan éileamh ón tSín don mhairteoil láidir. Ba léir go raibh soláthairtí mairteola feadh na Breataine agus na hEorpa ag fáscadh go mór agus ag an am céanna, bhí srianta Covid-19 á scaoileadh in go leor áiteanna, rud a lig do sheirbhís bia athoscailt. Chruthaigh na dinimicí sin timpeallacht ina raibh praghas dearfach agus éileamh láidir.

Meastar gur tháinig laghdú ar éigin ar ithe mairteola in AE27 in 2021. Cé go raibh tionchar mór ag srianta ar ithe sa chainéal seirbhíse bia sa chéad leath den bhliain, d'fhill éileamh go tapa sa dara leath. D'fhan díolacháin miondíola ag fás go luath sa bhliain, ach mhoilligh sé ach ar bhain tomhaltóirí níos mó buntáiste as na cainéil seirbhíse bia athoscailte, agus d'fhill ar na 'gnáth' leibhéil, a bheag nó a mhór ar aon dul agus a bhí siad in 2019.

Ar na margaí idirnáisiúnta bhí laghdú éigean ar éileamh do mhairteoil agus do scairteach i roinnt margaí tábhachtacha san Áise agus i Meiriceá Thuaidh. Bhí sin mar thoradh i bpáirt ar fhionraíocht na Brasaíle ó mhargadh na Síne agus an carnadh de stoic thar a bheith suntasach, stoc a bheadh i ndán don mhargadh sin de ghnáth. D'fhág sin i gcomhar le saincheisteanna a bhaineann le hiompórtáil i margaí na hÁise éileamh ar mhargaí iompórtála idirnáisiúnta cothrom go maith

sna chéad mhíonna den bhliain. Mar chodarsnacht, tá éileamh agus praghsanna do mhairteoil sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ag an leibhéal is airde agus a bhí siad le hocht mbliana.

Thit soláthairtí eallach críochnaithe in Éirinn 6% in 2021 agus d'fhan ag thart ar 1.7 milliún cloigeann, cé gur laghdaigh meáchain conablach ar an meán thart ar 1.3%. Ina theannta sin, meastar gur laghdaigh táirgeadh mairteola feadh an AE os cionn 1% in 2021, agus go raibh aschur na Ríochta Aontaithe 4% níos ísle. Thit iompórtálacha mairteola isteach san AE thart ar 3%, agus tháinig sin sna sála ar laghdú 21% in 2020.

Ba é an toradh a bhí air sin go raibh margadh Eorpach ann le soláthairtí teann agus cuireadh brú láidir suas ar phraghsanna. Ar an meán, d'ardaigh praghsanna bullán R3 in Éirinn 12% agus d'ardaigh praghsanna bullán R3 na Ríochta Aontaithe 15%. Bhí fás láidir freisin le feiceáil ar Mhór-Roinn an AE, go háirithe sa dara leath, agus praghsanna tairbh óga R3 ag ardú 10% ar an meán.

Bhí praghas eallach ilchodach na hÉireann, mar a léiríodh ar rianaire praghas mairteola Bhord Bia chun cinn ar na praghsanna tagarmharc easpórtála do gach eallach agus eallach den scoth in 2021, b'ionann sin agus ardú de bheagnach 13%. Nuair a fhágtar an Ríocht Aontaithe ar lár, bhí praghsanna ilchodach na hÉireann beagnach 23c/kg níos airde ná an tagarmharc easpórtála d'eallach den scoth in 2021. Tháinig easpórtálacha scairtí faoi bhrú sa dara leath den bhliain agus facthas laghduithe suntasacha. Cé go raibh na laghduithe i bpáirt mar thoradh ar níos lú eallach a bheith á marú agus éileamh níos lú ón margadh bhain sé den chuid is mó le hathrú ar chódáil easpórtálacha ar tháirgí áirithe ó scairteach go dtí mairteoil.

Treochtaí Ceann Scríbe

Bhí easpórtálacha mairteola in iomlán chuig an Ríocht Aontaithe síos 2% in 2021 ag thart ar €880 milliún. Laistigh d'iomlán na Ríochta Aontaithe, tháinig laghdú 8% ar easpórtálacha chuig an mBreatain, agus d'ardaigh easpórtálacha chuig Tuaisceart Éireann 37%. In 2021, d'fhan soláthairtí eallach teann sa Ríocht Aontaithe agus lean éileamh ó chustaiméirí móra miondíola agus seirbhíse bia do shonraíocht níos

airde mairteola suntasach go maith tar éis an maolú tosaigh díreach tar éis spriocdháta an Bhreathimeachta. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar an éileamh ar mhairteoil na hÉireann sna cainéil seirbhíse bia agus déantúsaíochta, bhí géarú ar éileamh ar tháirgí ardluach. Téann 42% d'easpórtálacha mairteola na hÉireann anois go dtí an Ríocht Aontaithe, i gcomparáid le 51% in 2016. Ó thaobh toirte de, b'ionann meáchan chonablaigh comhionann (CWE) agus 214,000 tona, agus b'ionann sin agus laghdú 15% ar leibhéil 2020.

Bhí luach €1 billiún d'easpórtálacha mairteola na hÉireann i rith na bliana ar na margáí AE le chéile. B'ionann toirt iomlán chuig tíortha AE27 agus 190,000 tona (CWE). Léiriú é sin ar fhás láidir de 22% ar luach easpórtálacha agus soláthairtí mairteola níos ísle i go leor dár bpríomh-mhargáí. San Fhrainc, san Ísiltír agus sa tSualainn, bhí laghduithe táirgeachta de 0.6%, 1.7% agus 4.3% iontu faoi seach. Bhí easpórtálacha mairteola na hÉireann ag 49% den AE27. Tá an Fhrainc fós mar an ceann scríbe AE is mó do mhairteoil na hÉireann, le heaspórtálacha de €212 milliún in 2021. Tháinig laghdú ar éigean ar easpórtálacha chuig an Ghearmáin go dtí €131 milliún. Tháinig ardú 1% ar easpórtálacha chuig an Iodáil go dtí €170 milliún. Tháinig ardú 6% ar easpórtálacha chuig an Ísiltír go dtí €190 milliún agus d'fheabhsaigh an scéal sa tSualainn agus easpórtálacha chuig an tír sin ag €104 milliún.

Tháinig ardú thart ar 2% go dtí €190 milliún ar easpórtálacha chuig margáí idirnáisiúnta. Is léiriú é sin den chuid is mó ar mhargáí a bheith coimeádta i Meiriceá Thuaidh agus san Áise, arb ionann iad agus na háiteanna is mó a théann easpórtálacha mairteola na hÉireann lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus an AE. Bhí fás láidir sna hOileáin Philipíneacha do 2021 agus easpórtálacha mairteola ar luach €46 milliún, ardú bliain ar bhliain de 21%. D'ardaigh easpórtálacha chuig Hong Cong 45% go dtí €33 milliún, rud a chuidigh ar éigean agus deireadh iomlán tagtha le heaspórtálacha chuig mórhíir na Síne mar cheann scríbe don bhliain 2021 ar fad. Sa tSeapáin, áit ar ardaigh iompórtálacha mairteola na hÉireann go láidir in 2020, tharla laghdú 30% in 2021. Ach, de bharr go raibh praghsanna arda sa mhargadh, tháinig fás ar aon nós ar luach foriomlán easpórtálacha mairteola. Tháinig laghdú 13% ar luach easpórtálacha mairteola den scoth na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe, mar go raibh líon mór mairteoil baile ar fáil sa dara leath den bhliain mar thoradh ar chiondióthú ainmhithe baineann póraithe tar éis triomach sna Stáit Aontaithe Thiar.

Féidearthachtaí

Tá a bhfuil i ndán d'easpórtálacha mairteola na hÉireann chuig AR27 agus an Ríocht Aontaithe dearfach den chuid is mó do 2022 agus na margáí ceaptha a bheith cobhsaí go maith ó thaobh soláthair agus éilimh. Táthar ag tuar go mbeidh éileamh ar na margáí domhanda go maith mar go meastar go mbeidh soláthairtí domhanda teann mar thoradh ar bhrú ar aschur ó Mheiriceá Thuaidh agus Theas araon mar thoradh ar thriomach sa dhá réigiún sin in 2021. Beidh tionchar ar éileamh margadh do mhairteoil na hÉireann ag an éileamh leanúnach ó chustaiméirí tábhachtacha na Breataine agus sa chás go leanfar le rochtain saor in aisce ar an margadh sin in 2022.

Cé go bhfuiltear ag tuar go n-ardóidh táirgeadh mairteola na Ríochta Aontaithe 10,000 tona in 2022, táthar ag tuar freisin go gcoimeádfar éileamh iompórtála ag leibhéal 2021 ag 376,000 tona. Ar an iomlán táthar ag tuar go laghdóidh ithe mairteola in iomlán 2% ach is ionann sin agus filleadh ar leibhéal ite 2019. Laistigh den treocht sin, táthar ag tuar go mbeidh éileamh leanúnach ar iompórtálacha mairteola na hÉireann ó na hearnálacha miondíola agus seirbhíse mear.

Táthar ag tuar go bhfanfaidh trádáil chuig margáí AE27 dearfach mar go bhfuil idiú coimeádta den chuid is mó agus meastar go leanfaidh laghdú ar tháirgeadh mairteola na hEorpa, agus titim 1.4% measta ag Grúpa Oibre Réamhaisnéise Mairteola an AE. Cé gur féidir a bheith ag súil go mbeidh roinnt fáis ar iompórtálacha mairteola neamh-AE in 2022, ba chóir go gcinnteodh athshlánú ar éileamh ón earnáil seirbhíse bia chomh maith le heaspórtálacha níos mó chuig margáí idirnáisiúnta na dinimicí margadh dearfacha den chuid is mó in áit. Cinnteoidh sin tuilleadh fáis ar an líon mairteola Éireannach a sheoltar chuig margáí AE27.

Leanann éileamh iompórtála na Síne ag fás agus de réir Roinn Talmhaíochta na Stáit Aontaithe, meastar gur ionann sin agus 3.25 milliún tona in 2022. Más féidir rochtain a fháil an athuair ar an margadh, cinnteoidh sé sin deis ollmhór chun easpórtálacha a mhéadú chuig an margadh sin ar an treocht chéanna agus a bhí sa chéad leath de 2020. Sa chás go bhfillfí ar leibhéal éilimh iompórtála mar a bhí roimhe seo agus níos mó spéise á léiriú i mairteoil na hÉireann sa tSeapáin, ba chóir go bhfeicfí fás sa mhargadh sin. Is féidir le rochtain níos fearr ar mhargáí na hÁise tuilleadh

deiseanna a sholáthar d'easpórtálaithe na hÉireann. I bhfianaise leibhéil táirgeachta níos ísle mar thoradh ar thriomach trasna Thuaisceart agus Dheisceart Mheiriceá in 2021, d'fhéadfadh sé go mbeidh tuilleadh deiseanna iompórtálacha i Meiriceá Thuaidh, san Áise agus ar mhargaí domhanda eile.

Meastar go mbeidh infhaighteacht eallach na hÉireann ag ardú sa dara leath de 2022. Léiríonn anailís atá déanta ag Bord Bia ar bhunachar sonraí Aitheantas agus Gluaiseacht Ainmhithe de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ar tháirgeadh gaolmhar agus fachtóirí trádála, go bhfuil ardú 70-80,000 cloigeann (+4%) i soláthairtí eallach críochnaithe do 2022 in iomlán.



BEOSTOC

Meastar gur ardaigh luach easpórtálacha beostoc na hÉireann thart ar 6% in 2021 go dtí €214 milliún. Chúitigh aischuir ardaithe ó easpórtálacha eallach beo i bhfianaise luachanna easpórtálacha níos ísle a bheith ag muca agus caoirigh araon.

Eallach

D'éirigh go maith le trádáil eallach beo na hÉireann i mbliain a bhí thar a bheith dúshlánach in 2021 agus luach foriomlán easpórtálacha eallach beo ag ardú go láidir don dara bliain as a chéile go dtí €157 milliún. Is ionann sin agus ardú 18% ó leibhéil 2020. Tharla sin in ainneoin gur tharla titim ar éigean ar an líon eallach a easpórtáladh go dtí 266,000 cloigeann. Bhí an t-ardú ar luach easpórtálacha mar thoradh ar fheabhas ar luach gach cineál eallach a easpórtáladh mar gheall ar thrádáil mairteola a bheith níos láidre ar na margaí baile agus easpórtálacha araon d'eallach na hÉireann.

Cé gur laghdaigh an líon laonna agus laonna scoite 2% agus 30% faoi seach le linn 2021 tháinig ardú 2% ar an líon eallach stóir a easpórtáladh. Bhí an fás is láidre in easpórtáil eallach fásta, ardú 8% ó leibhéil 2020.

Tá easpórtálacha laonna mar chuid thábhachtach d'easpórtáil eallach beo na hÉireann agus easpórtáiltear formhór na laonna idir Feabhra agus

Bealtaine gach bliain. Bhí tús deacair leis an séasúr easpórtála laonna in 2021 mar gheall ar thionchair dhiúltacha Covid-19 ag cur bac ar éileamh ar laofheoil ó sheirbhís bia, cur isteach ar bháid farantóireachta mar gheall ar dhrochaimsir, níos mó iomaíochta do spásanna ar bháid mar thoradh ar an mBreatimeacht, agus praghsanna láidre laonna, rud a d'fhág nach raibh praghsanna laonna na hÉireann sách iomaíoch i margaí easpórtálacha tábhachtacha. Ach de réir mar a lean an séasúr ar aghaidh d'fheabhsaigh an leibhéal easpórtála agus b'ionann easpórtálacha go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021 agus 135,000 cloigeann, líon a bhí beagáinín chun cinn ar leibhéil 2020.

Don dara bliain as a chéile lean an Spáinn a bheith ar an margadh is mó do laonna na hÉireann, arb ionann sin agus 41% den líon easpórtálacha laonna ar fad. Tá níos mó suime ná riamh roimhe seo i laonna mairteola a thagann ón tréad ba bainne i margadh na Spáinne le blianta beaga anuas, áit a n-úsáidfeadh iad den chuid is mó do tháirgeadh mairteola. B'ionann na laonna mairteola ardluacha sin agus 60% de na heaspórtálacha chuig an margadh le linn 2021 agus b'ionann an 40% eile agus laonna fireann déiríochta den chuid is mó.

Bhí an Ísiltír ar an dara margadh is mó do laonna na hÉireann in 2021, agus b'ionann sin agus 36% de na heaspórtálacha laonna in iomlán. Is laonna fireann déiríochta iad formhór na laonna sin atá beartaithe do tháirgeadh laofheola. Easpórtáladh líon níos lú laonna Éireannach chuig an Iodáil, an Fhrainc, an Bheilg, An Ungáir agus an Pholainn le linn 2021. Easpórtáladh 9,000 lao eile freisin chuig Tuaisceart Éireann do bhreis táirgeachta le linn 2021.

Bhí ardú láidir ar an líon eallach stóir agus fásta a easpórtáladh le linn 2021 agus sin mar thoradh den chuid is mó ar ardú ar an líon eallach a easpórtáladh go Tuaisceart Éireann. D'ardaigh easpórtálacha eallach chuig an réigiún le linn 2021 thart ar 24% ón 64,000 cloigeann a easpórtáladh le linn 2020. Ar na príomhnithe a bhrú an t-ardú sin bhí soláthairtí teann eallach ó thuaidh den teorainn agus éileamh láidir ó phróiseálaithe chomh maith le leathnú ar an difreálach praghais. B'ionann eallach a easpórtáladh do mharú díreach agus thart ar aon tríú cuid den eallach a easpórtáladh chuig Tuaisceart Éireann agus bhí an dá thríú eile ag dul chuig feirmeacha ar mhaithe le tuilleadh póru nó táirgeadh.

Cé gur tháinig ardú ar líon na n-eallach stóir agus fásta a easpórtáladh chuig Tuaisceart Éireann, bhí easpórtálacha chuig margaí eile i bhfad níos ísle. Easpórtáladh roinnt eallach níos sine chuig margaí AE eile lena n-áirítear An Spáinn, An Iodáil agus An Ghréig agus bhí na huimhreacha a bhí i gceist níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Bhí líon beag eallach a trádáladh go hidirnáisiúnta agus roinnt eallach easpórtáilte chuig an Libia, an Chasacstáin agus an Rúis le linn 2021. Ach bhí an leibhéal trádála i bhfad níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

BEOSTOC EILE

Le linn 2021 b'ionann easpórtálacha muc beo na hÉireann agus 445,000 cloigeann, laghdú suntasach 9% ón 487,000 a easpórtáladh in 2020. Bhí deacrachtaí táirgeachta in ionaid próiseála i dTuaisceart Éireann a mbíodh muca de bhunú na hÉireann láimhseáilte acu de ghnáth ar an bpríomh-thiománaí laistiar den titim in easpórtálacha muca beo, go háirithe sa dara leath den bhliain. Chuir an laghdú ar an leibhéal easpórtálacha muca agus an titim ar an meánphraghas le laghdú láidir ar luach na n-easpórtálacha muca beo go dtí €54 milliún le linn 2021.

Le linn 2021 b'ionann easpórtálacha caoirigh beo na hÉireann agus 20,000 cloigeann, laghdú ón 28,000 a easpórtáladh in 2020. Cé gur chúitigh an t-ardú ar an meánluach go dtí €125/cloigeann do roinnt den laghdú, thit luach na n-easpórtálacha caoirigh beo go dtí €2.5 milliún le linn 2021. Téann dhá thríú d'easpórtálacha caoirigh beo na hÉireann chuig an Fhrainc cé gur easpórtáladh líon níos lú chuig an mBeilg, an Iodáil, Úisbéiceastáin agus an Ísiltír in 2021.

Féidearthachtaí do 2022

Eallach

Tuairtar go mbeidh éileamh do laonna na hÉireann ó chustaiméirí i bpríomh-mhargai AE ar aon dul le leibhéal 2021. Bhí praghsanna laonna láidre ina bhac don trádáil in 2021 agus meastar go leanfaidh sé sin isteach i 2022 agus níos mó suime ag feirmeoirí na hÉireann laonna de bhunús déiríochta a thógáil le haghaidh mairteola ag cinntiú go bhfanfaidh praghsanna laonna seasmhach. Tá an poitéinseal ag an tiúchan ard praghsanna beatha agus an brú leanúnach ar easpórtáil beo laonna óga chun tionchar diúltach a

bheith acu ar an leibhéal easpórtála in 2022. Cuideoidh an t-ardú ar an tréad beithíoch déiríochta i mí an Mheithimh 2021 de 34,000 cloigeann le leibhéal níos airde laonna a bheith ar fáil in 2022.

Meastar go bhfanfaidh an t-éileamh ar eallach stóir agus fásta láidir in 2022, go háirithe ó Thuaisceart Éireann, arb é sin an margadh is seasmhaí d'easpórtálacha eallach na hÉireann in 2021. Cuireadh isteach go mór ar thrádáil idirnáisiúnta eallach mar thoradh ar Covid-19 ach mar sin féin, bhí ardú suime in eallach na hÉireann ó mhargai tríú tíre, ina measc Asarbaiseáin, An Chasacstáin, An Libia agus Iosrael a bhfuil an poitéinseal acu borradh a chur faoi leibhéal easpórtálacha eallach in 2022.

Caoireoil

Tá an trádáil easpórtála caoirigh beo beag go maith ach go bhfuil an poitéinseal ann fás ón mbonn beag sin in 2022. Ar aon dul le blianta roimhe seo, meastar go mbeidh éileamh easpórtála ag teacht le héileamh níos mó i dtreo phríomhfhéilte na Moslamach.

Muiceoil

I bhfianaise tionchair na saincheisteanna foirne agus Covid-19 ar chumas táirgeachta in ionaid próiseála muiceola i dTuaisceart Éireann meastar go bhfanfaidh éileamh ar mhuca na hÉireann sách ciúin. Mar thoradh air sin, meastar go leanfaidh easpórtálacha beo muca chuig an réigiún ag na leibhéil laghdaithe reatha, go háirithe sa ghearrthéarma. Beidh an laghdú sin a bhfuiltear a thuair in éileamh easpórtála ag tarlú ag an am céanna le hardú ar haschur baile.



CAOIREOIL

Ba é an toradh a bhí ar sholáthairtí domhanda teann caoireoil chomh maith le héileamh seasmhach go raibh margadh thar a bheith dearfach ann do chaoireoil na hÉireann le linn 2021. D'ardaigh luach easpórtálacha caoireoil na hÉireann go láidir don dara bliain as a chéile, ag ardú 15% go dtí €420m in iomlán. Bhí an feabhsúchán leanúnach ar luach easpórtálacha caoireoil na hÉireann faoi stiúir treisiú suntasach ar thrádáil tromualach. Idir an dá linn, is é an toradh a bhí ag laghdú ar tháirgeadh caoireoil na hÉireann le



linn 2021, go háirithe sa chéad leath den bhliain, agus laghdú naoi % ar easpórtálacha caoireoil ó thaobh téarmaí toirte.

Leanann tionchar a bheith ag srianta Covid-19 ar na hionaid díolacháin margaidh do chaoireoil na hÉireann leis an tionscal ag cúiteamh don chothromaíocht nua in éileamh ar tháirgí ó chustaiméirí miondíola agus seirbhíse bia. Tá an tAontas Eorpach (AE) fós áfach ar an margadh tosaíochta d'easpórtálacha caoireoil na hÉireann. De bharr níos lú caoireola a bheith ar fáil ar fud an domhain mar gheall ar laghdú ar tháirgeadh i bpríomhréigiúin táirgthe caoireola mar an Astráil agus an Nua Shéalainn agus atreorú táirgí ó mhargadh an AE le linn 2021 cruthaíodh éileamh láidir do chaoireoil na hÉireann.

D'ardaigh easpórtálacha caoireoil na hÉireann chuig an AE 30% ó thaobh luach le linn 2021 agus bhí fás láidir ar luach easpórtálacha chuig an Fhrainc, an Ghearmáin, an Bheilg agus an tSualainn. Lean luach easpórtálacha chuig an Danmhairg, an Ísiltír agus an Rómáin ag fás freisin ó thaobh luach, bíodh is go raibh sin ó bhonn níos lú. B'ionann easpórtálacha chuig an AE agus 74% d'easpórtálacha caoireoil na hÉireann ó thaobh luach le linn 2021, i gcomparáid le 71% in 2020. Chuaigh 16% eile d'easpórtálacha caoireoil na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe ó thaobh luach le linn 2021, titim beagán ó 18% in 2020.

B'ionann an meánphraghas caoireola trom ualach do 2021 agus 667c/kg i gcomparáid le 524c/kg do 2020. Is ionann an t-ardú sin de 143c/kg agus ardú 27% ar phraghas caoireoil bliain ar bhliain. D'fheidhmigh praghsanna le linn 2021 go maith os cionn an meánphraghas cúig bliana de 493c/kg. Bhí baint ag soláthairtí teann don mharú agus éileamh

cobhsaí ar chaoireoil, chomh maith le níos lú caoireoil iompórtáilte a bheith ar fáil ón Aigéine sna príomh-mhargáí easpórtála, leis na praghsanna trom ualach is fearr a taifeadadh in Éirinn le linn 2021.

Bhí tionchar ag tréchar caoireoil le linn an chéad leath de 2021 ag níos lú uascáin lena marú agus an tionchar a bhí ag earrach deireanach ar fhás féir agus laghdú anuas táirgeadh caoireoil an Earraigh. Mar sin féin, mar thoradh ar thrádáil trom ualach láidir, éileamh seasmhach ó phróiseálaithe agus feabhas ar sholáthairtí uaineola agus muid ag bogadh isteach i míonna an tsamhraidh, spreagadh táirgeoirí chun uain a mharú de réir mar ba ghá. B'ionann an méid uaineola idir Meitheamh agus Nollaig 2021 agus 1.6 milliún cloigeann, an-chosúil leis an tréimhse chéanna in 2020. Ba é an toradh a bhí ar thrádáil uaineoil stóir agus praghsanna ard d'arbhar gur roghnaigh roinnt táirgeoirí dátaí críochnaithe a bhrú amach agus meastar go mbeidh 50-60,000 uan tugtha ar aghaidh go dtí 2022 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Toisc go ndéantar uain a mharú de ghnáth de réir mar a bhíonn siad ar fáil fanann an cion d'uain níos troime lena marú íseal agus b'ionann an meáchan ar an meán de chonablaigh uain idir Meitheamh agus Nollaig 2021 agus 20.8kg. Bhí sin an-chosúil leis na leibhéil ón bhliain roimhe sin. B'ionann an líon iomlán caorach in ionaid na hÉireann do 2021 agus 2.7 milliún cloigeann, titim sé % nó 164,000 cloigeann ó leibhéil 2020.

Easpórtálacha

Bhí tionchar dearfach ag níos lú uaineola iompórtáilte a bheith ar fáil ar mhargadh an AE ar éileamh agus ar dheiseanna d'uaineoil na hÉireann. Ba é an toradh a bhí le cumas easpórtála níos lú sa Nua Shéalainn

mar gheall ar leibhéil táirgeachta níos lú agus atreorú táirgí a bhí ar fáil ó mhargaí an AE go dtí margaí na hÁise agus na Stáit Aontaithe go bhfuil níos lú uaineola de bhunú na Nua Shéalainne ar fáil inár bpríomh-mhargadh easpórtála. San Astráil tháinig roinnt biseach ar tháirgeadh uaineola le linn 2021 agus tháinig ardú gaolmhar ar an líon easpórtála, agus is líon beag go maith an líon sin a bhíonn fágtha do mhargaí an AE. Léiríonn réamhaisnéisí níos fadtéarmaí don Astráil tuilleadh fáis ar tháirgeadh uaineola in 2022, agus ní mheastar go mbeidh aon ardú ar tháirgeadh uaineola na Nua Shéalainne thar leibhéil 2021.

Le linn 2021 b'ionann agus 10% d'easpórtálacha uaineola na hÉireann na margaí idirnáisiúnta ó thaobh luach de, agus bhí rochtain ar mhargaí an tríú tíre mar Hong Cong a sholáthraíonn feidhm cothroime conablaigh d'earnáil uaineola na hÉireann. Lean easpórtálacha chuig Singeapór ag fás go tréan ó bhonn beag agus bhí an Eilvéis mar an margadh idirnáisiúnta is fearr d'uaineoil na hÉireann in 2021 agus easpórtálacha ag leanúint ar aghaidh ag fás go láidir ó thaobh luach agus toirt.

Féidearthachtaí

Leanann praghsanna a bheith an-láidir sna seachtainí tosaigh de 2022 agus is léir go bhfuil an dearcadh gearrthéarmach ag féachaint dearfach go maith. Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh meánphraghsanna tromualach faoi bhrú diúltach in 2022 agus réamhaisnéisí ag léiriú go mbeidh ardú ar éigean ar infhaighteacht uaineoil ar an margadh AE agus praghsanna ceaptha fanacht teann i gcomparáid le leibhéil stairiúla. Beidh ardú ar infhaighteacht uaineola mar thoradh ar ardú ar éigin ar tháirgeadh baile chomh maith le hathshlánú sna leibhéil iompórtálacha uaineola.

Lean éileamh ar uaineoil sa tSín ag fás, bíodh is go raibh sin ag ráta níos moille ná mar a bhí sna mblianta roimhe sin agus leanann sin mar phríomh-thiománaí sa trádáil uaineola domhanda. Is príomh-thiománaí eile sa trádáil uaineola domhanda iad na Stáit Aontaithe, áit a bhfuil fás ag teacht ar éileamh ó thomhaltóirí agus á réir go bhfuil iompórtálacha uaineola ón Nua Shéalainn agus ón Astráil ag fás go tréan. Tá láidreacht an éilimh iompórtála sna dá mhargadh sin go háirithe ar cheann de na príomhchúiseanna nach bhfuil an oiread táirgí iompórtáilte ar fáil ar an margadh AE. Tá poitéinseal ann áfach go mbeadh téarnamh éigin sa

líon uaineola a bheidh á iompórtáil ag an AE ón Nua Shéalainn in 2022 mar fhreagra ar na praghsanna láidre eisceachtúla atá ar fáil, rud a ardóidh iomaíochas do tháirge na hÉireann sa mhargadh is tábhachtaí atá againn.

Chuidigh soláthairtí domhanda níos doichte d'uaineoil agus athdháileadh soláthairtí domhanda le luachanna easpórtála a spreagadh d'easpórtálaithe na hÉireann. Tionchar diúltach féideartha amháin ná an baol atá ann feiceálacht níos lú ar sheilfeanna ollmhargadh i dtíortha a n-itear go leor uaineoil iontu laistigh den AE mar gheall ar shaincheisteanna soláthair. Tá an poitéinseal ann go mbeidh tionchar diúltach aige sin ar an méid uaineola a itear in iomlán san AE agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair é sin a fháil ar ais arís ach a bhfeabhsóidh soláthairtí uaineola. Léirigh na réamhaisnéisí is déanaí ón AE ardú 1.5% ar tháirgeadh uaineola AE in 2022.

Leanann ceangal láidir a bheith idir uaineoil agus féilte Moslamacha agus Críostaíochta agus bíonn éileamh ar uaineoil ag ardú sna seachtainí roimh ócáidí ceiliúrtha tábhachtacha. In 2022 beidh Ramadan ann ar an 2 Aibreán, seachtain níos luaithe ná an bhliain seo caite, agus beidh Domhnach Cásca ag titim níos déanaí ar an 17 Aibreán. Féile Moslamach tábhachtach eile a chaithfear a chur san áireamh é Eid al-Adha a bheidh níos luaithe i mbliana ar an 9 Iúil.



MUICEOIL

Bhí príomh-easpórtálacha muiceola na hÉireann 3% níos ísle ag thart ar €542 milliún in 2021, agus thug ardú láidir ar aschur baile spreagadh do sholáthairtí. Theip ar sin áfach cúiteamh a dhéanamh ar fad ar phraghsanna easpórtála. Déantar anailís ar easpórtálacha muiceola breisluacha mar chuid den chatagóir PCF.

In iomlán d'ardaigh líon easpórtálacha na hÉireann de phríomh-mhuiceoil 3% go dtí 248,000 tona in 2021. Bhí tionchar ag forbairtí trádála san Áise agus sa Ríocht Aontaithe le linn 2021 ar phatrún easpórtálacha muiceola na hÉireann.

Fanann feachtais bolscaireachta arna mhaoiniú ag an AE mar phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí muiceola Bhord Bia agus táthar dírithe ar chur le

héileamh sna margaí atá ag teacht chun cinn sa tSín, i Meicsiceo, sa gCóiré Theas, i Vítneam agus sna hOileáin Philipíneacha. Oibríonn Bord Bia freisin le cliantcuideachtaí maidir le léargas agus tuiscint a fháil ar fhorbairtí nua sa mhargadh agus chun tacaíocht forbartha gnó a sholáthar.

Seasann lastais muiceola na hÉireann chuig an Áise anois ag 67% den luach iomlán easpórtálacha muiceola na hÉireann ag €360 milliún, agus is ionann sin agus ardú 42% ar leibhéil 2020. Is í an tSín an ceann scríbe is tábhachtaí d'easpórtálacha muiceola na hÉireann i gcónaí. Ach mar gheall ar an lag trá ar éileamh na Síne a tháinig chun tosaigh i rith na bliana, bhí formhór den fhás ar easpórtálacha chuig réigiún na hÁise faoi stiúir ag margaí mar an tSeapáin, an Chóiré Theas agus na hOileáin Philipíneacha mar gur spreag aschur baile níos ísle éileamh iompórtála.

Ar na margaí idirnáisiúnta eile a d'fheidhmigh go maith bhí an Astráil agus na Stáit Aontaithe, áit ar ardaigh luachanna easpórtála 54% go dtí €49 milliún agus 20% go dtí €27 milliún faoi seach.

Bhí tionchar ag muiceoil Eorpach a bheith ar fáil a raibh praghas iomaíoch air ar lastais Éireannach chuig an Ríocht Aontaithe le linn na bliana agus ba é an toradh a bhí air gur thit luach príomh-mhuiceoil na hÉireann a easpórtáladh chuig an margadh sin 46% go dtí €83m don bhliain.

Bhí easpórtálacha chuig an AE-27 buailte ag rólsholáthar muiceola feadh an réigiúin, agus bhí an cás níos measa mar gheall ar shrianta trádála ar sholáthróirí na Gearmáine chuig margaí idirnáisiúnta. D'fhág sin gur thit easpórtálacha muiceola na hÉireann 11% go dtí €75m i rith 2021.

Ar cheann de na príomh-mhargaí AE a bhí buailte bhí Poblacht na Seice, agus easpórtálacha na hÉireann ag titim 55% go dtí €6 milliún chuig an gceann scríbe sin. In áiteanna eile, in ainneoin na ndeacrachtaí a mba léir a bhí i margadh na Gearmáine, níor thit easpórtálacha ach 13% go dtí €15 milliún. Ag cuidiú chun cúiteamh a dhéanamh ar roinnt den laghdú sin in easpórtálacha chuig an réigiún sin, bhí feidhmíocht mhaith ón Danmhairg agus ón bPolainn, agus luach €38 milliún de mhuiceoil easpórtáilte chuig an Danmhairg in 2021, thart ar 24% níos airde ná mar a bhí in 2020, agus tharla beagnach dúbailt ar easpórtálacha chuig an bPolainn go dtí thart ar €5 milliún.

Forbairtí ar an Margadh

Bhí drochthionchar ar mhargadh muiceola an domhain ag éileamh níos lú ar iompórtálacha chuig an tSín ó dheireadh an chéad ráithe de bharr chur chun báis tréad a bhí spreagtha ag ráigeanna den Fhiabhras Muc Afracach (ASF). Ba é an toradh a bhí air sin go m'éigean muiceoil a athdháileadh feadh an mhargaidh dhomhanda le linn an chuid eile de 2021. Bhí soláthróirí muiceola na hEorpa nochtaithe go háirithe agus táirgeadh muiceola ag na leibhéil is airde riamh, agus bhí tionchar ar sholáthróirí ceannais mar an Ghearmáin ag fionraíochtaí ar rochtain ar an margadh idirnáisiúnta mar gheall go bhfuarthas ASF ina gcuid tréad féin.

I ndiaidh éileamh iompórtála láidir do mhuiceoil sa tSín le linn na chéad ráithe de 2021, bhí an dara ráithe níos ciúine, agus thit iompórtálacha 9% go dtí 1.4 milliún tona i gcomparáid le leibhéil 2020. Lean an treocht sin le linn an dara leath de 2021. Lean an moilliú sin i dtrádáil tar éis teacht chun cinn cineál nua den ASF a spreag marú tréad. De réir mar a thit praghsanna áitiúla, rinne táirgeoirí a choimeád muca do thréimhsí níos faide margaíocht ar a gcuid muca chun tuilleadh laghdaithe ar phraghsanna a sheachaint. Meastar de réir Biúró Staidrimh na Síne gur ardaigh táirgeadh muc na Síne 36% le linn an chéad leath de 2021 i gcomparáid le leibhéil 2020. Ach, don dara leath de 2021, meastar gur mhoilligh an leibhéil ardaithe nuair a mhaolaigh an cur chun báis.

Leanann tionchar ASF ag bagairt margaí Áise eile, agus san Eoraip fuarthas an galar sin i muclaigh tráchtála feadh ballstáit thábhachtacha lena n-áirítear an Ghearmáin, An Pholainn, An Rómáin agus an tSeirbia.

Sna hOileáin Philipíneacha, meastar go mbainfidh táirgeadh muiceola amach 1 milliún tona le linn 2021, sin thart ar 40% níos ísle ná leibhéil a bhí ann roimh ASF. Bhí táirgeoirí drogallach cur lena dtréada arís mar gheall ar imní go mbeadh ráig eile den ghalar ann. Sa bhreis air sin, chuir an rialtas áitiúil buaicphraghas ar mhuiceoil miondíola in iarracht praghsanna a rialú, agus cruthaíodh díspreagadh do tháirgeadh muiceola. Mar thoradh air sin, meastar gur bhain iompórtálacha muiceola ag na hOileáin Philipíneacha buaicleibhéil de 425,000 tona do 2021 agus an rialtas ag freagairt d'aschur baile níos ísle trí tharaifí a íslú go sealadach agus líon cuóta a ardú.

D'ardaigh táirgeadh muiceoil na hÉireann thart ar 5% go dtí 336,000 tona in 2021 agus leanann táirgiúlacht ag leibhéal na feirme ag feabhsú. Léirigh táirgeadh feadh na hEorpa le linn an chéad chuid de 2021 fás láidir aon digit cé gur laghdaigh an fás sin de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh, rud a léirigh an tionchar a bhíonn ag praghsanna táirgeoirí níos ísle agus ag costais táirgeachta níos airde. Ach, d'ardaigh aschur muiceola na hEorpa 2% don bhliain agus bhain amach buaicleibhéil de 23.7 milliún tona faoi stiúir ag fás láidir i mballstáit mar An Spáinn agus an Danmhairg.

Thosaigh easpórtálacha muiceola na hEorpa amach go láidir, ag ardú 9% go 3.7 milliún tona den chéad ocht mí den bhliain sular mhoilligh de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh agus chríochnaigh an bhliain thart ar 5% níos airde ag 5.7 milliún tona. Tuairiscíodh ardaithé láidre in éileamh ó thíortha mar na hOileáin Philipíneacha, an Chóiré Theas, Vítneam, na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Cósta Éabhair. Thit lastais de mhuiceoil Eorpach chuig an tSín thart ar 5% go dtí 2 mhilliún tona sa chéad ocht mí de 2021 cé go mba ionann i gcónaí é agus 54% de na lastais muiceola AE ar fad don tréimhse.

Treochtaí ó thaobh Praghsais

Bhí tionchar ollmhór ar an margadh muiceola AE ag an moilliú ar éileamh na Síne de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh. Ina theannta sin, bhí drochthionchar ar phraghsanna AE freisin ag an bhfarasbarr táirgí sa mhargadh mar gheall ar leibhéil aschuir níos airde agus níos mó táirgí Gearmánach ar fáil mar gheall ar fhionraíochtaí margadh. Thit an meánphraghas muiceola Eorpach do 2021 thart ar 11% go dtí €1.43/kg i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin.

Is léiriú iad praghsanna muc na hÉireann, cé go rabhthas 8% níos airde ná an meán AE do 2021, a bhí 8% níos ísle ná leibhéil 2020 ag €1.55/kg ar thionchar na gcoinníollacha trádála níos deacra de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh. Tharla sin ag an am céanna a raibh ardú suntasach ar chostais bia, fuinnimh agus saothair de réir mar a lean an bhliain agus d'fhág go raibh táirgeoirí ag cailleadh airgid.

Féidearthachtaí

Tá todhchaí dúshlánach roimh tháirgeoirí muc an domhain agus an domhan ag teacht chuige féin

ó phaindéim na cruinne. De réir Robobank, tá cur isteach ar an slabhra soláthair struchtúrtha agus idirlinne chomh maith le stoic gránach teann ag ardú an chostais táirgeachta. Chruthaigh dúshlán saothair i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip dúshlán shuntasacha laistigh den slabhra soláthair. Meastar go bhfágfaidh stoic domhanda teann de ghrán buí agus soighe, chomh maith le hardú le déanaí ar chostais leasacháin agus ceimiceáin, míshocracht níos mó sna margaí bia do 2022.

Tá an dearcadh eacnamaíochta, agus an domhan ag teacht amach as paindéim Covid-19 faoi dhúshlán go síoraí seasta, agus d'fhéadfadh boilsciú costas suntasach tionchar a bheith ar thomhaltas domhanda. Tá sé tuartha ag an gCoimisiún AE go dtitfidh tomhaltas muiceola feadh chríos na hEorpa os cionn 1% go dtí 18.4 milliún tona in 2022 de réir mar a bheidh tionchar ag brúnna boilscithe ar iompar thomhaltóirí ó thaobh trádáil síos go dtí gearrthóga ar chostas níos ísle nó go dtí próitéin feola eile.

Dúradh i ndearcadh Earrach 2022 ó Roinn Talmhaíochta na Stáit Aontaithe (USDA) faoi tháirgeadh muiceola an domhain go mbeadh sé ag ardú 1% go dtí 109.9 milliún tona le linn 2022. Tá formhór den ardú sin in aschur ag baint le hardú den chineál céanna i dtáirgeadh na Síne, a mheastar a bhainfidh 49.5 milliún tona amach.

Tugann réamhaisnéisí le déanaí ón gCoimisiún Eorpach le fios go mbeidh ardú ar éigin ar tháirgeadh muiceola na hEorpa in 2022, cé go mbraithfidh go leor ar an timpeallacht costais agus éileamh ó phríomh-mhargai mar an tSín.

Is fadhb í ASF i gcónaí freisin i go leor áiteanna ar domhan, agus cásanna gníomhacha sa tSín, sna hOileáin Philipíneacha, sa Chóiré Theas, i Vítneam agus san Eoraip. Le déanaí, tháinig an víreas chun cinn arís i ngabháltas tráchtála sa Rúis agus fuarthas é amach ó chósta Mheiriceá sa Phoblacht Dhoiminiceach agus i Háití. Cé nach mba údar imní mór ó thaobh na heacnamaíochta na cásanna nua sin, cruthaíonn siad baol nua do tháirgeadh réigiúnach.

Tá éileamh iompórtála domhanda do 2022 chun laghdú 1% go dtí 11.5 milliún tona agus is léiriú é sin ar an tionchar a bhíonn ag aschur baile beagáinín níos airde i réigiúin thábhachtacha. Meastar go laghdóidh iompórtálacha ón tSín thart ar 4% le linn 2022, agus

is ionann an sciar den mhargadh agus beagnach 40% d'iompórtálacha domhanda. Meastar go mbeidh éileamh iompórtála beagáinín níos airde freisin in 2022 ag an gcéad dá iompórtálaí domhanda eile is mó, an tSeapáin agus Meicsiceo.

I bhfianaise na bhfachtóirí sin ar fad is cinnte go bhfuil dearcadh neamhchinnte ann d'easpórtálaithe na hÉireann. Is léir go bhfuil éileamh iompórtála don mhucéoil chun treisiú feadh mhargaí tábhachtacha san Áise seachas sa tSín, rud a fhágfaidh go mbeidh comhthéacs níos dearfaí ann d'easpórtálacha. Ach, tá an timpeallacht costais atá roimh tháirgeoirí agus próiseálaithe neamhchinnte i gcónaí.



ÉINEOIL

Thit easpórtálacha éineoil príomha na hÉireann thart ar 15% go dtí €128 milliún le linn 2021. Bhí laghdú breise ar easpórtálacha éineola chuig an Ríocht Aontaithe agus luach na trádála ag titim thart ar 16% go dtí €74 milliún, agus is léiriú é sin ar chastacht níos mó thart ar sheirbhísiú an mhargaidh sin mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Tá Bord Bia ag feidhmiú feachtas Mucéola agus Éineola AE sa tSín agus i Meicsiceo agus táthar ag seachadadh tuiscint níos fearr ar cháilíocht agus ar dhintíúirí sábháilteachta bia na dtáirgí Éireannach sna margaí sin chun fás easpórtála a thiomáint. Ina theannta sin, tá an eagraíocht ag obair freisin leis an tionscal chun clár chur chun cinn a sheachadadh do shicín na hÉireann ar an margadh baile.

Cuireadh isteach go dona ar easpórtálaithe éineola na hÉireann nuair a dúndadh margadh na hAfraice Theas i rith na bliana agus údarais áitiúla ag cur bac ar rochtain ar ais ar an margadh do sholáthróirí na hÉireann mar thoradh ar chás d'fhliú na n-éan (AI) a fuarthas sa tréad tráchtála thiar i mí na Nollaig 2020. Cé gur athdháileadh roinnt de na táirgí a bhí i ndán don Afraic Theas chuig margaí eile san Afraic, bhí líon iomlán na n-easpórtálacha chuig an Afraic síos 63% go dtí €33 milliún don bhliain.

Bhí easpórtálacha éineola chuig margaí AE eile thart ar 16% níos ísle ag €19m rud a léiríonn margadh

iomaíoch de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh. Ach, d'ardaigh easpórtálacha éineola Éireannach go dtí an Fhrainc 25% go dtí beagnach €7 milliún, rud a léiríonn teacht aniar níos tapúla ó dhianghlasáil mar gheall ar Covid-19 ná mar a bhíodas ag súil leis.

Forbairtí ar an Margadh

Rinneadh teacht aniar láidir sa chatagóir éineola domhanda le linn 2021 de réir mar a chuidigh athoscailt geilleagair feadh na hEorpa le bonn a chur faoi théarnamh earnálach de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh. Ach, cuireadh isteach go diúltach ar easpórtálaithe na hEorpa mar gheall ar shrianta ar theacht ar an margadh le linn 2021, agus beidh dul chun cinn thart ar athbhunú na gcomhpháirtíochtaí trádála sin thábhachtach i dtreo cur an méid agus is féidir leis an úsáid a bhainfear as conablaigh agus feidhmíocht easpórtála a atógáil.

Léiríodh na forbairtí sin in easpórtálacha éineola AE, a mheastar a thit 5% go dtí 2.2 milliún tona in 2021, faoi stiúir go háirithe ag laghduithe ar éileamh iompórtála ó na hOileáin Philipíneacha, ón Afraic Theas, ó Hong Cong agus ón Ríocht Aontaithe.

Sa bhreis ar sin, is fachtóirí ollmhóra iad costais bia níos airde, baol AI agus saincheisteanna saothair chun teorainn a chur ar fhás táirgeachta de réir mar a bhogann an earnáil isteach in 2022. Ba dhúshláin mhóra iad na fachtóirí sin d'aschur éineola AE i dtreo dheireadh 2021. Thug an Coimisiún Eorpach ar aird go riabh an t-aschur i rith 2021 thart ar 1% níos ísle ag 13.6 milliún tona.

Bhí soláthairtí éineola na hÉireann don chéad naoi mí de 2021 thart ar 3% níos airde ag 84.5 milliún cloigeann. Ach, bhí tionchar diúltach ar tháirgeadh éineola i rith na ráithe deiridh den bhliain mar thoradh ar chostais níos airde bia agus fuinnimh chomh maith le chomh deacair agus a bhí sé saothar a aimsiú. In iomlán do 2021, meastar gur ardaigh aschur éineola thart at 1% go 112.7 milliún éan.

D'fheidhmigh ídiú éineola feadh an AE go láidir in 2021, agus an earnáil ag dul i ngleic le dúshláin mar thoradh ar easpa 'gnáth' chainéal seirbhíse bia do chodanna suntasacha den bhliain. Lean díolacháin miondíola ag déanamh go maith agus chuidigh sin chun cúiteamh a dhéanamh ar an líon laghdaithe ó sheirbhís bia. Don

bhliain, meastar gur fhan ídiú éineola AE ag thart ar 12 milliún tona. In Éirinn, de réir Kantar, d'ardaigh díolacháin éineola ar éigean le linn na tréimhse 52 seachtain dar críoch an 3 Deireadh Fómhair 2021, agus lean sin fás láidir in 2020 tríd an gcainéal sin.

Féidearthachtaí

Is léir go bhfuil comharthaí éigean téarnaimh don tionscal éineola domhanda agus na geilleagair ag athoscailt mar fhreagra ar líon níos mó ag glacadh le vacsainiú in aghaidh Covid-19. Bhain an cainéal seirbhíse bia leas as an bhforbairt sin, agus ba sa chainéal sin go traidisiúnta a dhéantar ídiú ar aon tríú den méid éineoil a itear ar domhan.

Maidir le heaspórtálaithe na hÉireann, leanfaidh tionchar a bheith ag an stádas trádála leis an Ríocht Aontaithe ó thaobh cad a bheidh in ann don téarnamh agus don fhás. Níl na seiceálacha fisiciúla ar fad ar iompórtálacha bia tugtha isteach in iomlán ag rialtas na Ríochta Aontaithe go fóill, seiceálacha atá mar thoradh ar an gcomhaontú aistarraingthe a socraíodh leis an AE. Sa chás go dtabharfar isteach iad sin d'fhéadfadh siad tuilleadh castachta agus dúshláin a thabhairt d'easpórtálaithe éineola. Tá imní faoi Fhiú na nÉan ag tráth scríofa na tuarascála seo ag cruthú tuilleadh éiginnteachta don earnáil seo.

Tá feidhm freisin le dúshláin bhreise mar phraghsanna arda agus míshocair agus leanann siad tionchar a bheith acu ar bhrabúsacht an tionscail. Bhí arduithe suntasacha ar phraghsanna do ghránacha ar fud an domhain le linn na ráithe deiridh de 2021, léiriú ar stoic dhomhanda teann. Má fhanann na praghsanna sin ard ar feadh tréimhse fhada, beidh impleachtaí suntasacha aige sin do tháirgeadh éineola ar fud an domhain do 2022.

Ar an tslí chéanna beidh tionchar ag stádas rochtain ar an margadh chuig an Afraic Theas agus chuig margaid eile ar an ról tábhachtach atá ann cinneadh a dhéanamh maidir le cad atá i ndán don earnáil in 2022.



TÁIRGÍ AGUS COMHÁBHAIR DÉIRÍOCHTA

Léirigh tionscail déiríochta na hÉireann a n-athléimneacht arís i gcaitheamh 2021 trí onnmhairí níos mó ná €5 billiún a sheachadadh don tríú babhta as a chéile, ach an uair seo i gcomhthéacs eisceachtúil an tsuaite sa slabhra soláthair chomh maith leis an ardú as cuimse ar chostais ionchuir, phróiseála agus lóistíochtúla.

Chuidigh torthaí láidre margaidh thar na croíchatagóirí d'im, de cháis agus de phúdair, i dteannta raon éagsúlaithe praghsanna margaidh, le héileamh láidir a chothú i rith na bliana, go háirithe i Meiriceá Thuaidh agus san Afraic, ar tháinig fás as cuimse sna réigiúin sin, rud a chuir i gcoinne an éilimh níos lú ar bhia do naíonáin san Áis.



Bhí timpeallacht dhearfach margaidh ann don chuid is mó den bhliain mar thoradh ar an aschur laghdaithe bainne ó tháirgeoirí móra Eorpacha amhail an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír, chomh maith le héileamh láidir ar chomhábhair ón tSín. Taifeadadh fás in onnmhairí ime agus cáise, arb ionann iad de ghnáth agus 40% de na honnmhairí déiríochta ar fad, le héileamh láidir ar chaisein agus ar mheadhg, a rinne tairbhe do luachanna onnmhairiúcháin. Le chéile, meastar go bhfuil €300 milliún sa bhreis curtha ag na 4 earnáil seo le honnmhairí i rith na bliana.

Chuir éileamh laghdaithe ar phúdair críochnaithe agus ar bhonnphúdair arna n-onnmhairiú chuig an Áis don earnáil cothaithe naíonán i gcoinne fás foriomlán dhéiríocht na hÉireann. Meastar gur tháinig laghdú €240 milliún ar onnmhairí sa chatagóir seo. Agus an catagóir seo as an áireamh, tháinig fás de thuairim is 30% nó €100 milliún ar onnmhairí déiríochta na hÉireann chuig an Áis in 2021. Taifeadadh laghdú €150 milliún (-18%) ar onnmhairí púdair bainne lánsaille bliain in aghaidh bliana i ngeall, go pointe, ar úsáid straitéiseach an tionscail den stór bainne chun toradh luacha a bharrfheabhsú. É sin ráite, tháinig fás 11% ar onnmhairí táirgí críochnaithe chuig an Afraic, arb é coinníollacha eacnamaíocha feabhsaithe i bpríomh-mhargái na hAfraice Thiar ba chúis leis.

Taifeadadh trádáil ar 147 margadh, arb í an bhliain 2021 an chéad bhliain inarb ionann onnmhairí déiríochta na hÉireann go margaí lasmuigh den Aontas Eorpach agus den Ríocht Aontaithe agus os cionn 50% de na honnmhairí uile. Bhí na sochair fáis is mó le feiceáil i Meiriceá Thuaidh (+€214 milliún) agus san Afraic (+68 milliún), i gcodarsnacht leis an Áis agus leis an Eoraip a raibh tionchar ag éileamh laghdaithe díreach agus indíreach ar bhia do naíonáin agus ar phúdair bainne lánsaille orthu. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur léirigh an dá réigiún fás as cuimse agus na táirgí sin as an áireamh. Bhí onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le luachanna 2020, ag €953 milliún. Is feidhmíocht dhearfach í sin i bhfianaise fardail arda sa mhargadh ag tús na bliana.

Léargas ar Fhás Cumhachta

Ba í 2021 an bhliain dheireanach den straitéis déiríochta 3 bliana 2019-2021, leis an bhfís de bheith mar an t-onnmhaireoir is iontaofa ar domhan de tháirgí déiríochta atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht, chun cinn go teicniúil agus ar ardchaighdeán chuig custaiméirí ar fud na cruinne. Ba iad forbairt margaidh spriocdhírithe agus deiseanna maidir leis an meascán reatha táirgí a uasmhéadú príomhchuspóirí na straitéise seo. Chun é a chur ar chumas ár gcliant na cuspóirí sin a bhaint amach, rinne Bord Bia roinnt tionscadal i gcuid dár margaí tosaíochta déiríochta.

Tuarascáil ar Mhargadh na hÁise Thiar Theas

Leanann an tuarascáil dhémhíosúil seo, arna seachadadh i gcomhar le StoneX, de bheith ag roinnt na sonraí agus na léargais is déanaí le geallsealbhoirí thionscal déiríochta na hÉireann agus ag aithint deiseanna do dhéiríocht na hÉireann go réamhghníomhach san Áise Thiar Theas.

Comhábhair Déiríochta san Afraic Thiar (an tSeineagáil, Gána agus Côte d'Ivoire)

Tá an taighde seo margaidh bunaithe ar agallaimh trádála i 3 mhargadh san Afraic Thiar d'fhonn é a chur ar chumas an tionscail suíomh na hÉireann i dtáirgí déiríochta sna margaí sin a sholadú agus a neartú, le fócas ar leith ar phúdair bainne lánsaille.

Tagarmharcáil Feasachta Cothú ar Fhéar

Tá an taighde seo fós ar bun i margaí tosaíochta chun tagarmharc feasachta faoi Chaighdeán na dTáirgí Déiríochta Cothaithe ar Fhéar i measc tomhaltóirí. I gcás na déiríochta, áirítear an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an tSín agus an Ghearmáin i measc na margaí sin.

Comhábhair Déiríochta sa tseirbhís bia sa Nigéir

Is é is cuspóir don taighde seo tuiscint ghráinneach a fhorbairt i dtaobh na deise do chomhábhair déiríochta i gcainéal na seirbhíse bia sa tSeapáin, i Vítneam agus sa Mhalaeisia.

Úsáidí Déiríochta sa Nigéir agus an Dearcadh ina dTaobh

Thosaigh an taighde i mí Lúnasa 2021 chun próifíl agus dul i bhfód ar úsáideoirí déiríochta sa Nigéir, le béim ar bhainne galaithe agus púdraithe. Féachfaidh an taighde go mion ar cheannach, tomhaltas agus dearcthaí i leith an dá chatagóir bainne. Cuideoidh sé sin le tionscal déiríochta na hÉireann príomhspreagaithe agus príomh-bhacainní ar an gceannach a thuiscint, chomh maith le deiseanna féideartha a shonrú.

Clú an Fháis a Chothabháil

Blaiseadh Fíorúil Cháis Feirme

Reáchtáil Bord Bia Paris blaiseadh fíorúil cháis feirme Gnólacht le Gnólacht (B2B) inar blaiseadh 5 cháis i measc 15 stóras cáise ó réigiún rannpháirteach Pháras. Bhí apéro na hÉireann mar théama na hócáide le táirgí eile Éireannacha amhail beoir, anlann goinbhlasta agus craicir san áireamh. Seoladh bróisiúr na gcliant agus cáiseanna chuig gach rannpháirtí roimh an ócáid. Mhair an t-imeacht 70 nóiméad san iomlán, lena n-áirítear plé 30 nóiméad i ndiaidh an bhlaiste idir na daoine a d'fhreastal ar an imeacht.

Feachtas Margaíochta B2B

Forbraíodh feachtas lánchomhtháite margaíochta agus caidreamh poiblí B2B chun tógáil ar leathadh amach na gCaighdeán Mairteoil agus Déiríocht Cothaithe ar Fhéar sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe. Is é is cuspóir do na feachtais seo leanúint le feachtas a spreagadh maidir le cumas na hÉireann stádas cothaithe féir na dtréad déiríochta cáilithe a fhíorú, fianaise a chur ar fáil chun bunús a thabhairt do mhaoimh an chothaithe féir agus fabhar dhéiríocht na hÉireann i measc ceannaitheoirí roghnaithe trádála.

Feachtas Margaíochta B2B na Síne

Is é is cuspóir do ghníomhaíochtaí cumarsáide 2021 sa tSín feachtas a ardú ar dhéiríocht na hÉireann agus chun a clú a chur chun cinn i measc custaiméirí B2B. Áirítear le gníomhaíocht margaíochta sraith reatha imeachtaí déiríochta ar líne agus as líne, á chur ar cumas tionchair áitiúla agus phríomhcheannairí tuairimíochta cur leis na himeachtaí agus leis na príomhtheachtaireachtaí maidir le USPanna dhéiríocht na hÉireann.

Lá Domhanda an Bhainne - an Afraic

Bhain feachtas meáin shóisialta chun feachtas maidir le déiríocht na hÉireann cothaithe ar fhéar a chur chun cinn sa Nigéir agus san Afraic Theas beagnach 2 mhilliún duine amach agus spreagadh rannpháirtíocht ar líne 20 oiread mheánráta an tionscail leis. Bhí an feachtas déiríochta Máistir an Ime ar siúl ar feadh 6 seachtaine ar Facebook agus ar Instagram, ina raibh tionchairí clúiteacha Afraiceacha páirteach.

Treoir maidir le Cáis Feirme na hÉireann

Sheol Bord Bia suíomh nuashonraithe gréasáin maidir le cáis feirme ag deireadh 2020 chun léarscáil idirghníomhach a áireamh trínar féidir le daoine a gcáiseoir áitiúil agus próifíli feabhsaithe do tháirgeoirí a aimsiú. Déantar an suíomh gréasáin a nuashonrú go leanúnach chun táirgeoirí nua a léiriú chomh maith le raon cáise na dtáirgeoirí atá ann cheana agus eolas faoin gcuideachta a thabhairt cothrom le dáta.

Feachtais B2B maidir le Cáis Feirme na hÉireann

D'eagraigh Bord Bia dhá fheachtas feachtas cáise feirme, dírithe ar raon na gcáiseanna atá ar fáil a chur in iúl agus an trácht a stiúradh ar ais chuig leathanach nuafhorbartha gréasáin na cáise feirme ar shuíomh gréasáin Bhord Bia. Bhí meascán de phóstálacha urraithe agus gníomhaíochtaí ó thionchairí i gceist, rud as ar tháinig 2 mhilliún imrisean.

Rath agus Fás a Spreagadh sa Mhargadh

Seimineár Bhord Bia maidir le Margaí Déiríochta

Reáchtáladh an chéad Seimineár Déiríochta (go fíorúil) i mí Aibreán agus d'fhreastal 209 aoi ó 20 contae air. Ba é sin an chéad imeacht a bheidh mar bhuanimeacht bliantúil feasta le béim ar thrádáil, ar fhaisnéis faoin margadh agus ar dhearcadh lánbhri maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn, i dteannta airdeall do chliant-chuideachtaí déiríochta Bhord Bia. I measc rannpháirtithe an imeachta seo bhí próiseálaithe, meáin thalmhaíochta, ollscoileanna agus gníomhaireachtaí rialtais ó thionscal déiríochta na hÉireann. Fuarthas amach i suirbhé orthu siúd a d'fhreastal ar an imeacht, a rinneadh ina dhiaidh, gur rátáladh gach cuid idir 'an-mhaith' agus 'ar fheabhas' ó thaobh ábharthachta de.

Seimineár Bhord Bia maidir le hlógart

D'fhreastal 20 rannpháirtí ar an seimineár seo i mí Aibreán inar díriodh ar dheiseanna do tháirgeoirí iógairt na hÉireann. Roinn ionadaithe Bhord Bia agus Lu An Williams ó Innova Market Insights treochtaí domhanda amach anseo a bhaineann le déiríocht agus pléadh na deiseanna do thionscal iógairt na hÉireann. Scaipeadh sonraí margaidh Kantar inar tugadh léargas ar mhargadh iógairt na hÉireann agus na Breataine Móire, lena n-áirítear feidhmíocht choibhneasta an mhiondíoltóra agus na fochatagóire.

Seirbhís Bhia a atógáil - An Ríocht Aontaithe

Reáchtáil Bord Bia, i gcomhpháirtíocht leis an bpríomhanailíseoir agus todhchaíochaí na seirbhíse bia, Simon Stenning, seimineár gréasáin i mí Aibreán chun tuiscint níos doimhne a thabhairt do sholáthróirí na hÉireann maidir le 'Rebuilding of Hospitality 2021 to 2025' ['An Fáilteachas a Atógáil 2021-2025'] agus margadh Seirbhíse Bia/Fáilteachais na Ríochta Aontaithe ag athoscailt i ndiaidh na ndianghlasálacha agus na srianta in Q1-2021.

Fóram Comhábhar Déiríochta na hÉigipte agus na hAilgéire

D'eagraigh Bord Bia fóram digiteach comhábhair déiríochta le príomhchustaiméirí san Ailgéir i mí Bealtaine 2021. An aidhm a bhí ann ná an gnólacht a bunaíodh i rith misean trádála 2020 a chaomhnú agus a fhás. Bhí roinnt cur i láthair agus cruinnithe B2B le cuideachtaí déiríochta na hÉireann mar chuid den imeacht agus bhí 40 rannpháirtí ann.

Imeacht Trádála Dhéiríocht na hÉireann agus Taispeántais Cócaire

D'óstáil Bord Bia imeacht do dáileoirí déiríochta na hÉireann agus taispeántais cócaire i gcathair Chengdu, ceann de na cathracha dhá leibhéal is mó i réigiún Iarthar na Síne. Tugadh cuireadh do 50 dáileoir ó chainéal na seirbhíse bia agus ó chainéal na báicéireachta, chomh maith le 4 Phríomhcheannaire Tuairimíochta.

Misean Fíorúil Trádála SEA 2020

Reáchtáil Bord Bia 3 mhisean fíorúla trádála san Áise Thiar Theas thar thréimhse 4 seachtaine. Díriodh ar Vítneam, ar an Malaesia agus ar an Téalainn i misin na bliana seo. D'éirigh go maith leis na himeachtaí sin. Ghlac beagnach gach soláthróir déiríochta na hÉireann

páirt agus chláraigh níos mó ná 250 ceannaitheoir SEA do na himeachtaí. Tugann na himeachtaí sin deis do thionscal déiríochta na hÉireann a dhintíúir uathúla a chur in iúl dá mhargadh atá ag dul i méid. Tá na cruinnithe 1:1 ina gcuirtear ceannaitheoirí féideartha agus soláthróirí déiríochta na hÉireann in aithne ina bpríomhghné de na himeachtaí, le níos mó ná 400 cruinniú óstáilte thar 3 mhisean.

Cláir Acadaimh Tallainne

Cuidíonn Clár Comhlachtaí Bhord Bia le cuideachtaí Éireannacha bia agus deoch deiseanna gnó a fhorbairt thar lear. In 2021-2022, cuireadh 12 chomhaltachta i gcuideachtaí déiríochta i dtíortha amhail an Ghearmáin, Vítneam, an Spáinn, an Ísiltír, Singeapór, Dubai, na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe. Is é an ról atá ag Comhaltachtaí Margaíochta Bhord Bia obair ar shocrúcháin thar lear thar ceann thionscal déiríochta na hÉireann. Oibríonn mic léinn ar tionscadail éagsúla de chuid na gcuideachtaí agus iad curtha sa mhargadh, ag obair i ndlúthchomhpháirtíocht le foireann Bhord Bia i rith a gcuid socrúcháin.

Díríonn Clár an Ambasadóra Origin Green (OGA) ar dhaoine a fhorbairt chun go mbeidh siad in ann ról suntasach a bheith acu i réimse na hinbhuanaitheachta. Tá 4 shocrúchán OGA ann san iomlán in 2022 le príomhchuideachtaí ábhartha déiríochta; Nestle, Almarai, Mars, agus an 'Sustainability Dairy Framework'.

Fuair cuideachtaí déiríochta na hÉireann 3 shocrúchán ón gclár MSc i Léargais agus Nuálaíocht. Is é an fis atá ann don chlár seo an chéad ghlúin eile de nuálaithe den chéad scoth a chothú chun teacht isteach in earnálacha an bhia, na gairneoireachta, agus na ndeochanna, agus go n-úsáidfí siad a gcuid cruthaitheachta, tallainne agus scileanna chun fás inbhuanaithe, inscálaithe, brabúsach agus teoraithe ag léargais a chur chun cinn dá gcuideachtaí óstacha agus dá dtionscal.



BIA ULLMHAITHE DO THOMHALTÓIRÍ

In 2021, luacháladh margadh onnmhairí Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí (PCF) na hÉireann ag €2.5 billiún - méadú 2.7% ó 2020. Mar chatagóir, cumhdaítear réimse leathan táirgí réidh lena n-úsáid ag tomhaltóirí, agus leanann a rath treochtaí a bhaineann le stíl mhaireachtála a dtomhaltóirí go docht.

Díolacháin láidre leanúnacha in earnáil na miondíola is cúis leis an bhfeidhmíocht dhearfach a chonacthas in 2021 - go háirithe i gcatagóir na dtuaslagán mine, ach freisin i gcatagóirí an aráin agus na muiceola breisluacha.

Braitheann onnmhairí PCF go mór ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus, in ainneoin deacrachtaí Breatimeachta, tá deis fairs ann go fóill. Braithfidh raon feidhme na n-onnmhaireoirí Éireannacha, ar féidir leo leas a bhaint as an bhfás sin go pointe áirithe, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

B'fhiú €1.74bn onnmhairí PCF chuig margadh an Ríochta Aontaithe in 2021, méadú ón bhfigiúr €1.68bn in 2020. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil figiúr onnmhairí 2019 de €1.77bn slánaithe ag onnmhairí 2021 go fóill. Ó 2021 ar aghaidh, áirítear i measc na ndeiseanna is mó d'onnmhairí PCF na hÉireann beartaithe don Ríocht Aontaithe na fochatagóirí seo a leanas: milseogra seacláide (€206M), tuaslagáin mine (€324M), muiceoil bhreisluacha (€322M), arán (€152M) agus éineoil bhreisluacha (€124M).

Éagsúlú Margaidh

Tá go leor d'onnmhaireoirí PCF na hÉireann ag saothrú straitéisí éagsúlaithe. É sin ráite, bíonn tamall ann sula dtagann fás ar thuiscint láidir na spriocmhargáí i dtéarmaí blasanna, ceanglas agus an phríomhghréasáin dáileacháin, ach bíonn deiseanna ann do chuideachtaí a bhfuil sé de chumas acu dul in oiriúint do cheanglais áitiúla.

Is san Aontas Eorpach atá an deis ar éagsúlú, laistigh d'fhochatagóir na dtuaslagán mine, lena n-áirítear píotsaí, béilí réamhullmhaithe agus anraithí. Níor cheart gannmheas a dhéanamh ar dhúshláin lóistíochtúla na n-onnmhairí fuaraithe chuig na margaí sin, agus tá boillsciú suntasach ar fud an tslabhra soláthair agus an tseolta fós ina phríomhdhúshlán roimh onnmhairí uile na hÉireann.

B'fhiú €631m onnmhairí PCF chuig margadh EU27 in 2021, méadú €21m. B'fhiú €147m onnmhairí PCF chuig margaí lasmuigh de mhargadh EU27 agus den Ríocht Aontaithe in 2021, le €76m den mhéid sin bainteach leis na Stáit Aontaithe.

Feidhmíocht na nOnnmhairí

In ainneoin suaitheadh suntasach ar an earnáil, tá onnmhairí PCF fós measartha athléimneach. Tháinig méadú 2.7% go €2.5bn ar onnmhairí foriomlána PCF.

Tá an Ríocht Aontaithe fós mar an margadh onnmhairiúcháin is tábhachtaí don earnáil PCF le 68% d'onnmhairí uile PCF beartaithe don mhargadh sin in 2021, méadú ó 62% in 2016. Ar an iomlán, tháinig laghdú 15% ar onnmhairí chuig an mBreatain Mhór ó 2019, arb ionann é agus laghdú €263M in onnmhairí PCF chuig an mBreatain Mhór.

Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, gur tháinig méadú €208M ar onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann. Tá meon láidir ag onnmhaireoirí PCF na hÉireann i dtaobh fás na Ríochta Aontaithe, agus cuireann Bord Bia tacaíocht ar fáil do chuideachtaí ar mian leo a gcuid onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe a mhéadú. Chun cuidiú le cuideachtaí Éireannacha teacht thar bhacainní ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe, tá Bord Bia tar éis mol Breatimeachta a sheoladh, imeachtaí agus seimineáir a réachtáil, taighde a dhéanamh ar thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe agus Plean Gníomhaíochta Breatimeachta a chruthú, i measc gníomhaíochtaí eile.

Tá onnmhairí chuig margadh EU27 ag méadú de réir a chéile ó 2019; tá na margaí PCF tosaíochta san Ísiltír (38%/€34m), sa Ghearmáin (+24%/€23m), san Iodáil (+26%/€8m) agus sa Bheilg (+22%/€5m) ag spreagadh an fháis. San am céanna, tá laghdú tagtha ar onnmhairí chuig an bhFrainc (-27%/€37m) agus chuig an tSualainn (-9.3%/€2.9m) ó 2019 ar aghaidh. Tháinig méadú €18m ar onnmhairí PCF chuig na Stáit

Aontaithe ó 2019, arna spreagadh den chuid is mó ag tuaslagáin mhine (méadú 96%/€7.4m), comhábhair (méadú 672%/€8.6m) agus milseogra seacláide (méadú 20%/€1.2m).

Is iad feolta breisluacha (VAM) an ghné is mó de PCF. Bhí drochthionchar suntasach ag druidim na ngnólachtaí mar thoradh ar an bpaindéim in 2020 ar fheolta breisluacha, a bhíonn beartaithe do bhialanna mearsheirbhíse agus timpeallachtaí atá réidh don mhiondíol. Le filleadh na seirbhíse bia - go háirithe na mbialanna mearsheirbhíse - in 2021, b'ionann luach onnmhairí na bhfeolta breisluacha agus €677m, méadú ar luach €670m in 2020. Tá an figiúr sin onnmhairiúcháin fós faoi na leibhéil réamh-phaindéime (b'ionann onnmhairí VAM agus €755m in 2019), ach léiríonn sé go bhfuil téarnamh ag teacht de réir a chéile.

Bhí bliain fhíordhearfach ag gnéithe na catagóire PCF a bhraitheann ar chainéal na miondíola. Tháinig méadú 5% go €517m ar luach na n-onnmhairí i bhfochatagóir na dtuaslagán mine, méadú 10% ar an luach ab airde riamh de €417m in 2019.

Rinne onnmhairí deochanna neamhalcólacha cothromú idir fhilleadh an éilimh ar an tseirbhís bhia agus earnáil leanúnach láidir na miondíola. Meastar gurab ionann €110m onnmhairí sa chatagóir sin in 2021, méadú 27% ó luach 2020, agus méadú ar luach 2019 freisin.



DEOCHANNA

Ba bhliain athléimneachta agus téarnaimh d'onnmhairí deochanna na hÉireann í an bhliain 2021 i ndiaidh deacrachtaí na bliana 2020 nach bhfacthas a leithéid cheana. Tháinig méadú 19% ar an gcatagóir, €1.62 san iomlán. Mar gheall ar an téarnamh sin, tháinig na honnmhairí ar ais chuig leibhéil cosúil leo siúd a chonacthas in 2019.

Ba príomhspreagthóirí an téarnaimh iad athoscailt dhomhanda de réir a chéile trádáil na ndeochanna lena n-ól ar an áitreabh, agus an filleadh ar ghnáthphatrúin seolta. Tá fás tapa tagtha ar an gcainéal ar líne i roinnt príomh-mhargáí onnmhairiúcháin mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ina measc na Stáit Aontaithe,

a chuireann deiseanna nua ar fáil d'onnmhairí Éireannacha.

Bhí an téarnamh is mó i luach na n-onnmhairí le feiceáil i gcatagóirí an fhuisce (+25%), na licéar uachtair (+19%), na ceirtlise (+50%), agus an jin (+38%). Chuidigh treocht mhéadaitheach dhomhanda an bhiseachais nó 'níos lú ach níos fearr' leis an téarnaimh sin i luach na n-onnmhairí in 2021. Chuidigh suíomh bhíotáillí na hÉireann sa mhír seo le fás níos tapúla onnmhairí bhíotáillí na hÉireann ná toirteanna.

Ní fhacthas na leibhéil chéanna téarnaimh sna catagóirí ar fad in earnáil na ndeochanna, áfach. Braitheann onnmhairí beorach, níos mó ná catagóirí eile, ar an trádáil ar an áitreabh i bpríomh-mhargáí onnmhairiúcháin amhail an Fhrainc, an Iodáil agus an Ríocht Aontaithe. Bhí dúshlán shuntasacha roimh an gcatagóir mar gheall ar dhruidim leanúnach an chainéil sin sna margaí sin i rith 2021, arb é an toradh a bhí air laghdú 3%, €246 milliún san iomlán, ar onnmhairí beorach. Táthar ag súil go dtiocfaidh téarnamh d'onnmhairí beorach in 2022 ar ais go gar do na leibhéil réamh-phaindéime mar thoradh ar fhilleadh na trádála ar an áitreabh sna margaí sin agus ar rath leanúnach na n-onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe in 2022.

Lean margadh Mheiriceá Thuaidh de bheith ar an áit cheannasach d'onnmhairí deochanna na hÉireann, margadh inar léiríodh téarnamh maith onnmhairí deochanna na hÉireann in 2021 ó a athosclaíodh an trádáil ar an áitreabh, ó a filleadh ar phatrúin seolta, agus ónar tháinig fás as cuimse ar an gcainéal ar líne. Bhain onnmhairí foriomlán chuig Meiriceá Thuaidh luach measta €825m amach, arb ionann iad agus 51% d'onnmhairí uile na ndeochanna. B'ionann na honnmhairí fuisce agus €855m in 2021, le 55% den mhéid sin (€470m) beartaithe do na Stáit Aontaithe. Mhéadaigh onnmhairí Licéir Uachtair na hÉireann go cothrom le €367m, agus bhí nach mór 40% den mhéid sin beartaithe do na Stáit Aontaithe.

Bhí téarnaimh láidre soiléire ann i roinnt príomh-mhargáí laistigh de EU-27 in 2021. Ar an iomlán, áfach, meastar go bhfuil laghdú 6% tagtha ar onnmhairí chuig EU-27 ó 2019. Bhí luach €413m san iomlán ar onnmhairí deochanna 2021, méadú 11% ó 2020. Léirigh an méadú sin téarnamh in onnmhairí chuig roinnt príomh-mhargáí deochanna amhail an Ghearmáin (+28%), an Iodáil (+47%) agus an Laitvia

(+17%), dá bhfuil an chuid is mó beartaithe don Rúis. Sa Ghearmáin, tháinig fás 30% ar onnmhairí fuisce na hÉireann, agus leanann an margadh de bheith ag fás mar mhargadh tosaíochta de chuid an Aontais le haghaidh soláthróirí fuisce.

Tháinig fás 20% ar onnmhairí deochanna na hÉireann chuig margadh na Ríochta Aontaithe go luach measta €255m. Is ionann é seo agus fás 8% i gcaitheamh 2019. B'iad na honnmhairí fuisce ab fhearr ó thaobh feidhmíochta de, le méadú 80% arna spreagadh ag fás an tomhaltais sa bhaile, as ar tháinig méaduithe láidre i ndíolacháin na trádála seacháitribh, athoscailt de réir a chéile na trádála ar an áitreabh agus tuilleadh méaduithe i ndíolacháin ar líne.

Is réigiún í an Afraic a leanann de bheith fiúntach d'onnmhaireoirí na hÉireann le níos mó ná dúbailt an líon lastas in 2021 chun luach €53 milliún a bhaint amach. Cé go dtagann na figiúirí sin ó bhunús níos ísle ná na margaí níos seanbhunaithe, is iad na honnmhairí fuisce chuig an réigiún, dar luach foriomlán €44m, is cúis leis an bhfás láidir seo. Tá an fás sin ginte go príomha ag dhá mhargadh, an Nigéir (+140%) agus an Afraic Theas (+176%). Tagann an fás in onnmhairí chuig an Afraic Theas as téarnamh na trádála ar an áitreabh níos mó ná aon rud eile.

Tháinig laghdú 6% go €24m ar onnmhairí chuig an Astráil, margadh fiúntach eile atá ag teacht chun cinn do bhiotáillí na hÉireann. Is de bharr bearta diana chun cosc a chur ar COVID-19 i mórán réigiún an méid sin, ar dúnadh an trádáil ar an áitreabh go bunúsach le haghaidh sciartha móra de 2021 mar thoradh orthu. Tháinig fás 23%, chun teacht chuig €5m san iomlán, ar onnmhairí chuig an Nua Shéailinn, áfach, rud a léiríonn go raibh an trádáil ar an áitreabh ar oscailt ansin don chuid is mó de 2021.

Leanann an Áis de bheith ina réigiún atá ag teacht chun cinn maidir le fás bhiotáillí na hÉireann agus beidh an réigiún sin tábhachtach d'fhás fadtéarmach onnmhairí bhiotáillí na hÉireann. Tháinig fás beagnach 40% ar onnmhairí iomlán na ndeochanna chuig an réigiún in 2021, chun luach €38m a bhaint amach. Leanann an tSín agus an tSeapáin de bheith ina bpríomh-mhargáí laistigh den réigiún agus bhí luach €20m ar onnmhairí chuig na margaí sin. I measc na margaí a bhfuil forbairt ag teacht orthu, tá an India, ina bhfacthas fás leanúnach in 2021. Tháinig fás 101% ar onnmhairí deochanna na hÉireann chuig an margadh,

chun luach €6m a bhaint amach, le €4m den fhiigiúr sin ag baint leis an bhfuisce, tar éis roinnt seoltaí rathúla ag brandaí fuisce Éireannacha sa mhargadh.

Díríodh ar an gcainéal ar líne i margaí amhail na Stáit Aontaithe, inar díoladh níos mó ná 60,000 cás 9L tríd an ríomhthráchtáil in 2021 dar le meastachán an IWSR. Is ionann sin agus méadú 125% ó leibhéal 2019 agus tuartar go leanfaidh fás láidir an chainéil seo go dtí 2025. Thosaigh príomhchainéil eile, amhail an miondíol domhanda taistil, ag teacht ar ais chucu féin i dtreo deireadh 2021 i gcatagóir na ndeochanna. Tháinig téarnamh 37% ar líon dhíolacháin na mbiotáillí tríd an gcainéal seo in 2021 agus bheifí ag súil go dtiocfaidh méadú breise 85% orthu in 2022. Níltear ag súil, áfach, go dtiocfaidh siad ar ais go na leibhéil réamhphaindéime go dtí 2024.

Tá ionchais earnáil na ndeochanna dearfach den chuid is mó le haghaidh 2022 agus ina dhaidh sin. Táthar ag súil fo leanfaidh téarnamh na n-onnmhairí in earnáil na mbiotáillí agus na licéar uachtair, in ainneoin na ndúshlán lena sárú i ndáil leis an mboilsciú ar fud an tslabhra soláthair. Táthar ag súil le téarnamh in onnmhairí beorach i gcaitheamh 2022, cé go bhféadfadh sé roinnt ama a ghlacadh téarnamh ó chaillteanais 2020 agus 2021.

Leanfaidh an treocht i dtreo préimhe agus ardphréimhe agus 'níos lú ach níos fearr', go háirithe i margaí bunaithe, ina leanfar den mhéadú i luach onnmhairí deochanna na hÉireann. Agus an trádáil ar an áitreabh agus na clubanna oíche ag filleadh ar ghnáthchoinníollacha trádála, tosóidh cultúr na manglamóireachta ag fás arís. Bhí cultúr na manglamóireachta sa bhaile ina threocht i rith na paindéime, go háirithe i margaí na hEorpa. Ba cheart, áfach, go rachaidh filleadh na trádála seacháitribh chun sochair onnmhairí biotáillí, lena n-áirítear jin agus licéir.

Imríodh tionchar ar amlíne rolladh amach an chláir cumarsáide 'Spirit of Ireland', a chuirfidh léargais dhoimhne i stair, tírdhreach an lae inniu, agus uailmhianta tothchaí chatagóir bhiotáillí na hÉireann ar fáil don trádáil atá dírithe ar thomhaltóirí, agus táthar ag súil go gcuirfear an clár i láthair go foirmiúil go luath in 2022, chun stáit na Stáit Aontaithe a rialú ar dtús. Úsáidfear gnéithe den ábhar i gcumarsáidí Bhord Bia ar líne le ceannaitheoirí, leis na meáin trádála agus le príomhcheannairí tuairimíochta sa tionscal i gcaitheamh 2022.



BIA MARA

Tháinig fás ar onnmhairí foriomlána bia príomha mara in 2021, ag téarnamh le méadú measta 12% go €524m, cé go raibh éagsúlacht treochtaí ann i measc na speiceas. I gcomparáid le 2019, bhí luach na n-onnmhairí 5.6% níos airde, in ainneoin na ndeacrachtaí a raibh an earnáil ag tabhairt aghaidh orthu.

Bhí luach na n-onnmhairí chuig an Aontas Eorpach 13.3% níos airde ná 2020, ag €317m, le teacht ar ais láidir soiléir san Iodáil (+30%) agus sa Fhrainc (+29%). Tháinig méadú 23% ar onnmhairí chuig an Spáinn, lenar léiríodh athoscailt na n-earnálacha seirbhíse bia sna margai sin. Bhí titim shuntasach, áfach, in onnmhairí chuig an bPolainn (-45%) agus chuig an nGearmáin (-2.3%), arna spreagadh den chuid is mó ag an laghdú i mbradán orgánach na hÉireann chuig an dá mhargadh, rud a léiríonn iomaíocht mhéadaithe.

Tháinig téarnamh láidir ar onnmhairí chuig an Áis. Tháinig fás beagnach 89% orthu in 2021, chun luach €54.5m a bhaint amach. D'éirigh le honnmhairí peiligeacha an bhris ó 2020 a thabhairt isteach, agus bhí onnmhairí sliogéisc thuas 28%. Bhí an tSín, an tSeapáin agus Hong Cong ina bpríomhmhargai fáis do bhia mara na hÉireann ina iomláine, a bhí 102%,

59% agus 38% chun cinn faoi seach. Is ionann na 3 mhargadh agus €47m in onnmhairí.

Tháinig laghdú de bheagán os cionn 10% orthu, dar luach os cionn €82.5m, le lámh in uachtar ag peilighigh.

Bhí bail sheasmhach ar phríomhonnmhairí bia mara chuig an Ríocht Aontaithe, ar tháinig laghdú 0.3% orthu, go beagnach €41.4m.

Treochtaí in aghaidh na hEarnála

Bhí bliain dheacair ag earnáil na bpeiligeach in 2021, le ciorrú ar chuóta na ronnach mar thoradh ar an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, a d'fhág earnáil próiseála na hÉireann i gcruachás maidir le soláthairtí amhábhair chun freastal ar riachtanais a gcustaiméirí ar an margadh idirnáisiúnta. Mar a rinneadh i mblianta eile de bharr neamhchinnteachtaí maidir leis an mBreatimeacht, rinne earnáil peilighigh na hÉireann iarracht comhbheartaithe greim a fháil ar chuid mhór de leithdháileadh chuóta na ronnach ag tús an tséasúir agus spreag sé sin méadú in onnmhairí le linn an chéad choda den bhliain. Is treocht é sin le blianta beaga anuas agus d'éirigh sé níos déine in 2021 Dhíol go leor próiseálaithe stoc go luath sa séasúr seachas é a choinneáil don chuid dheireanach den bhliain freisin mar gheall ar rátaí feabhsaithe airgeadra le linn an chéad choda de 2021. D'éirigh leis an earnáil teacht i

dtír soithigh neamh-Éireannacha le haghaidh speicis éagsúla, agus bhí gníomhaíocht an fhaoitín ghoirm an-mhaith i mbliana i gcomparáid le 2020.

Bhí breis iomaíochta ann mar thoradh ar phraghsanna arda arna dtairiscint ag cuid mhór de phróiseálaithe na hIorua, rud a imríonn tionchar ar na corrlaigh do phróiseálaithe na hÉireann. Dá thoradh sin freisin, dhírigh siad a gcuid iarrachtaí ar mhargaí na hÁise, a mbíonn luach níos airde acu, rud a chuaigh chun dochar don Afraic agus do réigiúin eile.

I dtéarmaí foriomlána, tháinig ardú 8%, nó €185m, ar luach onnmhairí peiligeacha in 2021. Bhí margaí na hÁise láidir agus margaí ag oscailt agus éileamh ar pheiligh allmharaithe ag méadú, le méadú 123% dar luach €36.9m ag teacht ar onnmhairí na hÉireann chuig na margaí sin.

Tháinig méadú beag 3% ar onnmhairí na bpeiligeach chuig an Aontas Eorpach freisin, chun luach €50.9m a bhaint amach. Tháinig laghdú 6.2% ar onnmhairí na bpeiligeach chuig an Afraic i gcomparáid le 2020. Taifeadadh titim 17.5% in onnmhairí chuig an margadh is mó do pheiligh, an Nigéir, mar go raibh onnmhaireoirí ag seoladh níos mó táirgí chuig margaí na hÁise, a raibh luach níos airde acu.

Agus cainéil na seirbhíse bia ag oscailt arís san Eoraip agus san Áis, d'éirigh le honnmhairí sliogéisc cuid dá gcaillteanais ó 2021 a fháil ar ais. Tháinig méadú 26.3%, dar luach €167m, ar onnmhairí iomlána an tsliogéisc, le méaduithe ar chainníochtaí taobh thiar ag timpeall +7.4%. Tháinig méadú luacha níos mó ná 28% ar onnmhairí sliogéisc chuig an Áis. Léirigh margaí an Aontais téarnamh maith freisin. Tháinig méadú luacha de bheagnach 30% orthu i gcomparáid le 2020.

Bhí éileamh láidir ar shliogiasc na hÉireann, go háirithe sa tSín agus in Hong Cong. Tháinig méadú níos mó ná 29% agus 35% faoi seach orthu. Bhí téarnamh maith ann i margadh na Seapáine freisin, ach onnmhairí maolaithe sa Chóiré Theas fós, mar go bhfuil tionchar ag COVID-19 go fóill ar an éileamh ar bhia mara sa mhargadh seo, go háirithe i gcainéal na seirbhíse bia.

Bhí fás soiléir ann freisin ar fud croímhargaí an Aontais Eorpaigh d'onnmhairí sliogéisc na hÉireann, le feidhmíochtaí láidre suntasacha taifeadta san Iodáil, inar tháinig méadú luacha os cionn 34.5%, in ainneoin nár tháinig ach méadú de bheagán os cionn 8% ar

chainníochtaí na n-onnmhairí. Léiríodh fás maith de 28% freisin sa mhargadh is tábhachtaí d'onnmhairí na hÉireann, an Fhrainc. Bhí an figiúr sin 2.3% chun cinn ar onnmhairí 2019.

Cé go raibh onnmhairí an tsliogéisc láidir, bhí tionchar ag cainníochtaí ísle amhábhair ar fáil ar an earnáil. Chuidigh sé seo le hardú na bpraghsanna. Bhí éileamh láidir ar oisrí na hÉireann sa Fhrainc, ach tháinig laghdú ar onnmhairí chuig an tSín i ngeall ar dhúshlán na n-aerlínte i dtaobh táirgí meatacha a fháil isteach in aerfoirt na Síne de bharr srianta COVID. Bhí éileamh láidir ar fud na hEorpa ar dhiúilicíní agus bhí tús áite d'onnmhaireoirí na hÉireann mar gheall ar choinníollacha an mhargaidh le laghduithe suntasacha i ndiúilicíní na Ríochta Aontaithe i margaí an Aontais Eorpaigh. Bhí éileamh láidir freisin san Iodáil ar chloicheáin ar ghrád níos airde ach bhí soláthairtí teann agus an t-éileamh ag breith bairr ar an soláthar. Bhí trádáil leanúnach láidir do bhun na gcloicheán chuig an Ríocht Aontaithe. Bhí an t-éileamh chun cinn freisin ar sholáthar na gcroispeiceas amhail portán donn agus gliomach agus d'ardaigh praghsanna ar fud príomh-mhargaí onnmhairiúcháin na hÉireann dá thoradh air sin.

Bhí bliain dhúshlánach ag earnáil bradán orgánach na hÉireann in 2021, le breis iomaíochta sa mhargadh orgánach ó thíortha eile a thairgeann soláthar ó cheann ceann na bliana, rud a imríonn tionchar ar praghsanna arna n-urrú ag onnmhaireoirí na hÉireann. I dtéarmaí foriomlánacha, tháinig méadú de bheagán os cionn 3% dar luach €108 milliún ar onnmhairí i rith 2021, le tionchar ar leith ar an margadh úr. Agus praghsanna ag fanacht láidir i margadh na Fraince, thit onnmhairí bradán orgánach na hÉireann go mór i dtéarmaí luacha agus cainníochtaí sa Pholainn.

Mar fhocal dearfach, tháinig méadú láidir ar onnmhairí bradán deataithe le díolacháin snámhacha i dtréimhse na Nollag agus méadú luacha níos mó ná 100% na luachanna onnmhairiúcháin i gcomparáid le 2020.

Bhí bliain dhúshlánach ag margadh onnmhairiúcháin an fhaoitín ghoirm in 2021. Mar gheall ar sholáthairtí maithe ó soithigh na Fraince/na Spáinne agus ar staid tosaíochta i measc ceannaitheoirí na Fraince d'aimsiú foinsí ó soithigh áitiúla, bhí sé deacair ar onnmhaireoirí faoitín na hÉireann i gcaitheamh na bliana. Bhí margaí na hEorpa sa Fhrainc agus sa Spáinn dúshlánach le luaineacht shoiléir leanúnach praghsanna. Bhí

praghsanna laga ar chadóg na hÉireann sa Ríocht Aontaithe i ngeall ar fhlúirse cadóige sa Mhuir Thuaidh, rud a d'fhág gur dheacair do phróiseálaithe agus comharchumainn na hÉireann praghsanna réasúnta a urrú ón margadh i gcaitheamh cuid mhór de 2021.

I dtéarmaí foriomlánacha, tháinig laghdú de thart ar 2.6% go €46.3m ar luachanna onnmhairiúcháin na fhaoitín, le laghdú níos suntasaí de 35% ag teacht ar chainníochtaí i rith na bliana. Chuir cuótaí níos isle do roinnt speiceas faoitín, tomhaltas níos airde d'fhaoitín ar an margadh baile agus coinníollacha deacra beirthe leis an laghdú foriomlán in 2021.

Tháinig méadú 26.9% ar onnmhairí foriomlána an bhia breisluacha mara in 2021 chun luach €96.9m a bhaint amach. Bhí cainníochtaí beagán taobh thair ag +20%, rud a léiríonn láidreacht an éilimh agus feabhas na bpraghsanna atá bainte amach ag an earnáil i gcaitheamh na bliana. Bhí téarnamh an-mhaith ag an earnáil seo i rith 2021, le méadú 7.1% ag teacht ar luachanna i gcomparáid le figiúirí onnmhairiúcháin roimh phaindéim COVID-19. Urraíodh an fás ba mhó i margaí an Aontais Eorpaigh. Tháinig méadú luach 43.1% air agus tháinig méadú 13.4% ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe. Taifeadadh laghduithe ar fud mhargaí na hÁise, ar tháinig laghdú 5% orthu i rith an ama seo.

Ionchais an Bhia Mara

Tá ionchais na hearnála fós measctha do 2022 ag brath ar an gcatagóir.

Don speiceas peiligeach, beidh ciorrú breise 2.5% i gcuóta na hÉireann. Leis an rath i mealladh na mbád eachtraigh chun teacht i dtír i gcalafoirt na hÉireann, leagfar síos acmhainn maidir le luach méadaithe onnmhairiúcháin. Beidh gá díriú níos géire ar dheiseanna breisluacha chun luach onnmhairiúcháin a chur chun cinn san earnáil seo mar gheall ar laghdú leanúnach soláthairtí amhábhair. D'fhéadfadh athoscailt leanúnach na seirbhíse bia i margaí na hÁise cuidiú leis an earnáil praghsanna níos láidre a bhaint amach in 2022.

Ba chóir go leanfar le téarnamh na n-onnmhairí slíogéisc in 2022, le fás leanúnach orthu i bpríomh-mhargaí an Aontais Eorpaigh agus na hÁise. Beidh

fáil ar amhábhair ar cheann de na príomhdhúshláin d'earnáil na próiseála, chomh maith leis an gcumas freastal ar chustaiméirí a bhí ann cheana agus ar chustaiméirí nua i bpríomh-mhargaí onnmhairiúcháin. Beidh ciorrú leanúnach chuóta cloicheáin na hÉireann mar thoradh ar an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, cúpáilte le haon chiorrú beartaithe sa stoc mar thoradh ar an gcomhairle eolaíoch is déanaí, ina ndúshlán don earnáil.

Tá na hionchais do bhradán orgánach na hÉireann dúshlánach go fóill le haghaidh 2022. Beidh brú praghsála inár bpríomh-mhargaí san Aontas Eorpach i ngeall ar an rochtain níos leithne ar bhradán orgánach ón Iorua agus ón Albain, rud a fhágann gur gá don earnáil scéal orgánach na hÉireann agus cad é a dhéanann scéal ar leith de.

Tá an chuma ar an scéal go mbeidh onnmhairí faoitín ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán leanúnach in 2022. Ba cheart, áfach, go n-éireodh leis an Ríocht Aontaithe roinnt de chaillteanais 2021 a fháil ar ais mar go n-athbhunófar na bealaí trádála sa ré i ndiaidh Breatimeachta. Mar fhocal dearfach, tá fás leanúnach maith ar mhargadh baile na hearnála fós mar go bhfuil tomhaltóirí na hÉireann ag aithint tairbhí sláinte an tsliogéisc de réir a chéile agus leanann siad lena n-ithé agus le tacú le bia mara áitiúil.

Tá onnmhairí na hÉireann ag súil go leanfaidh tomhaltóirí ó fud fad EU27 lena dtacaíocht do bhrandaí áitiúla nuair atá fáil orthu ar mhaithe le téarnamh an gheilleagair náisiúnta. Beidh tionchar aige seo go fóill ar chliaint a bhíonn i mbun onnmhairiúcháin chuig na margaí seo sa ghearrthéarma.

In ainneoin na ndúshlán sin, tá meon dearfach ag an earnáil i leith a cumais fás i réimse margaí atá ag éirí níos ilghnéithí ar fud EU27 agus na hÁise agus an gnáthghnó ag tosú athuair. Tá deiseanna nua forbartha táirgí ann i gcainéal na miondiola i gcónaí, le héileamh méadaitheach tomhaltóirí ar fhaoitín i bhformáidí réidh lena gcócaráil, go háirithe i margaí bia mara traidisiúnta.

In ainneoin na ngaoth gann atá roimh an earnáil, leantar leis an infheistíocht sa nuálaíocht, sa bhrandáil agus sa mhargaíocht agus in éifeachtúlachtaí planda, a chabhróidh le cliaint go mbeidh siad in ann iad féin a shocrú sna blianta amach romhainn. Leanfaidh Bord Bia

de bheith ag obair ar thionscnaimh forbartha margaidh chun leas a bhaint as deiseanna d'onnmhaireoirí na hÉireann thar raon margaí onnmhairiúcháin in 2022 agus díreoidh siad ar láidreacht chlú earraí na hÉireann a fhás agus a fhorbairt ar fud spriocmhargaí barrthábhachtacha na hÉireann san Eoraip agus san Áis.



Sainíonn Bord Bia earnáil na ngnólachtaí beaga mar ghnólachtaí a bhfuil a láimhdeachas bliantúil idir €100,000 agus níos lú ná €3.5 milliún, ó gach earnáil ó earnáil na ndeochanna, an bhia mara, alcóil, déiríochta, feola agus an bhia ullmhaithe do thomhaltóirí. Bíonn baint ag Bord Bia le níos mó ná 700 cliant san earnáil seo, figiúr a bhfuil fás leanúnach ag teacht air le blianta beaga anuas. Tá an tóir ar bhia le barántúlacht, stair agus scéal soláthróir beag áitiúil ag méadú i measc na dtomhaltóirí. Is earnáil shuntasach í earnáil na nGnólachtaí Beaga Bia agus Deochanna agus tá sí ag dul i méid go leanúnach, ar fiú luach measta €300-€450 milliún í. Léirítear éagsúlacht na hearnála i bpróifíl na ngnólachtaí; ó ghnólachtaí nuathionscanta, go gnólachtaí ceardaí, go gnólachtaí nós maireachtála, go fiontair dírithe ar onnmhairí, ar fiontair iad atá ag fás go tapa.



Straitéis Bhord Bia do Ghnólachtaí Beaga 2019-2021

Tugann straitéis Bhord Bia d'earnáil na ngnólachtaí beaga eolas maidir le tacaíochtaí agus tionscnaimh forbartha cumais Bhord Bia in 2021.

Is iondúil go mbíonn gnólachtaí beaga ag diriú go géar ar an margadh baile, go mbíonn siad óg (<10 bl.), go mbíonn siad féinmhaoinithe agus fostaíonn formhór acu níos lú ná deichniúr, ach bíonn sé mar phlean acu an fhostaíocht sin a mhéadú go suntasach. Soláthraíonn níos mó ná 30% de na gnólachtaí níos seanbhunaithe do bhranda miondíola, agus is ionann onnmhairí agus 16% den láimhdeachas tuairiscithe laistigh den Aontas, leis an Ríocht Aontaithe mar an margadh onnmhairiúcháin is mó. Lena linn sin, déanann níos mó ná leath de na cuideachtaí (54%) onnmhairiú trí dháileoirí, le 44% ag onnmhairiú go díreach chuig a gcustaiméirí deiridh.

Is í fíis Bhord Bia do ghnólachtaí beaga ná go mbeidh siad



'ina ngnólachtaí uathúla bia agus deochanna a n-aithneofar sa bhaile agus go hidirnáisiúnta mar tháirgeoirí sciliúla agus cruthaitheacha. Lorgóidh custaiméirí géarchúiseacha a dtáirgí suaithinseacha d'ardcháilíocht.'

Leis an straitéis, roinnfear gnólachtaí beaga ina gcuideachtaí Ceardaí, Bunaithe, Nuathionscanta agus I mBun Fáis, agus tacaíochtaí saindeartha ag teastáil uathu ar fad, a fhorbrófar chun tacú le cuideachtaí i 5 phríomhréimse:

- 1 **Faisnéis agus Treo**
- 2 **Tacaíochtaí Ar Líne**
- 3 **Acmhainn a Fhorbairt**

4 Gréasáin Ábhartha

5 Réamheolais Ábhartha

Seimineár do Ghnólachtaí Beaga

I bhfianaise srianta COVID-19, reáchtáladh an 11ú Seimineár do Ghnólachtaí Beaga go fíorúil i mí Eanáir. An téama 'Bí Suaithinseach' a bhí ar an imeacht lena cuireadh i bhfios gur fhan na cliantchuideachtaí athléimneach in ainneoin na ndúshlán iomadúil a bhí rompu le linn na bliana ba dheireanaí, i ngeall ar an mBreatimeacht agus ar COVID-19 go háirithe. Aithníodh leis an téama freisin an gá do chuideachtaí leanúint leis an meon 'Bí Suaithinseach' a choinneáil agus iad ag dul isteach in 2021, agus é mar aidhm acu freastal ar riachtanais tomhaltóra agus margaidh atá ag teacht chun cinn.

Chuir an tAire Stáit don Taighde agus Nuálaíocht, do Shábháilteacht Feirme agus don Fhorbairt Nua Mhargaidh, an tAire Martin Heydon, tús leis an imeacht, agus chuir an Príomhfheidhmeannach Tara McCarthy fáilte roimh na rannpháirtithe ina dhiaidh sin. I measc na n-aoichainteoirí bhí Karen O'Neill, Bunaitheoir Beekon Batches, Laura Harper, Stiúrthóir an Cheannaitheoireachta agus FSC le Aldi Ireland agus David McKernan, Bunaitheoir Java Republic. I measc na gcainteoirí ó Bhord Bia bhí Karen Tyner, Bainisteoir Sinsireach PCF agus na nGnólachtaí Beaga agus Grace Binchy, Speisialtóir Ionachas agus Treochtaí. Thiúnáil os cionn 80 cliantchuideachta isteach chuig an imeacht fíorúil.

Ag deireadh an imeachta, bhí an deis ag cliantchuideachtaí cruinnithe 1:1 a bheith acu le comhaltaí éagsúla d'fhoireann Bhord Bia lena n-áiríodh ardbhainisteoirí, Origin Green, Airgeadas Margaíochta agus an Leabharlann.

Tacaíochtaí Ar Líne

Cruthaíodh Leathanach Gréasáin na nGnólachtaí Beaga in 2019 mar chuid de shuíomh gréasáin nuadheartha Bhord Bia. Cuireann an leathanach gréasáin eolas ar fáil do Ghnólachtaí Beaga faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ó Bhord Bia agus faoi na himeachtaí atá le teacht agus faoi ionchais thomhaltóra. Tugann sé treoir freisin

do chliantchuideachtaí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí stáit eile agus eagraíochtaí ábhartha.

Seoladh Zón Foghlama Bhord Bia in 2020 le réimse leathan modúl ar fáil, ar féidir le cliantchuideachtaí síniú suas dóibh, lena n-áirítear 'Ag Tabhairt Aghaidh ar Chainéal na Miondíola' agus 'Réamheolas ar an Inbhuainitheacht agus Origin Green'. Forbraíodh an uirlis seo mar fhreagairt ar aiseolas ó chliantchuideachtaí beaga Bhord Bia ar mian leo a bheith ábalta 'foghlaim ina gcuid ama féin'. Cuireann an Zón Foghlama é ar chumas a úsáideoirí uasciliú thar go leor modúil idirghníomhacha. Is acmhainn ilfheidhmeach foghlama í an acmhainn seo dár gcliantchuideachtaí beaga a bhuí le hacmhainní breise i bhfoirm físeán, grafaicí eolais agus foirne uirlisí lena n-íoslódáil.

An Bealach chuig Tacaíochtaí Margaidh - Cláir do Mhiondíoltóirí

I dtéarmaí an bhealaigh chuig an margadh ó dhearcadh Mhargadh na hÉireann, cuireann Bord Bia raon tacaíochtaí ar fáil don earnáil seo.

An tAcadamh Bia

Is comhthionscnamh é an tAcadamh Bia de chuid Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúil (LEOS). Forbartha in 2013, rinne an tAcadamh ceiliúradh ar 8 mbliana ar an bhfód in 2021, agus tacaíonn sé go fóill le fostú 1,500 duine. Cuireadh níos mó ná 15 táirge beo ar an tseilf mar chuid de chlár 2020/2021 an Acadaimh Bhia. Thosaigh an clár 2020/2021 i mí Mheán Fómhair 2021, le 43 cuideachta ag glacadh páirte. Thug gach LEO ar fud na tíre faoin Acadamh Bia cibé go neamhspleách nó le hOifig Fiontair Áitiúil máguaird.

Fás le Aldi

Forbraíodh an tionscnamh seo i gcomhpháirtíocht le Bord Bia agus tá sé ar tí a chúigiú bhliain a thosú. Dearadh an clár chun cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide in earnáil bia agus deochanna na hÉireann liostú miondíola a ghnóthú leis an miondíoltóir. Fuair na rannpháirtithe meantóireacht shaindeartha agus rochtain ar cheardlanna saincheaptha le ceannaitheoirí Aldi agus le saineolaithe teicniúla Bhord Bia. In 2021, chuir 52 táirgeoir Éireannach sa bhreis a dtáirgí ar fáil i 140 siopa de chuid Aldi ar fud na tíre tríd an gclár seo.

Bhronn Aldi liostú bliana le bheith mar chuid dá chroíraon, a chuaigh beo i mí Mheán Fómhair 2021, ar 6 sholáthróir.

Broideadh Lidl

Tá an clár seo ag dul ar aghaidh don 5ú bhliain as a chéile. Dearadh an clár forbartha soláthróra, arna reáchtáil i dteannta Bhord Bia, chun cuidiú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide in earnáil bia agus deochanna na hÉireann a mbranda a fhás agus a líonra soláthair a chruthú. Go dtí seo, tá infheistíocht €6 milliún déanta ag Lidl chun tacú le os cionn 350 soláthróir Éireannach bia agus deochanna, trí os cionn 500 táirge a chur ar fáil ar sheilfeanna Lidl ar fud na tíre.

Food Works

Oibríonn Food Works, príomhchlár luasaire na hÉireann le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta fiontraíocha bia agus deochanna, le líon beag foirne gnólachtaí ardacmhainneachta nuathionscanta le smaoineamh láidir don ghnó bia. Tá sé mar aidhm ag an gclár, arna reáchtáil ag Bord Bia, Enterprise Ireland agus Teagasc, smaointe nuálacha nua ar tháirgí a chothú agus a spreagadh, ar smaointe iad a chomhlíonann fíor-riachtanas an mhargaidh agus ag tacú le fás thionscal bia na hÉireann ar scála domhanda ag an am céanna. Ó 2012 ar aghaidh, d'oibrigh Food Works le níos mó ná 100 gnólacht nuathionscanta i smaointe gnó inscálaithe atá ag fás agus i smaointe gnó dírithe ar onnmhairiúcháin.

Áirítear an méid seo a leanas i rath an chlár go dtí seo:

- Tá rath onnmhairiúcháin bainte amach ag ceann amháin as gach cúig.
- Baineadh margaí domhanda amach i 4 mhór-roinn: an Eoraip, an Afraic, an Áis agus Meiriceá Thuaidh
- Saothraíodh os cionn €4.6 milliún ó Enterprise Ireland

Tar éis an phróisis fhoirmeálta iarratais, ghlac 8 gcuideachta rathúla páirt i gclár 2021 Food Works. Reáchtáladh an clár go fíorúil ar feadh na bliana 2021 le ceardlann ar siúl gach mí agus gach seisiún meantóireachta ar siúl ar líne. Tháinig an clár chun críche i mí na Samhna nuair a rinne na cuideachtaí cur i láthair, réidh do na hinfheisteoirí, do roinnt infheisteoirí féideartha. Tosaíodh ar fhoireann a earcú do chlár

2022 Food Works i mí na Samhna 2021 agus bhí na cuideachtaí rathúla le tosú i mí Feabhra 2022.

D'oibrigh na 3 ghníomhaireacht le chéile i rith 2021 freisin chun suíomh gréasáin nua Food Works a sheoladh atá dírithe ar eolas mionsonraithe a chur ar fáil d'iarrthóirí ionchasacha maidir leis an gclár.

Seimineár Gréasáin Mhargadh na bhFeirmeoirí

Reáchtáil Bord Bia seimineár gréasáin i mí an Mhárta chun leideanna agus smaointe cabhracha a roinnt chun go mbeidh sealbhóirí stáinníní Mhargáí na bhFeirmeoirí in ann a gcuid deiseanna ag an margadh agus níos faide i gcéin a uasmhéadú. De bharr gur tháinig athrú ar leagan amach formhór na margáí i ngeall ar COVID-19, scrúdaigh Bord Bia conas dul i ngleic leis an margadh seo atá ag athrú, chomh maith le aghaidh a thabhairt ar threochtaí tomhaltóra.

Ba iad Gillian Willis, Bainisteoir na nGnólachtaí Beaga ag Bord Bia, agus Margaret Hctor, sealbhóir stáinníní ag Margaí Feirme a bhfuil an taithí chuí aici, a chuir an seimineár gréasáin i láthair. D'fhreastal níos mó ná 70 ar an seimineár gréasáin.

Léarscáil Mhargáí Bia na hÉireann

Forbraíodh Léarscáil nua na Margaí Bia agus seoladh é ar shuíomh gréasáin Bhord Bia i mí an Mhárta 2021. Tarraingíonn an léarscáil sin aird ar os cionn 100 margadh feirmeoirí, margadh tuaithe agus margadh bia ullmhaithe ó fud fad na hÉireann. Bíonn an deis ag sealbhóirí stáinníní na margáí sonraí a margaidh a nuashonrú lena chinntiú go ndéantar na sonraí cearta a liostáil do chuairteoirí chuig an margadh.

An Margadh Bia ag Bloom

Tugann an Margadh Bia ag Bloom ardán do tháirgeoirí beaga bia chun margaíocht, cur chun cinn agus díolacháin na dtáirgeoirí beaga bia a spreagadh. Agus Bloom 2021 curtha ar ceal i ngeall ar na srianta COVID-19 ba dhéanaí, thug an t-imeacht digiteach #BloomAtHome gnéithe éagsúla an imeachta Bloom chun suntais. Áiríodh leis sin an Margadh Bia, lena tugadh cuntas ar tháirgeoirí beaga bia ar an suíomh gréasáin agus ar ardán na meán sóisialta i rith an fheachtais.

Athbhreithniú Earnála: Orgánach

Bunaíodh an Grúpa Straitéise le haghaidh an Earnáil Orgánaí i mí an Mhárta 2018 chun straitéis forbartha a chruthú don earnáil don tréimhse nach faide ná 2025. I measc an ghrúpa tá DAFM, Teagasc, Bord Bia, BIM, na comhlachtaí deimhnithe orgánacha chomh maith le comhlachtaí ionadaíochta feirmeoireachta an IFA, an ICMSA agus an ICSA. Déantar ionadaíocht ar an earnáil orgánach freisin sa ghrúpa le raon geallsealbhoirí ó na hearnálacha orgánacha feola, déiríochta, gairneoireachta, gránach agus dohbharshaothraithe.

Mar bhonn taca leis an straitéis sin, tá fíis ar mhaithe le bia orgánach na hÉireann, bunaithe ar shaintréithe a tháirgthe nádúrtha, mar rogha inmhianaithe d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus do mhiondíoltóirí. Tá sé mar chuspóir foriomlán ag an straitéis earnáil inmharthana bia orgánach a fhorbairt tuilleadh in Éirinn, lena gcuirfear feabhas ar dhintíúir inbhuanaitheachta bhia na hÉireann trí raon leathan táirgí orgánacha chun freastal ar dheiseanna na margáí baile agus onnmhairiúcháin.

Cuireadh an Straitéis Orgánach 2019-2025 san áireamh i measc gníomhaíochtaí orgánacha Bhord Bia in 2021.

Clár Feirmeacha Taispeána na Gairneoireachta

I mí an Mheithimh 2021, réachtáladh 4 lá 'taispeántais' / oscailte maidir le fás plandaí orgánacha 'óga' thar 2 lá ar fheirmeacha i gCill Dara, in Áth Cliath, i Laois agus i nGaillimh ina léiríodh conas plandaí glasraí óga orgánacha a fhás. Tháinig díoltóir nua tráchtála plandaí aníos ón bpróiseas.

Suirbhé maidir le hUaineoil Orgánach

Is é aidhm an tionscadail seo méid, scála agus dáileadh bonn soláthair na gcaorach orgánach in Éirinn in 2021 a shocrú. Rinneadh Suirbhé maidir le hUaineoil Orgánach idir mhí Bealtaine agus mhí an Mheithimh i measc comhaltaí Cumann Feirmeoirí agus Saothróirí Orgánacha na hÉireann (IOFGA) agus Organic Trust. Líon comhaltaí IOFGA an suirbhé ar líne agus rinne comhaltaí Organic Trust suirbhé poist. Le bheith curtha san áireamh sa suirbhé, níor mhór do tháirgeoirí ar a laghad caora orgánach amháin a bheith acu i 2021. Rinneadh táirgeoirí do shiopaí amháin agus táirgeoirí atá fós i mbun tiontú go horgánach a eisiáimh, le líon iomlán de 229 foirm incháilithe suirbhé faighte.

Taighde ar dheiseanna agus ar bhacainní maidir le táirgí Orgánacha na hÉireann

Rinneadh taighde chun cuidiú le Bord Bia na deiseanna agus na bacainní maidir le táirgí orgánacha na hÉireann sa mhargadh baile agus sa sna margáí onnmhairiúcháin araon. Tá Bord Bia ag iarraidh a thairiscint táirgí orgánacha a fhorbairt chun straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc" de chuid an Aontais a mheaitseáil mar go n-aithnítear bia orgánach mar réimse de thábhacht mhéadaitheach agus a bhaineann le leas an tomhaltóra. Chun an cuspóir seo a chomhlíonadh, rinneadh raon feidhme na hoibre a roinnt ina 3 phríomhréimse:

- An margadh baile do tháirgí orgánacha a thuiscint
- Na margáí seanbhunaithe thar lear a thuiscint
- Na margáí thar lear atá ag teacht chun cinn a thuiscint

Rinneadh an tionscadal an sheachadadh i rith 2021 agus chuidigh torthaí an staidéir seo réimsí ina bhféadfadh deiseanna a bheith ann do tháirgeoirí orgánacha na hÉireann agus cuideoidh an méid sin le Bord Bia gníomhaíochtaí a phleanáil do 2022 agus ina dhiaidh sin.

Taighde ar Mhargadh Orgánach na Gearmáine

Choimisiúnaigh Bord Bia taighde ar Mhargadh Orgánach na Gearmáine chun léargas a thabhairt do chuideachtaí na hÉireann maidir le deiseanna féideartha sa mhargadh. Tá margadh orgánach na Gearmáine ar an gceann is mó san Eoraip agus tá méadú 50% tagtha air ó 2016. Meallann méid €14.99bn (2020) an mhargaidh go leor soláthróirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugadh cuntas ar an dtuarascáil trí bhithín seimineár gréasáin i mí Dheireadh Fómhair 2021. D'fhreastal os cionn 40 ionadaí ó chuideachtaí bia agus deochanna Éireannacha air. Cuireadh forléargas cuimsitheach ar mhargadh orgánach na Gearmáine i láthair i rith an tseimineáir ghréasáin, inar cuireadh na cainéil éagsúla laistigh den earnáil orgánach in iúl go soiléir chomh maith le léargas ar cheanglais chomhpháirtithe trádála na Gearmáine. Tugadh léargas agus eolas leathan agus ábhartha ann freisin do chuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar mhargadh na Gearmáine sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Roinneadh cóip den tuarascáil agus nasc chuig an seimineár

gréasáin le geallsealbhóirí orgánacha ábhartha agus le cliantchuideachtaí ábhartha.

Mairteoil Orgánach na hÉireann a Chur Chun Cinn

Lean Bord Bia de mhairteoil orgánach a chur chun cinn sa mhiondíoltóir de chuid na hísiltíre Vomar, agus é mar aidhm acu feachtas agus tuiscint ar Mhairteoil Orgánach na hÉireann a mhéadú i measc tomhaltóirí na hísiltíre. I margadh ina bhfuil fiorthábhacht ag baint le leasa agus inrianaitheacht ainmhithe do thomhaltóirí, seasann cur chun cinn mhairteoil orgánach na hÉireann agus pointí éagsúla fianaise a bhaineann le táirgeadh mhairteoil féarbhunaithe na hÉireann amach don tomhaltóir deiridh. Téann Bord Bia i gcomhar i gcónaí le cliantchuideachtaí a bhíonn ag próiseáil mairteoil orgánach chun a fhiosrú cén chaoi ar féidir linn tacú lena tairiscintí.

Uaineoil Orgánach na hÉireann a Chur Chun Cinn

Thacaigh Bord Bia le feachtas bolscaireachta tomhaltóirí d'uaineoil Orgánach na hÉireann in Dunnes Stores i gcaitheamh 2021, inar díriodh ar dhintiúir nádúrtha uaineoil orgánach an earraigh agus ar an gcaoi ina dtáirgtear í. Téann Bord Bia i gcomhar i gcónaí le cliantchuideachtaí a bhíonn ag próiseáil uaineoil orgánach chun a fhiosrú cén chaoi ar féidir linn tacú lena tairiscintí.

Forbairt Bhrandáil an Mhargaidh Orgánaigh

Thosaigh Bord Bia ag fiosrú deiseanna chun dul i gcomhar le miondíoltóirí móra trí 'Phacáiste Brandáil Orgánach' a fhorbairt, ar féidir linn é a thairiscint do mhiondíoltóirí móra iomadúla chun táirgí Orgánacha na hÉireann a chur in iúl. Cé gur cuireadh tús leis an tionscadal in 2021, táthar ag súil leis an tionscadal a sheachadadh go luath in 2022.

Bia Mara Orgánach a Chur Chun Cinn

Reáchtálann Bord Bia 4 fheachtas náisiúnta tomhaltóra gach bliain ina gcuirtear bia mara orgánach chun cinn - ceann amháin ina gcuirtear diúilicíní orgánacha na hÉireann chun cinn sa Fhrainc, 2 fheachtas sa Fhrainc ina gcuirtear bradán orgánach na hÉireann chun cinn agus feachtas amháin ina gcuirtear bradán orgánach na hÉireann chun cinn sa Ghearmáin. Áirítear sna feachtais seo meascán d'fhógraíocht chlóite agus dhigiteach do spriocthomhaltóirí sna margáí seo, lena

gcuirtear pointí uathúla díolacháin bhia mara na hÉireann chun cinn agus lena spreagtar iad chun táirgí orgánacha na hÉireann a roghnú agus iad ina siopaí áitiúla. Glacann ár dtáirgeoirí agus ár bpróiseálaithe bia mara orgánach páirt freisin i réimse iomlán ár ngníomhaíochtaí margaíochta, lena n-áirítear seónna maidir le trádáil idirnáisiúnta, imeachtaí ceannaitheora/soláthróra; cuairteanna ceannaitheoirí isteach, chomh maith le tacaíocht shaincheaptha chun cuidiú le forbairt an bhranda srl.

Taighde Sonraí Kantar ar an Margadh Orgánach

Cheannaigh Bord Bia sonraí orgánach na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ó Kantar in 2021.

Aithníodh an méid seo a leanas do gach margadh leis na sonraí a ceannaíodh:


- Luach an Mhargaidh Orgánaigh
- Fás sa Mhargadh Orgánach
- Luach an Mhargaidh Orgánaigh vs Luach Foriomlán na Grósaeireachta
- Feidhmíocht na Catagóire

Cuireadh na sonraí sin ar fáil do na geallsealbhóirí go léir den mhargadh orgánach lena n-athbhreithniú.



Forbhreathnú

Áirítear i dtionscal na gairneoireachta earnáil an bhia sa ghairneoireacht agus an ghairneoireacht chonláiste. Mar thionscal, fostaítear 6,600 duine sa táirgeadh príomhúil.



Margadh na dtÁirgí Úra

Luacháladh margadh miondíola na dtáirgí úra ag €1.76bn in 2021, ar fheidhmíocht í sin arna spreagadh ag daoine ag obair ón mbaile i rith dianghlásálacha COVID-19, a d'fhág go raibh níos mó siopadóireacht á dhéanamh sna siopaí miondíola. Torthaí ea ba 48% den chaiteachas, caitheadh 37% ar ghlasraí agus 15% ar phrátaí. Imríodh drochthionchar ar mhargadh na seirbhíse bia leis na siopaí dúnta ar feadh tréimhsí fada i rith na bliana agus teorainn ar líon na gcustaiméirí nuair a athosclaíodh iad.

Torthaí agus Glasraí

In 2021, tháinig méadú ar luach foriomlán earnáil na nglasraí goirt, earnáil na mbarr cosanta bia agus earnáil na dtorthaí ó 2020. In 2021, bhí coinníollacha fáis na mbarr go maith go ginearálta i gcaitheamh an tséasúir, le teochtaí maithe agus titim báistí ag teacht ag na hamanna cearta. Ag brath ar asraon chainéal an mhargaidh agus ar bharr éagsúla, tháinig fás ar dhíolacháin i roinnt earnálacha. Bhí daoine ag obair ón mbaile, go háirithe le linn an chéad choda den bhliain de dheasca srianta leanúnacha COVID-19. Dá bharr, tháinig méadú ar an éileamh agus ar dhíolacháin ar an leibhéal miondíola. Bhí, áfach, drochthionchar aige ar chodanna den tionscal inar díródh ar níos mó ar mhargadh na seirbhíse bia. Chruthaigh infhaighteacht oibrithe agus an méadú ar chostais ionchuir dúshláin shuntasacha do thionscal na dtáirgí úra, go háirithe i dtreo dheireadh na bliana.

Muisiriúin

In 2021, bhí luach ag geata na feirme de thionscal na muisiriún cothrom le €124m. Rinne tionscal na muisiriún 85% den táirgeadh seo a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe agus díoladh an fuilleach ar an margadh baile. Ba bhliain mhaith í 2021 le haghaidh díolacháin muisiriún sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Bhí díolacháin ar an leibhéal ab airde riamh, arna spreagadh ag dianghlásálacha COVID-19, rud a d'fhág go raibh daoine ag fanacht sa bhaile agus ag déanamh níos mó cócaireacht baile dá bharr. Tháinig laghdú ar dhíolacháin mhiondíola nuair a tháinig deireadh leis na dianghlásálacha i dtreo dheireadh na bliana, ach bhí siad fós thar na leibhéil réamh-phaindéime.

Prátaí

Meastar gurab ionann táirgeadh na bprátaí in 2021 agus níos mó ná 300,000 tona. Is méadú é sin ar

tháirgeadh 2020. Bhí an táirgeacht ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana. Fásadh 8,870 heicteár. Tá an cineál Rooster fós ina phríomhchineál barr práta, a dhéanann suas 60% de churaíochtaí. Tá Kerrs Pink, Queens agus cineálacha le haghaidh táirgeadh criospaí ina gcineálacha suntasacha barr prátaí. Is é an margadh baile an príomh-mhargadh do tionscal na bprátaí, a luacháladh ag €245m in 2021 ar an leibhéal miondíola.

Barra Conláiste

Measadh gurb ionann luach aschur na hearnála conláiste agus os cionn €70m in 2021. Ba bhliain eile fhíor-rathúil do mhargadh na garraíodóireachta í an bhliain 2021. Chaith tomhaltóirí €1.5bn ar tháirgí agus seirbhísí a bhaineann leis an ngairdín, ag sárú iarluchard a taifeadadh siar i ré an Tíogair Cheiltigh. Bhí tomhaltóirí a gcuid fuinneamh agus a gcuid coigilteas "COVID" a dhíriú ar ghairdíní agus ar spásanna allamuigh i gcaiteachas 2021, agus chaith siad €271 milliún ar phlandaí agus bláthanna allamuigh.

I gcás onnmhairí, braitheann earnáil na gairneoireachta conláiste go mór ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe. In 2021, b'éigean don tionscal aghaidh a thabhairt ar pháipéarachas agus iniúchtaí fisiciúla méadaithe, agus d'éirigh cúrsaí lóistíochta níos casta mar gheall ar an mBreatimeacht. Ina ainneoin sin, ba bhliain mhaith d'onnmhairithe é 2021, mar gheall ar éileamh snámhach ar phlandaí sa Ríocht Aontaithe, agus easpa ginearálta plandaí san Eoraip, mar thoradh ar shuim níos mó sa gharráidóireacht, arna spreagadh ag COVID-19. Tháinig méadú ar onnmhairiú bleibíní agus lus an chrom cinn i ngeall ar shuaitheadh Breatimeachta ar bharr Shasana. Díoladh níos mó crainn Nollag ná 2020. D'ardaigh luach foriomlán na n-onnmhairí chuig €19.7m, lena n-áirítear bleibíní agus bláthanna (€2.1m); duilliúr (€6.0m); crainn Nollag (€3.6m) agus stoc plandlainne (€8.0m).

An Ghairneoireacht a Chur Chun Cinn

Prátaí a Chur Chun Cinn Is tionscnamh 3 bliana, iltíre leis an mBeilg agus leis an bhFrainc é feachtas na bprátaí arna maoiniú ag an Aontas Eorpach. Tá Europatat, comhlacht trádála prátaí an Aontais, ina chomhpháirtí san fheachtas freisin. Thosaigh an feachtas, a reáchtálar ar líne go príomha, i mí Aibreán 2020 agus chuir sé a dara bhliain i gcrích in 2021. Cuireadh 2 ghníomhachtúchán i gcrích i rith na bliana. Tá suíomh gréasáin an fheachtais (potato.ie) mar



bhonn taca ag an bhfeachtas, ina ndírítear an croí-ábhar ar oidis nua le prátaí. In Éirinn, reáchtáladh Lá Náisiúnta na bPrátaí go luath i mí Dheireadh Fómhair. B'fheachtas caidreamh poiblí, bunaithe ar líne, a bhí ann.

Feachtas Scoth an tSéasúir Seoladh an feachtas cumarsáide 'Scoth an tSéasúir' i mí Iúil 2021. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas feasacht a mhéadú i measc tomhaltóirí ar an tséasúracht agus ar na buntáistí a bhaineann le torthaí agus glasraí a ithe, tomhaltóirí a spreagadh chun táirgí úra i séasúr a cheannach agus a úsáid sa chócaireacht agus daoine a mhealladh i dtreo féilire "Scoth an tSéasúir" ar BordBia.ie. Áiríodh i measc príomhghnéithe an fheachtais caidreamh poiblí agus gníomhaíocht ar líne trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta. Ar a bharr sin, chruthaigh tionchairí oidis shéasúiracha agus roinn siad ar líne iad.

Ceiliúrtar Séasúr na Sútha Talún Seoladh an feachtas 'Ceiliúrtar Séasúr na Sútha Talún' i mí Bealtaine agus lean sé ar aghaidh go dtí mí Mheán Fómhair. Bhí gníomhaíocht dhigiteach/tionchairí, fógarfhocail chlóite, cruthú oidis, gníomhaíocht páistí ar líne agus gníomhaíocht próifíilí saothróra leis na meáin áitiúla i gceist leis an bhfeachtas. Bhí meáin shóisialta leanúnacha mar bhonn taca ag gach gné den fheachtas. Earcaíodh 4 chomhoibrí ar líne chun oidis shláintiúla chothaitheacha a fhorbairt. Díríodh an feachtas caidreamh poiblí, ina raibh an diaitéiteach Orla Walsh páirteach, ar na meáin náisiúnta agus réigiúnacha.

Clár Food Dudes

Cuirtear Scéim Scoile an AE maidir le Torthaí agus Glasraí chun feidhme in Éirinn tríd an gClár Iteachán Sláintiúil Food Dudes. Is tionscnamh fianaisebhunaithe dreasaithe athraithe iompair é an Clár Food Dudes, a ndéanann Bord Bia bainistiú air agus a dtugann an DAFM agus an tAontas Eorpach maoiniú dó. Tá sé mar aidhm ag an gClár Food Dudes tomhaltas marthanach torthaí agus glasraí a mhéadú i measc daltaí bunscoile trí torthaí agus glasraí a chur ar fáil agus a bhlaiseadh go minic.

Sa chéad leath den bhliain, mar gheall go raibh na scoileanna dúnta go dtí an Cháisc, rinneadh scéim nua aonbhliana a rolladh amach, ar scéim í inar díríodh go sonrach ar scoileanna DEIS don scoilbhliain 2020/21. Rinneadh na pacáistí seo Torthaí agus Glasraí ó Food Dudes a sheachadadh chuig leanaí sna scoileanna

comhpháirtíochta i dteannta lóin scoile (pacáistí cúraim) arna maoiniú faoi Scéim na mBéilí Scoile de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Gnóthaí Fostaíochta. Bhí cárta oidis arna dearadh go speisialta in éineacht le gach pacáiste seachadta Food Dudes. I ndiaidh na Cásca, leis na scoileanna ar fad in Éirinn oscailte athuair, tosaíodh ar shamhail scoilbhunaithe de Food Dudes a sheachadadh chuig scoileanna DEIS thar thréimhse 10 seachtaine. Bhí bearta láidre oideachais mar bhonn taca ag an gclár. Ghlac 257 scoil agus 37,000 leanbh páirt ann.

D'fhill clár traidisiúnta Food Dudes ar na bunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair agus bhí 780 scoil agus 117,000 leanbh ag glacadh páirte faoi dheireadh na bliana. I rith na seachtaine bhí 5 lá as a chéile d'imeachtaí blaiste chomh maith le físeáin agus ábhair don seomra rang mar thacaíocht.

Incredible Edibles

Is clár scoilbhunaithe é Incredible Edibles agus é mar aidhm aige linbh a spreagadh chun a dtorthaí agus glasraí féin a fhás ag an scoil agus sa bhaile, lena méadófar feasacht ar a ról san aiste bia sláintiúil agus cothrom. Tá an clár comhaoinithe ag tionscal na gairneoireachta le tacaíocht ó 3 roinn rialtais (Oideachais, Sláinte agus DAFM), Safefood agus Bord Bia agus déanann an comhlacht oideachais agraibhia, Agri Aware, é a bhainistiú ar leibhéal na scoile. Seoladh san Earrach de 2021 é, agus chláraigh 1,400 scoil agus 42,000 leanbh chun páirt a ghlacadh. Rinne 1,600 pacáiste fáis a sheoladh chuig scoileanna rannpháirteacha. Bhí gníomhaíocht ar líne agus ar scoil ann timpeall 5 chroíthasc an chlár mar chuid den chlár.

Club Lóin 'Healthy Heroes'

Is tionscnaimh am lóin do bhunscoileanna ó Chumann Báicéirí Aráin na hÉireann (IBBA) agus ó Bhord Bia é Healthy Heroes. Is é is aidhm dó cuidiú le linbh a gcuid gnásanna itheacháin agus aclaíochta a athrú. Cuireann ar clár é ar chumas na leanbh foghlaim faoin gcothú agus a leibhéil gníomhaíochta a chur chun cinn agus spraoi a bheith acu i dtimpeallacht neamhiomaíoch ag an am céanna. Áirítear leis sin eolas sothuigthe maidir le pirimid an bhia agus maidir lena mbíonn i sárghosca lóin chun linbh a spreagadh lón níos cothroime a bheith acu agus chun a bheith níos gníomhaí maidir leis na comhábhair a úsáidtear. I ngeall ar thionchar

COVID-19, le druidim na scoileanna sa chéad chuid den bhliain, seoladh an clár san Fhómhair agus chláraigh 500 scoil chun páirt a ghlacadh.

Garraíodóireacht a chur chun cinn

Seoladh tionscnamh nua 'Let's Grow' chun feidhmiú mar ardán do chur chun cinn iomlán na garraíodóireachta. Díríodh an feachtas den chuid is mó ar dhaoine níos óige agus orthu siúd nach bhfuil chomh mhuiníneach mar gharraíodóirí. Tugadh eolas maidir leis an ngníomhaíocht i dtreoir mhíosúil do ghníomhaíocht ghairdín, tacaíthe ag postálacha ar na meáin shóisialta. Cruthaíodh acmhainní nua digiteacha do racht gníomhaíocht ar ardáin shóisialta agus dhigiteacha an fhómhair, lena n-áirítear físeáin leis an ngarraíodóir mór le rá Fiann Ó Nualláin. Amharcadh ar fhíseáin an fheachtais 300,000 agus cliceáladh ar shuíomh gréasáin an fheachtais 18,000 uair.

Bloom Dream Gardens go Fíorúil

Cuathas i gcomhar le dearthóirí gairdín a bhfuil an duais Bloom buaite acu, plandlanna na hÉireann agus miondíoltóirí gairdín na hÉireann chun an tionscnamh 'The Easy Steps to Dream Gardens' ['Céimeanna Éasca i dtreo Sárghairdíní']. Dearadh an tionscnamh chun cuidiú leis an bpobal a ngairdín taispeántais féin a chur sa bhaile. Seoladh an tionscnamh i gcomhthráth le deireadh seachtaine Bloom, lena cuireadh gníomhaíocht fhíorúil ar bun chun Bloom a cheiliúradh agus aird a dhíriú ar an bhféile i leagan fíorúil den dara huair. Iarradh ar shaothróirí na bplandlanna a liostaí infhaighteachta séasúracha a thíolacadh lena meas ag na dearthóirí lena gcur san áireamh ina gcuid pleananna, agus rinneadh ionaid garraíodóireachta a scrúdú agus iarradh orthu an feachtas a chur chun cinn ar a láithreacha. Forbraíodh pacáiste tacaíochta le haghaidh dearthóirí gairdín, plandlanna agus ionaid garraíodóireachta rannpháirteacha, lena n-áirítear acmhainní meán sóisialta, i dteannta plean molta ábhair. Baineadh rannpháirtíocht ard amach ó gheallsealbhóirí thar gach réimse gairneoireachta.

Cinntíodh le feachtas láidir caidreamh poiblí agus meán sóisialta go raibh rannpháirtíocht dochreidte láidir le mír na sárghairdíní ar shuíomh gréasáin Bloom ag baint an méid seo a leanas amach;

- 23,225 cuairteoir uathúil chuig suíomh gréasáin Dream Gardens

- Pleananna gairdine íoslódáilte 5,800 uair ó shuíomh ghréasáin Bloom.
- Amharcadh ar fiseáin na ngairdíní 9,672 uair

Baineadh cumhdach iontach amach sa phreas náisiúnta agus sa phreas réigiúnach (idir thrádáil agus thomhaltóirí). Shaothraigh feachtas meán Bloom 72 píosa cumhdaigh agus bhain sé lucht freastail os cionn 5.7 milliún duine amach, chomh maith le comhluch fógraíochta os cionn €170,000. Rinneadh roinnt mhaith agallaimh náisiúnta agus réigiúnacha ar an raidió freisin. Rinneadh babhta eile de chur chun cinn ar na meáin shóisialta ó mhí Lúnasa go dtí tús mhí Mheán Fómhair, agus bhí babhta eile gníomhaíochta ann mar thoradh air sin.

Tionscnamh na gCathracha Glasa

Bhí Éire mar chuid d'iaratas rathúil an Aontais in 2020 ar fheachtas na gCathracha Glasa, ar tháinig méadú ar líon na dtíortha AE is rannpáirtí i mbliana, ó 7 go 13. Dirítear an feachtas ar lucht ceaptha beartas, ar lucht pleanála cathrach, ar lucht cinnteoireachta na gcathracha, ar ailtirí tirdhreacha agus ar fhorbróirí, chun na luachanna agus na tairbhí a bhaineann le tuilleadh spásanna glasa sna cathracha a aithint. Seoladh an feachtas i mí an Mheithimh. Bunaíodh cuntas LinkedIn don fheachtas. Reáchtáladh comórtas le haghaidh iontráil na hÉireann ar an ngradam 'Cathracha Glasa na hEorpa', agus ar an ngradam 'Cathracha Glasa na hÉireann'. Cothaíodh go leor suim san fheachtas leis an dá ghradam.

Cláir Gairneoireachta

Ionchais Gairneoireachta

An 'Tuarascáil ar Luach an Mhargaidh Garraíodóireachta 2020' de chuid IPSOS agus staidéar cáilíochtúil dar teideal, 'Ag Ullmhú do Dhomhan iarCOVID-19 na Gairneoireachta', lena dtomhaistear iompair na ngarraíodóirí nua agus na ngarraíodóirí atá a filleadh le linn tréimhse shrianta COVID agus conas iad a choinneáil mar thomhaltóirí, scaipeadh iad sin ar gach geallsealbhóir sa chéad ráithe de 2021.

Aonaigh Náisiúnta Plandaí

D'óstáil Bord Bia Aonach Tralaithe an Earraigh go fóirúil in 2021, ag tacú le Cumann Stoc Crua Plandlanna na hÉireann (IHNSA) i dteannta Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, a eagraíonn an t-aonach

gach bliain. In 2021, óstáladh an t-imeacht ar ardán tiomnaithe le 100 duine ag freastal ar an imeacht fóirúil. Bhí cruinnithe ceannaitheora 1:1 idir chuairoteoirí agus 12 taispeántóirí plandlainne mar chuid den imeacht. Roimh an imeacht, reáchtáladh seisiún oiliúna agus meantóireachta le taispeántóirí maidir le conas an t-ardán a úsáid agus na buntáistí a ghabhann le bheith gníomhach air.

Clár Forbartha Onnmhairiú Conláistí

Aithníodh forbairt na n-onnmhairí i gcás na dtáirgí conláiste, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibíní, mar dheis leata. Dirítear an Clár um Chonláistí a Onnmhairiú (AEP) ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta ar mian leo cur le díolacháin reatha a n-onnmhairí nó dul isteach i margaí onnmhairiúcháin den chéad uair. Bíonn na cuideachtaí seo ag plé le gairneoireacht conláiste amhail duilliúr gearrtha, bleibíní agus bláthanna, crainn Nollag, agus plandaí gairdín. In 2021, bhí siad sin tacaithe ag meantóir, a mbíodh i mbun teagmháil rialta le príomh-onnmhairiúirí barra conláiste. Cuireadh cabhair ar fáil de réir mar ba ghá chun nósanna imeachta nua custam, a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2021, a thuiscint. I mí na Samhna, d'fhreastal gach plandlann is onnmhairiúir ar sheisiún tiomnaithe pearsanaithe comhairleoireachta onnmhairiúcháin meantóir ón earnáil conláiste bunaithe sa Ríocht Aontaithe. In 2021, cuireadh suas le 120 gnólacht luathuithe agus nuathionscanta ar fáil d'onnmhairiúirí conláiste. Chonacthas fás maith sa mhargadh onnmhairiúcháin in inneoin an tsuaite.

An Bhainistíocht Bharainneach

Is cúnamh iad prionsabail bainistíochta barainní chun cuidiú le gnólachtaí a dtáirgiúlacht a mhéadú. Cuireadh cabhair ar fáil do 7 ngnólacht gairneoireachta i rith na bliana. Cuidíonn an clár le cuideachtaí méadrachtaí a bhunú d'fheidhmíocht an ghnólachta, féachann sé ar struchtúir bainistíochta agus tuairiscithe, agus aithníonn sé na réimsí le haghaidh costais a choigilt agus táirgiúlacht a mhéadú. I dtreo dheireadh na bliana, cuireadh Mearanailís Costais ar fáil do chuideachtaí, lena chinntiú go raibh siad ar an eolas faoi thionchar na n-arduithe ar phraghsanna a bhí ann le déanaí ar a mbrabúsacht, agus conas an t-eolas seo a úsáid i gcaibidlíocht praghsanna.

Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais thionscal na gairneoireachta trí urraíocht comhdhálacha, seimineár agus ceardlanna ábhartha a chur ar fáil, chomh maith le himeachtaí arna n-eagrú ag eagraíochtaí eile a bhfuil baint ag Bord Bia leo. Cuireadh cuid mhór imeachtaí beo ar ceal in 2021. Cinntíodh le tacaíocht Bhord Bia, áfach, go raibh sé indéanta roinnt de na himeachtaí sin a réachtáil go fíorúil.



ORIGIN GREEN

Tiomantas Bhord Bia don Inbhuanaitheacht

Léirítear tiomantas Bhord Bia don inbhuanaitheacht, agus go háirithe d'inbhuanaitheacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, trí fhorbairt agus teacht chun cinn chlár Origin Green. Cuireann clár Origin Green, atá deich mbliana ar an bhfód i mbliana, ar chumas thionscal bia agus dí na hÉireann spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste a leagan síos agus a bhaint amach, spriocanna a léiríonn meas ar an gcomhshaol agus a fheastalaíonn ar phobail áitiúla ar bhealach níos éifeachtaí, baineann sé le tomhas agus le feabhas ar bhonn leanúnach. Tá creidiúnú agus fóirú neamhspleách fite fuaite i ngach céim den slabhra soláthair. Comhoibríonn Bord Bia trí chlár Origin Green, le breis agus 55,000 feirm agus le os cionn 300 comhlacht bia agus dí de chuid na hÉireann chun inbhuanaitheacht an bhia atá á tháirgeadh acu a chruthú agus fheabhsú chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus tomhaltóirí ar fud an domhain atá ag teacht chun cinn. Is ionann comhaltaí fíoraithe Origin Green agus 90% dár n-onnmhairí bia agus dí.

Origin Green – d’fheirmeoirí

Cuimsíonn measúnuithe ar an fheirm cuid thábhachtach de chlár Origin Green. Ciallaigh bonneagar Dearbhú Cáilíochta atá ann cheana féin agus atá i bhfeidhm le breis is scór bliain, go raibh leathadh amach measúnuithe inbhuanaitheachta ag leibhéal feirme indéanta. Faoi mbonneagar seo tugann breis is 100 iniúcháir faoi os cionn 650 iniúcháireacht neamhspleách feirme gach aon seachtain. Bhí os cionn 295,000 measúnú carbóin ar siúl ar fheirmeacha mairteola agus déiríochta go dtí seo.

Tá an scéim deartha chun measúnú a dhéanamh ar chleachtais fheirmeoireachta agus chun sonraí a thaifeadadh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht feirmeoireachta na hÉireann a léiriú ar bhealach córasach ag leibhéal feirme aonair agus dá bhrí sin an cruthúnas atá riachtanach a sholáthar do chustaiméir go bhfuil táirgí feirme na hÉireann á dtáirgeadh faoi chritéar inbhuanaitheachta agus dearbhú cáilíochta. Tá na scéimeanna bunaithe ar dhea-chleachtais san fheirmeoireacht agus sa phróiseáil, ar reachtaíocht reatha, ar threoirínte tionscail agus ar chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha – agus atá creidiúnaithe chuig ISO 17065:2012.

Thug Bord Bia, mar fhreagra díreach ar phaindéim COVID-19, córas iniúcháireachta cianda isteach. Chumasaigh an cur chuige nua seo i leith na hiniúcháireachta go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí deimhniúcháin go léir na scéime do na comhaltaí agus treoirínte sláinte phoiblí a chomhlíonadh ag an am céanna. Leanadh ar aghaidh leis seo le linn na bliana 2021 tráth ar críochnaíodh go cianda formhór na n-iniúcháireachtaí (thart ar 80% acu).

Líon Iomlán na nIniúcháireachtaí Dearbhaithe Cáilíochta a tugadh chun críche sa bhliain 2021

Bhí 45,572 iniúcháireacht ar an iomlán ag leibhéal feirme ar fud gach scéim táirgeora ar siúl sa bhliain 2021, lena n-áirítear, 34,425 iniúcháireacht SBLAS agus 9,734 iniúcháireacht SDAS tugtha chun críche.

Comhaltas na Scéime sa bhliain 2021

Tá na leibhéil chomhaltais laistigh de na scéimeanna ag leibhéal feirme amhail deireadh na bliana 2021 mar a leanas:

Earnáil	Comhaltaí
Mairteoil & Caoireoil	54,094
Déiríocht	16,343
Muiceoil	411
Éineoil	1026
Uibheacha	444
Gairneoireacht	352

Lógó Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia

Tá úsáid an lógó Dearbhaithe Cáilíochta ar lipéadú miondíola ard i gcónaí. Sa bhliain 2021, ceadaiódh do 2,265 lipéad eile an lógó a úsáid. Sa bhliain 2022, bhí thart ar 410 lipéad ó 45 comhlacht ceadaithe agus bhain an líon is airde leis na catagóirí mairteola, éineola agus muiceola.

Origin Green – do dhéantúsóirí, do mhiondíol agus don tseirbhís bia,

Tá fócas Origin Green ar phlean inbhuanaitheachta a fhorbairt don déantúsaíocht, don mhiondíol agus don tseirbhís bia le spriocanna soiléire, intomhaiste agus faoi cheangal ama de réir Cairt Inbhuanaitheachta Origin Green. Mar chuid den phróiseas seo, tugann gach comhlacht atá rannpháirteach tiomantas go ndéanfaidh siad plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil a fhorbairt dá ngnó. Tugtar breac-chuntas sa phlean seo ar spriocanna láidre, intomhaiste atá ábhartha dá ngnó i dtrí phríomhréimse, eadhon foinsíú amhábhair, próisis déantúsaíochta agus inbhuanaitheacht sóisialta. Tugann comhlachtaí faoi phróiseas plean forbartha ilchéime chun a chinntiú go roghnaíonn siad spriocanna uailmhianacha trí fhreastal ar cheardlanna inbhuanaitheachta Bhord Bia, comhairliúcháin le meantóir inbhuanaitheachta agus aiseolas ó Bhord Bia. Dearbhaíonn Mabett, comhlacht cigireachta, dearbhaithe, tástála agus deimhniúcháin ceannródaíoch domhanda go neamhspleách plean gach aon chomhalta d’Origin Green agus déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna an phlean, ó thaobh feabhsúcháin leanúnach ar bhonn bliantúil.

Léiríonn cead ó Mabbett go bhfuil plean inbhuanaitheachta an chomhlachta ag freastal ar na híoschaighdeáin atá riachtanach chun comhaltas Origin Green a bhaint amach. Tá dearbhú neamhspleách pleananna mar ghné lárnach agus mar ghné rithábhachtach den chlár. Ní mór do chomhaltaí Origin Green, tar éis mionleasú a dhéanamh ar an bplean, athbhreithniú ar a bpleananna inbhuanaitheachta a chur faoi bhráid ar bhonn bliantúil ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos.

Tá 2,779 sprioc inbhuanaitheachta ar an iomlán leagtha síos ag comhaltaí déantúsaíochta an chláir agus tá 13,600 tionscnamh inbhuanaitheachta bunaithe idir na blianta 2012 – 2021. De réir mar a leanann an clár ar aghaidh ag forbairt tá réimsí nua tugtha isteach, lena n-áirítear, pacáistíocht, éagsúlacht agus cuimsiú, chomh maith leis an réimse fócais a bhí ann roimhe seo maidir le foinsí inbhuanaithe, éifeachtúlacht oibríochta agus inbhuanaitheacht sóisialta. Cinntítear leis seo go mbeidh ar chumas comhaltaí Origin Green a bheith céim chun tosaigh maidir le treochtaí margaidh agus leanúint le freastal ar riachtanais inbhuanaitheachta na gcustaiméirí. Sa bhliain 2021 tugadh fógra do chomhlachtaí nach mór do chomhlachtaí Sraith 1 agus Sraith 2 Origin Green (>€50m) spriocanna astaíochta carbóin a leagan síos ón mbliain 2022 ar aghaidh. Beifear ag súil go sáróidh na comhaltaí astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh a laghdú agus measúnú níos cuimsithí a dhéanamh ar a lorg carbóin iomlán, lena n-áirítear, astaíochtaí an tslabhra luacha.

Origin Green – Straitéis láidir don todhchaí

Bhí Clár Origin Green naoi mbliana ar an bhfód sa bhliain 2021. Ar feadh na bliana, dhírigh an obair ar ceithre chuspóir straitéiseacha an plean a sheachadadh:

- 1 Cur le rannpháirtíocht an chomhaltais**
- 2 A bheith mar cheannaire ó thaobh inbhuanaitheacht bia**

3 Treallús a chur faoi fheabhsú inbhuanaitheachta

4 Cur le rochtain agus luach margaidh do chomhaltaí Origin

Cinntoidh seachadadh na ceithre chuspóir sin go leanann Origin Green ag forbairt agus ag leathnú agus go ndéantar cothabháil ar a sheasamh ceannródaíoch. Tá Origin Green ar an aon chlár náisiúnta inbhuanaitheachta bia agus dí ar domhan i gcónaí a chuireann treallús faoi fheabhsúcháin inbhuanaitheachta ar an slabhra soláthair iomlán ag leibhéal náisiúnta.

Cuspóir Uimhir 1: Cur le rannpháirtíocht an chomhaltais

Tá tacú le déantúsóirí bia agus dí na hÉireann chun spriocanna inbhuanaitheachta uailmhianacha a leagan síos agus a bhaint amach i gceist le Origin Green. Chun é sin a bhaint amach, tá uirlisí agus acmhainní éagsúla ar fáil do chomhlachtaí atá rannpháirteach agus iad ag obair le dearbhú iomlán a bhaint amach chomh maith lena stádas mar chomhalta dearbhaithe a choinneáil bliain ar bhliain.

Ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil sa bhliain 2021 bhí:

- Meantóir Origin Green a sholáthar: Sannadh meantóir Origin Green ar bhonn duine le duine do gach Comhlacht Origin Green chun cuidiú leo pleananna inbhuanaitheachta a dhréachtú agus athbhreithnithe bliantúla a thabhairt chun críche. Chuir na meantóirí seo tacaíocht agus treoir ar fáil i gcaitheamh an phróisis ar bhonn comhlachta aonair chun seirbhís saincheaptha a chinntiú
- Ceardlanna maidir le Forbairt Bheartaithe: Reáchtáil Origin Green 24 seimineár gréasáin tosaigh le linn na bliana 2021 a chuidigh le comhlachtaí an clár a thuiscint agus a gcuid pleananna a fhorbairt.
- Treallús a chur faoi fheasacht ar na comhaltaí trí phróifiliú a dhéanamh orthu ar láithreán gréasáin origingreen.ie Bhord Bia, ar na meáin shóisialta agus ó thaobh deiseanna eile Caidrimh Phoiblí ar feadh na bliana.

- Tairgtear comhairle duine le duine do na comhaltaí go léir maidir le conas leas a bhaint as comhaltas agus cá háit lena dtiomantais inbhuanaitheachta a chur in iúl.
- Coinnítear comhaltaí suas chun dáta trí ríomhíris ráithiúil Origin Green agus ríomhphoist rialta
- D'fhostaigh Bord Bia comhlacht neamhspleách tríú páirtí chun tacú le tuiscint a fháil ar an mbealach ina bhféadfadh comhlachtaí buntáiste agus tomhas a dhéanamh ar thionchar tráchtála a gcuir iarrachtaí inbhuanaitheachta trí Chlár Origin Green. Roinneadh príomhthorthaí an mheasúnaithe neamhspleách seo trí sheimineár gréasáin le comhaltaí Origin Green agus trí mhéadrach chun buntáiste a bhaint as tionchar tráchtála na hinbhuanaitheachta laistigh dá ngnó.
- Rinne Foireann Origin Green forbairt ar dhoiciméid treorach i réimsí astaíochtaí, pacáistithe, bithéagsúlachta, éagsúlachta agus cuimsiú. Cuireann na doiciméid treoir ar fáil do chomhlachtaí comhaltas Origin Green agus iad ag leagan síos spriocanna laistigh de Phlean Origin Green.
- D'éagraigh Foireann Origin Green seisiún faisnéise maidir le tuiscint do na comhaltaí a bhí a sheachadadh ag Ambasadóirí Origin Green agus rinne forbairt ar 5 thuarascáil tuisceana ar na hábhair inbhuanaitheachta seo a leanas: geilleagar ciorclach, trédhearcacht sa slabhra soláthair, aiste bhia inbhuanaithe, talmhaíocht athghiniúnach agus athrú aeráide agus an slabhra soláthair.
- Chuir tuarascáil Radair Ullmhachta Bhord Bia léargas uathúil ar fáil agus tuiscint ghrinn ar an mhuinín agus ar ullmhacht thionscal bia, deoch agus gairneoireachta agus é ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá amach roimhe agus na deiseanna atá i ndán dó. Rinneadh cur síos ar inbhuanaitheacht mar cheann de na 'Cúig Chinn Tosaigh' de rioscaí ardleibhéil atá i ndán don tionscadal, mar sin reáchtáil Foireann Origin seimineár gréasáin maidir le hullmhacht inbhuanaitheachta do chomhaltaí chun tabhairt faoi na príomhthorthaí agus chun deiseanna a léiriú.

Sraith seimineáir gréasáin agus oiliúint

- Reáchtáladh dhá sheisiún faisnéise agus oiliúna iniúchóra SBLAS/SDAS sa bhliain 2021. Bhí seisiún amháin ar siúl i mí Lúnasa inar clúdaíodh Cumarsáid Feirmeora, torthaí shuirbhé iniúchóra, an tEolas is deireanaí maidir le Suirbhé Inbhuanaitheachta SBLAS, Clár Píolótach maidir le Leasa Ainmhithe agus athrú ar rialacháin cógais tréidliachta 2019/6 & 4. Bhí an dara seisiún ar siúl i mí na Samhna. Díríodh sa seisiún seo ar thabhairt isteach iniúchóireacht chumaisc agus filleadh ar phrótaicail ar an láthair oibre. D'fhreastail bainistíocht comhlachtaí iniúchóireachta agus os cionn 90 iniúcháir ar an dá sheisiún.
- Thug comhaltaí na foirne maidir le Dearbhú Cáilíochta aoi-léachtaí i gColáiste Talmhaíochta an Chreagáin agus i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis araon do mhic léinn eolaíochta talmhaíochta na 3ú agus 4ú bliana. Ar na príomhábhair a clúdaíodh bhí, cén fáth go dteastaíonn cláir dearbhaithe cáilíochta uainn agus cén tionchar a bhíonn acu ar rochtain mhargaidh.
- Reáchtáladh dhá sheimineár gréasáin le comhaltaí na scéime próiseálaithe feola ar an athrú atá ar na bacáin ar sheirbhís gréasáin bhunachar sonraí Bhord Bia a mbaineann monarchana úsáid as go rialta chun stádas dearbhaithe ainmhithe atá le marú a chinntiú. Bhí tabhairt isteach na seirbhíse gréasáin nua ceangailte le bogadh chuig freastalaí atá faoi bhainistíocht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an brú ar bhunachar sonraí Bhord Bia a laghdú.
- Cruthaíodh modúl oiliúna ar líne agus rinneadh an modúl sin a leathadh amach d'oifigigh allamuigh agus d'fheirmeoirí go léir éineola. Rinneadh an modúl seo a fhorbairt roimh sheoladh na Scéime Dearbhaithe Táirgí Éanlaithe Inbhuanaithe (SPPAS) sa bhliain 2021 agus tugtar mionsonraí ar riachtanais go léir na scéime. Éilítear ar gach feirmeoir an modúl seo a chríochnú roimh iniúchóireacht SPPAS agus cinntíonn go bhfaigheann gach feirmeoir tuiscint ar chritéir go léir na scéime agus conas an scéim a chomhlíonadh.

Rinne tabhairt isteach córas creidiúna Origin Green sa bhliain 2020 cúrsaí níos éasca chun comhaltaí atá ag feidhmiú ag leibhéal níos airde a aithint nó atá ag sárú

a bhfeidhmíocht inbhuanaithe. Is ionann Comhaltas Óir Origin Green agus leibhéal nua a cruthaíodh sa bhliain 2020 chun comhlachtaí atá ag déanamh thar barr ina réimsí sprice a léiriú. Fógraíodh ag imeacht fíorúil i Meán Fómhair 2021, 51 comhlacht mar Chomhaltaí Óir. Cuireadh uirlisí agus ábhar nua ar fáil do na Comhaltaí Óir go léir chun iad a aithint mar Chomhaltaí Óir. Tá próifiliú a dhéanamh ar an láithreán gréasáin, na meáin shóisialta agus sa phreas trádála agus tá comhairle faighte ar bhonn duine le duine ag gach duine de na comhaltaí seo maidir leis na bealaí is fearr le leas a bhaint as an stádas nua seo.

Cuspóir Uimhir 2: A bheith mar cheannaire ó thaobh inbhuanaitheacht bia

Ar feadh na bliana 2021, d'iarr lucht eagraithe comhdhálacha idirnáisiúnta, comhlachtaí rialtais intíre agus idirnáisiúnta agus príomhchustaiméirí bia agus dí na hÉireann ar chomhaltaí Foirne Origin Green labhairt maidir le forbairt agus torthaí leanúnacha chlár Origin Green. Chuir na himeachtaí labhartha seo treallús faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar chlár Origin Green do lucht féachana intíre agus idirnáisiúnta araon.

Rinneadh forbairt ar Innéacs Origin Green sa bhliain 2019 mar uirlis chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don seasamh ceannaireachta atá ag Origin Green ó thaobh léiriú a dhéanamh ar fheidhmíocht feirme agus comhlachta. Bhí cur i dtoll a chéile sraith meadarachtaí inbhuanaitheachta i gceist le hInnéacs Origin Green a bhailítear faoi Scéimeanna Dearbhaithe Inbhuanaitheachta (SAS) agus Cairt Origin Green (Cairt OG) in aon fhoirse amháin. Cinntíonn Innéacs Origin Green gur féidir le Foireann Origin Green rianú a dhéanamh ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta ar fud an SAS agus na Cairte Óir agus léiriú a dhéanamh go himheánach agus seachtrach ar an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á bailiú. Tugadh Innéacs Origin Green cothrom le dáta sa bhliain 2021 le KPlanna inbhuanaitheachta.

Comhairle Origin Green

Chun cur le peirspictíochtaí na hÉireann maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár Origin Green, bhunaigh Bord Bia Comhairle Domhanda Origin Green i gcomhpháirtíocht le cleachtóirí ceannródaíocha inbhuanaitheachta an tionscal bia agus dí idirnáisiúnta.

Is éard atá mar chuspóir ag an gComhairle Domhanda, fóram ceannaireachta smaointeoireachta domhanda a chruthú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhrá domhanda áit an mhargaidh mar le hábhair inbhuanaitheachta bia agus dí domhanda atá ag teacht chun cinn ar mhaithe le tacú le forbairt clár Origin Green.

Tionóladh an dara cruinniú Comhairle Domhanda Origin Green i mí na Samhna 2021. Díríodh sa chruinniú ar dhul chun cinn Origin Green le 9 mbliana anuas agus rinneadh machnamh ar threo agus ar straitéis an chlár amach anseo.

An Dearcadh Inbhuanaitheachta Domhanda

D'fhoilsigh Bord Bia, i Meán Fómhair 2021 torthaí cheann de na suirbhéanna domhanda is leithne ar tugadh faoi riamh maidir le dearcadh ceannairí smaointeoireachta, tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála. Bhí an staidéar leagtha amach chun cuidiú le hiompar agus éilimh tomhaltóra maidir le hinbhuanaitheacht a thuiscint chun an fhoireann, cliantchuideachtaí agus custaiméirí a ullmhú le léargais suas chun dáta a bhaint amach ar mhaithe le gníomhartha stuama, inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tugadh faoi Shuirbhé Inbhuanaitheachta Domhanda Origin Green ag baile agus i dhá cheann déag (12) de na margaí onnmhairithe is mó atá ag Éirinn, chun tuiscint a fháil ar an dearcadh i leith na hinbhuanaitheachta agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i dtí ghrúpa; lucht déanta cláir (grúpaí abhcóideachta, lucht déanta beartais, ceannairí tionscail) custaiméirí (ceannaitheoirí trádála, ceannairí inbhuanaitheachta, ceannairí oibríochta) agus custaiméirí. Comhroinneadh torthaí an tsuirbhé ag lón tionscail, le go leor cliaint agus custaiméirí agus ag imeachtaí páirtithe leasmhara, fóraim agus comhdhálacha.

Comhoibriú leis an ICBF agus le Teagasc: Lorg Carbóin

Tá Bord Bia ag obair i gcomhar le Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) anois chun feabhas a chur ar ríomh lorg carbóin mhairteola agus déiríochta. Tá rochtain ag an ICBF ar shonraí atá riachtanach chun lorg carbóin feirme a chomhlánú ar nós sonraí Chaighdeáin Bainistíochta maidir le Faisnéis Talmhaíochta (AIMS) agus sonraí táirgiúlachta (beomheáchan, táirgeadh bainne, dáta breithe laonna srl.).

Sa bhliain 2021, aistríodh an phróiseáil lorg carbóin go léir chuig córais comhtháite an ICBF. Tá lorg carbóin déiríochta an SDAS tugtha cothrom le dáta anois chuig an modheolaíocht nua lorg carbóin atá á sholáthar ag Teagasc. Cuimseoidh na samhlacha nua seo spáráil astaíochtaí ó úsáid Úiré Cosanta agus ó theicneolaíochtaí feabhsaithe leathadh sciódair chomh maith le comhéifeachtúlacht astaíochtaí atá sonrach do chleachtais talmhaíochta na hÉireann, de réir mar atá foilsithe i litríocht eolaíochta. Tá athríomh déanta ar lorg carbóin SDAS go léir de réir an mhodha nua a bhfuil laghdú 13% ar mheán-lorg carbóin chomhaltaí an SDAS mar thoradh air ó 1.14 go 0.99 kg CO₂e / kg FPCM.

Cuspóir Uimhir 3: Treallús a chur faoi fheabhsú inbhuanaitheachta

Tá sé rithabhachtach go gcuirfidh Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an méid atá á mhaíomh go bhfuil bia agus deoch na hÉireann á dtáirgeadh go hinbhuanaithe de réir mar a théann brúnna comhshaoil agus margaíochta araon i méid. Tá forbairt agus tacaíochtaí forbartha feirme agus comhlachta ar an bpríomhmheicníocht lena gcuireann Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta.

Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta

Rinneadh líon nuashonruithe ar chaighdeán Inbhuanaitheachta agus Dearbhaithe Cáilíochta sa bhliain 2021:

Scéim Dearbhaithe Inbhuanaithe Uibheacha (SEAS)

Chun cothabháil a dhéanamh ar ailíniú le héilimh mhargaidh, comhaontaíodh nuashonrú eatramhach ar chaighdeán an SEAS, thug an Coiste Comhairleach Teicniúil chun críche é agus cheadaigh an INAB é sa bhliain 2021. Tugann an nuashonrú seo ceanglais bithshlándála nua isteach atá níos láidre agus sonraíochtaí breise tí do chuid an Sciobóil den chaighdeán. Freastalóidh na hathruithe seo le treallús a chur faoi uibheacha saor ó chásanna a bheith ar an margadh faoin mbliain 2025. Cuireadh siar leathadh amach na gceanglas nua seo mar gheall ar ráig den Fhliú Éanúil Ardphataigineach (HPAI) H5N1 i mí na Samhna 2021. Déanfar nuashonrú eatramhach na

scéime a leathadh amach anois comhthreomhar le hiniúcháireacht iomlán SEAS ar an láthair sa bhliain 2022, nuair a bheidh maolú tagtha ar chás an Fhliú Éanúil.

Scéim Dearbhaithe Inbhuanaithe Táirgí Éineola

Cuireadh tús le hiniúcháireacht ar an Scéim Dearbhaithe Inbhuanaithe Táirgí Éineola (SPPAS) i mí Eanáir 2021 do Phóraitheoirí/Tógálaithe agus do Thógálaithe Béaróga agus cuireadh tús le hiniúcháireacht ar tháirgeoirí éineola an 1 Meán Fómhair 2021. Tabharfar chun críche leasú roimhe seo na scéime éineola, an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Táirgí Éineola, faoi dheireadh na bliana 2022. Thug na hoifigigh allamuigh go léir faoi oiliúint ar líne agus thug na feirmeoirí éineola go léir faoin mhodúl oiliúna ar líne ó thaobh ceanglais nua na scéime roimh iniúcháireacht SPPAS.

Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Muc

Cuimseofar leasú iomlán ar an gcaighdeán seo mar mhodúl sa Chaighdeán Beostoic nua atá ar na bacáin lena fhorbairt sa bhliain 2022. Mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt ar éilimh áirithe margaidh, bhí sé riachtanach nuashonrúchán eatramhach a chur i bhfeidhm maidir le leasú reatha an chaighdeáin. I Meán Fómhair na bliana 2021, seoladh an nuashonrúchán eatramhach. Thug sé sin cúig cheanglas nua isteach ar réimsí Frithsheasmhachta in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMR), Sláinte agus Leas Ainmhí agus Bithshlándáil.

Caighdeán Próiseálaí Bia

Tá nuashonrú a dhéanamh ar dhá chaighdeán próiseálaí bhia Bord Bia, an Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta Próiseálaí Feola agus an Caighdeán do Thorthaí agus do Ghlasraí Ullmhaithe, i láthair na huaire mar Chomhchaighdeán Próiseálaí Bia. Déanfar é seo a chríochnú agus a leathadh amach sa bhliain 2022.

Mol Foghlama

Seoladh Mol Foghlama Inbhuanaitheachta Feirme Bhord Bia i mí Deireadh Fómhair 2021. Tá forbairt déanta ar mhodúil maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, gás ceaptha teasa, MACC Teagasc agus bithéagsúlacht i gcomhar le DAFM agus Teagasc agus tá siad ar an gcéad chuid

de leabharlann atá ag dul i méid ina bhfuil modúil a théann ó 15 go 30 nóiméad atá á gcur ar fáil d'fheirmeoirí. Tá pleananna faoi bhealach freisin chun modúil a fhorbairt ar chaighdeán uisce agus ar shláinte ithir.

Lorg Carbóin maidir le hUain

Tá forbairt agus creidiúnú déanta ag an lontaobhas Carbóin, mar chuid den Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe, ar mhodúl chun astaíochtaí fiontair uaineola a thomhas agus toradh an Loirg Carbóin a ríomh de réir bonn iniúchóireachta. Déanfar an lorg carbóin a ríomh mar chileagram de choibhéis CO₂- in aghaidh an chileagraim de bheomheáchan uain. Tá cruthú Suirbhé Inbhuanaitheachta Uaineola mar ghné lárnach den tionscadal seo, lena mbaileofar na sonraí atá riachtanach chun ríomh cruinn Lorg Carbóin a chinntiú. Críochnófar an suirbhé seo roimh nó le linn na hiniúchóireachta agus déanfar faisnéis a thaifeadadh maidir le tithíocht, úsáid leasacháin agus rátaí beathaithe. Cumasóidh sé seo thuarascálacha maidir le lorg carbóin agus táirgiúlacht a chruthú d'fheirmeoirí, ina dtabharfar mionsonraí ar an mbealach ina ndéanann siad comparáid le luachanna náisiúnta agus cuirfear comhairle ar fáil maidir le conas cleachtais níos inbhuanaithe a chuimsiú ina gcuid fiontar. Tá feidhm á baint as an tsamhail ar fheirmeacha faoi láthair agus beidh sé ar chumas feirmeoirí úsáid a bhaint as an aiseolas óna gcuid tuarascálacha go gairid.

Nuashonrú an tSuirbhé Inbhuanaitheachta

Rinneadh nuashonrú ar an suirbhé inbhuanaitheachta chun feabhsúcháin sa samhaltú lorg carbóin a léiriú ó tugadh isteach é sa bhliain 2013. Léirítear i nuashonrúcháin an tsuirbhé, athruithe ar chleachtais agus ar theicneolaíochtaí feirmeoireachta chomh maith le sonraí breise a bhailiú atá riachtanach chun an ríomh maidir le féarchothú mairteola agus déiríochta a chomhlánú. Áirítear ar roinnt samplaí de na nuashonrúcháin, cuimsiú ríomhaireachtaí astaíochtaí ocsaíd nítríil sonrach don séasúr, cothú foráiste malartach, teicneolaíochtaí leasacháin nua ar nós Úiré Cosanta, glacadh le fuinneamh in-athnuaite agus tuairisciú ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Seaimpíní Lorg Carbóin

Sa bhliain 2021, rinne Bord Bia tuarascáil Seaimpín Lorg Carbóin (CFC) a fhorbairt a dhéanann anailís ar 400 tréad SDAS a bhfuil laghdú tagtha ar a lorg carbóin thar trí iniúchóireacht i ndiaidh a chéile idir na blianta 2014 agus 2020. Comhoibrigh Bord Bia leis an Ollamh Thia Hennessy ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh chun an spáráil gheilleagrach atá déanta ag na Seaimpíní atá ag eascairt as feidhmiú na gcleachtas atá luaite thuas a mheas. Léirítear leis na Seaimpíní Lorg Carbóin seo go dtéann inbhuanaitheacht agus táirgiúlacht le chéile ar fheirmeacha dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia. Rinne na Seaimpíní:

- Laghdú 18% in aghaidh an aonaid (1.22 go 1.00 kg CO₂e/kg FPCM) ar a Meánlorg Carbóin.
- 50% a chur leis an táirgeadh bainne, i gcomparáid le hardú 32% i dtáirgeadh bainne do mheán-tréada SDAS.
- 15% a chur leis an lítear in aghaidh na bó, i gcomparáid le hardú 9% do mheán-tréada SDAS.
- Ardú 22% ar Bhainne Soladach in aghaidh na Bó, i gcomparáid le hardú 15% in MS/Bó ar fheirmeacha SDAS.
- Níos lú ná 7% dlúthbha in aghaidh na bó in aghaidh na bliana seachas meán-tréada SDAS, le meán-dhlúthbha in aghaidh na bó bainne in aghaidh an lae ag 2.48 do thréada CFC agus 2.66 do thréada SDAS.
- Bhí séasúr innilte i gceist a bhí 10 lá níos faide (256 lá) ná mar a bhí do mheán-tréada SDAS (246 lá).

Tuarascálacha maidir le hAiseolas Feirmeora

Sa bhliain 2021, fuarthas Tuarascálacha Aiseolais Feirmeora tar éis iniúchóireacht a dhéanamh ar 24,000 tréad. Is éard atá mar chuspóir le Tuarascáil Aiseolais Feirmeora léiriú a thabhairt do chomhaltaí maidir le gníomhaíochtaí agus ionchur ar an fheirm a chuireann le táirgeadh GHG agus tá comhairle agus aiseolas sa tuarascáil maidir le bealaí chun maolú a dhéanamh ar na hastaíochtaí seo agus cur le héifeachtúlacht na táirgeachta. Cuirtear an t-aiseolas comhairleach le chéile i gcomhar le Teagasc agus díreofar ar na bearta atá leagtha amach i gcuar MACC Teagasc.



Rannpháirtíocht Feirmeora

Le linn na bliana 2021, dhírigh an clár seo ar chumarsáid le feirmeoirí, inar léiríodh an ról ríthábhachtach atá acu ó thaobh inbhuanaitheacht tionscal gnó agraibhia na hÉireann agus soiléireacht a thabhairt do dhintiúir inbhuanaitheachta na margaí atá ann cheana lena gcaomhnú agus margaí nua a aimsiú. Chuir Bord Bia mar chuid den straitéis rannpháirtíochta feirmeora Bhord Bia sa bhliain 2021, nuachtlitreacha ráithiúla ar fáil do chomhaltaí an SDAS agus SBLAS agus cuireadh nuachtlitreacha eile ar fáil freisin do chomhaltaí na Scéime Muiceola agus Éineola. Clúdaíodh ábhair ar nós caighdeáin féarchothaithe Bhord Bia, Ríomhmhol Foghlama Feirmeora, Comhoibriú Treorach Feirme, tionchar COVID-19 ar mhargaí idirnáisiúnta agus iniúchóireacht cianda, gan ach beagán a lua.

Mar chuid d'Fheachtas Comhairleach an Chláir maidir le Treoir, d'oibrigh Teagasc agus Bord Bia i gcomhar le chéile ar fheachtas an fhómhair chun feirmeoirí a spreagadh ó thaobh a bheith rannpháirteach i ngníomhú ar son na haeráide. Díríodh san fheachtas ar chur le feachtas i measc feirmeoirí maidir lena lorg carbóin trí Thuarascáil Aiseolais Feirmeora. Rinneadh léiriú san fheachtas ar an mbealach inar féidir Tuarascáil Aiseolais Feirmeora a úsáid do chinnteoireacht ar an fheirm, trí rannpháirtíocht le comhairleoir Teagasc nó trí chiall a bhaint as an gcomhairle atá sa tuarascáil. Áiríodh anseo, comhpháirtíocht meáin, cumarsáid dhíreach trí théacs agus trí nuachtlitir, seimineáir gréasáin, pléghrúpaí agus oiliúint comhairleora.

Cuspóir Uimhir 4: Cur le rochtain agus le luach margaidh do chomhaltaí Origin Green

Is éard atá i gceist ar deireadh thiar pointe suntasach difreála a chruthú do thionscal bia agus dí na hÉireann thart ar réimse na hinbhuanaitheachta. Tugann sé cruthúnas tríú páirtí do chomhlachtaí maidir lena gcáilíochtaí agus tiomantais inbhuanaitheachta a bheidh ar a gcumas a chomhroinnt le custaiméirí trádála, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Rinneadh forbairt ar an gclár cumarsáide lena chinntiú go leanann Bord Bia ar aghaidh le cruthúnas agus dul chun cinn an chláir agus a chuid comhaltaí a chur os comhair páirtithe leasmhara in Éirinn agus thar lear.

Cumarsáid maidir le Cruthúnas agus Dul chun Cinn

Bhí Tuarascáil ar Dhul chun Cinn a seoladh i gcomhar le fógra an Chomhaltais Óir 2021 ar cheann de na buaicphointí sa bhliain 2021. Áirítear ar roinnt de na príomhthorthaí:

- Rinne comhaltaí na scéime dearbhaithe cáilíochta mairteola agus uain inbhuanaithe (SBLAS) taifeadadh ar mheánlaghdú de 6.3% i CO₂ in aghaidh an aonaid mairteola
- Rinne comhaltaí na scéime dearbhaithe cáilíochta déiríochta inbhuanaithe (SDAS) taifeadadh ar mheánlaghdú de 6% i CO₂ in aghaidh an aonaid bainne
- Tá laghdú 18% déanta ag fothacar de 400 SDAS comhalta ar a meánlorg carbóin thar trí iniúchóireacht i ndiaidh a chéile
- Tá 2,779 sprioc inbhuanaitheachta iomlána leagtha síos ag comhaltaí déantúsaíochta an chláir agus tá 13,600 tionscnamh inbhuanaitheachta bunaithe acu ó seoladh an clár naoi mbliana ó shin
- Déanann deichniúr (10) de chomhaltaí dearbhaithe Origin Greann sa tseirbhís mhiondíola agus bia, ionadaíocht ar thart ar 75% de mhargadh miondíola na hÉireann agus tá 165 sprioc inbhuanaitheachta leagtha síos acu ar fud réimsí maidir le haimsiú inbhuanaithe táirgí, oibríochta, sláinte, cothaithe agus inbhuanaitheacht sóisialta.

- Leanann scála agus scóip chlár Origin Green le torthaí tábhachtacha a chur ar fáil le 290,000 lorg carbóin á ríomh ag leibhéal feirme agus os cionn 53,000 iniúchóireacht feirme á ndéanamh go cianda an bhliain seo caite mar gheall ar COVID- 19. Go dtí seo i mbliana scaipeadh os cionn 21,000 tuarascáil aiseolais feirmeora ar chomhaltaí SBLAS agus SDAS lena gcur ar an eolas maidir le lorg carbóin na feirme, agus le treoir phraiticiúil agus spriocdhírthe a chur ar fáil dóibh conas bainistíocht a dhéanamh ar a gcur ionchur ar bhealach níos éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil de.
- Bronnadh stádas Comhaltais Óir ar chaoga a haon comhlacht Origin Green mar gheall ar éachtaí inbhuanaitheachta ceannródaíocha tionscail i réimsí ar nós pacáistiú, fuinneamh, bithéagsúlacht agus rannpháirtíocht pobail.

Caighdeáin Féarchothaithe

In 2020, sheol Bord Bia Caighdeán Féarchothaithe do mhairteoil agus déiríocht, an chéad cheann ar domhan a seoladh ar scála náisiúnta, ar trí sin is féidir an céatadán féir a itear in aiste bia thréada déiríochta agus mairteola na hÉireann a rianú agus a dhearbhu. Déanann beagnach leath de thomhaltóirí ar fud na cruinne ceangal idir Éire agus mairteoil agus déiríocht féarchothaithe, mar sin, forbraíodh an caighdeán mar fhreagra díreach ar an méadú atá ag teacht ar éileamh ó thomhaltóirí agus custaiméirí idirnáisiúnta.

Le linn na bliana 2021, thacaigh an fhoireann Origin Green le próiseálaithe a raibh suim acu úsáid a bhaint as an Lógó Féarchothaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha éagsúla slabhra soláthair atá ann agus forléargas a thabhairt dóibh ar an bpróiseas atá ag teastáil chun úsáid a bhaint as an lógó. Táthar ag cloí le bunachar sonraí seolta do mhonarchana is comhalta agus do phacálaithe idirnáisiúnta a forbraíodh chun caighdeáin inrianaitheachta agus lipéadaithe a chinntiú le haghaidh táirgí féarchothaithe a phacáiltear thar lear.

LÉARGAS STRAITÉISEACH AGUS PLEANÁIL

Tugann ‘Léargas chun Fás a Chumhachtú’ tosaíocht do ról lárnach maidir le smaointeoireacht níos fearr chun torthaí níos fearr a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. Creidimid i mBord Bia, go dtugann léargas buntáiste iomaíoch bunúsach agus ceannaireacht sa smaointeoireacht dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara. Soláthraíonn an Fhoireann do Léargas agus do Phleanáil Straitéiseach treoir straitéiseach, léargas, intleacht agus forbairt cumais atá lárnach ó thaobh straitéisí margaíochta agus nuálaíochta do ghnólaigh bia agus dí na hÉireann. Táimid ag amharc go dóchasach ar an am atá le teacht, ó thaobh cumasú a dhéanamh ar na páirtithe leasmhara cinntí straitéiseacha níos fearr a dhéanamh, trí acmhainní a chur ar fáil do chlár le hionchais straitéiseacha fadtéarmacha. Déanfaimid uailmhianta Bhord Bia a sheachadadh ar mhaithe le fiúntas fadtéarmach dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara trí léargas, nuálaíocht agus forbairt branda chun a chinntiú go mbíonn léargas tomhaltóra agus margaidh i gcroílár cláir oibre ár gcliaint.

Sa bhliain 2021, rinne mol taighde agus nuálaíochta, Teach Smaointeoireachta den chéad scoth Bhord Bia seachadadh ar aschur inghníomhaithe maidir le cúig chlár:

- Léargas tomhaltóra agus cultúir
- Treochtaí, fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht
- Faisnéis agus léargas margaidh
- Forbairt agus nuálaíocht branda
- Forbairt Acmhainneacht Cliant

Léargas Tomhaltóra agus Cultúir

Sa bhliain 2021, cuireadh acmhainní taobh thiar de léargais ar bhealach níos fairsinge do tháirgeoirí, feirmeoirí, do mhargaí, do chainéil, d’earnálacha agus do léargas cultúir. Beidh saineolas i ngach ceann de na réimsí sin i gcomhar le comhoibriú le páirtithe leasmhara mar fhoinsé difreála iomaíche agus cuirfear treallús faoi fhás gnó.

Áirítear ar thionscadail ar tugadh fúthu faoin gClár seo sa bhliain 2021:

Léargas maidir le Lucht Siopadóireachta na hEorpa

Is rianaire atá anseo atá ag síor-rith maidir le hiompar siopadóirí i bpríomhmhargáí na hEorpa chun tuiscint a fháil ar athruithe ar thomhaltas feola a chlúdaíonn seacht gcinn de mhargáí: Éire, an Bhreatain Mhór, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Iodáil, an Bheilg agus an tSualainn. Déanann sé tomhaltas próitéine, dinimic mhargaidh, úsáidí agus dearcadh i leith mairteola agus bacainní agus tiománaithe mairteola a thomhas. Rinneadh na torthaí a chur i láthair príomhchustaiméirí agus príomhchliaint ar feadh na bliana 2021 agus i láthair 120 ionadaí cliantchuideachtaí ag an Seimineár Feola Lár-Bliana i mí Iúil. Spreagtar cliant le sonraí sonracha miondíoltóra saincheaptha a éileamh chomh maith le tuarascálacha Eorpacha agus tuarascálacha margadh bunaithe gach dhá mhí.

Stíleanna Maireachtála maidir le Cothú

Clúdaíonn an staidéar ilnáisiúnta seo naoi gcinn de mhargáí ar fud 18,000 rannpháirtí. Leagtar amach fiosrú a dhéanamh sa tuarascáil ar an mbealach inar tháinig Stíleanna Maireachtála maidir le Cothú chun cinn le blianta beaga anuas, le fócas faoi leith ar veigeánachas, veigeatóireachas agus leathveigeatóireachas ag cur lenár staidéar ón mbliain 2018. Cuireann sé ar chumas gnólaigh bia agus dí na hÉireann breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tabhairt faoin todhchaí agus a bheith tábhachtach i gcónaí agus faisnéis a sholáthar don chumarsáid, don nuálaíocht agus do straitéis branda ag an am céanna. D’fhreastail 150 cliant agus páirtí leasmhar ar an seimineár gréasáin inar seoladh an tuarascáil.

Iompar Tomhaltóra na Ríochta Aontaithe

Ag leanúint ar aghaidh ó obair na bliana 2019 agus 2020, bhí sé mar chuspóir leis an obair seo tuiscint a fháil ar cén bealach a mbeadh tionchar ag an mBreathimeacht ar dhearcadh i leith Poblacht na hÉireann agus na príomhchatagóirí bia agus deoch. Sa bhreis air sin, tá an chuma air go ndíreoidh fonn foriomlán thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe ar réimsí éagsúla ar nós an gheilleagair, sábháilteacht agus slándáil agus ar fáil ginearálta ar bhia agus deoch agus ar phraghsanna. Scaipeadh Sraith 14 de na torthaí ar chliantchuideachtaí i mí na Samhna.

Tuiscint a fháil ar an gCatagóir Bia Reoite (an Ríocht Aontaithe)

Tugadh faoi thaighde le tuiscint níos doimhne a fháil ar chatagóir mhiondíola bia reoite na Ríochta Aontaithe i dtéarmaí méid an mhargaidh, príomhimreoirí agus iompar siopadóirí do chnuasach cliantchuideachta chun ardán nuálaíochta agus tairiscintí do chustaiméirí a fhorbairt. Bhí seimineár gréasáin ar siúl i mí an Mheithimh tráth ar cuireadh na torthaí i láthair 60 duine a d'fhreastail ar sheimineár gréasáin.

Todhchaí na Beorach Cheirde a Chur chun Cinn

Tá catagóirí beoir cheirde agus leann úll na hÉireann ar na catagóirí is mó a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu. Is beag nár scrios an spleáchas ard maidir le hídú ar an láthair agus láithreach lag sna cainéil ar líne an fás a bhí bainte amach thar thréimhse 10 mbliana. Beidh faisnéis thráthúil agus cruinn riachtanach maidir leis an gcaoi a seasann cúrsaí faoi láthair, cá háit a n-oireann siad sa spás agus cé na gníomhartha a bheidh riachtanach leis an bhris a thabhairt isteach ar mhaithe leis an mbunsraith a raibh damáiste déanta di ar mhargaí na hÉireann a thógáil arís agus tús a chur le féachaint ar onnmhairithe an athuair. Cuireadh torthaí an tsuirbhé seo i láthair 80 ionadaí tionscail ag seimineár gréasáin i mí an Mheithimh.

Staidéar Deighilte Tomhaltóirí Mairteola don Ghearmáin

Tugadh faoi staidéar taighde chainníochtúil agus cáilíochtúil chun deighilt a dhéanamh ar bhonn tomhaltóra Gearmánacha do mhairteoil na hÉireann chun díriú air sna blianta atá romhainn. Bainfear úsáid as na léargais seo chun cruth a chur ar phleananna cumarsáide don mhairteoil sa Ghearmáin.

Mairteoil agus Déiríocht Féarchothaithe don tSín

Tugadh faoi thaighde chun dearcadh agus tábhacht na mairteola agus na déiríochta féarchothaithe i measc tomhaltóirí agus trádáil sa tSín a thomhas chomh maith leis an dearcadh atá acu ar lógó féarchothaithe Bhord Bia. Cuireadh torthaí an taighde i láthair i mí na Bealtaine agus baineadh úsáid as chun straitéis chumarsáide a fhorbairt sa mhargadh chomh maith le mairteoil agus déiríocht féarchothaithe na hÉireann a chur chun cinn leis na custaiméirí deiridh.

Tástálacha Blaiseadh Mairteola sa tSeapáin

Staidéar chun tuiscint a fháil ar úsáid agus ar dhearcadh i leith na mairteola sa tSeapáin trí staidéar deighilte cainníochtúil agus leibhéil glactha táirge a aithint trí thástáil chéadfach táirgí mairteola na hÉireann agus na n-iomaitheoirí sa mhargadh. Cuideoidh sé seo le Bord Bia gnéithe uathúla díolacháin a aithint do mhairteoil féarchothaithe na hÉireann do thomhaltóirí agus do chustaiméirí, do thithe trádála agus d'allmhairteoirí. Cuireadh na torthaí i láthair i mí na Nollag.

Binsemharcáil maidir le Feasacht ar Fhéarchothú

Bhíothas ag leanúint le taighde ar mhargaí tosaíochta chun binsemharc feasachta a sholáthar maidir leis an gcaighdeán féarchothaithe i measc tomhaltóirí. Don mhairteoil, áirítear ar na margaí taighde, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc agus an tSualainn agus don déiríocht, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín agus an Ghearmáin.

Dearcadh an Tomhaltóra i leith Leas Ainmhithe (NL & DE)

Taighde cáilíochtúil chun tuiscint a fháil ar eolas agus ar dhearcadh an tomhaltóra i leith leas ainmhithe sa táirgeadh mairteola, na gnéithe maidir le leas ainmhithe a bhfuil spéis ag tomhaltóirí iontu a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh maidir leis na pointí cruthúnais is cumhachtaí do SBLAS agus do chórais féarchothaithe na hÉireann.

Rianaire Seintimint Tomhaltóra i leith Bia Allmhairithe sa tSín

Ag leanúint as Sraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir don tSín, rinneadh an taighde seo a stiúradh mar fhreagra ar iarratas ó líon cliantchuideachtaí déiríochta agus mairteola chun tuiscint níos fearr a fháil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sheintimint tomhaltóra i leith bia allmhairithe roimh agus tar éis COVID- 19 chun cabhrú le brandaí na hÉireann freagairt do mhargadh na Síne ar bhealach tráthúil. Is rianaire míosúil atá i gceist anseo agus foilsíodh an chéad sraith torthaí sa Mhárta.

Beart Margaidh don Ghairneoireacht

Seoladh an staidéar rianaithe ilbhliantóige leanúnach seo maidir leis an tionscal taitneamhachta i láthair 80 ionadaí tionscail sa Mháirta.

Meastóireacht maidir le Muiceoil agus Éineoil

Tugadh faoi thaighde leanúnach thart ar fheachtas muiceola agus éineola an AE chun tionchar an chlár a thomhas agus a mheas sna trí bliana atá amach romhainn.

Meastóireacht ar Mharc Cáilíochta Bhord Bia

Tugadh faoi thaighde tomhaltóra chun meastóireacht a dhéanamh ar ár bhfeachtais chumarsáide maidir leis an Marc Cáilíochta agus Speicis in Éirinn. Cuireann nádúr rianaithe an taighde ar ár gcumas meastóireacht a dhéanamh ar fheasacht, ar thuiscint agus ar thionchar gach feachtas ar mhaithe le feidhmíocht gach aon cheann acu a thomhas. Tá sé mar aidhm leis na feachtais seo treallús a chur faoi fheasacht agus faoi cheannach táirgí an Mhairc Cháilíochta i measc tomhaltóirí na hÉireann.

Treochtaí, Fadbhreathnaitheacht agus Nuálaíocht

Soláthraíonn an clár seo treochtaí margaidh agus tomhaltóra ar mhaithe le comhlachtaí a spreagadh chun meoin aigne atá réamhbhreathnaitheach, fadbhreathnaitheach agus tomhaltóir lárnach a chruthú i measc cinnteoirí ina n-eagraíochtaí. Cuireann soláthar catagóir atá dírithe ar an todhchaí agus eolas ar an tionscal ar chumas cliantchuideachtaí glacadh le dearcadh fadtéarmach atá dírithe go straitéiseach. Tacaíonn na clár nuálaíochta atá lárnach ó thaobh an tomhaltóra de le cliantchuideachtaí maidir le forbairt táirge nua agus le rochtain ar chainéil agus ar mhargáí a chuireann ar a gcumas caidreamh níos doimhne a chruthú leis na príomhchustaiméirí agus leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Áirítear ar thionscadail sa chlár seo sa bhliain 2021:

Staidéar Inbhuanaitheachta Domhanda Bhord Bia

Rinneadh an taighde domhanda ilghnéitheach seo a dhearadh chun eolas a chur ar fáil don tionscal maidir leis an gclár domhanda inbhuanaitheachta. Tá príomhléargais ó pháirtithe leasmhara, ceannairí smaointeoireachta, custaiméirí agus tomhaltóirí curtha

ar fáil ag an taighde a mbainfear úsáid as le treo straitéiseach chlár Origin Green a stiúradh. Rinneadh an seoladh i mí Meán Fómhair ag imeacht seimineáir gréasáin agus d'fhreastail os cionn 350 duine agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gcur i láthair do phríomhchliant.

Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra

Sa bhliain 2021, thugamar suas chun dáta ár dTreochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra a cuireadh i láthair 80 cliant trí sheimineár gréasáin, ceardlanna saincheaptha duine le duine agus seisiúin faisnéise eárnála. Tá infheistíocht sa staidéar maidir le Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra dílsithe mar bhloc tógála ríthábhachtach chun deiseanna do chliant atá dírithe ar an todhchaí a aithint.

A bheith ar an nGannchuid II

Rinne an nuashonrú ar staidéar na bliana 2020 iniúchadh ar an tírdhreach tomhaltóra agus sinn ag déanamh an bhealaigh trí COVID- 19 agus tríd an réaltacht gheilleagrach uathúil atá i ndán dúinn anois. Rinneadh seimineár gréasáin a sheachadadh do bhreis is 150 duine i mí Feabhra a rinne iniúchadh ar an mbealach ina bhfuilimid ag stiúradh cúrsa an tsaoil atá thart timpeall orainn agus maidir leis an mbealach ina bhfuilimid ag tabhairt faoi shiopadóireacht agus ár gcuidreamh le bia agus deoch atá ag síor-athrú.

Séamataic na hinbhuanaitheachta 2021

Déanann an tuarascáil maidir le Séamataic na hinbhuanaitheachta, a seoladh i mí na Samhna, forlíonadh ar séamataic Bhranda Bia Éireann atá ann cheana féin lasmuigh den mhargadh intíre chun dearcadh tomhaltóra idirnáisiúnta a thabhairt san áireamh ar fud na Ríochta Aontaithe, an Ghearmáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá sé dírithe ar úinéirí bhranda bia agus dí na hÉireann a threorú chuig an mbealach is cumhachtaí le leas a bhaint as cóid séamataic na hinbhuanaitheachta ina gcuid brandála agus cumarsáide chun treallús a chur faoi fhás. Déanfar iarracht ligean le scéal na hinbhuanaitheachta don tionscal bia agus deoch, lena n-áirítear, úsáid teanga, cóid fiseacha agus ilchéadfaí agus ba chóir go gcuirfí eolas ar fáil do dhearadh pacáistíú agus do chumarsáid branda. Comhroinneadh an tuarascáil seo agus bhí ceardlann ann do chliant chun páirtithe leasmhara a threorú chun leas a bhaint i gcónaí as an “Éireannachas” ar fud an domhain.

Cásanna Amach Anseo maidir le Bia agus Deoch

Staidéar fadbhreathnaitheach fadtéarmach bunchloiche atá anseo chun iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí agus saincheistanna straitéiseacha a aithint a mbeidh tionchar acu ar an tionscal bia agus dí sna 10–15 bliain atá amach romhainn chun tuiscint, leas agus bainistíochta a dhéanamh ar an todhchaí ar bhealach níos éifeachtaí. Aithnítear ann 10 gcinn de mhórtreochtaí a bhfuil tionchar acu ar an tionscal bia agus deoch agus cuireann i láthair ceithre chás lena ndéantar iarracht iniúchadh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh tarlú sa chás is measa – ag spreagadh smaointeoireacht úsáideach agus ag cur treallús faoi smaointe a chuirfidh eolas ar fáil do thodhchaí bia agus deoch. Seoladh an staidéar do bhreis is 50 ionadaí cliantchuideachtaí trí sheimineár gréasáin agus bainfear úsáid as chun oibriú le cliant chun pleananna gnímh a fhorbairt ionas go mbeidh a ngnó in ann an aimsir a sheasamh.

Todhchaí Orgánach

Sa bhliain 2021, chomhlánaigh Bord Bia staidéar maidir le léargas margaidh chun deiseanna agus bacainní ó thaobh táirgí orgánacha na hÉireann a aithint ar an margadh intíre agus ar na príomhmhargáí ar fud na hEorpa go háirithe. Léirítear sa taighde seo freisin cás-staidéir ó mhargáí atá níos forbartha chun cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil maidir leis an mbealach inar tháinig forbairt ar an earnáil orgánach agus súil leis na príomhseifteanna a chuidigh leis an fhás seo a léiriú. Comhroinneadh torthaí an taighde seo leis an earnáil orgánach trí sheimineár gréasáin Bhord Bia.

Todhchaí Bia Mara

Tá staidéar nuálaíochta á scaipeadh ar an mbonn cliant ábhartha bia mara chun tuiscint a fháil ar thiománaithe leathana a dhéanfaidh múnú ar dheiseanna méide, struchtúir agus nuálaíochta don bhia mara sa mhiondíol agus sa tseirbhís bia araon agus dá réir sin, an áit a bhféadfadh tráchtálú féideartha a bheith ann don tionscal sna 10 mbliana atá amach romhainn.

Todhchaí na Déiríochta san Áise Thoir Theas

Tugadh faoi staidéar fadbhreathnaitheach a bhí dírithe ar dheiseanna agus ar bhagairtí amach anseo don earnáil déiríochta i dtíortha na hÁise Thoir Theas (Vítneam, an Mhalaeisia, an Téalainn, Singeapór, an Indinéis agus na hOileáin Fhilipíneacha) a nochtadh chun a chinntiú go mbeidh seasamh níos fearr ag

tionscal déiríochta na hÉireann maidir le héileamh sa réigiún amach anseo.

Úsáidí agus Dearcadh i leith na Déiríochta sa Nigéir

Bhí taighde ar siúl ar mhaithe le tuiscint a fháil ar phróifíl agus ar dhul i bhfód úsáideoirí déiríochta sa Nigéir, le béim ar bhainne galaithe agus ar phúdar bainne. Áiríodh sa taighde freisin, grinnstaidéar ar cheannach, ar thomhaltas agus ar dhearcadh i dtreo an dá chatagóir bhainne seo. Cuideoidh sé seo le cliant na déiríochta tuiscint a fháil ar na príomhthiománaithe agus ar na príomhbhacainní ó thaobh ceannach de agus ar threochtaí tar éis COVID- 19 chun cabhrú leo coinneáil suas chun dáta leis an méid atá ag tarlú ar an talamh sa Nigéir, chomh maith le deiseanna féideartha a léiriú. Cuireadh na torthaí i láthair ionadaithe tionscail i mí Meán Fómhair.

Deiseanna Tomhaltóra maidir le Mairteoil Dhiúil

Torthaí ón taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar dheis tomhaltóra maidir le mairteoil diúil sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Bheilg. Cuireadh na torthaí iomlána agus na chéad chéimeanna eile atá molta i láthair agus tá cinneadh déanta maidir le straitéis chumarsáide bunaithe ar thorthaí an taighde agus táthar ag díriú ar an nGearmáin i gcéim 1.

Staidéar ar Tháirgí Feirme Áitiúla

Tá an staidéar seo deartha chun treoir a sholáthar don Roinn Talmhaíochta, Feirmeoireachta agus Mara agus do Bhord Bia a chabhróidh le straitéis a sheachadadh chun tacú leis an earnáil táirgí feirme áitiúla. Cuirfear na torthaí i láthair cliantchuideachta ábhartha i Márta 2022.

Tionscnaimh maidir le Léargas agus Nuálaíocht Saincheaptha

D'oibrigh an Fhoireann Léargais agus Pleanála le 33 cliant ar thionscadail léargais agus nuálaíochta saincheaptha sa bhliain 2021. Cuireann infheistíocht sa réimse seo ar chumas Bhord Bia oibriú ar bhonn duine le duine le cliantchuideachtaí, le tionscadail saincheaptha atá dírithe ar na príomhréimsí nuálaíochta. Beifear in ann na tionscadail seo a chur i bhfeidhm go hiomlán go himheánach nó beidh gníomhaireachtaí seirbhísí seachtracha in ann na tionscadail a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh modheolaíochtaí tionscadail cainníochtúla agus

cáilíochtúla a chlúdach agus is féidir na tionscadail a stiúradh sna margaí intíre agus sna margaí idirnáisiúnta. Áirítear ar thionscadal a rinneadh a stiúradh sa bhliain 2021, taighde tústuairime, forbairt coincheapa, forbairt togra, forbairt straitéis mhargaíochta agus forbairt nuálaíochta.

Cuidíonn an dá uirlis nuálaíochta domhanda saincheaptha atá thíos leis an mbaol ó thaobh na nuálaíochta a laghdú, lena n-áirítear, tomhas cainníochtúil maidir le feidhmiú táirge agus tarraingteach coincheapa, scagthástáil agus meastóireachta coincheapa táirge nua agus binsemharcáil in aghaidh iomaitheoirí.

Tástáil agus Inis na dTomhaltóirí

Soláthraíonn an clár seo tomhas cainníochtúil maidir le feidhmíocht táirge agus le tarraingteacht coincheapa le tomhaltóirí Éireannacha ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir le rathúlacht tráchtála. Laghdaítear an baol ó thaobh na nuálaíochta ní amháin trí scagthástáil agus meastóireacht a dhéanamh ar choincheapa táirge nua ach binsemharcáil a dhéanamh orthu in aghaidh iomaitheoirí. Ghlac cheithre chomhlacht páirt sa chlár Tástáil agus Inis na dTomhaltóirí sa bhliain 2021.

Ardán Bailíochtú agus Atriall Coincheapa BI:TES

Cuireann an uirlis nuálaíochta domhanda saincheaptha seo, Smaointe níos Fearr, Smaointeoireacht, Measúnú, Roghnaigh, ar a dtugtar BI:TES, ar chumas chomhlachtaí tástáil agus atriall a dhéanamh go tapa ar smaointe maidir le táirge nua chun feabhsúcháin incriminteacha céim ar chéim coincheapa a éascú bunaithe ar aiseolas tomhaltóra. Is féidir leis ardán seo úsáid a bhaint go tapa as foirmeacha gearra aiseolais. Tá leathadh amach déanta ar an réiteach seo go réigiúnach trí líonra Bhord Bia mar fhreagra ar éileamh ó chliaint agus tá fáil air anois ar bhonn domhanda. Bhí 23 cliantchuideachta rannpháirteach i BI:TES chun smaointe nuálacha a thabhairt chun an mhargaidh sa bhliain 2021.

Sraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir COVID- 19

Bhí rianú a dhéanamh ag Bord Bia ar iompar tomhaltóra le linn srianta COVID- 19 d'Éire, don Ríocht Aontaithe, don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc, do Stáit Aontaithe Mheiriceá, don tSeapáin agus don tSín ar feadh na bliana 2020 agus 2021. Tá foilsiú Sraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir mar phríomhuirlis ó

thaobh cabhrú le gnólachtaí bia agus deoch teacht chucu féin agus atheagar a chur orthu féin agus a bheith ullamh chun dul in iomaíocht i ndomhan nua agus domhan atá difriúil tar éis COVID- 19. Cuireadh sraith de 14 "Táscaire" a Sheasfaidh an Aimsir ar fáil maidir le hathruithe iompair COVID- 19 agus cuireadh sraith de Shraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir ar fáil d'Éire, do Stáit Aontaithe Mheiriceá, don Ríocht Aontaithe, don Ghearmáin, don Fhrainc, don Spáinn, don tSeapáin, don tSín, d'Aontas na nÉimíreachaí Arabacha (UAE) agus do Ríocht na hAraibe Sádaí (KSA). Is doiciméad beo atá sa tSraith Straitéisí le nuashonrúcháin rialta maidir le táscairí nua maidir le hathrú iompair agus sonraí nua a dhéanann tomhas ar na hathruithe seo atá foilsithe agus tugtha cothrom le dáta ar mhol COVID- 19 Bhord Bia.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha i leith Nuálaíocht faoi threoir Léargas

Faoin gclár seo, oibríonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus cliantchuideachtaí chun caidreamh le miondioltóirí agus cuntais bharrthábhachtacha a neartú ar fud margaí tosaíochta. Faoin gclár, tacaítear le honnmhaireoirí deiseanna nuálaíochta ardacmhainne ina n-earnáil a aithint (B2B, B2C) (déiríocht, mairteoil, bianna ullmhaithe) agus a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas nuálaíochta chomh fada le seoladh tráchtála. In 2021, thacaigh Bord Bia le trí onnmhaireoir trí dheiseanna nuálaíochta ardacmhainne ina n-earnáil a aithint agus chuidigh leo a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas nuálaíochta ó idéú, forbairt choincheapa agus tráchtáil i gcomhpháirtíocht le Sainsbury's. Chomh maith leis sin, tá Bord Bia ag obair i gcomhpháirtíocht le Axfood agus Edeka maidir le clár comhpháirtíochta straitéiseacha.

An Fhoireann um Eolas & Faisnéis faoin Mhargadh ag Thinking House Bord Bia

Coinníonn Bord Bia leabharlann den chéad scoth chun cuidiú le tionscal bia, deochanna agus gairneoireachta na hÉireann foghlaim agus bheith ar an eolas, ionas go mbeid siad in ann fás. Is féidir le cliant taighde deisce a iarraidh ó fhoireann leabharlannaithe cáilithe mar aon le faisnéisiú saincheaptha maidir le léargas margaidh óna Speisialtóir Sonraí & Léargas Margaidh. Cuireann an Fhoireann um Eolas & Faisnéis faoin Mhargadh KMI) léargas ar fáil ar thomhaltóirí agus margaí, mar aon leis na treochtaí

agus fadbhreathnaitheacht atá ag teastáil le bheith in iomaíocht sna margaí intíre agus domhanda. Le linn 2021, rinne an Fhoireann KMI bainistiú ar bheagnach 5,000 cuardach ar léargas agus faisnéis, ar trí sin a cuidíodh leis na torthaí cuardaigh is fearr agus is féidir a aimsiú dá cliaint agus baill foirne.

Litearthacht Faisnéise

I gcomhréir le tosaíocht straitéiseach lárnach Bord Bia, Léargas chun Fás a Chumhachtú, lean an fhoireann de scileanna agus inniúlachtaí inmheánacha maidir le Litearthacht Faisnéise a fhorbairt ar feadh na bliana.

Óstáladh 10 dtaispeántas maidir leis an mbunachar sonraí leabharlainne do bhaill foirne lena chinntiú go mbeadh an t-eolas agus scileanna faisnéise acu chun an leas is mó a bhaint astu.

I mí na Samhna, foilsíodh an chéad scéal riamh de chuid Fhoireann KMI maidir le Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe ar Léarscáil Leabharlainne den Domhan ó Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlainne (IFLA). Trí chlár teagaisc ar líne a soláthraíodh don MSC um Léargas & Nuálaíocht, chuidigh Leabharlannaithe Bord Bia le Bearnaí faisnéise san earnáil talmhaíochta agus bia a líonadh. Chomh maith leis sin, leagadh dhá chlár teagaisc amach maidir le léargas margaidh agus cuireadh iad ar fáil dár rannpháirtithe san Acadamh Tallainne.

Chomh maith leis sin, forbraíodh modúl ríomhfhoghlama agus seoladh é ar Chrios Foghlama Bord Bia chun cuidiú le cliaint foghlaim faoi Eolas & Faisnéis Mhargaidh Bord Bia a Úsáid go hÉifeachtach.

Leagadh ceithre threoir amach maidir le heolas agus faisnéis mhargaidh chun dea-smaointeoireacht a chur ar fáil maidir le líon topaicí ar nós litearthacht bhia, litearthacht fhísiúil agus litearthacht sna meáin, mar aon le lámhleabhar maidir le hailt dhea-chleachtais léirsteanacha inar cuireadh creat cruthaithe i láthair chun ailt iontacha a scríobh.

An Bailiúchán a Éagsúlú

Rinneadh bailiúcháin irisleabhar níos inbhuanaithe, agus níos inrochtana do chomhghleacaithe le hiarrachtaí aistriú chuig rochtain ar líne amháin nuair is indéanta. Rinneadh bailiúcháin leabhar a éagsúlú le ríomhleabhair agus closleabhair bhreise.

Rannpháirtíocht Eolais

Chruthaigh Bord Bia cultúr fiosrachta trí rannpháirtíocht a spreagadh agus a fhaisnéis chomhchoiteann ar a mhol eolais inmheánach, THE SOURCE, a mhéadú. In 2021, sháraigh Bord Bia KPIanna dea-chleachtais Bloomfire arís eile laistigh de phobal cáis um léargais a úsáid. Trí THE SOURCE, cuirtear áit lárnach inchuadaithe amháin ar fáil do bhaill foirne Bord Bia chun eolas agus léargais a fháil ionas gur féidir leo an obair is fearr a dhéanamh, is cuma faoin áit, faoin am, nó faoin mbealach ina bhfuil siad ag obair.

Léargas Margaidh a Ghiniúint

Rinneadh líon staidéar dílsithe ina gcaitear solas ar na deiseanna atá ag earnáil bhia, deochanna agus ghairneoireachta na hÉireann a chruthú agus a scaipeadh ar an tionscal in 2021. Chomh maith leis sin, seoladh tuarascáil bhliantúil Bord Bia um an staid a leagan amach, Feidhmíocht onnmhairíochta agus lonchais, agus roinneadh le tionscal. Sa tuarascáil seo, taifeadtar an measúnú a rinne Bord Bia ar luach na n-onnmhairí agus leagtar amach an anailís a rinneadh ar an méid atá díreach tarlaithe, an méid a tharlóidh agus ar an mbealach ina lonnaimid earnáil bhia agus deochanna na hÉireann maidir leis na treochtaí maicreacnamaíocha agus sochaíocha níos leithne atá i dtreis ar domhan.

Léargas Margaidh agus Faisnéis

Ós rud é gur sa mhargadh a ghintear gnó, leagtar béim úrnua ar léargas a chur ar fáil ag leibhéal margadh de réir margaidh, le tuiscint níos fearr ar an tírdhreach, miondifríochtaí, agus deiseanna a bhaineann le gach aon mhargadh, ar dá réir sin is féidir leis bheith ina chúis le fás. Na háiseanna leabharlainne is fearr dá n-aicme a chur ar fáil, cuireann faisnéis faoin margadh tuilleadh le heolas páirtithe leasmhara agus earnála ar na margaí ar tugadh tosaíocht dóibh i ndáil leis na hearnálacha ar fad.

Áirítear an méid a leanas le taighde a rinneadh in 2021:

Lorg coise na RA san Eoraip

Rinneadh príomhthionscadal taighde, ina ndéantar iniúchadh onnmhairí bia agus deochanna ón RA chuig EU27 agus ina n-aithnítear deiseanna do tháirgí na Éireann sna margaí seo, a chur i gcrích i mí Aibreáin.



Léiríodh na deiseanna ba shuntasai ón taighde i réitigh béilí bia ullmhaithe do thomhaltóirí agus i gcaoireoil chun na Fraince, na Gearmáine agus na hÍsiltíre. Agus na foirne um margaí agus earnálacha ar an eolas faoi na torthaí, tá siad i mbun comhrá cheana féin le soláthraithe agus custaiméirí. Cuireann na himpleachtaí agus conclúidí bonn eolais faoi phleanáil earnála agus mhargaidh don bhliain 2022.

Sonraí Painéal Tomhaltóirí

Ceannaíonn Bord Bia Sonraí Painéal Tomhaltóirí Kantar gach aon bhliain do cheithre réimse lárnacha de thionscal lena n-áirítear sonraí maidir leis na catagóirí feoil úr, táirgí úra agus feolta bricfeasta in Éirinn, an tírdhreach miondíola grósaeireachta in Éirinn agus beacáin san RA. Trí na sonraí seo, cuirtear tuiscint reatha ar fheidhmíocht ar fáil laistigh de na catagóirí, ar iompraíocht tomhaltóirí ó thaobh dearchthaí agus treochtaí araon agus ó thaobh iompraíocht cheannaigh freisin. Tá na sonraí ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh ár gcliantchuideachtaí ar an eolas i gcónaí agus cothrom le dáta maidir leis an tírdhreach agus athruithe is déanaí sa mhargadh chun cuidiú leo cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar shonraí agus léargas atá fíor.

Móráireamh ar Tháirgeadh

Gach aon bhliain, cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara móráireamh bliantúil ar tháirgeadh i gcrích agus cuidíonn Bord Bia leo anailís a dhéanamh ar na sonraí seo agus an tuarascáil dheiridh a chur i dtoll a chéile. Tríd an bhfaisnéis seo, cuirtear méid na n-earnálacha gairneoireachta, treochtaí maidir le táirgeadh agus léargas ar fáil faoi conas mar atá na hearnálacha ar feidhmiú.

Anailís a Dhéanamh ar an mBarr Prátaí

Gach aon bhliain, glacann Bord Bia páirt in anailís a dhéanamh ar bharr prátaí na bliana. Cuireann sé measúnú neamhspleách ar fáil ar trí sin is féidir an figiúr táirgeachta prátaí don bhliain a ríomh. Trí seo, cuirtear léargas cruinn ar fáil do na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an méid prátaí a bheidh ar an margadh le linn an tséasúir atá le teacht. Cuidíonn an fhaisnéis seo le táirgeoirí/pacálaithe soláthar eagraithe den táirge phleanáil ar an margadh ar feadh an tséasúir.

Iniúchtaí ar an margadh miondíola gairneoireachta

Cuirtear trí iniúchadh ar mhiondíol i gcrích in aghaidh na bliana agus tarlaíonn siad seo le linn na séasúr táirgthe barrthábhachtach do tháirgí saothraithe na hÉireann. Is é príomhchuspóir na sonraí bunús na dtáirgí ar an seilf mhiondíola a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as Marc Cáilíochta Bord Bia ar tháirgí.

Feachtas Prátaí a Mheasúnú

I ndiaidh maoiniú a fháil ón AE le haghaidh feachtas prátaí AE, tá ceanglas i gceist tionchar an fheachtais a thomhas agus a mheasúnú ar feadh trí ráig i gcaitheamh trí bliana. Cuireadh an measúnú a rinneadh ar thionchar an fheachtais ar fáil i mí na Samhna.

Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta – An Áise Thoir Theas

Scaiptear an tuarascáil dhémhíósúil seo ar chliaint comhábhar déiríochta Bord Bia chun achoimre a chur ar fáil ar an timpeallacht tráchtála agus léargais a chur ar fáil ó na margaí straitéiseacha barrthábhachtacha seo.

Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta

Mionsonraítear sa tuarascáil mhíósúil seo praghsanna tráchtearraí domhanda mar aon leis an nuacht déiríochta idirnáisiúnta agus Éireannach is déanaí agus comhroinntear é ar ardáin líonraithe sóisialta agus le comhaltaí SDAS trí theachtaireacht téacs.

Comhábhair Déiríochta san Afraic Thiar

Tá sé mar aidhm le taighde margaidh bunaithe ar agallaimh trádála i dtrí mhargadh san Afraic Thiar, seasamh na hÉireann a neartú i ndáil le comhábhair déiríochta sna margaí seo, agus béim ar leith á leagan ar phúdar bainne atá líonta le sail.

Comhábhair Déiríochta sa tSeirbhís Bia san RA

Cuspóir na taighde seo is ea tuiscint ghráinneach atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a fháil ar an úsáid a bhaintear as comhábhair déiríochta i gcainéal na seirbhíse bia san RA. Áireofar leis an tuiscint sin an slabhra soláthair i gcainéal na seirbhíse bia, ar próifíl sofaisticiúil é do cheannaitheoirí san RA.

Bunachar Sonraí/Tuarascáil maidir le Monaraíocht RA

Monaróirí in earnáil B2B na RA a aithint agus béim ar leith á leagan ar sholáthraithe béilí ullmhaithe, píotsa agus ceapairí. Cuimsíonn an tuarascáil seo bunachar sonraí de 50 monaróir a bhfuil próifílí in éineacht leis atá á úsáid chun tacú le giniúint tosaigh do PCF accelerate agus imeachtaí trádála ábhartha eile agus scaipeadh é ar chliantchuideachtaí PCF.

Mairteoil na hÉireann sa tSeirbhís Bia – Ceithre Mhargadh Eorpacha

Is é cuspóir na taighde seo tuiscint níos doimhne a fháil ar na Margaí Seirbhíse Bia sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Iodáil agus sa Bhreatain Mhór agus deiseanna eile a fhorbairt do mhairteoil na hÉireann. Comhroinneadh torthaí le cliant mhairteola barrthábhachtacha.

Leas Ainmhithe a Thagarmharcáil i dTáirgeadh Mairteola na hÍsiltíre

Is é cuspóir na taighde seo tagarmharc soiléir a chur ar fáil maidir le córais táirgthe mairteola reatha san Ísiltír. Tá Bord Bia ag féachaint le teacht a bheith acu ar fhaisnéis shoiléir i ndáil le táirgeadh mairteola caighdeánach san Ísiltír chun an dearbhú áitiúil go bhfuil córas na hÍsiltíre níos fearr a cheistiú.

Béilí Bia Mara Ullmhaithe, an Spáinn

Tuiscint ar Chatagóir agus Trádáil. Is é an cuspóir atá leis an taighde seo tuiscint níos doimhne a fháil ar dhinimic chatagóir na mBéilí Bia Mara sa Spáinn d'fhonn deiseanna a aithint do thionscal bia mara na hÉireann.

Taighde a Dhéanamh ar an gCainéal Miondíola Neamhspleách (Bia Mara)

Tríd an tionscadal seo, déantar iniúchadh ar dhinimic an chainéil miondíola neamhspleách (ceannaithe éisc) mar bhealach chun bia mara a dhíol, lena n-áirítear méid agus raon an chainéil agus an chaoi ina n-oibríonn an bealach go margadh seo. Roinneadh na torthaí le cliant bhia mara ábhartha.

Taighde a Dhéanamh ar Shiopaí Iasc agus Sceallóga san RA

Bhreathnaigh an taighde seo ar mhórdhioltóirí barrthábhachtacha a sholáthraíonn earnáil na siopaí iasc agus sceallóga san RA. Rinneadh próifiliú ar an

dream seo ar fad chun tuiscint a fháil ar a leibhéil spéise maidir le héisc bhána a fhoinsiú ó Éirinn. Is iarbheart é seo ar an taighde a rinneadh ar chadóg san RA anuraidh. Cuireadh an taighde i láthair na gcliantchuideachtaí ábhartha ar fad.

An Margadh Bradán sa Ghearmáin

Déanann an tuarascáil seo iniúchadh ar an margadh miondíola do bhradán orgánach ina ndírítear ar threochtaí, an sciar agus ar bhrandaí barrthábhachtacha agus scaipeadh é ar na cliaint bia mara ábhartha ar fad.

QSR maidir le Bia Tomhaltóirí i SAM agus san Araib Shádach

Cuspóir na taighde seo is ea tuiscint ghráinneach atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a fháil ar dhinimic an chainéil QSR i SAM agus san Araib Shádach. Áireofar leis an tuiscint sin na slabhraí móra i ngach aon cheann de na margaí sin, tuiscint mhionsonraithe ar threochtaí reatha agus forbairtí dóchúla amach anseo sa chainéal QSR agus na himpleachtaí atá i gceist do sholáthraithe. Áireofar leis freisin tuiscint mhionsonraithe ar dháileoirí do bhialanna QSR, na critéir atá acu i leith ceannachán, agus an meon atá acu maidir le táirgí onnmhairithe na hÉireann, lena n-áirítear suntasacht an ghealltanais i leith inbhuanaitheacht sna critéir foinsithe.

Orgánach

Tríd an obair seo, déantar iniúchadh ar scála an mhargaidh agus an costas breise atá ar fáil do tháirgí orgánacha maidir le feoil, déiríocht tomhaltóra agus gairneoireacht ar mhargaí Eorpacha barrthábhachtacha mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar na hionaid sin ina ndéanfar difríocht idir praghas maidir le tomhaltas orgánach, Hong Cong, Singeapór, agus Dubai ina measc.

Orgánach, An Ghearmáin

Tá an tuarascáil seo maidir le forléargas ar mhargadh orgánach na Gearmáine leagtha amach chun tacú le cuideachtaí na deiseanna a uasmhéadú ag seó trádála 2022 BioFach.

Saothrú Gránbharr/Curaíocht

Cuireadh taighde i gcrích chun iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna agus dúshláin san earnáil saothraithe gránbharr in Éirinn. Is iad cuspóirí an taighde seo:

Tuiscint a fháil ar an úsáid a bhaintear as gránbharr a fhástar sa tír seo i mbia ainmhithe agus i dtáirgí bia agus dí. Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn fáis atá ag grán agus gránbharr dhúchasacha. Tuiscint a fháil ar mheonta tomhaltóirí na hÉireann i leith foinse gránbharr nó grán agus ar an acmhainn i leith costas breise a bhaint astu. Meonta i leith an mhargaidh onnmhairíochta a thuiscint maidir le foinse gránbharr nó grán agus faoi mar a bhféadfaí cur le feidhmíocht branda / táirge trí bhunús Éireannach a thuiscint. Scaipfear torthaí ar pháirtithe leasmhara agus cliantchuideachtaí ábhartha.

Forbairt agus Nuálaíocht Branda

Déanann foireann oilte saineolaithe a bhfuil réimse leathan saineolais agus taithí acu ar mhargáíocht agus nuálaíocht clár seirbhísí cruthaithe branda, forbartha, nuálaíochta do chuideachtaí bia, deochanna agus gairneoireachta na hÉireann a fhorbairt agus a chur ar fáil chun fás difreáilte, inbhuanaithe a spreagadh do thionscal na hÉireann. De réir a chéile, is é an sprioc atá i gceist cultúr an dea-chleachtais a bhaint amach i ndáil le forbairt branda ar fud an tionscail bhia, deochanna agus gairneoireachta. Bainfear é sin amach tríd an tsraith seirbhísí seo a leanas.

Seirbhísí Saincheaptha i leith Forbairt agus Nuálaíocht Branda

Cuireann Bord Bia seirbhís forbartha branda iomlán ar fáil trí threoir shaineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach, agus bainistiú tionscadail a chuireann Speisialtóirí Forbartha Branda ar fáil. Tá léargas ar thomhaltóirí ag croilár na seirbhíse seo agus léirítear í trí bhrandaí nua, tairiscintí brandáilte, nuálaíochtaí nó sínithe branda a fhorbairt. Cuimsíonn na tionscadail straitéis branda, giniúint léargais, forbairt tairisceana, agus spriocdhíriú straitéise agus bainneann siad tairbhe as taighde agus bailíocht cháilíochta agus chainníochta. In go leor cásanna, oibríonn Bord Bia le sainghníomhaireachtaí dearaidh chun sainiúlachtaí branda a chruthú a gcuirtear beocht iontu trí dhearadh paca nó trí phointí teagmhála eile le tomhaltóirí. In 2021, cuireadh obair i gcrích le breis agus 40 cliantchuideachtaí meánmhéide agus móra ar fud earnálacha ar fad an tionscail, lena n-áirítear na hearnálacha feola, déiríochta, deochanna, alcóil, agus bianna ullmhaithe do thomhaltóirí.

Seirbhís Saincheaptha i leith Gníomhachtú Branda

Cuireann Bord Bia treoir shaineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadail ar fáil do chliantchuideachtaí maidir le gníomhaíochtaí margaíochta feidhmíochta gearrthéarmacha agus gníomhaíochtaí incriminteacha forbartha comhionannais bhranda níos fadtéarmaí. Is seirbhís ceann go ceann é seo a chuireann speisialtóirí gníomhachtaithe branda ar fáil. In 2021 tugadh faoi obair le 17 cliantchuideachtaí ar thionscadail lena áiríodh gníomhaíocht branda a phleanáil go straitéiseach agus a chur i bhfeidhm ar fud meáin dhigiteacha, lena n-áirítear leagan amach láithreáin ghréasáin, PR agus gníomhachtú ar an láthair.

SuperBrands

Faoin gclár seo, cuirtear seirbhís ceann go ceann ar fáil atá leagtha amach go mion do ghnónna beaga. Oibríonn speisialtóirí forbartha branda le cuideachtaí rannpháirteacha chun cuidiú leo i ndáil le straitéis, tairiscint agus spriocdhíríú branda. Úsáidtear an obair seo le haghaidh treoir chruthaitheach do ghníomhaireacht dhearaidh chun sainiúlachtaí branda nua nó athnuaite a fhorbairt a gcuirtear beocht iontu ina dhiaidh sin ar leagan amach an phaca nó trí phointí teagmhála eile le tomhaltóirí agus a chodaítear i sraith treoirlínte branda. Trí thaighde cáilitheach a dhéanamh ar thomhaltóirí, cuidítear leis an tairiscint branda agus coincheapa i leith leagan amach an phaca a bhailíochtú leis na tomhaltóirí a bhfuiltear ag díriú orthu. Ghlac breis agus 12 cuideachta bia, deochanna agus gairneoireachta páirt i seirbhís SuperBrands in 2021.

Fóram Branda Bord Bia

Tríd an bhFóram Branda, comhroinntear ceannaireacht smaointeoireachta agus dea-chleachtas sa tionscal bia agus deochanna, chun inspioráid a chur ar fáil agus díospóireacht a spreagadh. Bunaíodh é i gcaitheamh 20 bliain, agus tá lucht leanúna agus bonn comhaltais dílis aige ó thrasghearradh cuideachtaí. Tá an Fóram leagtha amach chun cuidiú le brandaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a fhorbairt agus áirítear leis an tairiscint: imeachtaí le cainteoirí, ceardlanna, taighde agus oidis agus seirbhís ghrianghrafadóireachta agus físeáin.

Bíodh is gur cuireadh na himeachtaí le cainteoirí ar fáil ar líne, tháinig méadú ar rannpháirtíocht le linn

2021. Chomhroinn trasghearradh brandaí tionscail ceannródaíocha agus onghníomhacha foghlaim agus comhairle le comhaltaí an Fhórait Bhranda, áiríodh leo sin: Davin Nugent – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Mark Anthony Brands International; Tim Lee – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Mindful Chef; Derek Beatty – Stiúrthóir Tráchtála, Brennans agus an branda ar bheagán alcóil Lucky Saint maidir leis an mbealach chun brandaí nuabhunaithe a fhorbairt le bheith ina mbrandaí a d'aithneodh gach duine. Cuireadh deireadh leis an mbliain trí dhíospóireacht phainéil maidir le 'Premiumisation - How it needs to shape the Irish Food Industry', ar fhreastail 183 duine uirthi, an líon is mó daoine riamh.

Áiríodh leis na ceardlanna forbartha branda: Máistir-rang maidir le Instagram, ábhar físeáin, leagan amach pacáistíochta a threisiú agus Ciall a bhaint as taighde cainníochta. Rinneadh na ceardlanna ar líne seo a oiriúnú agus a shaincheapadh d'úinéirí branda bia & deochanna, le cás-staidéir lena linn, mar aon le seisiúin bheo Ceisteanna agus Freagraí.

Cuireadh síneadh leis an tseirbhís Ábhar Físeáin Oidís i mbliana chun oibriú le 31 cuideachta, chun 53 físeán oidis a chruthú de réir na gcaighdeán léiriúcháin is airde do B2C agus B2B araon. Cuireadh réimse formáidí físeáin ar fáil d'ardáin shóisialta éagsúla agus cuireadh grianghrafadóireacht ghairmiúil bhreise nua san áireamh.

Bunchloch an Fhórait Branda is ea an suirbhé Scrúdú Sláinte Branda a dhéantar ar shiopaí díreacha grósaíreachta. I mbliana, choimisiúnaigh 57 branda taighde in 46 catagóir i margadh na hÉireann. Tá an suirbhé cainníochtúil, ar líne leagtha amach chun meadaracht bhranda bharrthábhachtach a bhailiú agus a anailísiú lena n-áirítear - feasacht, breithniú, taithí, cothromas, tiomantas agus acmhainneacht bhranda. Glacadh le feabhsuithe ar nós cúla anailís agus meadaracht mhargaidh lena n-áirítear infhaighteacht mheabhrach & fhisiciúil don suirbhé. Tá an toradh ina thuarascáil bhranda saincheaptha ina n-aithnítear saincheisteanna agus deiseanna do bhrandaí aonair ina chatagóir faoi seach, seimíneár gréasáin atá tiomnaithe do chiall a bhaint as torthaí an taighde agus fuair na cuideachtaí rannpháirteacha ar fad cruinnithe 1-1 chun tuiscint níos fearr a fháil ar na torthaí agus ar impleachtaí na dtorthaí.

Cumas Cliant a Fhorbairt

Is é an ról atá ag an bhfoireann um chumas cliant cuidiú le cliaint a gcumas margaíochta a fhorbairt chun tacú le fás. Tá na tacaíochtaí seo ina meascán de sheirbhísí saincheaptha duine le duine mar aon le ceardlanna atá bunaithe ar ghrúpaí agus acmhainní atá ar fáil i gcónaí ar líne. In 2021, fuair 75 cliant tacaíochtaí saincheaptha agus tacaíochtaí grúpabhunaithe ón bhfoireann. Chomh maith leis sin, d'fhreastail breis agus 2,700 rannpháirtí ar sheimineáir ghréasáin maidir le cumas margaidh a ullmhú le linn 2021.

Straitéis Margaíochta Tráchtála

Tríd an tseirbhís seo, cuirtear ar chumas cliant straitéisí margaidh, cainéil agus custaiméara a fhorbairt chun tacú le fás gnó inbhuanaithe agus brabúsach. In 2021, de bhreis ar tháirgí saincheaptha, seoladh coincheap luasaire margaidh inar tacaíodh le 15 cliant PCF straitéisí ráibe a fhorbairt do SAM, agus a raibh cur i láthair 'shark-tank' do phainéal saineolaithe miondíola mar bhuaicphointe dó.

Margaíocht Dhigiteach (Think Digital)

Trí Think Digital, tugtar treoir do ghnónna maidir leis an gcúis agus an modh atá le straitéisí agus teaicticí do mhargaíocht dhigiteach a úsáid chun fás gnó a chumhachtú trí féinseirbhís agus treoir 1-1. Le linn na bliana 2021, rinneadh forbairt ar rath na bliana 2020 trí líon tacaíochtaí do mhargaíocht dhigiteach, a seoladh le feachtas náisiúnta 'Steps for Digital Success' i mí Feabhra. Áiríodh leo sin ceithre threoir ar leith maidir leis an mbealach chun margaidh (Ocado, Amazon, Walmart agus Alibaba) agus líon treoirleabhar teaicticiúla cothrom le dáta (Ríomhthráchtáil, SEO, Straitéis Dhigiteach). Chomh maith leis sin, cuireadh ceithre chlár thiomnaithe um straitéis dhigiteach a fhorbairt ar fáil in 2021, a raibh dhá cheann díobh ina dtacaíochtaí gnó do thomhaltóirí (ina raibh 11 cliant rannpháirteach) agus a raibh dhá cheann ina dtacaíochtaí gnó le ghnó (ina raibh 9 gcliant rannpháirteach).

Custaiméirí Barrthábhachtacha a Bhainistiú KCM)

Tá an tacaíocht um chumas cliant KCM dírithe ar chliant a chumasú chun caidrimh láidre le custaiméirí a fhorbairt agus a choinneáil i gcainéil agus margaí barrthábhachtacha, trí úsáid a bhaint as creat dea-

chleachtais um chustaiméirí a bhainistiú. In 2021, díriodh tacaíocht KCM ar dhá phríomhréimse; sa chéad áit, tacú le cliant PCF trí sheimineáir gréasáin agus cruinnithe duine le duine ina dhiaidh sin chun ullmhú do chuir i láthair fíorúla do chustaiméirí. Bhain an dara réimse le máistir-rang maidir le Idirbheartaíocht & Comhráití Deacra le Custaiméirí a Bhainistiú do 40 cliant i mí na Samhna agus a cruthaíodh chun tacú le cliant le linn tréimhse in bhfuil brúnna boilscitheacha agus arduithe ar phraghsanna i gceist.

Catagóirí a Bhainistiú

Trí Chatagóirí a Bhainistiú, cuirtear ar chumas cliant caidrimh láidre le custaiméirí a fhorbairt agus a choinneáil i gcainéil agus margaí barrthábhachtacha, trí úsáid a bhaint as creat dea-chleachtais um chustaiméirí a bhainistiú.

In 2021, chun aitheantas a thabhairt don ghá atá le tacaíocht d'iontrálaithe sa mhargadh (agus treoir comhpháirtithe neamhchatagóire), cuireadh seimineáir Challenger Brand agus treoir maidir le creat tacaíochta ar fáil do 65 cliant chun cuideachtaí a chumasú forbairt a dhéanamh ar mholtaí agus cuir i láthair maidir le fás catagóire.

MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid Branda Corparáideach

Le linn 2021, bhí foireann Bord Bia um chaidreamh poiblí agus cumarsáid branda corparáideach dírithe go príomha ar fhreagra na heagraíochta i leith Covid-19, an Breatimeacht agus athrú aeráide (Origin Green).

Áiríodh leis na himeachtaí tosaíochta barrthábhachtacha agus buaicphointí i gcumarsáid éifeachtach freagra leanúnach Bord Bia i leith Covid-19 agus rannpháirtíocht i bhfreagra gníomhaireachtaí trasrialtais i leith an Bhreatimeachta, agus idirghníomhaíochtaí Bord Bia a ailíniú le páirtithe leasmhara seachtracha agus na meáin; foilsíú léargais den chéad scoth Bord Bia a chur chun cinn chun cuidiú le tacaíocht agus treoir a thabhairt don earnáil le linn 2021; leanúnachas éagsúlú margaidh Bord Bia agus an tionscail trí úsáid bhreise a bhaint as imeachtaí digiteacha agus ar líne B2B a chur ar

fáil, lena n-áirítear misin trádála agus aontaí fíorúla; agus straitéis ar na meáin ina ndírítear i gcónaí ar an mBreatimeacht.

I mí Eanáir, reáchtáil Bord Bia an chéad seoladh fíorúil den tuarascáil onnmhairíochta bliantúil um Fheidhmíocht agus lonchais. Mar chuid den seoladh in 2021, forbraíodh tuarascáil mhéith maidir le tús áite do mheáin dhigiteacha, lena áiríodh fiseáin idirghníomhacha agus grafaic ghluaisne chun beocht a chur sa tuarascáil do lucht féachana ar líne.

Cruthaíodh fiseán do pháirtithe leasmhara freisin chun aitheantas a thabhairt don bhliain 2021 a bhí ina bliain thar a bheith éagsúil, le béim ar leith a leagan ar an mbealach inar lean Bord Bia agus an tionscal d'oibriú i gcomhpháirtíocht chun a mbealach a dhéanamh trí na dúshláin a bhí i gceist mar gheall ar Covid-19 agus an Breatimeacht. Chomh maith leis sin, úsáideadh an fiseán don chumarsáid dhíreach Deireadh Bliana leis an tionscal.

Bhain Bord Bia an céad áit amach an athuair sa rangú RepTrak© de na cuideachtaí agus eagraíochtaí is creidiúnaí sa Stát, in 2021.

Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid Branda Idirnáisiúnta

Go hidirnáisiúnta, chuir irisí *Wall Street Journal*, *Newsweek* agus *Foreign Policy* agallamh ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Tara McCarthy, mar chuid d'eagrán inar díriodh ar Éirinn. Cuireadh a cuid agallamh in éineacht leis an Taoiseach, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha, chun aird a tharraingt ar an tábhacht atá le honnmhairí bia, deochanna agus gairneoireachta go hidirnáisiúnta agus béim ar leith a leagan ar an gcaidreamh onnmhairíochta idir Éire agus SAM.

Caighdeán Féarchothaithe, Céim 2

Forbraíodh feachtas idirnáisiúnta preasa agus bolscaireachta don seoladh den dara céim de Chaighdeán Féarchothaithe Bord Bia le tuairisciú in eagrán inbhuanaitheachta d'fhoilseacháin trádála iomráiteacha sa Ghearmáin agus san RA. Sa dá thír, leagadh béim ar na hearnálacha mairteola agus déiríochta, agus leagadh béim láidir ar iontaoibh, foinse agus inbhuanaitheacht.

Podchraoladh Feasacháin Bord Bia (cumarsáid maidir leis an ngéarchéim Covid-19)

Príomhchólún de fhreagra straitéiseach Bord Bia maidir le Bealach a Dhéanamh trí Athrú is ea éifeachtaí agus impleachtaí na paindéime Covid-19 do thionscal bia agus deochanna na hÉireann a thuiscint.

Trí Fheasachán Bord Bia (Aibreán 2020 – Lúnasa 2021) gearáladh léargas ó earnálacha Bord Bia agus ó 15 oifig idirnáisiúnta chun súil níos grinne a chaitheamh ar an méid atá ag tarlú i ngach aon mhargadh atá ag déileáil le cur isteach ar an margadh agus éilimh sa slabhra soláthair le linn na paindéime. Rinne an fhoireann um chumarsáid idirnáisiúnta 60 podchraoladh san iomlán a cheapadh, a thaifeadadh agus a chur in eagar, faoi stiúir agus á gcur i láthair ag Bainisteoir RA Bord Bia.

Margaíocht Dhigiteach

Rinneadh Treochlár Straitéiseach comhchruthaithe 3 bliana um Chlaohlú Digiteach a fhorbairt don eagraíocht ar fad in 2021, ina ndírítear ar chur le hardáin, próisis agus scileanna agus iad a bharrfheabhsú d'fhonn tacaíocht níos fearr a bheith ann chun a cuspóirí agus straitéis a bhaint amach. Tá an treochlár ina chuid de Straitéis Chorporáideach foriomlán Bord Bia a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis.

Bhí ardáin nua agus feabhsaithe ríthábhachtach chun cur ar chumas Bord Bia freastal ar ár lucht spéise tosaíochta ar bhealach níos éifeachtaí le linn bliain chorráitheach eile.

Forbraíodh straitéis dhigiteach agus treochlár trí bliana in éineacht léi. Leagtar síos sa straitéis uailmhian na heagraíochta i leith margaíocht dhigiteach agus leagtar amach sa treochlár na sruthanna oibre lárnacha a chuirfidh beocht sa straitéis le linn tréimhse trí bliana. Áirítear leis na sruthanna oibre uasoiliúint dhigiteach, nuálaíocht chainéil, sonraí agus léargais agus feachtais agus bainistiú ábhair.

Leanadh i mbun láithreán gréasáin Bord Bia (www.bordbia.ie) a fhorbairt trí fheidhmiúlacht nua agus ábhar barrfheabhsaithe a chur leis, lena n-áirítear:

- An Mol Breatimeachta a fhorbairt le faisnéis chothrom le dáta, físeáin oideachasúla, imeachtaí Breatimeachta agus plean gnímh Bord Bia i leith an Bhreatimeachta.
- Mol léargais um inbhuanaitheacht dhomhanda a cruthaíodh don tionscal – chun léargais a chomhroinnt maidir le hiompraíochtaí custaiméirí agus tomhaltóirí agus a n-éilimh maidir le hinbhuanaitheacht.
- Léarscáil dhigiteach de mhargáí feirmeoirí ina léirítear suíomhanna margaí feirmeoirí ar fud na hÉireann.
- Ionad garraíodóireachta agus léarscáil de phlandlanna chun suíomhanna na n-ionad garraíodóireachta agus na bplandlann ar fud na tíre a chur os comhair an phobail.

Bhí an fhoireann dhigiteach i gceannas ar na láithreáin ghréasáin idirnáisiúnta do thomhaltóirí a athdhearadh agus a fhorbairt. Cuireadh teimpléad comhchoiteann nua i bhfeidhm do bhreis agus ocht láithreán gréasáin a úsáidtear chun feoil na hÉireann a chur chun cinn i dteangacha iomadúla do mhargáí idirnáisiúnta. Trí úsáid a bhaint as teimpléad comhchoiteann, cuidíodh le portfóilió gréasáin Bord Bia a dhaingniú agus a chuíchóiriú, agus tugadh níos mó cumhachta do Food Brand Ireland go hidirnáisiúnta.

Seoladh uirlis le haghaidh comhoibriú margaíochta i mí na Samhna ar trí sin a chuirtear ar chumas Bord Bia ábhar a chruthú agus a chur in eagar go comhoibriúch ar líne le hionchur fíor-ama ó chomhghleacaithe nó comhpháirtithe seachtracha. Déanann an uirlis bainistiú ar rialú leagain agus ar phróisis cheadaithe, ar trí sin a chuirtear feabhas leis an bpróiseas cruthaitheach do chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta.

Seoladh an tairseach do chliaint My Bord Bia i mí na Samhna do chliantchuideachtaí in Éirinn. Rinneadh an próiseas cheadaithe deontas MAP a dhigitiú tríd an tairseach do chliaint, agus spreagadh na cliant próifíil a chruthú ar My Bord Bia agus a n-iarratas a chlárú don chlár deontas MAP. Leanadh de My Bord Bia a fhorbairt agus é mar uailmhian leis feidhmiúlacht atá ábhartha do chliaint a fheabhsú.

Forbraíodh straitéis agus treoirilínte meán sóisialta chun fócas, soiléire agus comhsheasmhacht a chur ar fáil i ndáil le húsáid a bhaint as na meáin shóisialta i ngach réigiún agus margadh.

Imeachtaí Margaíochta

Le dul chun cinn Covid-19 sa bhliain 2021, arís eile, b'éigean cruthú agus margú an sceidil bhunaidh fhairsing d'aontaí trádála idirnáisiúnta agus ceithre mhisean trádála fisiciúla a athchruthú go suntasach. Mar gheall ar an gcuid is mó d'aontaí trádála bheith á gcur siar go dtí 2022 ag eagraithe óstacha domhanda agus áitiúla ar fud na margaí ar fad, mar aon le roinnt cealuithe, níor ghlac Bord Bia páirt ach in 18 aonach trádála idirnáisiúnta fisiciúla faoi dheireadh na bliana 2021. Áiríodh leo sin sé aonach trádála san Eoraip – iMeat (feoil); Sirha (feoil), Conxemar (bia mara), Angua (feoil & déiríocht), Food Ingredients Europe (comhábhair déiríochta), Tuttofood (feoil) ceann amháin sa Mheánoirthear – Gulfood Dubai (Feoil & Déiríocht) agus aon cheann déag san Áise – Foodex, Anufood, Swatow Old Time Whiskey, Sial China, Fiuzhou International Fisheries Show, Hotelex, Guangzhou Fishery & Seafood Expo, China Fisheries & Seafood, Food Hotel China, Coex Food Week agus Whiskey L Shanghai.

Chun tacú le leanúnachas gnó don tionscal, tiontaíodh imeachtaí fisiciúla go leagan amach fíorúil, le breis agus 56 imeacht fíorúil mór á gcruthú agus á margú sa spás digiteach.

Áiríodh leis na himeachtaí móra digitithe suntasacha a cruthaíodh agus a margaíodh sa bhliain 2021 Bloom at Home, mar aon le himeachtaí corparáideacha ar nós na sraithe Consumer Foods from Ireland inar raibh trí imeacht MarketPlace ar líne a chlúdaigh an Eoraip, an RA agus SAM. Chomh maith leis sin, rinneadh na Dámhachtainí Ball Órga Origin Green mar aon le ceithre Mhisean Trádála fíorúla le cruinnithe Barr go Barr chuig cúig mhargadh ar fud amchriosanna agus teangacha iomadúla a dhigitiú.

In ionad rannpháirtíocht ag aontaí trádála fisiciúla, chuaigh Bord Bia i dteagmháil le cliantchuideachtaí bia, deochanna agus gairneoireachta agus thacaigh sé leo chun páirt a ghlacadh in imeachtaí lionraithe a cruthaíodh go digiteach agus a margaíodh ar líne (e.g.

Sraith mí Márta FHA) agus chuir sé tacaíochtaí ar fáil do chuideachtaí freisin chun a mbealach a dhéanamh trí rannpháirtíocht ag líon imeachtaí fíorúla agus aontaí trádála agus rannpháirtíocht a bharrfheabhsú.

Bhí an tiontú seo ina fhreagra lúfar agus solúbtha ar shrianta na dtreoirilínte domhanda i leith Covid-19, ar trí sin a rinneadh cinnte de go leanfaí de dheiseanna i leith forbairt gnó agus margaíocht cáile a chur ar fáil do thionscal bia, deochanna agus gairneoireachta na hÉireann le linn na paindéime agus í ag leanúint go fóill.

Bord Bia Bloom 2021

Cé nach raibh muintir na hÉireann in ann teacht le chéile go fisiciúil do Bord Bia Bloom in 2021, don dara bliain as a chéile, spreag Bord Bia muintir na hÉireann páirt a ghlacadh in #BloomAtHome trí shraith de thionscnaimh agus imeachtaí fíorúla inar cuireadh comhairle agus inspioráid garraíodóireachta ar fáil. Beartaíodh na gníomhaíochtaí ar fad d'fhonn díolacháin ghairneoireachta na hÉireann a mhéadú.

Gné nua don bhliain 2021 ná gur roinn Bord Bia seacht gcinn de phleananna dearaidh agus plandaithe a bhí éasca a thuiscint chun cuidiú leis an bpobal a rogha gairdín a chruthú sa bhaile. Dearthóirí gairdíní a bhfuil duaiseanna buaite acu a leag an seacht ndearadh amach i leith na ngairdíní, a bhféadfaí iad a athchruthú go hiomlán nó i bpáirt sa bhaile de réir an ama, spáis agus buiséid atá ar fáil. Bhí réimse plandaí a saothraíodh in Éirinn le feiceáil i measc na bplandaí gairdín a bhí ar fáil le ceannach in ionaid garraíodóireachta agus ó mhiondíoltóirí ar fud na tíre. Ó cuireadh tús leis an bhfeachtas, íoslódáladh díreach faoi bhun 6,000 plean plandaithe agus treoracha dearaidh ó BordBiaBloom.com. Ghlac 103 ionad garraíodóireachta páirt sa gníomhachtú, agus chuir go leor acu plandaí os comhair an phobail a bhí le feiceáil i láithreachta tiomnaithe do Rogha Gairdíní i siopaí.

Chomh maith leis na dearaí nua do ghairdíní, d'óstáil Bord Bia réimse gníomhaíochtaí agus tionscnaimh fíorúla le linn dheireadh seachtaine Saoire Bainc mhí an Mheithimh, inar ghlac breis agus 1,500 breathnóir páirt in imeachtaí ón tSraith Cainte Let's Grow arna cur i láthair ag Miriam O'Callaghan ó RTE. Ghlac go leor daoine aonair páirt sa chlár a ghlac garraíodóireacht chucu féin le linn na paindéime, lena n-áirítear réalta

rugbaí na hÉireann, Peter O'Mahony, agus an t-aisteoir agus saineolaí folláine, Aoibhín Garrihy.

Áirítear le gníomhaíochtaí bolscaireachta eile sraith leideanna cócaireachta BBQ Bloom, ar forlíonadh garraíodóireachta 20 leathanach le hiris deireadh seachtaine an Irish Independent agus comórtas meán sóisialta é i gcomhpháirtíocht le RTE.

In ainneoin na gcúinsí mar a bhí, úsáideadh bealaí nua agus nuálacha chun inspioráid agus treoir a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann maidir le garraíodóireacht, a chinntigh gur ardaigh feachtas iomlán bolscaireachta feasacht ar ghníomhaíocht #BloomAtHome 2021. Áiríodh le torthaí barrthábhachtacha eile den fheachtas 72 píosa de chlúdach sna meáin, méadú 2.3% i lucht leanúna Bloom sna meáin shóisialta agus méadú 10% i sintiúsóirí don ríomhíris.

Caidreamh Poiblí Idirnáisiúnta

D'fhorbair an fhoireann um Chaidreamh poiblí idirnáisiúnta in Bord Bia Nós Imeachta Caighdeánach um Oibriúchán (SOP) i leith bainistiú géarchéime i margadh na Síne agus comhaontaíodh é le DAFM. Tugadh faoi ionsamhlú cás géarchéime i dtús mhí an Mhárta 2021 agus rinneadh straitéis cumarsáide tiomnaithe a fhorbairt agus a chomhaontú, lena n-áirítear ráitis iomadúla do na meáin sa chás go dtiteann géarchéim amach sa mhargadh. I ndiaidh an chleachtaidh, chuir Bord Bia tús le glao Radar Riosca míosúil idir foireann um chaidreamh idirnáisiúnta Bord Bia i mBaile Átha Cliath, a oifig in Shang-Hai agus an t-ataisé talmhaíochta in Ambasáid na hÉireann chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ionchasacha do thionscal bia agus deochanna na hÉireann sa tSín.

Feachtais Idirnáisiúnta Gnó le Gnó (B2B) maidir le Mairteoil, Déiríocht agus Bia Mara

Marc Cáilíochta Bord Bia

Ba é an aidhm a bhí le clár margaíochta Mharc Cáilíochta Bord Bia sa margadh intíre in 2021 ná roghnachas a mhéadú i leith bia a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe. Mar chuid dó sin, díríodh ar dhílseacht shiopadóirí na hÉireann do bhia leis an Marc Cáilíochta a mhéadú mar aon le bia leis an Marc Cáilíochta a cheannach a mhéadú. Chomh maith leis sin, leagadh

béim ar mhinicíocht thomhaltas na bhfeolta agus uibheacha éagsúla a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe a chur chun cinn. Baineadh é seo amach trí achoimre a thabhairt ar mar a chuirtear ar chumas siopadóirí iontaoibh a bheith acu as an mbia a itheann siad agus taitneamh a bhaint as trí na caighdeáin cháilíochta agus iniúchadh neamhspleách atá laistiar den Mharc Cáilíochta. Le linn 2021, comhcheanglaíodh na teachtaireachtaí seo ar fud ghníomhaíochtaí cineálacha an Mhairc Cháilíochta agus ar fud cláir margaíochta ar leith do mhairteoil, uaineoil, muiceoil agus bagún, sicín agus uibheacha.

Agus é á dhíriú ar shiopadóirí baineanna idir 30-60 bliain d'aois, áiríodh le gníomhaíochtaí cineálacha fógraíocht teilifíse Marc Cáilíochta le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí sna meáin shóisialta agus monatóireacht a dhéanamh ar an sciar táirgí feola a bhfuil an marc orthu ar fud miondíoltóirí. Baineadh amach an méadú sa mhinicíocht a itear feolta, éineoil agus uibheacha a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe trí fhógraíocht teilifíse agus raidió go príomha, gníomhaíochtaí PR agus trí ábhar digiteach nua agus úr a fhorbairt agus a chruthú. Ar an iomlán, tharla 21 ráig feachtais le linn 2021 lena n-áirítear 33 d'fhógraíocht teilifíse agus 27 d'fhógraíocht raidió.

Bia Mara na hÉireann

Bhí an bhliain 2021 ar an tríú bliain de straitéis trí bliana d'iasc geal na hÉireann sa mhargadh intíre inar leagadh an bhéim ar chholmóir, chadóg agus faoitín na hÉireann. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis spreagadh a chothú maidir leis an ilúsáideacht agus tarraingteacht ghoile a bhaineann le hiasc geal na hÉireann le haghaidh béilí laethúla agus deireadh seachtaine. Baineadh é sin amach trí dhíriú ar shiopadóirí baineanna idir 35–55 bliain d'aois trí fhógraíocht teilifíse agus raidió, gníomhaíocht chuardaigh agus gníomhaíocht ar na meáin shóisialta. I ndiaidh fheachtas mhí Mheán Fómhair, bhí 64% den spriocghrúpa in ann an fógra teilifíse a thabhairt chun cuimhne agus díobh sin, dúirt 62% (288,000 siopadóir) gur mó seans go gceannóidís iasc geal na hÉireann dá bharr sin.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh feachtais ar raidió agus sna meáin shóisialta chun tomhaltóirí a spreagadh cadóg na hÉireann a roghnú i mí Meithimh/lúil agus feoil portáin a roghnú i mí Iúil/Lúnasa. Reáchtáladh feachtais caidreamh poiblí agus meán

sóisialta i mí Mheán Fómhair d'iasc geal agus i mí na Nollag le haghaidh feoil portáin, cloicheáin bhá Bhaile Átha Cliath, oisrí, bradán deataithe orgánach, láimhíneach agus breac dea-dhathach na hÉireann.

Urraíocht

Urraíocht Dámhachtana

Le linn 2021, cuireadh srian le gníomhaíochtaí urraíochta an athuair mar gheall ar shrianta Covid-19. Rinne Bord Bia urraíocht ar chatagóirí ag dhá chlár dámhachtana fíorúla. Is iad na dámhachtainí ar tacaíodh leo an chatagóir bia agus deochanna de Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga mar aon leis an gcatagóir Supreme Champion agus an chatagóir Best Artisan Producer ag dámhachtainí Blas na hÉireann.

Neven's Irish Seafood Trails

Le linn 2021, rinne Bord Bia urraíocht ar 'Neven's Irish Seafood Trails' ar RTE 1. Ba é an aidhm a bhí leis an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar earnáil bia mara na hÉireann agus ar an réimse bia mara atá ar fáil a mhéadú. Le linn na sraithe a mhair sé seachtaine, thug Neven Maguire cuairt ar tháirgeoirí bia mara éagsúla ar fud na hÉireann agus thaispeáin sé conas mar is féidir réimse oideas a chócaráil. Mheall sraith na bliana 2021 níos mó ná 1.3m breathnóir, le 216,000 breathnóir in aghaidh an eagráin ar an meán.

Neven's Christmas Menu

Craoladh an clár speisialta Nollag dhá chuid seo ar RTE 1 an 7 agus an 14 Nollaig. Le linn an chláir, d'ullmhaigh Neven Maguire oidis bhlasta éagsúla le haghaidh na Nollag ó Mhainistir na Coille Móire.

Miasa séasúracha a bhí i gceist, agus bhí bia mara na hÉireann, uaineoil, mairteoil, liamhás agus turcaí le Dearbhú Cáilíochta Bord Bia mar chuid feiceálach díobh.

Feachtais Idirnáisiúnta Gnó le Gnó (B2B) maidir le Mairteoil, Déiríocht, Bia Mara agus Alcól

Bhí Foireann Margaíochta Bord Bia i gceannas ar fheachtais B2B ar fud ocht margadh tosaíochta barrthábhachtacha do mhairteoil, déiríocht agus bia mara in 2021. Agus iad á ndíriú ar chustaiméirí

barrthábhachtacha miondíola, seirbhís bia agus trádáil monaraíochta, spreag na feachtais tús áite a thabhairt do bhia na hÉireann i margaí seanbhunaithe agus feasacht ar a shuaithinseacht i margaí nua bunaithe ar cháilíochtaí inbhuanaitheachta. Reáchtáladh na feachtais san RA, sa Fhrainc, i SAM, san Ísiltír, sa Ghearmáin agus san Iodáil (margaí seanbhunaithe) agus sa tSín agus sa tSeapáin (margaí nua).

Le linn na bliana 2021 ba é príomhchúram na bhfeachtas B2B maidir le déiríocht agus mairteoil forbairt a dhéanamh ar sheoladh chaighdeán féarchothaithe Bord Bia in 2020 agus leanúint d'fheasacht ar an gcaighdeán agus ar chumas na hÉireann i ndáil le táirgí féarchothaithe a dheimhniú a chur chun cinn. Díríodh na feachtais seo ar cheannaitheoirí san RA, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa tSeapáin (Mairteoil) agus san RA, sa Ghearmáin, sa tSín agus sa tSeapáin (Déiríocht).

Cuireadh an caighdeán féarchothaithe agus cáilíocht den scoth a bhaineann le táirgí mairteola agus déiríochta na hÉireann in iúl do cheannaitheoirí trí fhógraí preasa trádála, ailt fógraíochta agus meirgí fógraíochta digiteacha i bhfoilseacháin trádála barrthábhachtacha, ar láithreáin ghréasáin digiteacha trádála ábhartha agus trí nuachtlitreacha digiteacha. Tríd an ngníomhaíocht dhigiteach ar fad, atreoraíodh spriocanna trádála chuig leathanaigh lamairne ar an láithreán gréasáin nuadheartha irishfoodanddrink.com chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaighdeán féarchothaithe agus faoi chumas an tionscail stádas táirgí féarchothaithe a dheimhniú.

Tugadh áit do mhairteoil agus déiríocht na hÉireann chun acmhainn ar leith a chur ar fáil don trádáil bunús a thabhairt le maímh i leith féarchothú trí tháirgí mairteola agus déiríochta na hÉireann a fháil ó thréada mairteola agus déiríochta cáilithe. Bhí na feachtais seo mar chuid de bhreis agus 35 foilseacháin trádála clóite agus 38 láithreán gréasáin digiteach trádála i 5 mhargadh agus ina gcúis le breis agus 2,000 clic chuig an láithreán gréasáin irishfoodanddrink.com. Chomh maith leis sin, chruinnigh na feachtais clúdach breise i riocht ábhair eagarthóireachta agus ailt fógraíochta saor in aisce.

Maidir le bia mara na hÉireann, reáchtáladh feachtais B2C ar fud dhá mhargadh tosaíochta seanbhunaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin, a raibh sé mar aidhm leo feasacht agus rogha a chur chun cinn i measc tomhaltóirí i ndáil le bia mara na hÉireann bunaithe

ar a ghnéithe uathúla díolacháin. Reáchtáladh dhá fheachtas sa Fhrainc chun bradán orgánach na hÉireann agus diúilicíní orgánacha na hÉireann a chur chun cinn. Reáchtáladh an fhógraíocht in R2, R3 agus R4 ar fud cainéil chlóite agus dhigiteacha araon agus fuair an fiseán maidir le diúilicíní orgánacha na hÉireann 1.5 radharc ar líne. Sa Ghearmáin, cuireadh bradán orgánach na hÉireann chun cinn in R4 trí mheascán d'ailt fógraíochta in irisí tomhaltóra agus fógraíocht dhigiteach ar fud réimse cainéal, lena n-áirítear Youtube, áit a raibh 500,000 radharc ar fhíseán maidir le bradán orgánach na hÉireann.

Chomh maith leis sin, cuireadh an chéim dheiridh de straitéis cumarsáid margaíochta trí bliana B2B don tSín i gcrích sa bhliain 2021. Ba iad na haidhmeanna foriomlána feasacht agus tuiscint mórdhioltóirí a chur chun cinn ar Éirinn mar fhoinsé bia ardchaighdeán a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe agus ar na tairbhí ar leith a bhaineann le hearnálacha déiríochta agus bia mara na hÉireann. Díríodh ar chustaiméirí, allmhaireoirí, trádálaithe agus miondioltóirí barrthábhachtacha ar líne sa tseirbhís bia, agus díriodh gníomhaíochtaí ar shraith imeachtaí trádála ar líne agus as líne d'earnálacha déiríochta agus bia mara na hÉireann inar cuireadh na tairbhí ar leith a bhaineann leis na hearnálacha seo in iúl do mhórdhioltóirí agus inar soiléiríodh iad tuilleadh trí chainéil meán gnó agus trádála, tionchairí trádála ar líne agus trí chainéil dhigiteacha faoi úinéireacht Bord Bia (Wechat agus Weibo). Tríd an tacaíocht seo sna meáin, rinneadh teagmháil le breis agus 110 tionchaire meán agus ar líne, 220 gearrthán meán le luach comhionann fógraíochta measta de €17.4m agus méadaíodh an líon leantóirí 70% ar ag gcainéil Wechat atá ag Bord Bia atá dírithe ar thrádáil.

Maidir leis an earnáil alcóil, ceann de na príomhchuspóirí margaíochta is ea baill foirne túslíne atá dírithe ar thomhaltóirí sna cainéil miondíola agus sna cainéil maidir le trádáil i SAM, san Eoraip agus sa tSín a spreagadh chun roghanna a mholadh i ndáil le huisce beatha/uisce beatha na hÉireann. Ar an ábhar sin, sa bhliain 2021, díriodh ar shraith físeán a fhorbairt chun tacú le ceardlanna oideachais Bord Bia Spirit of Ireland ag díriú ar na baill foirne seo. Díríodh na físeáin seo ar an mbeocht agus scleondar a bhaineann le hUisce Beatha comhaimseartha na hÉireann, licéar uachtair agus jin na hÉireann agus a bhfréamhacha i stair shaibhir agus dhrámatúil a cheiliúradh. Tá agallaimh le roinnt de na phríomhphearsana in earnáil biotáille agus licéar uachtair na hÉireann sna físeáin in

éineacht le drioglanna agus láithreacha éagsúla ar fud na hÉireann.

AIRGEADAS MARGAÍOCHTA

In 2021, d'iarr Bord Bia iarratais faoin gClár um Chúnamh Margaíochta (MAP). Tá ról ag MAP chun acmhainn margaíochta cuideachtaí beaga agus meánmhéide a fheabhsú, trí chuidiú leo an chéad chéim eile a ghlacadh maidir lena bhfás a chur chun cinn agus trí iad a chumasú le bheith ullamh i leith onnmhairiú. Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, deochanna agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas acu sa réimse idir €100,000 agus €3.5 milliún.

Chomh maith le feidhmeanna nua, tugadh an rogha do chuideachtaí a fuair cúnamh deontais in 2020 faoin MAP nó Scéimeanna Tacaíochta Covid úsáid a bhaint as aon iarmhéideanna deontais in 2021, in ionad iarratas nua a chur isteach. Faoi MAP 2021, ceadaíodh cúnamh deontais €664,000 san iomlán do 96 cuideachta.

Maidir le híocaíochtaí, íocadh deontais €1,375,331 san iomlán le 184 cuideachta le linn na bliana ar fud trí chlár deontais, Clár um Chúnamh Margaíochta Clár Step Change agus an Scéim Tacaíochta Covid, i ndáil le ceaduithe a tugadh in 2019, 2020 agus 2021.

MARGAÍ

Forbairt Gnó Domhanda

In 2021, lean Bord Bia de dhíriú ar a sheirbhísí a fhorbairt do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta de 15 láthair thar lear – ocht gcinn ar fud na hEorpa agus seacht gcinn i margaí idirnáisiúnta. Leagadh béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do chliantchuideachtaí trí acmhainní breise ar an láthair i margaí thar lear. Bhí go leor lúfaireacht fós i gceist le seirbhísí Bord Bia do chliant in 2021 mar gheall ar an gcúlra de neamhchinnteacht gheilleagrach mar thoradh ar Covid-19 agus an Breatimeachta. Cé go bhfuil claonadh ag an bpríomhchúram gníomhaíochta athrú ag brath ar an gcéim forbartha ag a bhfuil onnmhairí na hÉireann, is é an cuspóir uileghabhálach bheith rithabhachtach i ndáil le fás inbhuanaithe a chur ar fáil in onnmhairí trí fheasacht ar sholáthraithe bia agus deochanna na hÉireann a chur chun cinn ar fud na cruinne mar aon leis an gcáil atá orthu agus

a n-ullmhacht don mhargadh. I bhfianaise na srianta a bhí i gceist mar gheall ar an bpaindéim Covid 19, leanadh de dhíriú ar sheirbhísí agus imeachtaí a chur ar fáil go digiteach in 2021.

Le linn na bliana, d'oibrigh Bord Bia i ndlúthchomhair le cuideachtaí na hÉireann, chun cuidiú le hacmhainn an ghnó a fhorbairt chun fás a mheas, a phleanáil agus a chur ar fáil trí réimse seirbhísí i margaí tosaíochtaí a roghnaíodh go straitéiseach. Ba é an tionscadal um Mhargáí a Chur in Ord Tosaíochta a chuir bonn eolais faoi na seirbhísí seo, ar leanadh ar aghaidh leis in 2021, agus béim ar leith á leagan ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le custaiméirí i margaí tosaíochta ar fud na gcainéal miondíola, seirbhíse bia agus monaraíochta.

De bhreis ar chlár agus tionscadail a chur i bhfeidhm, thug foireann um Fhorbairt Gnó Domhanda Bord Bia faoin méid seo a leanas le linn 2021:

- Tacaíodh le 3 Misean Trádála Agraibhia fíorúla chuig an tSín, an Afraic Thuaidh agus an Áise Thoir Theas
- 1,484 cruinniú agus cur i láthair le ceannaitheoirí
- 3,100 ábhar cliant gnó ginte agus 2,239 deis cruthaithe
- 800 freagra agus iarratais aonair ó cheannaitheoirí
- 1,200 cruinniú planála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- Óstáladh imeachtaí cigireachtaí fíorúla agus aistrithe eolais theicniúil ón tSín agus ón Áise Thoir Theas, agus
- Glacadh páirt sa Ghrúpa Stiúrtha um rochtain ar an margadh don tionscal, inar tugadh aghaidh ar rochtain ar an margadh ar mhargáí ardacmhainneachta.

Cur Chuige Comhoibríoch

Oibríonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachais bharrthábhachtacha i gcónaí chun tacaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don earnáil bia agus deochanna. Áirítear leo sin DAFM, Teagasc, BIM, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Fiontraíocht Éireann, Turasóireacht Éireann, Fáilte Éireann, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus comhlachtaí eile nach iad.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is ról ar leithligh iad ról an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.



FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord go “keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board.”

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- 1 Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;**
- 2 Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;**
- 3 na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,**
- 4 Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus

as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Buaileann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeananigh, rialachas corparáideach agus bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bhord Bia; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail; etc. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an mapa riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíocht, lena n-áirítear faomhadh, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais, soláthar foirne, leibhéil údarais tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh

beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs Food Wise 2025, cáipéis straitéise chun an earnáil agraibhia a fhorbairt, leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 'Building Differentiation Winning Growth' na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2019 – 2021 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis. Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfeidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhoird agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2021, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

Is é dualgas an Chathaoirligh:

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.

- Cinntíonn sé, in éineacht leis an CEO, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr ocailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear gach eolas rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe eolais idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i rith na bliana agus ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca agus tugadh aghaidh ar aon laigeachtaí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. Ní dheachthas i mbun measúnú seachtrach ar an mBord i rith 2021 mar gur tugadh ceann chun críche in 2019 agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rachfar i mbun an mheasúnaithe sin in 2022.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é i rith na bliana

COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme.

Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí reatha an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanach 111.

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh seacht gcruinniú Boird i rith 2021 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos.

Comhalta Boird	Cruinnithe Boird Láthair
L. Allen	7 as 7
N. Browne	7 as 7
M. Cronin	7 as 7
T. Cullinan	6 as 7
R. Doyle	3 as 3
D. Harvey*	0 as 0
T. Keohane	6 as 7
K. Kerrigan	4 as 4
P. McCormack	6 as 7
S. McPhillips	7 as 7
D. MacSweeney	7 as 7
T. Moran	7 as 7
P. Murphy	7 as 7
R. O'Rourke	3 as 3
P. Whelan	2 as 3

*D'éirigh D. Harvey as an mbord roimh chéad chruinniú na bliana.

TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS CHOMHALTAÍ BOIRD

Tá sceideal na dtáillí agus speansais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird in 2021 leagtha amach thíos.

Comhalta Boird	Táillí Boird	Speansais Taistil & Cothabhála
D. MacSweeney	€20,520	€277
L. Allen	€11,970	€29
N. Browne*	-	-
M. Cronin	€11,970	€252
T. Cullinan	€11,970	€155
R. Doyle	€5,486	-
D. Harvey	€998	-
T. Keohane	€11,970	-
K. Kerrigan	€6,484	€86
P. McCormack	€11,970	€186
S. McPhillips**	-	-
T. Moran	€11,970	€9
P. Murphy*	-	-
R. O'Rourke	€5,486	-
P. Whelan	€5,486	-

Léiríonn * na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de nó iomlán na dtáillí iniúchta, mar Chomhalta Boird, in 2021.

** Faoi bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin, níor íocadh aon táillí le S. McPhillips, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní bhfuair Comhaltaí Boird aon íocaíochtaí eile as a gcomhaltacht ar an mBord in 2021.

B'ionann na suimeanna a íocadh le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus cothabhála in 2021 agus €NIALAS. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí Fo-Bhoird in 2021 i ndáil le freastal ar chruinnithe Fo-Bhoird.

RÓIL AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh inchiallach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

COISTÍ BOIRD

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca, atá comhdhéanta faoi láthair de thrí chomhalta Boird M. Cronin, T. Keohane, agus S. McPhillips chomh maith le comhalta seachtrach amháin R. Nolan a bhfuil cúlra airgeadais acu, le chéile ceithre huair le linn 2021.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúcháirí seachtracha agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá ag Bord Bia. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúcháir Inmheánach agus ag an Iniúcháir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorpóraidigh.

Tháinig an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta faoi láthair de thriúr comhaltaí den Bhord, D. MacSweeney, S. McPhillips agus T. Moran le chéile dhá uair i rith 2021. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tionóladh seacht gcuinniú den Choiste Straitéise i rith na bliana. Tá seisear comhaltaí Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, D. MacSweeney, N. Browne, T. Keohane, T. Moran, S. McPhillips agus P. Murphy Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé leis an bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

- An rath agus fás sa mhargadh a spreagadh
- Léargas ar fás a chumhachtú
- Cáil le haghaidh feabhais a fhorbairt
- Ceanntuairimíocht a dhéanamh trí dhaoine

In 2021, d'fhorbair an Coiste Straitéise agus an Bord straitéis nua deich mbliana agus trí bliana "Nurturing a thriving future" ar cuireadh tú léi in 2022.

COTHROMAÍOCHT INSCNE MAIDIR LE COMHALTACHT AN BHOIRD

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 3 (27%) comhalta boird mná agus 8 (73%) comhalta boird fir ar an mbord agus bhí ceithre phost folamh. Ní bhaineann an Bord amach dá réir sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% ar gach inscne a bheith ar chomhaltacht Bhoird Stáit. Tá Bord Bia tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheist na cothromaíochta inscne ar a Bhord trí:

- Na bearnaí scileanna agus saineolais a mheas, in éineacht le comhdhéanamh reatha an Bhoird nuair a bheidh poist fholmha á líonadh, na deiseanna sin a thapú chun an Bord a neartú agus a chothromú tuilleadh.
- Tús áite a thabhairt do scileanna agus saineolas tionscail a bhfuil éileamh orthu nuair a bheidh poist

fholmha á líonadh, ag cur béim níos lú ar thaithí roimhe seo ar bhord.

- Ceannasaíocht a thabhairt, in éineacht le AON agus i gcomhar leis an gCumann 30%, an Fóram Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta Agraibhia, (Ag-Dif) a bhfuil sé de chuspóir acu an clár D&I a thabhairt chun cinn i dtionscal agraibhia na hÉireann, le béim reatha ar chothromaíocht inscne.

Is féidir a thabhairt ar aird go leagtar amach san Acht um an mBord Bia, arna leasú, go ndéanfaí ionadaíocht ar earnálacha agus scileanna sainithe ar leith ar an mBord. Má thagann folúntas chun cinn i gcásanna den chineál sin, d'fhonn a chinntiú go sásaítear ceanglais an Achta, ní mór tús áite a thabhairt do sraith scileanna agus taithí ábhartha iarratasóir ar leith sa phróiseas ceapacháin.

EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2019 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint

Sonraí cosaint do príobháideacht daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairtí breise sonracha do chuairteoirí faoi mhíchumas agus lonad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Níor dearnadh aon nochtadh cosanta le Bord Bia i rith 2021.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

CAIRT SEIRBHÍSE

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus do Chliant na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbheithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

	2021
mWh leictreachais	207

(Bunbhliain 2009: 379 mWh)

Bhí xx mWh d'úsáid leictreachais ag The Thinking House i rith 2021 i gcomparáid le 41 mWh ina chéad bhliain iomlán i mbun feidhme.

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. I rith 2021 íocadh 97% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

MAOINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd do Mhairteoil & d'Uaineoil, Prátaí, Uaineoil agus Bia Farraige.

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

COSTAIS CHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.

	2021 €'000	2020 €'000
Lucht Dlí	120	172
Comhairle Cánach agus Airgeadais	83	108
Caidreamh poiblí / Margaíocht	0	22
Pinsin agus Acmhainní Daonna	232	170
Feabhsú Gnó	171	514
Iomlán na gCostas	606	986
Sainchomhairleoireachta	-	-
Costais Sainchomhairleoireachta Chaipitlithe Costais Sainchomhairleoireachta curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe	606	986
Iomlán	606	986

COSTAIS AGUS SOCRÚCHÁIN DLÍ

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais sainchomhairleoireachta dlí, socrúcháin agus réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna costais Chomhairleoireachta thuas.

	2021 €'000	2020 €'000
Táillí Dlí - Sainchomhairleoireachta Dlí	120	172
Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta	120	172

COSTAIS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóru mar seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Baile		
Boird	1	5
Fostaithe	57	86
Idirnáisiúnta		
Boird	-	-
Fostaithe	263	140
Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta	321	231

FÁILTEACHAS

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Fáilteachas foirne	4	3
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta	4	3

RÁITEAS FAOI CHÚRSAÍ COMHLÍONTAIS

Tá an Cód Cleachtais uasdátaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón mbliain 2021.

Dan MacSweeney

Dan MacSweeney
Cathaoirleach

Date: 30th June 2022

Michael Murphy

Michael Murphy
Príomhfheidhmeannach



Date: 30th June 2022

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.



Struchtúr Eagraíochtúil

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.

Eolas Ginearálta

Ceannoifig:

140 Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 4, D04 NV34.

Iniúcháirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Baincéirí:

Bainc Aontais Éireann

Aturnaetha:

Philip Lee Aturnaetha

STRUCHTÚR NA FOIRNE

An Príomhfheidhmeannach	Michael Murphy
Feoil, Bia agus Deochanna	John Murray
Margaíocht agus Cumarsáid	Una Fitzgibbon
Forbairt Gnó Dhomhanda	Ailish Forde
Léargas Straitéiseach Domhanda, Pleanála agus Measúnachta	Nick Curtis-Davis
Seirbhísí Corparáideacha	Susan McDonnell
Origin Green & Dearbhú Cáilíochta Inmharthanach	Deirdre Ryan
Tallann san Eagraíocht & sa Tionscal	Michael Murphy
Gairneoireacht agus Rannpháirteachas Feirmeoirí	Mike Neary
Oifigí Thar Lear	
Amstardam	Laura Crowley
Dubai	Kieran Fitzgerald
Dusseldorf	Gabriele Weiss Brummer
Lagos	Ese Okpomo
Londain	Donal Denvir
Maidrid	Cecilia Ruiz
Milano	James O'Donnell
Nua-Eabhrac	Henry Horkan
Páras	Finnian O'Luasa
Shanghai	Conor O'Sullivan
Singeapór	Ciaran Gallagher
Stócólm	Linda Madigan
Tóiceó	Joe Moore
Vársá	Krzysztof Pogorzelec

STRUCHTÚR NA FOIRNE

Léiríodh lúfaireacht chomhghleacaithe Bhord Bia go láidir in 2021, de réir mar a chinntigh an eagraíocht seachadadh gníomhaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha ainneoin na ndúshlán a tháinig chun cinn mar gheall ar shrianta Covid-19 a raibh gá leo. Bhí Próiseas Forbartha Feidhmíochta Bhord Bia lárnach chun tosaíochtaí pearsanta daoine aonair a ailíniú le seachadadh na straitéise laistigh de thimpeallacht oibre baile den chuid is mó.

Léirigh comhghleacaithe Bhord Bia leibhéil arda rannpháirtíochta le cuspóir agus straitéis na heagraíochta, mar a tugadh chun fianaise i suirbhéanna rannpháirtíochta foirne a tugadh fúthu i rith na bliana. Rinneadh iarracht chomhbheartaithe in 2021 chun a chinntiú gur coinníodh comhghleacaithe cothrom le dáta ar thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí na heagraíochta trí Hallaí Baile míosúla agus gníomhaíochtaí cumarsáide eile An fhreagairt Covid-19 a forbraíodh i rith na bliana chun tacú leis an bhfoireann maidir le líon tionscnamh sláinte agus folláine. Tacaíochtaí ar fáil d'fhostaithe lena n-áirítear an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus oiliúint i nGarchabhair Mheabhairshláinte.

D'fhan branda fostóra Bhord Bia láidir le leibhéil arda spéise i róil Bhord Bia go himheánach agus go seachtrach araon. Tá béim curtha ag gnóthú Bhord Bia gradam don chuideachta is mó measa Reprack Ireland leis an stádas sin. I rith na bliana 2021,

thionól Bord Bia 24 comórtas do róil bhuana. D'ardaigh athrú foirne in 2021 ach ag ráta níos ísle ná margaí inchomparáide.

Tháinig tuilleadh forbartha ar chreat bainistithe daoine cumasacha Bhord Bia agus tá sin comhdhéanta de 5 príomhchólún;

- 1 Earcú agus roghnú, le béim ar na daoine cumasacha is fearr a fháil**
- 2 Forbairt cheannaireachta agus bhainistíochta le béim ar bhainistíocht a chumhachtú chun spriocanna sínithe a shocrú do chomhghleacaithe agus tionchar a uasmhéadú.**
- 3 Leibhéil arda de rannpháirtíocht foirne d'fhonn a chinntiú go dtuigeann gach comhghleacaí na tosaíochtaí gnó agus riachtanais na gcliant agus na bpáirtithe leasmhara agus go dtagann siad leo.**
- 4 Creat foghlama agus forbartha le béim ar dhaoine cumasacha inmheánacha a fhás, agus infheistíochtaí oiliúna a dhéanamh atá cuí chun straitéis a sheachadadh agus comhghleacaithe reatha agus a d'fhéadfadh a bheith againn amach anseo a mhealladh, agus**
- 5 Pleanáil chomharbais a dhéanamh le béim ar fhorbairt gairme luathaithe.**

In 2021, dhírigh an Fhoireann Tallainne/AD ar na príomhthosaíochtaí seo a leanas.

- Bainsitiú Feidhmíochta agus Daoine den Chéad Scoth, ag cur le cumas bainistithe daoine dea-chleachtais, trí cur chun cinn leanúnach comhráite lá go lá, dírithe ar thosaíochtaí trí stíl chóitseála agus mheantóireachta le béim ar dhaoine cumasacha a fhorbairt ar bhun leanúnach feabhais. Trí fhorbairt leanúnach ár bPróiseas Forbartha Feidhmíochta, leagtar béim níos mó anois ar phleananna fáis aonair.
- Ardleibhéil de rannpháirtíocht foirne chun tacú le cultúr agus luachanna Bhord Bia.
- Creat foghlama agus forbartha a fhorbairt don tréimhse 2022-2024 chun a chinntiú go bhfuil na scileanna a bhfuil gá leo ag Bord Bia chun straitéis a sheachadadh sa todhchaí, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, pleanáil chomhtháite cliant custaiméirí, agus cumasú digiteach.
- Is príomhthiománaí i gcónaí é dearadh eagraíochta a bharrfheabhsú agus feabhas leanúnach a chur ar shoiléire agus struchtúr ról chun maith a dhéanamh ar an straitéis.
- Cuireann réimse éifeachtach agus éifeachtúil de sheirbhísí fostaithe ar fáil trí Chóras Bainistíochta AD (BordBiaAD) agus áis ticéadaiteh AD chomhtháite.

BORD BHORD BIA

CATHAOIRLEACH

Dan MacSweeney

Iar-Phríomhfheidhmeannach,
Carbery Group
(ceaptha an 1 Márta 2018)

COMHALTAÍ

Lorraine Allen

Stiúrthóir Bainistíochta Brand
Innovation Ireland
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

Niall Browne

Príomhfheidhmeannach Dawn
Meats
Ceaptha an 8 Eanáir 2019

Michael Cronin

Comhairleoir Agraibhia
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

Tim Cullinan

Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe
na hÉireann
Ceaptha an 30 Eanáir 2020

Tony Keohane

Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland
Ceaptha 16 Meitheamh 2018

Karen Kerrigan

Kerrigan's Mushrooms
Ceaptha 16 Meitheamh 2021

Sinead McPhillips

Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn
Talmhaíochta, Bia & Mara
Ceaptha an 13 Feabhra 2018

Tom Moran

Iar-Ard-Rúnaí, an Roinn
Talmhaíochta, Bia & Mara
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

An Príomhfheidhmeannach

Tara McCarthy

Rúnaí/Stiúrthóir

Susan McDonnell

Athruithe i rith 2021:

D'éirigh as an 27 Eanáir 2021

David Harvey

Príomhfheidhmeannach Peninsula
Television

Athcheaptha an 13 Feabhra 2021

Sinead McPhillips

Athcheaptha an 1 Márta 2021

Dan MacSweeney

Athcheaptha an 25 Márta 2021

Tim Cullinan

**Téarma Oifige in Éag an 15
Meitheamh 2021**

Rachel Doyle

Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta
Arboretum

Raymond O'Rourke

Dlíodóir Bia agus Tomhaltóirí

Pat Whelan

Búistéirí Whelan

Ceaptha an 16 Meitheamh 2021

Karen Kerrigan

**Athcheaptha an 16 Meitheamh
2021**

Tony Keohane

Tom Moran

Athruithe i rith 2022

Athcheaptha an 22 Eanáir 2022

Lorraine Allen

Michael Cronin

Athcheaptha an 9 Feabhra 2022

Niall Browne

**Téarma Oifige in Éag an 12
Bealtaine 2022**

Patrick McCormack

Uachtarán, Cumann Soláthróirí
Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Téarma Oifige in Éag an 27 Nollaig
2022**

Pat Murphy

Uachtarán agus POF Déirí Príomha
& Agrabhnó, Kerry Group Plc.

BORD BIA AN BORD BIANNA TOMHALTÓRA

CATHAOIRLEACH

Lorraine Allen

Stiúrthóir Bainistíochta Brand
Innovation Ireland

COMHALTAÍ

Alison Cowzer

Comhbhunaitheoir
East Coast Bakehouse

Kathryn D'Arcy

Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha
agus Cumarsáide
Irish Distillers

Maurice Hickey

Príomhfheidhmeannach
Green Isle Foods

Larry Murrin

Stiúrthóir Bainistíochta, Dawn
Farm Foods

Catherine Neilson

Comhairleoir Neamhspleách

John Noonan

Stiúrthóir Díolachán &
Margaíochta,
E. Flahavan & Sons

Pat Rigney

Stiúrthóir Bainistíochta,
Fastnet Brands Co. Ltd.

Simon Walker

Príomhfheidhmeannach
Kepak Convenience Foods

Michelle Walshe

Comhairleoir Bainistithe

Athruithe i rith 2021

Ceaptha an 19 Bealtaine, 2021

Kathryn D'Arcy

D'éirigh as an 25 Samhain 2021

Paula Mee

Saineolaí Cothúcháin

Athruithe i rith 2022

Ceaptha an 18 Eanáir 2022

Lorraine Allen (Cathaoirleach)

Athcheaptha an 24 Márta 2022

Alison Cowzer

Larry Murrin

John Noonan

Simon Walker

Téarma Oifige in Éag an 28

Bealtaine 2022

Margaret Daly

Leas-Phríomhfheidhmeannach
Errigal Bay

BORD BIA AN BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

CATHAOIRLEACH

Tony Keohane

Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

COMHALTAÍ

Sorcha Donnelly

Stiúrthóir Tráchtála, Kepak

Brendan Golden

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta
Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na
hÉireann

Jim Hanley

Príomhfheidhmeannach, Rosderra
Irish Meats

Sarah Hanley

Feidhmeannach ar Bheartas
Muc agus Éanlaithe, Feirmeoirí
Aontaithe na hÉireann

Martin Kane

Stiúrthóir Bainistíochta, ABP
Ireland

Jack Molloy

Associated Craft Butchers of
Ireland

Kevin Quinn

Quinn International Livestock

Athruithe i rith 2021

Athcheaptha an 19 Bealtaine 2021

Jack Molloy

Athcheaptha an 25 Bealtaine 2021

Kevin Quinn

Téarma Oifige in Éag an 13

Meitheamh 2021

Tom Finn

Príomhoifigeach Tráchtála
Kepak

Athcheaptha an 22 Samhain 2019

Martin Kane

Ceaptha an 22 Samhain 2021

Sorcha Donnelly

Sarah Hanley

Athruithe i rith 2022

Athcheaptha (Cathaoirleach) an 18

Eanáir 2022

Tony Keohane

**Téarma Oifige in Éag an 5 Feabhra
2022**

Des Morrison

Cumann Soláthróirí Baine
Uachtarlainne na hÉireann

Éirithe as an 1 Márta 2022

Ado Carton

Manor Farm

BORD BIA AN BORD DÉIRÍOCHTA

CATHAOIRLEACH

Tom Moran

Iar-Ard-Rúnaí, an Roinn
Talmhaíochta, Bia & Mara

COMHALTAÍ

Stephen Arthur

Cathaoirleach,
Coiste Déiríochta FAÉ

Louise Byrne

An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara

Pat Clancy

Dairygold

Eleanor Collins

Príomhoifigeach Airgeadais,
Príomhghnó Déiríochta, Kerry
Group

Anne Marie Henihan

Príomhfheidhmeannach
Ionad Teicneolaíochta Táirgthe
Déirí
UCL

John Holland

COO,
Carbery

Lorcan McCabe

Cumann Soláthróirí Baine
Uachtarlainne na hÉireann

William Meagher

ICOS

Aoife Murphy

Stiúrthóir Comhábhar
Glanbia

Karina Pierce

Ollamh Comhlach,
Táirgeadh Déirí
UCD

Pat Shiels

Bainisteoir Ginearálta,
An Roinn Agraibhia
Lakeland Dairies

Athruithe i rith 2021

Chuaigh ar scor an 3 Feabhra 2021

Tom Phelan

Cathaoirleach
Coiste Déiríochta FAÉ

Téarma Oifige in Éag an 14 Nollaig 2021

Sean Molloy

Stiúrthóir Straitéise & Caidreamh
Soláthróirí Glanbia

John O’Gorman

Cathaoirleach, Comharchumann
Dairygold

Ceaptha an 24 Meitheamh 2021

Stephen Arthur

John Holland

Louise Byrne

Karina Pierce

Anne Marie Henihan

Aoife Murphy

Athcheaptha an 24 Meitheamh 2021

William Meagher

Athcheaptha an 30 Iúil 2021

Pat Clancy

Téarma Oifige in Éag an 27 Meán Fómhair 2021

Marc Healy

Leas Uachtarán Díolacháin
Dhomhanda, Kerry Group plc.

Ceaptha an 19 Samhain 2021

Eleanor Collins

Athcheaptha an 19 Samhain 2021

Bernard Condon

Athruithe i rith 2022:

Athcheaptha (Cathaoirleach) an 18 Eanáir 2022

Tom Moran

Éirithe as an 11 Márta 2022

Bernard Condon

Bainisteoir Stiúrtha, Rannán
Comhábhar Domhanda, Ornua

BORD BIA AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

CATHAOIRLEACH

Michael Cronin

Comhairleoir Agraibhia

COMHALTAÍ

Paul Bell

Cathaoirleach an Choiste
Deimhnithe

Ruth Dalton

Musgraves

Maria Dunne

An Rannán Feola & Beartas Feola,
An Roinn Talmhaíochta, Bia &
Mara

Margaret Farrelly

Clonarn Clover

Maeve Henchion

An Roinn Gnó Agraibhia agus
Anailís Spásúil, Teagasc

Dermott Jewell

Comhairleoir Beartais & Comhairle,
Comhlachas Tomhaltóirí Éireann

Paul Nolan

Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn
Group

Liam O'Flaherty

Comharchumann Dairygold

Brian Rushe

Leas-Uachtarán, CFA

Maurice Walsh

Cumann Soláthróirí Baine
Uachtarlainne na hÉireann

Siobhan Ward

Bainisteoir Teicniúil, Country Crest

Athruithe i rith 2021:

**Téarma Oifige in Éag an 20
Feabhra 2021**

John Mohan

Cathaoirleach, The Egg Association

Declan Troy

Ceann Ionaid, an tIonad Náisiúnta
Bia, Teagasc

Éirithe as an 11 Márta 2021

John Cunningham

Dairygold Food Products roimhe
seo

Éirithe as an 29 Meitheamh 2021

Ray Bowe

Bainisteoir Sábháilteachta &
Cáilíochta Bia, Musgrave Retail
Partners

Athcheaptha an 30 Iúil 2021

Paul Bell

Ruth Dalton

Margaret Farrelly

Siobhan Ward

**Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair
2021**

Michael Cronin (Cathaoirleach)

Ceaptha an 22 Samhain 2021

Maeve Henchion

BORD BIA AN BORD GAIRNEOIREACHTA

CATHAOIRLEACH

Karen Kerrigan
Kerrigan's Mushrooms

COMHALTAÍ

Ann Bolger
Wonderfoods

Paul Brophy
Paul Brophy Produce

Matt Foley
Plandlanna Kilbush

Nicola Haines
Tierney Haines Architects

Thomas McKeown
Bradley Farm

Celine Murrin
An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath

Con Traas

The Apple Farm

Padraig Tully

Plandlanna Tully

Changes during 2021

Ceaptha an 1 Deireadh Fómhair 2021

Karen Kerrigan (Cathaoirleach)

Athruithe i rith 2022:

Téarma Oifige in Éag 28 Bealtaine 2022

Brian O'Reilly
Saothróir Muisiriún

Eoin Reid
Ionad Garraíodóireachta Fernhill





Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

An Bord Bia

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of An Bord Bia for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of section 21 of the An Bord Bia Act 1994. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of An Bord Bia at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of An Bord Bia and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

An Bord Bia has presented certain other information together with the financial statements. This comprises an annual report, a governance statement and Board members' report, and a statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

30 June 2022

Report of the Comptroller And Auditor General

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

The governance statement and Board members' report sets out the Board members' responsibilities for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 21 of the An Bord Bia Act 1994
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- implementing such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 21 of the An Bord Bia Act 1994 to audit the financial statements of An Bord Bia and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on An Bord Bia's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause An Bord Bia to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn, mar a dearnadh cur síos uirthi sa Ráiteas Corparáideach, a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú.

CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad i dtréimhse thráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí an dáta ar ceadaiódh na ráitis airgeadais.

AN ACMHAINN DÉILEÁIL LE RIOSCA

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha.
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú d'fhonn a chinntiú go bhfuil na scéimeanna agus na cláir arna stiúradh ag an gcomhlacht de réir na reachtaíochta a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go bhfuil córais chuí bainistithe riosca socraithe.

Is í tuairim an Bhoird go raibh na próisis atá i bhfeidhm d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a mheas ag oibriú go héifeachtach agus mar is cuí i rith na tréimhse.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmilgthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí.

- Próisis rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil sainithe go soiléir.

